Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004

TUARASCÁIL DON CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

Seosamh Mac Donnacha, B.A., M.Sc.
Fiona Ní Chualáin, B.A., A.D.O, A.D.T.F.
Aoife Ní Shéaghdha, M.A.
Treasa Ní Mhainín, B.A

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Samhain 2004

RÉAMHRÁ

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i 2002 faoi Acht 31 den Acht Oideachais (1998) agus cuireadh cúrsaí taighde i measc na bhfeidhmeanna a bhaineann leis an gComhairle. Le tús a chur le h-obair na Comhairle, cinneadh tuairiscí a fháil ar riachtanais na scoileanna Gaeltachta. Mar thoradh ar na tuairiscí sin, braitheadh go raibh gá ann tabhairt faoi réiteach a aimsiú do na dúshláin agus na deacrachtaí a rianaíodh, ach chuige sin nár mhór don Chomhairle eolas cruinn a bheith ar fáil faoi staid reatha na mbunscoileanna agus na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta.

Bheartaigh an Chomhairle, dá bhrí sin, taighde a thionscnamh ar an ábhar. I ndiaidh próiseas tairisceana cuireadh tús le comhpháirtíocht idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus An Díseart, An Daingean leis an taighde a dhéanamh. Taighde staitistiúil, cainníochtúil a rinneadh agus tá pictiúr cuimsitheach cruinn ar fáil anois faoi staid reatha scoileanna na Gaeltachta, go háirithe mar a bhaineann leis an nGaeilge féin. Sárobair chuimsitheach údarásach is ea í agus tá an Chomhairle fíor-bhuíoch de údair na tuarascála- ach go háirithe de Sheosamh Mac Donncha ó Acadamh na Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe a stiúir an taighde.

Ní hé seo an chéad uair, ar ndóigh, a rinneadh taighde ar chúrsaí oideachais sa Ghaeltacht. Foilsíodh Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta i 1926. D'eisigh Comhar na Múinteoirí Gaeilge tuarascáil ar an mBunoideachas sa Ghaeltacht i 1981 agus foilsíodh Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht i 1986. Chomh maith leis sin d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta tuarascáil ar an Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht i 1999 agus d'fhoilsigh Muintearas an doiciméad Gnéithe den Oideachas Gaeltachta-Impleachtaí Polasaí i 2000. Phléigh Tuarascáil Chomhairle na nÓg (2001) cúrsaí oideachais sa Ghaeltacht freisin agus foilsíodh Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta i 2002.

Is léir nach raibh aon ghanntanas tuarascálacha ann ach is beag toradh a bhí ar aon cheann díobh agus deirtear lom díreach sa tuarascáil seo:

> *'Tá práinn le feidhm a thabhairt do mholtaí na tuarascála seo. Is mó fós an phráinn de bharr gur beag atá sa tuarascáil seo nár tugadh chun solais roimhe seo i dtuarascálacha eile. Níor tharla mórán mar thoradh ar fhoilsiú na dtuarascálacha sin rud a d'fhág lagmhisneach agus frustrachas ar na múinteoirí a rinne ionchur iontu. Is buille tubaisteach eile do mheanma mhúinteoirí agus thuismitheoirí na Gaeltachta a bheadh ann dá dtarlódh an rud céanna mar thoradh ar fhoilsiú na tuarascála seo.'*

Agus mar bharr air sin, tuairiscítear:

> *'Go bhfuil fianaise againn in Ó Cinnéide et al. (2001), go gcuireann a dtaithí ar an gcóras oideachais sa Ghaeltacht lagmhisneach ar go leor tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógáil a leanaí le Gaeilge. Braitheann a lán acu go gcealaíonn an córas oideachais a n-iarracht féin saíocht na Gaeilge agus na Gaeltachta a thabhairt dá gcuid páistí agus dílseacht phearsanta don Ghaeilge a chothú iontu.'*

Lena bhfuil sa Tuarascáil seo a phoibliú agus le plé a spreagadh, tá sé i gceist ag an gComhairle tátail agus torthaí na tuarascála a chur i láthair na n-áisíneachtaí agus an phobail a bhfuil baint acu le hoideachas sa Ghaeltacht. Chomh maith le sin tabharfar grúpaí fócais le chéile leis na moltaí a phlé. Ag deireadh an phróisis sin cuirfear moltaí na Comhairle faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

An bhfeidhmeoidh na húdaráis chuí an uair seo? Tá na bun straitéis riachtanacha leagtha amach go soiléir sa Tuarascáil seo ach an gcuirfear straitéis comhtháite i bhfeidhm ar bhonn cuimsitheach fadtréimhseach nó an ndéanfar mionathrú anseo agus ansiúd mar a rinneadh cheana agus gan toradh fónta dá bharr? Neosfaidh an aimsir, ar ndóigh, ach mar a deirtear sa tuarascáil:

> *Tá todhchaí na Gaeltachta fite fuaite le todhchaí an chórais oideachais sa Ghaeltacht. Dá réir sin, mura bhfaightear réiteach go luath ar an gcruachás géarchéime ina bhfuil an córas oideachais Gaeltachta i láthair na huaire, tá todhchaí na Gaeltachta féin i mbaol.*

Breandán Mac Cormaic
Cathaoirleach
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

	Clár	Lch.
	RÉAMHRÁ	i
1	**MODHEOLAÍOCHT**	**1**
2	**STAIR AN OIDEACHAIS SA GHAELTACHT**	**4**
2.1	AG SAINIÚ NA GAELTACHTA	4
2.2	DAONRA NA GAELTACHTA	5
2.3	SEIRBHÍSÍ LUATHOIDEACHAIS SA GHAELTACHT	6
2.4	AN CÓRAS BUNOIDEACHAIS SA GHAELTACHT	7
2.5	AN CÓRAS IAR-BHUNOIDEACHAIS SA GHAELTACHT	20
2.6	TÁTAL	22
3	**BUNSCOILEANNA NA GAELTACHTA**	**25**
3.1	RÉAMHRÁ	25
3.2	LÍON NA NDALTAÍ	25
3.3	ÁIT A RUGADH/TÓGADH NA DALTAÍ	28
3.4	ÁIT CHÓNAITHE NA NDALTAÍ	29
3.5	DALTAÍ AG A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA	30
3.6	EOLAS FAOI FHOIRNE NA MBUNSCOILEANNA	32
3.7	COISTÍ TUISMITHEOIRÍ	35
3.8	MÚINEADH AN BHÉARLA AGUS NA GAEILGE	35
3.9	TÁTAL	36
4	**CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ**	**38**
4.1	RÉAMHRÁ	38
4.2	CUMAS TEANGA NA NDALTAÍ I GCOMHTHÉACS STAID NA TEANGA SA CHEANTAR INA BHFUIL AN SCOIL SUITE	40
4.3	TÁTAL	44
5	**ÚSÁID NA GAEILGE SNA BUNSCOILEANNA**	**45**
5.1	RÉAMHRÁ	45
5.2	POLASAÍ GAEILGE NA SCOILEANNA	45
5.3	ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC NA NDALTAÍ	46
5.4	ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC NA MÚINTEOIRÍ	47
5.5	NA MÚINTEOIRÍ I MBUN CRUINNITHE LE TUISMITHEOIRÍ	49
5.6	TEANGA OIBRE NA MBORD BAINISTÍOCHTA	50
5.7	TEANGA OIBRE CHOISTE NA DTUISMITHEOIRÍ	51
5.8	TÁTAL	51
6	**CÓIRÍOCHT AGUS ÁISEANNA NA SCOILEANNA**	**53**
6.1	CÓIRÍOCHT GHINEARÁLTA NA MBUNSCOILEANNA	53
6.2	ÁISEANNA CÓIRÍOCHTA SNA BUNSCOILEANNA	55
6.3	ÁISEANNA TEICNIÚLA NA SCOILEANNA	57
7	**ÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA SCOILEANNA**	**59**
7.1	AN PICTIÚR NÁISIÚNTA	59
7.2	ÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS DE RÉIR ÁBHAR	60
7.3	ÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS DE RÉIR RANGA	62
7.4	TÁTAL	64
8	**AN TEANGA TEAGAISC I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA**	**67**
8.1	AN PICTIÚR NÁISIÚNTA	67
8.2	TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS DE RÉIR ÁBHAR	69

8.3	TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANN DE RÉIR CATAGÓRA AGUS DE RÉIR RANGA	69
8.4	TÁTAL	73
9	**IAR-BHUNSCOILEANNA NA GAELTACHTA**	**76**
9.1	RÉAMHRÁ	76
9.2	LÍON NA NDALTAÍ	76
9.3	ÁIT A RUGADH/TÓGADH NA DALTAÍ	78
9.4	ÁIT CHÓNAITHE NA NDALTAÍ	79
9.5	DALTAÍ AG A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA	81
9.6	EOLAS FAOI FHOIRNE NA MBUNSCOILEANNA	83
9.7	COISTÍ TUISMITHEOIRÍ	86
9.8	TÁTAL	86
10	**CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA**	**88**
10.1	RÉAMHRÁ	88
10.2	CUMAS TEANGA NA NDALTAÍ I GCOMHTHÉACS STAID NA TEANGA SA CHEANTAR INA BHFUIL AN SCOIL SUITE	90
10.3	TÁTAL	94
11	**ÚSÁID NA GAEILGE SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA**	**96**
11.1	RÉAMHRÁ	96
11.2	POLASAÍ GAEILGE NA SCOILEANNA	96
11.3	ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC NA NDALTAÍ	97
11.4	ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC NA MÚINTEOIRÍ	98
11.5	NA MÚINTEOIRÍ I MBUN CRUINNITHE LE TUISMITHEOIRÍ	99
11.6	TEANGA OIBRE NA MBORD BAINISTÍOCHTA	100
11.7	TEANGA OIBRE CHOISTE NA DTUISMITHEOIRÍ	101
11.8	TÁTAL	102
12	**CÓIRÍOCHT AGUS ÁISEANNA NA NIAR-BHUNSCOILEANNA**	**103**
12.1	CÓIRÍOCHT GHINEARÁLTA NA NIAR-BHUNSCOILEANNA	105
12.2	ÁISEANNA CÓIRÍOCHTA SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA	105
12.3	ÁISEANNA TEICNIÚLA NA SCOILEANNA	106
13	**ÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA**	**107**
13.1	TÁTAL	111
14	**AN TEANGA TEAGAISC IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA**	**115**
14.1	AN PICTIÚR NÁISIÚNTA	115
14.2	TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA DE RÉIR CHATAGÓIR NA SCOILE	117
14.3	TÁTAL	118
15	**TÁTAL AGUS MOLTAÍ**	**124**
15.1	RÉAMHRÁ	124
15.2	SAINIÚ AR SCOILEANNA GAELTACHTA	126
15.3	COMHTHÁTHÚ AR NA STRUCHTÚIR THACAÍOCHTA	130
15.4	LÍON AGUS MÉID NA MBUNSCOILEANNA	131
15.5	ÁISEANNA TEAGAISC	135
15.6	OILIÚINT MHÚINTEOIRÍ	137
15.7	COMHTHÁTHÚ LE GNÉITHE EILE DEN PHLEANÁIL TEANGA	137
15.8	FOCAL SCOIR	138
TAGAIRTÍ		**139**

caibidil
01

MODHEOLAÍOCHT

Tá trí chuid sa tuarascáil seo. I gCaibidil 2 tá athbhreithniú déanta ar na tuarascálacha a scríobhadh roimhe seo ar chúrsaí oideachais sa Ghaeltacht agus ar a bhfuil léirithe iontu ar na dúshláin atá sáraithe agus nach bhfuil sáraithe ag an gcóras oideachais sa Ghaeltacht sna blianta ó bunaíodh an Stát. Tá an chuid seo den tuarascáil bunaithe ar thuarascálacha éagsúla ar oideachas Gaeltachta a foilsíodh ó 1926 i leith agus ar thagairtí d'oideachas Gaeltachta i roinnt tuarascálacha eile. Is iad na tuarascálacha atá i gceist, go príomha:

- Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta, 1926.
- Tuarascáil ar an mBunoideachas sa Ghaeltacht: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1981.
- Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht, 1986.
- An Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Údarás na Gaeltachta, (Hickey), 1999.
- Gnéithe den Oideachas Gaeltachta-Impleachtaí Polasaí: Muintearas, 2000.
- Tuarascáil Chomhairle na nÓg, 2001.
- Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta. 2002.

I gCaibidil 3-8 agus i gCaibidil 9-14 den tuarascáil, faoi seach, tá cur síos ar staid reatha na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht de réir mar a tuairiscíodh dúinn í i gceistneoirí a cuireadh chuig na scoileanna agus in agallaimh a rinneadh leis na príomhoidí go príomha. Tá tátal agus príomh-mholtaí na tuarascála le fáil i gCaibidil 15.

Cuireadh tús leis taighde seo i mí Dheireadh Fómhair 2003 le sraith cruinnithe a reáchtáladh chun na scoileanna a chur ar an eolas faoin taighde. Reáchtáladh 4 chruinniú ar fad sa tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Samhain 2003 sna háiteanna seo a leanas: An Cheathrú Rua, Caisleán an Bharraigh, Leitir Ceanainn agus An Daingean. Ag na cruinnithe seo rinneadh cur i láthair ar obair na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta mar chúlra don taighde, chomh maith le cur i láthair a dhéanamh ar chuspóirí an taighde agus ar an gcur chuige a bheadh in úsáid.

Dearadh dhá cheistneoir ar leithligh le cur chuig na scoileanna – ceann do na bunscoileanna agus ceann do na hiar-bhunscoileanna. Rinneadh na ceistneoirí seo a thástáil in ocht mbunscoil agus i gcúig iar-bhunscoil i mí na Samhna 2003. Tar éis leasuithe a dhéanamh ar na ceistneoirí mar thoradh ar mholtaí a rinneadh le linn na tréimhse tástála dáileadh iad ar phríomhoidí na mbunscoileanna an 28 Samhain 2003 agus ar phríomhoidí na n-iar-bhunscoileanna an 9 Eanáir 2004. Ocht réimse eolais a bhí á lorg sa dá cheistneoir:

- Eolas faoi dhaltaí na scoile
- Eolas faoi fhoireann na scoile
- Eolas faoi chóiríocht agus áiseanna na scoile
- Eolas faoi áiseanna teicniúla na scoile
- Eolas faoin mBord Bainistíochta
- Eolas faoi Choiste na dTuismitheoirí
- Eolas faoi ghníomhaíochtaí seach-churaclaim
- Eolas faoi Phlean Gaeilge na scoile
- Eolas faoi chúrsaí teagaisc sa scoil

Iarradh ar na príomhoidí na ceistneoirí a líonadh isteach agus dúradh leo go bhféadfadh siad glaoch ar na taighdeoirí má bhí soiléiriú uathu faoi aon ghné ar leith den cheistneoir nó faoin taighde go ginearálta. Dúradh leo freisin go mbeadh na taighdeoirí ag tabhairt cuairte ar na scoileanna chun an ceistneoir a bhailiú agus chun aon phointí breise a bheadh le déanamh a phlé. Reáchtáladh na cuairteanna seo sa tréimhse Nollaig 2003 – Márta 2004.

Míníodh do na príomhoidí freisin go mbeadh an t-eolas staitisticiúil a thabharfaí sna ceistneoirí faoi dhiscréid iomlán agus nach mbeadh aon scoil ar leith le haithint sa tuarascáil a chuirfí ar fáil. Ar an údar sin tá cuid den eolas atá sa tuarascáil seo a bhaineann le Gaeltachtaí chontaetha na Mí, Chorcaí agus Phort Láirge curtha i láthair i dtoll a chéile ar mhaithe le discréid an lín bhig scoileanna atá i ngach ceantar acu sin a chosaint.

Dáileadh ceistneoir ar gach scoil Ghaeltachta a bhí ar liosta scoileanna Gaeltachta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ar liosta Eagraíochta Scoileanna Gaeltachta. Fuarthas glaochanna ó roinnt scoileanna ina dhiaidh sin a mheas nach scoileanna Gaeltachta a bhí iontu de bharr nach raibh siad suite sa Ghaeltacht nó nach raibh siad ag feidhmiú mar scoileanna Gaeltachta. Tar éis na cásanna seo a fhiosrú socraíodh scoileanna, nach raibh suite go fisiciúil sa Ghaeltacht, a bhaint den liosta. Fágadh san áireamh na scoileanna a bhí suite go fisiciúil sa Ghaeltacht ach a dúirt linn nach rabhadar ag feidhmiú mar scoileanna Gaeltachta. Mar thoradh air sin, tá an taighde seo dírithe ar 143 scoil bunleibhéil agus 30 scoil dara leibhéal Gaeltachta, sna contaetha seo a leanas (Tábla 1.1):

TÁBLA 1.1
LÍON NA SCOILEANNA SA GHAELTACHT DE RÉIR LEIBHÉIL AGUS DE RÉIR CONTAE

Contae	Líon bunscoileanna	Líon iar-bhunscoileanna
Gaillimh	46	9
Ciarraí	14	4
Corcaigh	7	2
Maigh Eo	27	6
Port Láirge	3	1
An Mhí	4	1
Dún na nGall	42	7
Iomlán	143	30

Sa tréimhse idir Nollaig 2003 agus Márta 2004 tugadh cuairt ar na bunscoileanna tar éis socrú a dhéanamh leo roimh ré. I bhformhór na scoileanna is leis na príomhoidí amháin a bhuail na taighdeoirí, ach i roinnt bheag scoileanna bhí deis ag an taighdeoir labhairt le cuid de na múinteoirí eile freisin, ag brath ar an am den lá a bhí i gceist. I bhformhór na scoileanna freisin, bhí an ceistneoir líonta isteach ag an bpríomhoide sular thug an taighdeoir cuairt ar an scoil agus bhí deis ag an taighdeoir an ceistneoir a chíoradh agus aon eolas nach raibh soiléir nó iomlán a phlé leis an bpríomhoide. I roinnt scoileanna ní raibh an ceistneoir líonta isteach ina iomláine faoin am ar tháinig na taighdeoirí chun na scoile. Sna cásanna seo, pléadh aon cheist a bhí ag an bpríomhoide faoin gceistneoir agus rinneadh socruithe chun an ceistneoir a sheoladh sa phost nuair a bheadh sé réidh.

Tugadh cuairt ar na hiar-bhunscoileanna chun na ceistneoirí sin a bhailiú idir Eanáir agus Márta 2004. Chuir cuid de na hiar-bhunscoileanna na ceistneoirí ar ais sa phost chugainn. Sna cásanna seo cuireadh glaoch ar na príomhoidí má bhí soiléiriú breise ag teastáil faoi aon ghné den cheistneoir.

Ceistneoirí bunscoile a fuarthas ar ais

TÁBLA 1.2
LÍON NA SCOILEANNA SA GHAELTACHT DE RÉIR LEIBHÉIL AGUS DE RÉIR CONTAE

Contae	Líon bunscoileanna	Ceistneoirí a fuarthas ar ais	Líon ceistneoirí nach bhfuarthas ar ais
Gaillimh	46	40 (87%)	6 (13%)
Ciarraí	14	14 (100%)	
Maigh Eo	27	26 (96%)	1 (4%)
Dún na nGall	42	36 (86%)	6 (14%)
Port Láirge, An Mhí agusCorcaigh	14	13 (93%)	1 (7%)
Iomlán	143	129 (90%)	14 (10%)

San iomlán fuarthas 129 (90%) de na ceistneoirí bunscoile ar ais, mar a fheictear i dTábla 1.2. I gcás na 14 scoil nach bhfuarthas ceistneoir ar ais uathu bhí 9 scoil nár mhian leo an ceistneoir a líonadh, bhí 3 scoil a gheall go gcuirfidís an ceistneoir chugainn sa phost nó a dúirt go raibh sé curtha sa phost acu ach nach bhfuarthas é, agus bhí scoil amháin nárbh fhéidir léi an ceistneoir a líonadh de bharr go raibh an príomhoide ar saoire bhreoiteachta ag an am. Bhí scoil amháin nár chuir ceistneoir ar ais de bharr gur mheas sí nach raibh sí suite sa Ghaeltacht.

Ceistneoirí Iar-bhunscoile a tháinig ar ais

TÁBLA 1.3
LÍON NA GCEISTNEOIRÍ A FUARTHAS AR AIS Ó NA hIAR-BHUNSCOILEANNA DE RÉIR CONTAE

Contae	Líon Iar-bhunscoileanna	Ceistneoirí a fuarthas ar ais	Líon ceistneoirí nach bhfuarthas ar ais
Gaillimh	9	9	
Ciarraí	4	4	
Maigh Eo	6	5	1
Dún na nGall	7	6	1
Port Láirge, An Mhí [1] agusCorcaigh	4		1
Iomlán	30	27 (90%)	3 (10%)

[1] Ní bhfuarthas aon cheistneoir iar-bhunscoile ó Chontae na Mí

Fuarthas 27 (90%) as 30 ceistneoir ar ais ó na hiar-bhunscoileanna (Tábla 1.3). I gcás na 3 iar-bhunscoil nach bhfuarthas ceistneoir ar ais uathu bhí scoil amháin nár mhian léi an ceistneoir a líonadh agus bhí dhá scoil a gheall go gcuirfidís siad an ceistneoir sa phost chugainn ach nach bhfuaireamar é.

Modheolaíocht na hanailíse

Tar éis na ceistneoirí a fháil ar ais aistríodh an t-eolas a bhí bailithe iontu go foirm leictreonach ag úsáid an phacáiste staitisticiúil SPSS (Staitistical Package for Social Sciences). Iontráladh na sonraí faoi dhó in SPSS chun a dheimhniú go raibh an t-eolas aistrithe go cruinn. I roinnt cásanna ní raibh príomhoidí ábalta figiúirí iomlána a chur ar fáil maidir le líon na ndaltaí a d'fhreastail ar an scoil idir 1998 agus 2002, de bhrí nach raibh na seanrollaí ar fáil go héasca agus an ceistneoir á líonadh. Rinneadh iomlánú ar na figiúirí seo ag baint úsáide as staitisticí a chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil dúinn maidir le líon iomlán na ndaltaí sa Ghaeltacht. Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta eolas ar fáil dúinn freisin maidir le líon iomlán na múinteoirí atá ag obair i mbunscoileanna Gaeltachta.

Tá Caibidil 3-14 den tuairisc bunaithe ar an anailís a rinneadh ar na figiúirí seo ag úsáid SPSS agus ar na tuairimí a bailíodh ó na príomhoidí agus ó na múinteoirí ar bhuaileamar leo le linn na gcuairteanna chuig na scoileanna.

caibidil 02

STAIR AN OIDEACHAIS SA GHAELTACHT

2.1 AN GHAELTACHT A SHAINIÚ

Cé go raibh an téarma 'Gaeltacht' in úsáid go forleathan roimhe, ba é Coimisiún na Gaeltachta, a bunaíodh i 1925, a rinne an chéad iarracht an téarma sin a shainiú de réir líon na gcainteoirí agus de réir na réigiún a bhí i gceist. Iarradh ar an gCoimisiún a rá cé mhéad cainteoir Gaeilge is cóir a bheith i gceantar ionas go bhféadfaí an ceantar sin a aithint mar:

> (a) an Irish Speaking District or (b) a Partly Irish Speaking District, and to indicate the present extent and location of such districts.'
>
> *(Coimisiún na Gaeltachta, 1926)*

Is í an bhrí a bhain an Coimisiún as an treoir seo ná go raibh air idirdhealú a dhéanamh idir:

> a) a district in which the Irish language may and should be restored at once in matters of education, administration, and for general purposes, ... and (b) a district in which the Irish language may and should be restored to such a position, by gradual processes, at the earliest possible moment.'
>
> *(Coimisiún na Gaeltachta, 1926)*

Bunaithe ar an eolas a bhailigh sé agus ar an anailís a rinne sé, mhol an Coimisiún go mbreathnófaí ar aon cheantar ina raibh 80% nó níos mó den phobal ábalta Gaeilge a labhairt mar cheantar Fíor-Ghaeltachta agus gur chóir breathnú ar aon cheantar ina raibh idir 25%-79% den phobal ábalta Gaeilge a labhairt mar cheantar Breac-Ghaeltachta. Ba é cumas an phobail Gaeilge a labhairt a bhí á mheas ag an gCoimisiún seachas an leibhéal úsáide a bhí á bhaint ag an bpobal as an teanga (Ó Riagáin, 1997). Is iad na toghranna ceantair a d'úsáid an Coimisiún mar aonaid tíreolaíochta chun na limistéir a d'aithin sé mar cheantair Fhíor-Ghaeltachta agus Bhreac-Ghaeltachta a theorannú. De réir a n-eolais thuairiscigh sé go raibh limistéir Fhíor-Ghaeltachta, ag a raibh daonra iomlán 164,774 duine (agus 146,821 acu sin ábalta Gaeilge a labhairt), le fáil i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, an Chláir, Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge. Bhí limistéir Bhreac-Ghaeltachta, ag a raibh daonra iomlán 294,890 duine (agus 110,585 acu sin ábalta Gaeilge a labhairt), le fáil freisin sna contaetha sin, mar aon le contaetha Shligigh agus Thiobraid Árann. Bunaithe ar eolas faoi chúrsaí teanga ó Dhaonáireamh na bliana 1926, a cuireadh ar fáil tar éis don Choimisiún a Tuarascáil a fhoilsiú, tá amhras caite ar na figiúirí seo ag Ó Riagáin (1997) a deir:

> '... the Fíor-Ghaeltacht as defined by the Commission is larger, and the Breac-Ghaeltacht is smaller, than the findings of the 1926 Census would appear to justify.'

Cé gur glacadh le sainmhíniú an Choimisiúin ar limistéir na Gaeltachta chun críche Ordú na nOifigí agus na bhFeidhmeannas Áitiúil (Gaeltacht), 1928, rinneadh sainiú nua ar an nGaeltacht in Acht na dTithe (Gaeltacht), 1929. Ní dhearnadh aon idirdhealú san Acht seo idir Fíor-Ghaeltacht agus Breac-Ghaeltacht. Bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil ó Dhaonáireamh 1926, áiríodh aon limistéar ina raibh íosteorainn 25% den phobal ina gcainteoirí Gaeilge mar cheantar Gaeltachta chun críche an Achta, eadhon, an íosteorainn a bhí molta ag an gCoimisiún mar chritéir aitheantais do limistéir Bhreac-Ghaeltachta (Ó Riagáin, 1997). Mar thoradh air seo, cuireadh toghranna ceantair breise sna contaetha thuas leis na cinn a bhí molta ag an gCoimisiún agus cuireadh san áireamh roinnt bheag toghranna ceantair sna contaetha seo a leanas: An Cabhán, Liatroim, Luimneach, Lú agus Ros Comáin.

Sna blianta idir 1929 agus 1956 níorbh é an sainiú céanna ar an nGaeltacht a úsáideadh i reachtaíocht agus i scéimeanna éagsúla an Stáit. Mar shampla, glacadh le moltaí Choimisiún na Gaeltachta chun críche Rialacháin na nOifigeach Áitiúil (An Ghaeilge), 1944; níor cuireadh san áireamh ach contaetha Dhún na nGall, Chiarraí agus na Gaillimhe chun críche na scéime leis an nGaeilge a chur chun cinn in obair an Gharda Síochána (1934); cuireadh contaetha Chorcaí agus Mhaigh Eo san áireamh chun críche Acht na mBéilí Scoile

(Gaeltacht), 1930 agus reáchtáladh scéimeanna éagsúla de chuid na Roinne Oideachais de réir trialacha a bhí déanta ag Cigirí na Roinne féin chun an Fhíor-Ghaeltacht a rianú. Níor tugadh aitheantas reachtúil don dá choilíneacht Ghaeltachta a bunaíodh i gCo. na Mí i 1935 agus i 1936, eadhon Ráth Cairn agus Baile Ghib, faoi seach, go dtí 1967.

I 1956 ritheadh Acht na nAirí agus Rúnaithe (Leasú), lenar bunaíodh Roinn na Gaeltachta agus ina ndéantar foráil d'orduithe i dtaca le limistéir Ghaeltachta trínar féidir na limistéir Ghaeltachta a shainiú agus a athrú más gá. Faoi Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1956 aithníodh 84 toghroinn cheantair iomlán agus codanna de 58 toghrainn cheantair eile i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge a bheith sa Ghaeltacht. Seo laghdú ón 580 a bhí molta ag Coimisiún na Gaeltachta i 1926 (Ó Gadhra, 1989).

Cuireadh leis na teorainneacha sin trí huaire ó shin trí orduithe éagsúla (Tábla 2.1), leis an réamhrá seo a leanas: 'De bhrí gur limistéir ar Gaeilgeoirí mórchuid de na daoine iontu nó limistéir ina n-aice sin ar dóigh leis an Rialtas gur cheart iad a áireamh sa Ghaeltacht d'fhonn an Ghaeilge a chaomhnú agus a leathnú mar ghnáthurlabhra na limistéar a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú seo.' Níl aon athrú déanta ar na limistéir Ghaeltachta ó 1982 agus meastar anois gurb ionann an Ghaeltacht oifigiúil agus tuairim is 7% de thalamh an Stáit (Commins, 1988).

TÁBLA 2.1
ORDUITHE A CHUIR LEIS AN NGAELTACHT Ó 1967 I LEITH

Ordú	Limistéir a cuireadh san áireamh
Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1967	Ráth Cairn agus Baile Ghib, Co. na Mí
Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1974	Paróiste Chlochán Bhréanainn, Co. Chiarraí An Seanphobal, Co. Phort Láirge
Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1982	Cill na Martra, Co. Chorcaí 4 bhaile fearainn eile i Ráth Cairn, Co. na Mí

Foinse: Ó Cinnéide, Mac Donnacha & Ní Chonghaile, 2001.

Sna blianta ó 1956 i leith is é an sainiú a eascraíonn as Acht na nAirí agus Rúnaithe (Leasú) agus na horduithe reachtúla a leanann é a úsáidtear chun limistéir na Gaeltachta a rianú chun críche reachtaíochta agus cuspóirí oifigiúla eile, ar a n-áirítear an tAcht Oideachais, 1998, faoinar bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Acht a leagann síos in Alt 9(h) gur feidhm de chuid scoileanna Gaeltachta í cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail.

2.2 DAONRA NA GAELTACHTA

Bhí cónaí ar 90,048 duine sa Ghaeltacht i 2002 (Tábla 2.2) i Gaeltacht na Gaillimhe is mó, le daonra de 40,267. Sa Mhí agus i bPort Láirge atá na limistéir Ghaeltachta is lú le timpeall míle go leith duine i ngach ceann díobh. Mheath daonra iomlán na Gaeltachta suas go 1971 ach ó shin i leith tá sé ag méadú go rialta. Laistigh de na figiúirí iomlána, áfach, tá difríochtaí móra ó limistéar go limistéar. Mar shampla, sa tréimhse idirdhaonáirimh dheireanach tháinig méadú suntasach ar dhaonra limistéir Ghaeltachta na Gaillimhe, Chiarraí, na Mí agus Phort Láirge agus tháinig laghdú suntasach ar dhaonra Gaeltachta Mhaigh Eo. Tá laghdú leanúnach tagtha ar dhaonra Gaeltachta Thír Chonaill ó 1981 ar aghaidh agus tháinig laghdú beag ar dhaonra Gaeltachta Chorcaí idir 1996 agus 2002.

TÁBLA 2.2
DAONRA NA GCEANTAR GAELTACHTA, 1961-2002

Contae	1961	1971	1981	1991	1996	2002	Athrú sa tréimhse idirdhaonáirimh dheireanach
Co. Chorcaí	3,487	3,269	3,442	3,578	3,591	3,530	-61 (-1.7%)
Co. Dhún na nGall	26,357	23,158	25,704	24,504	24,072	23,728	-344 (-1.4%)
Co. na Gaillimhe	22,769	21,204	26,444	32,578	35,983	40,267	4284 (11.9%)
Co. Chiarraí	8,736	7,729	8,253	8,116	8,145	8,531	386 (4.7%)
Co. Mhaigh Eo	16,275	13,447	13,320	11,868	11,494	10,947	-547 (-4.8%)
Co. na Mí	907	895	948	1,256	1,407	1,591	184 (13%)
Co. Phort Láirge	792	866	1,391	1,368	1,347	1,454	107 (7.9%)
Iomlán	79,323	70,568	79,502	83,286	86,039	90,048	4009 (4.7%)

Foinse: Daonáireamh na hÉireann

Tá cumas labhartha Gaeilge ag 73% de phobal na Gaeltachta agus úsáideann 54% acu siúd an Ghaeilge go laethúil (Tábla 2.3). Is sa chuid sin den Ghaeltacht atá suite i gCathair na Gaillimhe is laige atá úsáid laethúil na Gaeilge, ag 25%, ach is sa chuid eile de Ghaeltacht Chontae na Gaillimhe is láidre atá úsáid laethúil á baint as an teanga, ag 65%. Tá úsáid laethúil á baint as an nGaeilge ag breis agus 50% díobh siúd a bhfuil cumas labhartha Gaeilge acu i limistéir Ghaeltachta Dhún na nGall, Chiarraí, na Mí agus Phort Láirge freisin, ach tá an figiúr seo faoi bhun 50% i limistéir Ghaeltachta Chorcaí agus Mhaigh Eo.

TÁBLA 2.3
DAOINE IN AOIS A DTRÍ BLIANA NÓ OS A CHIONN AG A BHFUIL CUMAS LABHARTHA GAEILGE, 2002

Limistéar Gaeltachta	Céatadán den daonra ag a bhfuil cumas Gaeilge	Céatadán den daonra a úsáideann an Ghaeilge go laethúil
Co. Chorcaí	83	45
Co. Dhún na nGall	75	61
Cathair na Gaillimhe	54	25
Co. na Gaillimhe	78	65
Co. Chiarraí	76	55
Co. Mhaigh Eo	67	35
Co. na Mí	61	52
Co. Phort Láirge	77	55
Iomlán	73	54
Éire	43	22

Foinse: Daonáireamh na hÉireann

2.3 SEIRBHÍSÍ LUATHOIDEACHAIS SA GHAELTACHT

Le tacaíocht Údarás na Gaeltachta agus an Chomhchoiste Réamhscolaíochta d'fhás líon na naíonraí sa Ghaeltacht ó 2 i 1980 go dtí 40 i 1984 (Hickey, 1999), agus in 2002 bhí 69 naíonra ag feidhmiú sa Ghaeltacht agus iad ag freastal ar 1,152 páiste.

Is iondúil go mbíonn coiste áitiúil freagrach as bunú, riaradh agus reáchtáil an naíonra agus is é an coiste a fhostaíonn na Stiúrthóirí. Íocann Údarás na Gaeltachta fóirdheontas beag in aghaidh na seachtaine le gach coiste aitheanta naíonra agus is é seo, mar aon le táillí na dtuismitheoirí, a chuireann ar chumas an choiste Stiúrthóir(í) a fhostú agus an naíonra a reáchtáil. Ina theannta sin, faigheann na naíonraí tacaíocht i bhfoirm seirbhíse comhairleoireachta ón gComhchoiste Réamhscolaíochta (Hickey, 1999).

Chun tacú leis na coistí deonacha a bhíonn i mbun reáchtáil na naíonraí sa Ghaeltacht, bhunaigh Údarás na Gaeltachta an comhlacht Seirbhísí Naíonraí (Gaeltachta) Teo. i 1997, le seirbhís iomlán riaracháin a sholáthar do choistí naíonraí. I 1998 cuireadh tús le cúrsa oiliúna do Stiúrthóirí naíonra le haitheantas ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais. In 2004 bunaíodh Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. mar eagraíocht stiúrtha agus forbartha do na naíonraí.

Ina mórshaothar ar an luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht, thuairiscigh Hickey (1999):

- Go raibh thart ar 700 páiste ag freastal ar naíonraí na Gaeltachta i 1996, *circa* an tríú cuid den iomlán, figiúr a bhí inchurtha leis an leibhéal úsáide a bhaintear as seirbhísí príobháideacha réamhscoile sa Stát i gcoitinne.
- Gur bhain 44% de na páistí le teaghlaigh lánBhéarla; 32% eile le teaghlaigh ina raibh meascán de Ghaeilge agus Bhéarla á labhairt; agus 24% le teaghlaigh lánGhaeilge.
- Go raibh cumas lag Gaeilge ag dhá thrian díobh agus cumas maith nó líofacht Ghaeilge ag aon trian díobh; agus go gcothaíonn an raon cumas sin deacrachtaí maidir le hobair an naíonra a phleanáil agus le freastal ar riachtanais teanga agus forbartha na bpáistí uile.

- Go raibh 40% de na naíonraí inar bhain tromlach na bpáistí le teaghlaigh lánBhéarla; 29% inar bhain an tromlach le teaghlaigh dhátheangacha; agus 20% eile inar bhain an tromlach le teaghlaigh lánGhaeilge. Bhí an meascán de na trí chineál teaghlaigh níos cothroime san 11% eile.
- Go laghdaíonn ráta úsáide na Gaeilge i measc cainteoirí dúchais agus dátheangach i naíonraí inar Béarlóirí an tromlach.
- Go mbíonn riachtanais ar leith ag cainteoirí dúchais sa naíonra, go mór mór saibhreas agus cruinneas teanga a bhaint amach de réir mar a bhíonn siad ag dul in aois, ach go mbíonn an claonadh ann tosaíocht a thabhairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí teanga, toisc go meastar riachtanais theangeolaíocha níos práinne a bheith acu.

Mhol Hickey, i measc rudaí eile:

[i] I bhfianaise chomhthéacs sochtheangeolaíochta reatha na Gaeltachta go gcuirfí maoiniú ar fáil don luathoideachas trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht ar an leibhéal céanna agus atá ar fáil faoin scéim 'Early Start'.

[ii] Go ndéanfaí forbairt ar an gcúrsa oiliúna do Stiúrthóirí na Naíonraí Gaeltachta i dtreo go n-aithneofar cáilíocht sa luathoideachas trí Ghaeilge mar cháilíocht ghairmiúil.

[iii] Go leagfar amach curaclam oifigiúil do na naíonraí.

[iv] Go gcuirfear béim, go háirithe, ar riachtanais cainteoirí dúchais, chomh maith le riachtanais na bhfoghlaimeoirí teanga, in oiliúint agus i bhforbairt ghairmiúil na Stiúrthóirí.

[v] Go gcuirfear oiliúint ar fáil do Stiúrthóirí ar mhodhnú iompraíochta chun atreisiú dearfach a thabhairt d'úsáid na Gaeilge sa naíonra.

[vi] Go gcothófar breis teagmhála idir na naíonraí agus tuismitheoirí na bpáistí agus go mbeidh ionchur níos mó ag tuismitheoirí in obair an naíonra.

[vii] Scéimeanna chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí Gaeltachta agus eolas a chur ar fáil dóibh faoi na roghanna atá acu maidir le teanga an teaghlaigh.

[viii] Go gcinnteofar go mbeidh seirbhísí síceolaíochta agus teiripe trí mheán na Gaeilge ar fáil do theaghlaigh lánGhaeilge a bhfuil páistí le riachtanais ar leith acu.

[ix] Go ndéanfar taighde i dtaca le páistí Gaeltachta nach bhfreastalaíonn ar an naíonra agus go bhfiosrófar straitéisí eile chun luathoideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar dóibh. Agus, i gcás tuismitheoirí le páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad nach gcuireann a bpáistí chuig naíonra de bharr a n-imní faoi thionchar na mBéarlóirí ar chumas agus ar iompar teanga [Gaeilge] a bpáistí go ndearbhófar dóibh go bhfreastalófar ar riachtanais teanga na gcainteoirí dúchais chomh maith.

[x] Go bhfuil géarghá le leanúnachas idir naíonraí agus scoileanna sa Ghaeltacht trí theagmháil rialta idir na Stiúrthóirí agus na múinteoirí.

2.4 AN CÓRAS BUNOIDEACHAIS SA GHAELTACHT

Faoi rialacha an Bhoird Náisiúnta Oideachais ceadaíodh múineadh na Gaeilge lasmuigh d'uaireanta scoile, ach táille a íoc, den chéad uair i 1879. Sa bhliain 1900, cuireadh tús le clár nua sna scoileanna faoinar ceadaíodh do scoileanna Gaeilge a mhúineadh mar ábhar roghnach le linn uaireanta scoile agus mar ábhar breise ar tháille lasmuigh d'uaireanta scoile. Bhí laincisí áirithe ar an gcur chuige seo, áfach. Ní raibh cead ann Gaeilge a theagasc le linn uaireanta scoile dá gcuireadh sé isteach ar na cúrsaí a bhí le teagasc ar ghnáth-amchlár na scoile agus, ina theannta sin, ní raibh cead ag scoil Gaeilge a theagasc, laistigh ná lasmuigh d'uaireanta scoile, mura raibh deimhniú ar fáil i dtuarascáil an chigire go raibh dul chun cinn sásúil á dhéanamh ag daltaí sna gnáthábhair scoile.

I mí Aibreáin 1904, cheadaigh na Coimisinéirí Oideachais do scoileanna i gceantair Ghaeltachta clár dátheangach a chur i bhfeidhm. De réir meabhráin a eisíodh ag an am ba é aidhm an chuir chuige seo go gcuirfeadh na daltaí eolas maith ar an nGaeilge agus go sealbhódh daltaí, ar cainteoirí dúchais iad, cumas maith sa Bhéarla. Cuireadh tús leis an gclár seo sna scoileanna den chéad uair i 1906. Thug 36 scoil faoin gclár an bhliain sin, agus faoi 1921-22 bhí clár dátheangach á fheidhmiú ag 239 scoil. Thuairiscigh Coimisiún na Gaeltachta (1926) gurbh ionann an 239 scoil seo agus 55% de líon iomlán na scoileanna sa limistéar Fíor-Ghaeltachta agus 20% de líon iomlán na scoileanna sna limistéir Fíor-Ghaeltachta agus Bhreac-Ghaeltachta le chéile, mar a bhí na limistéir sin sainithe acu féin. Mheas an Coimisiún go ndearnadh an clár seo méid áirithe maitheasa ach, ar feadh blianta fada, gur fearr a baineadh amach an aidhm a bhain le Béarla a thabhairt do chainteoirí dúchais Gaeilge ná an aidhm a bhain le heolas maith ar an nGaeilge a thabhairt do dhaltaí.

2.4.1 Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta (1926)

Ní léir go raibh mórán feabhais tagtha ar chúrsaí faoi 1926 nuair a chuir an Coimisiún a thuarascáil féin ar fáil. Dúirt sé:

> 'Actually, the only type of education available to the Irish Speaking Child is Primary education. Intrinsically, this Primary education is defective; either the child gets it in English, which is not his natural language, or he gets it in Irish through teachers who, for the most part, have received their own education through the medium of English, and who have been trained entirely in English Speaking institutions. Furthermore, in the latter case, the child is instructed by means of unsuitable books, and with school equipment which has no pertinence to his language, with the result that in the child's mind his own language is given the brand of inferiority.'

Ar na lochtanna ba mhó a mheas an Coimisiún a bhí ar chóras bunscolaíochta Ghaeltachta na linne bhí:

Easpa múinteoirí ag a raibh cumas sa Ghaeilge agus gur trí Bhéarla a fuair na múinteoirí a gcuid oideachais agus a gcuid oiliúna féin: Mheas an Coimisiún gur chóir eolas maith agus líofacht sa Ghaeilge a bheith mar bhunriachtanas chun teagasc sa Ghaeltacht. Níorbh ionann, dar leis, an cumas ábhar nó dhó a theagasc trí Ghaeilge i gceantar ina raibh Béarla mar theanga labhartha an phobail, agus an cumas atá de dhíth chun cúrsa iomlán na bunscoile a theagasc i scoil Ghaeltachta. Ba é an toradh, dar leis an gCoimisiún, a bhí ar mhúinteoirí gan líofacht Ghaeilge agus/nó gan dóthain eolais ar an gcanúint áitiúil a bheith ag múineadh i scoileanna Gaeltachta:

> 'The Irish of the schools in such cases is cramped, and this has a cramping effect on the speech and on the minds of the children, while it undermines the parents confidence not only in the school but in the value of education itself.'

Mhol an Coimisiún go nglacfaí céimeanna láithreacha chun lear mór múinteoirí a chur ar fáil a bheadh cáilithe le múineadh trí mheán na Gaeilge. Mheas sé, áfach, nach bhféadfaí múinteoirí a oiliúint chun múineadh trí mheán na Gaeilge in institiúidí inarbh é an Béarla an meán teagaisc agus mhol sé go dtabharfaí faoi dheiseanna oiliúna trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile.

I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhain le múinteoirí a mhealladh chuig scoileanna (Gaeltachta) i gceantair iargúlta agus na ndeacrachtaí a bhíodh le sárú ag múinteoirí i scoileanna den chineál sin, mhol an Coimisiún go dtabharfaí bónas 10% dá dtuarastal do mhúinteoirí a raibh grád 'Ard-Éifeachtach' á bhaint amach acu agus bónas 5% do mhúinteoirí a raibh grád 'Éifeachtach' á bhaint amach acu.

Easpa téacsleabhar i nGaeilge: Thuairiscigh an Coimisiún go raibh sé deacair teacht ar théacsleabhair mhaithe i nGaeilge, rud a bhí ina bhac mór ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí. Bhí curtha in iúl dó, freisin, go raibh dearadh agus leagan amach na dtéacsleabhar Gaeilge a bhí ann ag an am ar chaighdeán chomh híseal, i gcomparáid lena raibh ar fáil i mBéarla, agus gur dóigh go gcruthódh sé drochmheas in intinn na ndaltaí ar an nGaeilge. Chuige seo mhol an Coimisiún:

- Go soláthródh an Roinn Oideachais sraith léitheoireachta don Ghaeilge agus go mbeadh an t-ábhar inti ar ardchaighdeán agus leagan amach córasach a bheith air; agus go mbeadh na leabhair féin dea-chlóbhuailte, dea-léirithe agus snasta.
- Do na bunranganna, mhol sé go mbeadh sraith leabhar ar leith curtha ar fáil do na príomhlimistéir Ghaeltachta, eadhon, Uladh, Connachta agus Mumhain, agus go mbeadh siad seo bunaithe ar chanúintí na limistéar sin. Mhol sé sraith léitheoireachta comónta a chur ar fáil do na hardranganna agus go gcuirfí sraith léitheoireachta Béarla ar leith ar fáil le húsáid i scoileanna Gaeltachta.

An Chigireacht: Mheas an Coimisiún gur laige a bhí ann ceantair Fhíor-Ghaeltachta, Bhreac-Ghaeltachta agus iarGhaeltachta a bheith faoi chúram cigirí réigiúnacha de chuid na Roinne Oideachais, de bharr go raibh riachtanais an-difriúila le sárú ag na ceantair a bhí i gceist. Mhol sé go mbunófaí Cigireacht ar leithligh don Ghaeltacht, le go bhféadfaí díriú i gceart ar na deacrachtaí ar leith a bhí aici agus ar na deiseanna a bhí ar fáil le dul chun cinn a dhéanamh a thapú agus tairbhe iomlán a bhaint astu.

2.4.2 An Tuarascáil ar an mBunoideachas Trí Ghaeilge sa Ghaeltacht (1981)

I 1979, thionóil Comhar na Múinteoirí Gaeilge sraith seimineár i mBaile Átha Cliath agus sna limistéir éagsúla Ghaeltachta do bhunmhúinteoirí na Gaeltachta as ar eascair an Tuarascáil ar an mBunoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht (1981). Léiríonn an Tuarascáil seo na deacrachtaí a bhí le sárú ag an gcóras bunoideachais sa Ghaeltacht mar a chonaic na múinteoirí é. Ghlac na múinteoirí leis 'gur ceann dá bpríomhdhualgais caighdeán ard a bhaint amach sa dá theanga, Gaeilge agus Béarla.' Ina theannta sin, ba ghá 'an meas is dual don Ghaeilge (máthairtheanga na bpáistí Gaeltachta) a chruthú, sa dóigh go leanfaidh sí ar aghaidh mar mháthairtheanga.' Bhí imní orthu nach raibh sé indéanta acu an t-ardchaighdeán sin a chur ar fáil gan chuidiú agus athrú polasaí ó na ranna stáit atá freagrach as oideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Thuairiscigh siad go raibh 'cuid mhaith scoileanna a bhfuil an Béarla ag fáil an lámh-in-uachtar iontu mar mháthairtheanga na bpáistí', agus dá leanfadh an patrún sin ar aghaidh 'go mbeadh an fhadhb chéanna ar leic an dorais ag gach uile scoil sa Ghaeltacht taobh istigh de chúig bliana.' (Béim sa Tuarascáil).

Thug siad trí chúis bhunúsacha leis an bpatrún aistrithe teanga seo:

[i] Tuismitheoirí na Gaeltachta a bheith ag tógáil a gcuid páistí le Béarla agus ag déanamh cinnte de gurb é an Béarla teanga an bhaile.

[ii] Tuismitheoirí a bheith ag teacht isteach sa Ghaeltacht ó cheantar Galltachta le ghabháil ag obair i monarchana nó ar thograí forbartha agus ag cur a gcuid páistí go dtí an scoil áitiúil.

[iii] Tuismitheoirí ar de bhunú na Gaeltachta duine nó an bheirt acu, a thagann ar ais ó cheantar Galltachta nó as tír iasachta agus gur Béarla amháin teanga na bpáistí ar theacht abhaile dóibh.

Dar leis na múinteoirí gur ghá aghaidh a thabhairt ar na buncheisteanna agus na deacrachtaí seo a leanas má bhíothas leis an staid a bhí ann a fheabhsú:

Aitheantas na faidhbe: Le go bhféadfaí a bheith ag súil go ndéanfaí aon dul chun cinn, ba ghá ar dtús do na ranna atá ag plé le hoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht 'aitheantas a thabhairt go bhfuil fadhb agus géarchéim ann faoi láthair maidir le hoideachas ceart, iomlán trí Ghaeilge a chur ar fáil do pháistí i mbunscoileanna na Gaeltachta.'

Riachtanais na bpáistí ar bheagán Gaeilge: Bhí gá le múinteoirí feabhais don Gaeilge a chur ar fáil do pháistí gan Ghaeilge a thagann isteach i scoileanna Gaeltachta, go speisialta iad siúd a thagann isteach sna meánranganna agus sna ranganna ina ndiaidh sin. Maidir le páistí óga, mhol siad naíonraí Gaelacha, mar

dhóigh amháin, a thabharfadh bunús sa teanga don pháiste chomh maith lena ullmhú don bhunscoil. Mhol siad, freisin, go mbeadh socruithe speisialta ann chun cóimheas múinteoirí:daltaí níos fearr a cheadú do scoileanna Gaeltachta a bhfuil deacrachtaí speisialta teanga acu.

An soláthar do pháistí ag a bhfuil riachtanais ar leith: Thuairiscigh na múinteoirí nach raibh cóir ná cuidiú ceart á bhfáil ag daltaí/foghlaimeoirí ag a raibh riachtanais ar leith agus nach raibh 'tástáil, ranganna speisialta ná seirbhísí síceolaíochta á gcur ar fáil trí mheán na Gaeilge.'

Tuiscint tuismitheoirí ar riachtanais teanga agus oideachais a bpáistí: Mhol an Tuarascáil straitéisí le tuismitheoirí Gaeltachta a chur ar an eolas faoi ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim teanga agus den oideachas trí Ghaeilge ar mhaithe le tuiscint a chothú ina measc ar na deacrachtaí atá siad a chruthú agus a chur i mbealach na múinteoirí, má bhíonn siad ag tógáil a gclainne le Béarla sa bhaile. Ba ghá go dtuigfeadh tuismitheoirí 'an scrios atá siad ag déanamh ar chumas foghlama teanga an pháiste, trí bheith ag ceilt theanga chaidrimh na comharsanachta air.' Bhí i gceist freisin go gcuirfí ar na súile do thuismitheoirí 'nach bhféadfadh an scoil i gcónaí Gaeilge a mhúineadh go héasca dá gcuid páistí agus gur fearr go mór a d'fhéadfaidís féin an teanga a fhoghlaim dóibh sa bhaile.' Moladh, freisin, go gcuirfí ranganna ar fáil do thuismitheoirí a bhí ar bheagán Gaeilge.

Ábhar agus teanga na dtéacsleabhar: Cé go raibh feabhas tagtha ar sholáthar téacsleabhar, seachas mar a bhí, bhí na múinteoirí fós den tuairim nach raibh freastal sásúil á dhéanamh sa réimse seo, agus go sonrach: go raibh ábhar fós in easnamh d'ábhair áirithe; nár thug na téacsleabhar cothrom ceart do na daltaí a raibh Gaeilge acu cheana féin ó thaobh a bhforbartha i gcúrsaí teanga agus litríochta de; bhí ganntanas leabhar breise léitheoireachta Gaeilge do pháistí Gaeltachta ann; ní raibh riachtanais an léitheora á dtabhairt san áireamh sa teanga a bhí sna téacsleabhar aistrithe, agus mar thoradh air sin, ní raibh siad in oiriúint do na haoisghrúpaí ar a raibh siad dírithe; ní raibh teacht go héasca ar na leabhair a bhí ar fáil agus ní raibh eolas rialta á chur ar fáil do mhúinteoirí fúthu.

Rochtain na bpáistí ar Ghaeilge lasmuigh den scoil: Ba ghá cur leis an méid Gaeilge a bhí le cloisteáil ag páistí lasmuigh den scoil. Chuige seo, moladh go mbeadh níos mó clár raidió agus teilifíse scoile ar fáil agus go mbeadh ranganna Gaeilge breise ar fáil dóibh siúd a bhí ar bheagán Gaeilge.

An Curaclam: Bhraith na múinteoirí go raibh athruithe móra tagtha ar shaol agus ar chultúr na Gaeltachta sna cúig bliana déag roimhe sin agus nár mhór don churaclam bunscoile na hathruithe sin a chur san áireamh. Mhol siad go ndéanfaí an curaclam a scrúdú ó bhun go barr agus go dtabharfaí cothrom le dáta é sa dóigh go mbeadh a raibh á mholadh ann ag réiteach le timpeallacht Ghaeltachta na linne.

Siollabas na Gaeilge: Tuairiscíodh nach ndearna na cúrsaí a bhí ar fáil don Ghaeilge féin forbairt cheart ar chumas agus ar acmhainn na bpáistí a raibh smacht maith acu ar an teanga cheana féin. Sa bhreis air seo, ní raibh comhcheangal idir caighdeán na haoise léitheoireachta a bhí sna leabhair léitheoireachta Ghaeilge agus i dtéacsleabhair na n-ábhar eile. Mhol siad: go ndéanfaí sraith de leabhair léitheoireachta Ghaeilge a ullmhú, a bheadh oiriúnach do shaol na Gaeltachta agus a dhéanfadh cúram d'fhorbairt teanga agus litríochta; go n-ullmhófaí sraith Comhrá Gaeilge don Ghaeltacht; agus go gcuirfí sraith Comhrá Béarla ar fáil don Ghaeltacht freisin.

Oiliúint agus cáilíochtaí na múinteoirí: Mhol an Tuarascáil go gcuirfí cúrsaí agus cáilíochtaí cearta ar fáil do mhúinteoirí ar mian leo bheith ag múineadh sa Ghaeltacht nó i scoileanna lánGhaeilge. Ba chóir é a bheith mar chuspóir ag na cúrsaí seo ardchaighdeán sa Ghaeilge labhartha agus scríofa a thabhairt do na hábhair oide i gceist agus oideachas a chur ar fáil dóibh i réimsí na teangeolaíochta, go háirithe chomh fada agus a bhaineann sé le hoideachas dátheangach.

Cúrsaí inseirbhíse: Braitheadh nach raibh úsáid lánéifeachtach á baint as na hionaid do mhúinteoirí sna ceantair éagsúla chun cúrsaí inseirbhíse, léachtaí agus seimineáir a reáchtáil agus go raibh gá le cúrsaí maithe inseirbhíse a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

2.4.3 Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht (1986)

Bunaíodh an Comhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht i 1981. Bhí ionadaíocht ar an gComhchoiste ón Roinn Oideachais, ó Roinn na Gaeltachta agus ó Údarás na Gaeltachta agus bunaíodh é mar thoradh ar fhoilsiú an Pháipéir Bháin ar Fhorbairt Oideachasúil agus ar chomhchainteanna, a tharla roimhe sin, idir an tÚdarás agus an Roinn Oideachais faoi fhadhbanna oideachais na Gaeltachta.

De réir thaighde an Chomhchoiste ar bhunscoileanna na Gaeltachta bhí 158 bunscoil ag freastal ar dhaltaí na Gaeltachta ag an am (ag cur san áireamh roinnt scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht ar a raibh daltaí ón nGaeltacht ag freastal) agus bhí 14,709 dalta ag freastal orthu (Tábla 2.4). Bhí 4,609 (31%) de na daltaí seo a raibh deontas an £10 á fháil acu faoin scéim a bhí á reáchtáil ag Roinn na Gaeltachta ag an am. Is léir, áfach, ó na figiúirí a chuir an Comhchoiste ar fáil go raibh difríochtaí móra sna patrúin teanga, ní hamháin idir limistéir Ghaeltachta na gcontaetha éagsúla, ach sna limistéir Ghaeltachta laistigh de gach contae. Thuairiscigh an Comhchoiste go bhféadfaí bunscoileanna Gaeltachta a rangú ina dtrí aicme:

- ***Aicme A***: Bunscoileanna i gceantair Ghaeltachta a bhfuil an Ghaeilge mar ghnáthmheán cumarsáide i measc an phobail iontu.
- ***Aicme B***: Bunscoileanna i gceantair Ghaeltachta a bhfuil roinnt Gaeilge á labhairt i measc an phobail iontu.
- ***Aicme C:*** Bunscoileanna i gceantair Ghaeltachta nach bhfuil an Ghaeilge á labhairt go coitianta i measc an phobail iontu.

TÁBLA 2.4
STAITISTICÍ MAIDIR LE BUNSCOILEANNA GAELTACHTA I 1981-82[2]

Contae	Líon Scoileanna	Líon Daltaí	Líon Múinteoirí	Scoileanna a raibh cruth maith orthu	Scoileanna a bhí i 'seantithe'	Líon daltaí a fuair an Deontas £10
Gaillimh	53	4,992	175	42	11	1,788
Dún na nGall	46	4,750	164	27	19	1,755
Maigh Eo	23	1,663	38	4	19	251
Ciarraí	19	1,439	57	8	11	474
Corcaigh	10	671	26		10	170
Port Láirge	5	1,054	37	3	2	96
An Mhí	2	140	6	2		75
Iomlán	158	14,709	503	86	72	4,609 (31%)

2 Ní mór a áireamh go bhfuil roinnt scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht ar a raibh daltaí ón nGaeltacht ag freastal san áireamh sna figiúirí seo.

Foinse: Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht (1986)

Thuairiscigh an Comhchoiste gurb iad na príomhdheacrachtaí a bhí le sárú i mbunscoileanna na Gaeltachta:

[i] Deacrachtaí a bhaineann le scoil a reáchtáil trí Ghaeilge i dtimpeallacht ina bhfuil síorbhrú ón mBéarla trí na meáin chumarsáide agus trí eagrais san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

[ii] Daltaí ag teacht ar scoil den chéad uair gan Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge.

[iii] Easpa tacaíochta don Ghaeilge sa bhaile.

[iv] Tuismitheoirí gan Ghaeilge ag cur fúthu sa Ghaeltacht agus ag cur a gcuid páistí chuig scoileanna Gaeltachta.

[v] Tuismitheoirí Gaeltachta imníoch faoi chumas Béarla a gcuid páistí.

[vi] Líon mór bunscoileanna beaga gar dá chéile scaipthe ar fud na Gaeltachta a chuir bac nach beag ar dháileadh acmhainní agus seirbhísí agus a chruthaigh fadhbanna maidir le cóiríocht nua oiriúnach a sholáthar.

[vii] Na deacrachtaí móra a bhíonn ag múinteoirí agus iad ag iarraidh déileáil leis an ngnáthraon cumas intleachtúil, agus raon leathan aoisghrúpaí, mar aon le cumais éagsúla teanga.

[viii] Gan aon soláthar ar leithligh a bheith déanta i gcúrsaí na gColáistí Oideachais dírithe orthu siúd a bhíonn ag múineadh i mbunscoileanna Gaeltachta.

[ix] Easpa téacsleabhar trí Ghaeilge.

Bunaithe ar an anailís seo, d'aontaigh an Comhchoiste ar 19 moladh maidir leis an gcóras bunoideachais sa Ghaeltacht a mheas sé a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar bheagán caiteachais [i bhfianaise na 'ndiantosca eacnamaíochta a bhí ag cur as don tír ag an am']. Mhol sé go dtabharfaí tús áite do na moltaí seo [laistigh de na moltaí iomlána a bhí déanta acu], i ngeall 'ar a ghátaraí atá an scéal ar fad agus a phráinní atá sé gníomhú gan mhoill.'

Ar na príomh-mholtaí a rinne sé bhí:

[i] Go bhféachfaí ar an nGaeltacht mar aonad oideachasúil ar leithligh le deacrachtaí oideachasúla ar leith ag baint léi agus go gceapfaí 3 chigire lánaimseartha le bheith freagrach as scoileanna Gaeltachta i gCúige Uladh, i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan agus cigire páirtaimseartha i nGaeltacht na Mí.

[ii] Go gceadófaí an cóimheas céanna daltaí: múinteora i scoileanna Gaeltachta agus a bhí i ngaelscoileanna.

[iii] Go ndéileálfaí leis an nGaeltacht ar bhonn eisceachtúil maidir le ceapadh múinteoirí feabhais, eadhon, gur cnuasach de chúig scoil an t-íosmhéid scoileanna a bheadh faoi chúram múinteoirí feabhais sa Ghaeltacht. In Aguisín 4 den Tuarascáil ina raibh moltaí ar leith ó Údarás na Gaeltachta, mhol an tÚdarás go soiléireofaí gur trí Ghaeilge a bheadh na múinteoirí feabhais ag feidhmiú.

[iv] Go gcuirfí tréanoiliúint ar fáil do mhúinteoirí i múineadh cumas cumarsáide i nGaeilge agus i mBéarla.

[v] Go gcuirfí sraith leabhar léitheoireachta Gaeilge ar fáil a bheadh oiriúnach don Ghaeltacht agus go ndéanfaí athchló ar chuid de na leabhair Ghaeilge a shíolraigh ón nGaeltacht.

[vi] Go rachfaí i mbun feachtais chun tábhacht na Gaeilge a chur ina luí ar thuismitheoirí na Gaeltachta.

[vii] Go reáchtálfaí seimineáir idir tuismitheoirí agus múinteoirí Gaeltachta i dtaca leis an nGaeilge a chur chun cinn mar ghnáth-theanga teaghlaigh agus sa chóras oideachais, agus go gcuirfí ina luí ar thuismitheoirí go bhfuil ar chumas na scoileanna Béarla a mhúineadh dá gcuid páistí.

[viii] I gcás go mbeadh cónascadh bunscoileanna Gaeltachta i gceist go rachfaí i gcomhairle roimh ré le Roinn na Gaeltachta agus le hÚdarás na Gaeltachta faoi, agus go dtabharfaí aird speisialta ar na himpleachtaí a bheadh ag an gcónascadh don Ghaeilge.

[ix] Go dtabharfaí teagasc ar leith lasmuigh de ghnáthamanna scoile do dhaltaí gan Gaeilge a chuirfeadh fúthu sa Ghaeltacht.

[x] Go gcuirfí téacsleabhair oiriúnacha ar fáil trí Ghaeilge do réimse uile Churaclam na Bunscoile agus go gcoimeádfaí múinteoirí ar an eolas fúthu.

[xi] Go ndéanfaí staidéar ar chás na ndaltaí arb í an Ghaeilge a máthairtheanga agus a bhfuil riachtanais acu agus go molfaí réiteach cuí ar a gcás.

[xii] Go ndéanfaí cúrsa teastais iarchéime speisialta do bhunmhúinteoirí a bhíonn ag múineadh trí Ghaeilge a thionscnamh. Mhol sé, freisin, in imeacht ama nach mbeadh an liúntas speisialta do mhúineadh trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta iníoctha ach le múinteoirí a mbeadh an cháilíocht seo acu.

[xiii] Go n-ullmhófaí curaclam nua le haghaidh scoileanna Gaeltachta.

In Aguisín 4 den Tuarascáil, léirigh an tÚdarás an imní go bhféadfaí múinteoirí gan Gaeilge sách maith a cheapadh i scoileanna Gaeltachta agus d'iarr sé go mbunófaí córas faoina bhféadfaí a leithéid sin de cheapachán a stopadh. In Aguisín 4, freisin, mhol Údarás na Gaeltachta go mba chóir staid na Gaeilge a

fheabhsú sna coláistí oideachais ar fad agus, ag an am céanna, go mbunófaí coláiste lánGhaeilge nó go ndéanfaí lánGhaelú ar cheann amháin de na príomhcholáistí oideachais.

2.4.4 Gnéithe den Oideachas sa Ghaeltacht: Impleachtaí Polasaí (Muintearas: 2000)

Bunaíodh an togra oideachais pobail 'Muintearas' le tacaíocht ó Fhondúireacht Van Leer agus Údarás na Gaeltachta i 1981. Bhí sé mar aidhm ag an togra clár oideachais a chur ar fáil a d'fhreastalódh 'ar an bpobal ar fad, idir óg agus aosta, le straitéis a d'aithneodh an t-oideachas, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil mar údar cumhachtach riachtanach foráis i gcumasú socheacnamaíoch agus cultúrtha Cheantar na nOileán' (Muintearas 2000).

Ba iad sainchuspóirí bunaidh an togra:

- Clár oibre réamhscoile, agus scéim oiliúna do mháithreacha mar chuid de, a fhorbairt.
- Scéim forbartha curaclaim agus ábhair foghlama dírithe ar an gcultúr áitiúil a chur ar fáil.
- Clár oideachais do lucht luathfhágála scoile a fhorbairt.
- Clár oideachais do dhaoine fásta a fhorbairt a dhíreodh ar fhorbairt shóisialta agus phearsanta.

D'fhoilsigh Muintearas an tuarascáil taighde Gnéithe den Oideachas sa Ghaeltacht – Impleachtaí Polasaí in 2000. Déanann an tuarascáil seo cur síos ar na tograí éagsúla a reáchtáladh faoi scáth an tionscadail ó 1981 ar aghaidh. Tá léiriú sa tuarascáil ar a dtaithí agus iad ag plé le gnéithe ar leith den oideachas Gaeltachta agus ar na deacrachtaí polasaí agus struchtúir atá le sárú má táthar le hoideachas Gaeltachta a chur ar bhonn slán.

Curaclam na Bunscoile

Dar le Muintearas, nach raibh soláthar déanta sa churaclaim bunscoile, mar a bhí sé ag an am, chun go bhféadfaí freastal ar leith a dhéanamh ar an seomra ranga ilghrádach – an seomra ranga is coitianta sa Ghaeltacht - 'áit a mbíonn níos mó ná rang amháin á mhúineadh ag múinteoir agus gur iondúil trí rang á múineadh aige/aici.' Ina theannta sin, 'níor tugadh aird ar bith ar chás speisialta na scoileanna Gaeltachta maidir le cúrsaí teanga agus oideachais' agus 'bhreathnaigh roinnt múinteoirí [ar an gcuraclam] mar chlár a ceapadh go lárnach, agus nár aithin difríochtaí áitiúla i gcúrsaí sochaí ná cultúir.' Fiú má bhí sé molta go gcuirfí an curaclam in oiriúint do riachtanais áitiúla bhí ábhar an churaclaim agus na dtéacsanna a bhí ar fáil ag 'brú go mór i dtreo curaclaim chomhionainn náisiúnta.'

Ag cur leis na laigí a bhí sa churaclam, bhí na bearnaí ann a tuairiscíodh in oiliúint réamhsheirbhíse agus ionghairme na múinteoirí. Tuairiscíodh gur 'iondúil go nglactar leis i gcúrsaí traenála múinteoirí, idir bhuntraenáil agus traenáil inseirbhíse, go mbeidh an curaclam dírithe ar an leanbh le cur i bhfeidhm i ngnáthscoil ina mbíonn grád amháin i ngach seomra.' Ba mhór idir an oiliúint seo agus an taithí a bhí le fáil i scoileanna na Gaeltachta, áit ar 'deacair timpeallacht a d'fheilfeadh don churaclam a chur ar fáil de bharr an teagaisc ilrangaigh, áitribh agus troscáin mhí-oiriúnaigh, agus easpa acmhainní.'

Scoileanna Beaga

I dteannta thionchar na ndeacrachtaí thuas a bheith méadaithe de bharr an lear mór scoileanna beaga atá scaipthe ar fud na Gaeltachta, thuairiscigh Muintearas go bhfágtar na scoileanna beaga céanna faoi mhíbhuntáiste de bharr an chórais chaipitíochta atá i bhfeidhm. De bharr go mbraitheann 'ioncam bhliantúil na scoile ar líon na ndaltaí, [fágtar] scoileanna beaga faoi leatrom. Ní leor deontais chaipitíochta na bliana chun íoc as costais chothabhála, theasa agus shoilse na scoile. 'Is annamh gur leor é ioncam bliantúil na scoileanna beaga seo chun go leor réimse áiseanna agus ábhar speisialta oideachais a chur ar fáil.' Lena chois sin, thuairiscigh sé gur beag 'cumarsáid a bhí idir na múinteoirí cé is moite de chruinnithe ceardchumainn anois agus arís' agus gur bhraith na múinteoirí 'nach raibh fóram feiliúnach ar bith acu ina bhféadfaidís a gcuid fadhbanna gairmiúla a phlé.' In éagmais 'aon ghréasáin a nascann na scoileanna ag

leibhéal an chontae nó fochontae is deacair na háiseanna breise a sholáthar a mbíonn géarghá leo agus a bhíonn ar fáil de ghnáth i scoileanna níos mó.'

Boird Bhainistíochta

Cé go raibh córas na mBord Bainistíochta i bhfeidhm ó lár na seachtóidí, thuairiscigh Muintearas go raibh:

> 'iarsmaí den seanchóras ar marthain i gcónaí. Bhí lárú an údaráis agus na freagrachta ina thraidisiún agus chuaigh sé rite le daoine é a athrú mar nach mbíonn na pobail áitiúla sách eolach ar na cumhachtaí atá dlite dóibh sa struchtúr nua. Theastódh ó na struchtúir nua bhainistíochta seo go mbeadh pobal eolach rannpháirteach iontu, ach ní minic a bhíonn an t-eolas riachtanach ná na scileanna gnó ar fáil sa phobal. Ní hiondúil go dtugann na cumainn bhainistíochta faoi fhorbairt scileanna na mBord mar rannpháirtithe i gcúrsaí polasaí; is mó an spéis a chuireann siad sa chuid is leithne de chúrsaí polasaí.'

Cé gur chuir Muintearas féin an-bhéim ar rannpháirtíocht na mbord bainistíochta sna hiarrachtaí a bhí á ndéanamh acu chun tuismitheoirí a dhéanamh níos gníomhaí in oideachas a bpáistí, thuairiscigh sé gurb í a dtaithí:

> 'i gcás chuid mhór Bord sa Ghaeltacht [go mbíonn] an oiread sin éileamh ar an mbuiséad acu nach mbíonn de ról ag na baill ach ról an bhailitheora airgid. Bíonn leibhéal na gníomhaíochta ar Bhoird eile chomh híseal sin gur ar éigean go dtabharfaí faoi deara tionchar ar bith acu ar an oideachas áitiúil. Leis an easpa comhoibrithe agus comhtháthaithe idir na Boird Bhainistíochta laghdaítear ar an obair a dhéanann siad do pholasaí oideachais sa Ghaeltacht.'

An Bord Sláinte

Bhí caidrimh leanúnach ag Muintearas le speisialtóirí éagsúla de chuid Bhord Sláinte an Iarthair agus iad i mbun na dtionscadal éagsúil oideachais a bhí idir lámha acu. Thuairiscigh sé 'go raibh foireann áitiúil an Bhoird sásta go leor comhoibriú [ach] ba léir ...nach raibh aon pholasaí teanga ag an mBord faoi sheirbhísí a chur ar fáil do pháistí arb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga ná do phobail Ghaeltachta.'

Cúrsaí Teanga

Thug Muintearas, trí mheán na Scéime Réamhscoile, faoi thuismitheoirí a chur ar an eolas faoi cheisteanna teanga agus faoina dtábhacht féin mar dhaoine a d'fhéadfadh an teanga a thabhairt don chéad ghlúin eile trí chomhoibriú leis na scoileanna. Le linn obair an tionscadail tháinig Muintearas ar an tuiscint go raibh sé práinneach go leagfadh an Roinn Oideachais polasaí cuimsitheach teanga amach do chúrsaí oideachais sa Ghaeltacht, a thabharfadh aghaidh ar fhíorstaid na teanga agus a chuirfeadh na bunchearta sibhialta oideachais ar fáil do na pobail Ghaeltachta ina dteanga féin. Chun go mbeadh éifeacht le polasaí dá leithéid níor mhór a aithint go mbeadh gá le hinfheistíocht san oideachas Gaeltachta, ar bhonn cothromais bhunúsaigh, mar chuid lárnach de pholasaí teanga an Stáit.

An Clár Tacaíochta Feabhais

Ceann de na tograí is spéisiúla a chuir Muintearas chun cinn ba ea an Clár Tacaíochta Feabhais a d'fhorbair siad do scoileanna i gCeantar na nOileán i 1982 agus a leathadh amach chuig ceantair eile ina dhiaidh sin. Mar a chonaic Muintearas an staid nuair a thosaigh sé bhí tábhacht ar leith le háiseanna feabhais a bheith ar fáil do pháistí a raibh deacrachtaí foghlama acu, ach ba mheasa fós 'na fadhbanna atá sna scoileanna Gaeltachta, ar scoileanna beaga an chuid is mó díobh, toisc nach mbíonn na hionstraimí cuí meastóireachta cultúir acu, de bharr nach mbíonn bunábhair léitheoireachta Gaeilge ar fáil, agus toisc go bhfuil ceisteanna oideachais níos doimhne ag baint le cothromaíocht teanga sna pobail Ghaeltachta.'

Rinne Muintearas taighde i 1982 ar an éileamh a bhí ar mhúinteoireacht feabhais sna hocht scoil a bhí i gceantar

an tionscadail. Baineadh úsáid as measúnú an mhúinteora ranga agus dhá thriail chaighdeánacha an 'Spar Reading Test' agus an 'Cloze Reading Test' chun léargas a fháil ar leibhéal léitheoireachta na n-aoiseanna éagsúla sna scoileanna. Cuireadh san áireamh, agus brí á baint as torthaí na dtástálacha, go raibh siad 'bunaithe ón tús ar pháistí Sasanacha aonteangacha'. De réir an taighde seo bhí deacrachtaí léitheoireachta ag idir 20% agus 25% de na daltaí, figiúr a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. I measc rudaí eile, measadh 'go raibh baint mhór' aige seo leis an gcineál ábhar léitheoireachta a bhí ar fáil do pháistí ar cainteoirí ó dhúchas iad. Go príomha, formhór an ábhair léitheoireachta Gaeilge a bhí á chur ar fáil, bhí sé dírithe ar pháistí a bhí ag foghlaim agus ag léamh na Gaeilge mar dhara teanga, agus a mbíonn scileanna léitheoireachta an Bhéarla foghlamtha acu sula mbíonn orthu dul i ngleic le léamh na Gaeilge. Dá thoradh seo, bhí ar dhaltaí Gaeltachta 'brath ar ábhar foghlamtha agus ar théacsleabhair nach raibh aon eilimintí struchtúrtha réamhléitheoireachta dá laghad iontu agus nach raibh aon struchtúr grádaithe foclóra do thosaitheoirí iontu. Ní thugtar aon aitheantas ach oiread do chanúintí áitiúla.'

Ina theannta sin, 'ní raibh aon chlár struchtúrtha foghraíochta ar fáil do bhunscoileanna na Gaeltachta chun cabhrú leis na daltaí focail nua a láimhseáil mar a bhí ag tosaitheoirí Béarla. Ní bhíonn na fearais chéanna tacaíochta ar fáil do dhaltaí laga na Gaeltachta is a bhíonn ag a leithéidí sa Ghalltacht a mbíonn raidhse ábhar a tháirgíonn tionscal léitheoireachta an Bhéarla. .....Ní hamháin go gcothaíonn an easpa ábhar oiriúnach léitheoireachta oideachais fadhbanna do na luathfhoghlaimeoirí ach cothaíonn sí fadhbanna oideachais do dhaltaí na Gaeltachta go ginearálta.'

Ba é tuairim go leor múinteoirí sa Ghaeltacht 'go mbaineann na heaspaí ábhar oiriúnach sna scoileanna an bonn ó inmharthanacht na Gaeilge toisc go mbíonn na daltaí sna scoileanna ag dul i dtaithí ar ábhair mhealltacha léitheoireachta i mBéarla. Is iondúil go roghnaíonn daltaí na Gaeltachta ábhar léitheoireachta Béarla dóibh féin mar rogha ar ábhar léitheoireachta Gaeilge.'

Níor mheas Muintearas go raibh an córas, a bhí á chleachtadh ag an am chun seirbhís mhúinteoireachta feabhais a sheachadadh sna scoileanna, oiriúnach do staid na scoileanna a tháinig faoin tionscadail, de bharr, i measc rudaí eile nach dtéití 'i gcomhairle le tuismitheoirí faoi fhadhbanna a gcuid páistí, agus [nach n-aithnítí] ról lárnach na dtuismitheoirí ná a gcumas chun tacaíocht a thabhairt don mhúinteoir feabhais agus do na daltaí araon.' Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, d'fhorbair an tionscadal cur chuige eile a bhí saincheaptha chun freastal ar riachtanais scoileanna tuaithe agus go háirithe ar riachtanais scoileanna Gaeltachta.

Bhí gnéithe éagsúla sa chur chuige seo, ina measc,

- Athrú ar an tuiscint a bhí ann ar ról an mhúinteora feabhais, mar mhúinteoir a bhí freagrach 'as deimhin a dhéanamh de go bhfoghlaimeoidh na daltaí is laige na bunscileanna uimhríochta agus litearthachta, agus [gur] faoin múinteoir sin go príomha a [fhágtaí] fadhbanna na litearthachta agus na huimhríochta.' Faoin gcur chuige nua bhí ról an mhúinteora feabhais le forbairt mar áisitheoir agus mar oiliúnóir agus 'mar mhúinteoirí a mbeadh acmhainní feabhais ar fáil ag an múinteoir ranga, ag an tuismitheoir agus ag an dalta uathu.'
- Forbairt a dhéanamh ar scileanna agus ar thuiscintí an mhúinteora ranga i réimse an oideachais feabhais le go bhféadfadh sé/sí tosaíocht a ghlacadh san obair sin, agus mar thoradh air sin, cur lena bhforbairt ghairmiúil féin.
- Na múinteoirí a chumasú le hábhair foghlama a fhorbairt a dhéanfadh freastal ar riachtanais na bpáistí.
- Na múinteoirí ranga a chumasú le go n-aithneoidís agus go bhforbróidís ról cabhrach agus tacaíochta na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí.
- Go spreagfaí na tuismitheoirí le tacaíocht a thabhairt d'oideachas a bpáistí agus go mbeadh páirt acu ann.

Faoin gcur chuige seo comhlíonann an Múinteoir Tacaíochta Feabhais dualgais áirithe mar thaca don mhúinteoir ranga agus feidhmíonn sé/sí mar eagraí ar cheardlanna múinteoirí. Bíonn sé/sí freagrach chomh maith as roinnt daltaí laga a mhúineadh go díreach agus páirt a ghlacadh i bhforbairt an róil atá ag tuismitheoirí sa phróiseas feabhais sna scoileanna.

Tar éis tréimhse a chaitheamh le réamhchleachtadh sna ceardlanna oiliúna glacann an múinteoir ranga an príomhdhualgas air/uirthi féin i leith na múinteoireachta feabhais taobh istigh den seomra ranga agus cuireann sé/sí lena scileanna agus lena s(h)aineolas trí pháirt a ghlacadh i gceardlanna múinteoirí. Is é cuspóir na gceardlann seo 'an dearcadh a bhí ag múinteoirí ar an múinteoireacht feabhais a athrú ó bhonn agus an rúndiamhracht a bhaineann leis an obair sin a ruaigeadh agus scileanna praiticiúla a fhorbairt i measc na múinteoirí go léir. Lena chois sin d'éirigh le líonraí na gceardlann mothú na comhfhreagrachta gairmiúla a fhorbairt i measc na múinteoirí.' I measc na ndualgas a thiteann ar an múinteoir ranga, faoin gcur chuige seo, tá forbairt na n-acmhainní teagaisc atá riachtanach do dhaltaí indibhidiúla sa seomra ranga agus straitéisí coisctheacha a chur i bhfeidhm ionas nach gcuirfidh moille sa léitheoireacht isteach ar dhaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta.

Chun tacú leis an obair seo sa seomra ranga, bhí cuairteanna á dtabhairt ag na múinteoirí tacaíochta ar thuismitheoirí agus iad á spreagadh lena gcumais agus a scileanna féin a úsáid chun tacú le hoideachas a bpáistí. Ina theannta sin, chuir an tionscadal tús le Scéim Réamhscoile do thuismitheoirí na scoileanna a tháinig faoina scáth.

Leis an gcur chuige seo, agus in ainneoin go raibh siad fós i dtuilleamaí na dtástálacha Béarla bhí an tionscadal ábalta seirbhís éifeachtach a chur ar fáil, i gcomhar le tuismitheoirí agus leis na múinteoirí ranga, do na daltaí sin a raibh deacrachtaí foghlama acu. De réir taighde a rinneadh i 1991 tháinig 'laghdú suntasach ar líon na dtearcghnóthálaithe i scoileanna an dá cheantar ar cuireadh an clár i bhfeidhm iontu. Cé gur thit líon iomlán na ndaltaí 4% sna cúig bliana idir 1987 agus 1991 thit líon na ndaltaí ar aithníodh go raibh deacrachtaí foghlama acu 36%. (Tábla 2.5).

TÁBLA 2.5
TIONCHAR CHLÁR TACAÍOCHTA FEABHAIS MHUINTEARAS SA TRÉIMHSE 1987 - 1991

Bliain	Líon iomlán na ndaltaí	Líon iomlán na ndaltaí sa scéim
1987	738	167
1988	730	130
1989	741	119
1990	719	119
1991	707	107

Foinse: Suirbhé an Tionscadail 1991(Muintearas: Gnéithe den Oideachas Gaeltachta-Impleachtaí Polasaí 2000)

De réir an taithí seo, thuairiscigh Muintearas an cur chuige seo a bheith níos tairbhí do scoileanna Gaeltachta de bharr:

(i) Gur cur chuige imeasctha é a bhfuil sé d'aidhm leis an caighdeán oideachais atá ar fáil i scoileanna Gaeltachta a fheabhsú.

[ii] Go bhfuil sé níos éifeachtaí agus níos oiriúnaí do riachtanais na gceantar tearcdhaonra.

[iii] Go n-árdaíonn an cur chuige coisctheach, de réir a chéile, cumas na ndaltaí maidir le cuspóirí a bhaint amach.

[iv] Go gcothaíonn sé caidreamh, idirphlé agus comhairliúchán idir scoileanna, tuismitheoirí, múinteoirí agus gníomhaireachtaí eile.

[v] Go gcruthaíonn sé deiseanna do mhúinteoirí caidreamh gairmiúil a chothú ar bhonn líonra.

[vi] Gur sholáthar na ceardlanna múinteoirí a úsáideadh sa chur chuige múnla éifeachtach d'oideachais inseirbhíse scoilbhunaithe.

[vii] Go bhfuil an cur chuige solúbtha agus is féidir é a athrú de réir mar a oireann.

Moltaí Mhuintearas

Ar na príomh-mholtaí a rinne Muintearas i dtaca le córas oideachais na Gaeltachta bhí:

[i] Go bhforbródh an rialtas meigeapholasaí agus bearta loighciúla gaolmhara oibre don oideachas sa Ghaeltacht, agus go mbeadh bonn reachtúil leis.

[ii] Go gcuirfí an tSamhail Tacaíochta mar a d'fhorbair an Tionscadal é i bhfeidhm i ngach bunscoil sa Ghaeltacht mar chuid den mheigeapholasaí sin.

[iii] Go mbunófaí Aonad Taighde agus Forbartha ar leith chun freastal ar riachtanais oideachais na Gaeltachta a dhéanfadh eolas polasaí a bhailiú agus taighde a fhoilsiú; mór-pháirt a ghlacadh sa phróiseas polasaí; oideachas inghairme agus seirbhísí tacaíochta a eagrú, a dhearadh agus a thabhairt; ábhar foghlama a dhearadh agus a fhorbairt.

[iv] Go gcuirfí modúil speisialta ar fáil d'ábhair oide ionas go mbeadh taithí acu ar na dálaí éagsúla socheacnamaíochta agus cultúir a bhaineann le scoileanna éagsúla.

[v] Go gcuirfí clár comhtháite inghairme ar fáil do mhúinteoirí i scoileanna a ritear trí mheán na Gaeilge ina dtabharfaí aird ar an timpeallacht ar leith cultúir agus teangeolaíochta atá acu.

[vi] Go ndearfaí agus go bhforbrófaí ábhar curaclaim do scoileanna a ritear trí mheán na Gaeilge.

[vii] Go ndéanfaí meastóireacht neamhspleách ar fheidhmiú na mBord Bainistíochta sa Ghaeltacht.

[viii] Go gceapfaí dóigheanna agus straitéisí náisiúnta chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi pholasaithe agus faoi nósanna imeachta na scoileanna, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar a ról lárnach féin mar thuismitheoirí san oideachas.

2.4.5 Tuarascáil Choiste Comhairleach na nÓg (2001)

Bunaíodh Coiste Comhairleach na nÓg faoi scáth na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán i 1999. Bhí i gceist go gcuirfeadh an Coiste comhairle ar an Roinn, *inter alia*, faoi,:

- Riachtanais theanga na Gaeltachta le béim ar leith ar bhuanú na teanga i measc na n-óg.
- Riachtanais oideachais na Gaeltachta.
- Conas daoine óga a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh in obair agus in imeachtaí pobail.

Cuireadh Coiste de 24 duine óg le chéile tar éis fógra a chur sna meáin ag tabhairt cuireadh do ghrúpaí deonacha a bhí gníomhach sa phobal daoine a ainmniú. Bhí ionadaithe ó gach ceantar Gaeltachta ar an gCoiste.

Bhí an méid seo a leanas le moladh ag an gCoiste faoi chúrsaí bunscolaíochta sa Ghaeltacht:

[i] Ní cóir ranganna do pháistí a dheighilt óna chéile ó thaobh cumais teanga de, ach tá gá le córas éigin chun go mbeadh gach páiste ar aon chaighdeán teanga [sna bunranganna más féidir], chun go mbeadh siad ábalta í a labhairt mar ghnáth-theanga sa chlós agus go mbeadh siad líofa go hiomlán agus iad ag dul chun na meánscoile. Mhol siad go gcuirfí ranganna breise ar fáil dóibh siúd atá ar bheagán Gaeilge [i rith na tréimhse roimh thosú scoile san áireamh]. Thuairiscigh an Coiste go raibh taithí phearsanta ag cuid dá mbaill ar pháistí gan Ghaeilge a bheith ag tosú ar scoil leo agus gurb é an toradh a bhí air seo gur Béarla a labhair siad lena chéile ag an am agus riamh ó shin.

[ii] Go gcuirfí níos mó tacaíochta ar fáil d'imeachtaí óige scoilbhunaithe mar Shlógadh, an tOireachtas, an Fhéile Scoildrámaíochta agus Scór na nÓg, ar an mbunús go dtugann siad deiseanna do dhaoine óga aithne a chur ar, agus cairdeas a chothú, le daoine eile dá n-aois féin trí mheán na Gaeilge.

[iii] Go dtosófar sna hardranganna ag cur daltaí ar an eolas faoi chanúintí agus Ghaeltachtaí eile, trí, mar shampla, imeachtaí drámaíochta agus ceoil, agus turais mhalartacha chuig scoileanna i gceantair eile Ghaeltachta.

[iv] Go gcuirfear béim athuair ar an scríbhneoireacht chruthaitheach sna scoileanna, seachas a bheith ag brath ar aistí ranga. Is minic go gcothaíonn na haistí céanna fuath don scríbhneoireacht agus don teanga seachas a mhalairt. Sa chomhthéacs seo mhol siad:

- Gur gá níos mó béime a chur ar an ábhar seo ó thaobh múinteoirí de;
- Go bhfuil géarghá le comórtais ina mbeadh duaiseanna fiúntacha agus óna mbeadh aitheantas cuí ar fáil;
- Comórtas náisiúnta d'irisleabhar bliantúil Gaeilge a bheadh á fhoilsiú ag na scoileanna ina mbeadh deis ag daoine óga scríobh ar ábhar a bhfuil suim acu féin ann.

[v] Nach bhfuil sé ceart gur dochtúirí agus altraí le Béarla a sheoltar isteach sna scoileanna Gaeltachta chun iniúchadh sláinte a dhéanamh ar na páistí.

2.4.6 Tuarascálacha Choimisiún na Gaeltachta (2002)

Bunaíodh an dara Coimisiún Gaeltachta in 2000 le moltaí a dhéanamh faoi, i measc rudaí eile, na tosca agus na polasaithe 'a dhealródh leas nó dochar a dhéanamh do chaomhnú na Gaeilge sa Ghaeltacht', ar ar áiríodh cúrsaí oideachais. Thuairiscigh an Coimisiún (2002) go raibh 'tábhacht faoi leith ag baint leis an gcóras oideachais i mbuanú na teanga. Níor thug Curaclam Gaeilge na bunscoile aitheantas riamh do mhúineadh na Gaeilge mar chéad teanga. Ó bunaíodh an Stát níor cuireadh an bhunsraith chuí ar fáil chun freastal ar riachtanais oideachais na Gaeltachta.' Chuige seo mhol an Coimisiún:

> 'Go mbeidh córas iomlán oideachais is oiliúna ar fáil i ngach réimse – cúram leanaí, réamhscolaíocht, bunscolaíocht, iar-bhunscolaíocht, oideachas tríú leibhéal, oideachas gairmiúil agus fadsaoil – a thabharfaidh tús áite don Ghaeilge sa Ghaeltacht mar chéad teanga.'

I dtuarascáil taighde eile de chuid an Choimisiúin ar Pholasaithe agus Cleachtais Eagraíochtaí Éagsúla le Feidhm sa Ghaeltacht (Ó Cinnéide et al: 2001), tuairiscítear tuairimí phobal na Gaeltachta mar a cuireadh i láthair iad ag cruinnithe fócais a reáchtáil na taighdeoirí le grúpaí comhdhéanta de mhúinteoirí agus tuismitheoirí sna ceantair éagsúla Ghaeltachta. De réir na Tuarascála seo, tugann na tuismitheoirí agus na múinteoirí aitheantas don tsárobair atá déanta i scoileanna na Gaeltachta thar na blianta, ach 'braitear go forleathan nach bhfuil cúram ceart á dhéanamh den Ghaeltacht sa chóras oideachais agus gur cúis mhór í seo leis an meath atá ag teacht ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. Níl fáil ar scolaíocht trí Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta áirithe agus tá scoileanna eile, a raibh sé de nós acu feidhmiú trí Ghaeilge, ag casadh ar an mBéarla, de réir a chéile.'

Tuairiscítear go raibh tuairim láidir á cur chun cinn ag na cruinnithe fócais 'gur chóir féachaint ar an nGaeltacht mar chás ar leith ó thaobh an oideachais de' de bharr nach 'ionann an curaclam a oireann do leanaí atá á dtógáil trí Bhéarla ar fud na tíre agus an ceann atá fóirsteanach do leanaí sa Ghaeltacht atá á dtógáil trí Ghaeilge.' Dúradh, mar léiriú ar na deacrachtaí a chothaíonn sé seo:

> '..... gur beag an dúshlán a bhíonn [sna leabhair léitheoireachta Gaeilge] don leanbh le Gaeilge agus is beag an saibhriú a dhéantar ar Ghaeilge an linbh sin, dá bharr sin. Gan dúshlán a bheith ag baint leis don leanbh le Gaeilge cailleann sé suim san ábhar.'

Moladh, freisin, go mbeadh siollabas Béarla ar leith i scoileanna Gaeltachta mar gur thuig tuismitheoirí go maith go raibh sé fíorthábhachtach go mbeadh Béarla maith ag a gcuid páistí agus dá bhféadfaí iad a shásamh ar an bpointe seo go raibh seans ann go mbeadh siad níos compordaí ag úsáid na Gaeilge ina dteaghlach féin.

Fuarthas lochtanna ar na hacmhainní teagaisc a cuirtear ar fáil de bharr an easpa soláthair go ginearálta agus, de bharr, gur minic, nuair a chuirtear ábhar ar fáil, go mbíonn sé as dáta, gan a bheith chomh mealltach leis na leaganacha Béarla agus nach mbíonn an Ghaeilge iontu sa chanúint áitiúil. Tuairiscíodh, freisin, gur 'fadhb atá ag éirí níos géire in aghaidh na bliana i scoileanna Gaeltachta ná earcú múinteoirí atá ábalta agus toilteanach múineadh trí Ghaeilge.'

Maidir le leanaí ag teacht chun na scoile gan Ghaeilge, sna bunranganna agus sna ranganna sinsearacha, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le polasaí láidir Gaeilge a bheith ag naíonraí agus ag seirbhísí cúraim leanaí atá ag freastal ar na leanaí i gceist, agus moladh i gcuid de na grúpaí fócais 'nár cheart aon ghasúr nach bhfuil inniúil ar theanga teagaisc na scoile, a ligean isteach i scoil Ghaeltachta, mar go mbíonn na páistí eile thíos leis.'

Rinneadh na pointí sainiúla seo a leanas ag cruinnithe éagsúla idir na taighdeoirí agus na grúpaí fócais:

- Go gcuireann an taithí a bhíonn acu ar an gcóras oideachais sa Ghaeltacht lagmhisneach ar go leor tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógáil a gcuid leanaí le Gaeilge. Braitheann a lán acu go gcealaíonn an córas oideachais a n-iarrachtaí féin saíocht na Gaeilge agus na Gaeltachta a thabhairt dá gcuid páistí agus dílseacht phearsanta don Ghaeilge a chothú iontu.
- Cé go bhfuil leasuithe déanta ar an gcuraclam bunscoile, is beag aitheantas a thugtar ann do pháistí Gaeltachta atá á dtógáil le Gaeilge. Caitear leo ar an gcuma chéanna agus dá mba rud é gur Béarla a bhí ón gcliabhán acu. Níl aon saibhriú á dhéanamh sa bhunscoil ar Ghaeilge na leanaí atá á dtógáil trí Ghaeilge.
- Ní thugtar aon treoir faoi cén uair is cóir tosú ar Bhéarla a mhúineadh do leanaí Gaeltachta.
- Bíonn ar leanaí Gaeltachta caighdeán ard Béarla a bheith acu mar is sa teanga sin amháin atá tástálacha faoi choinne oideachais feabhais agus seirbhísí gaolmhara. Gan Béarla a bheith acu ní féidir iad a mheas.
- Caitear i bhfad níos mó ama ag múineadh Gaeilge do leanaí bunscoile nach mbíonn an teanga acu ón gcliabhán ná mar a chaitear ag múineadh Béarla do leanaí Gaeltachta.
- Caitear go leor ama ag múineadh Gaeilge do leanaí a thagann isteach sna scoileanna gan Ghaeilge – na leanaí a thógtar le Gaeilge a bhíonn thíos leis seo.
- Ba chóir caighdeán áirithe Gaeilge a bheith sroichte ag leanaí sula nglacfaí leo sa bhunscoil.
- Ba chóir go mbeadh sé mar pholasaí ag scoileanna Gaeltachta feidhmiú go huile agus go hiomlán trí Ghaeilge agus fógra a thabhairt do thuismitheoirí go mbeadh a gcuid leanaí thíos leis mura mbeadh teanga na scoile acu. Ba chóir tacaíocht agus roghanna eile a chur ar fáil do thuismitheoirí nach acmhainn dóibh a gcuid leanaí a thógáil trí Ghaeilge.
- Bíonn doicheall orthu siúd ata i bhfeighil scoileanna sa Ghaeltacht polasaí agus cleachtais Ghaeilge a fheidhmiú go dian ar eagla go bhfágfadh leanaí áirithe an scoil agus go dtitfeadh an líon atá ar an rolla dá bharr sin.
- Ba chóir cúrsa iomlán a chlúdódh gach gné d'oideachas Gaeltachta a leagan amach sna coláistí oideachais agus é a bheith riachtanach mar cháilíocht d'aon duine a cheapfaí mar mhúinteoir i scoil Ghaeltachta.
- Chun a bheith i dteideal an liúntais bhreise a fhaigheann múinteoirí sa

Ghaeltacht ba chóir go mbeadh orthu a léiriú, ní hamháin go mbeadh ar a gcumas múineadh trí Ghaeilge ach, freisin, gur trí Ghaeilge a bheadh siad ag múineadh.

- Bíonn ar ghasúir Ghaeltachta, le fadhbanna urlabhra, leigheas a lorg trí Bhéarla, in ionaid lasmuigh den Ghaeltacht. Tá teaghlaigh Ghaeilge ag iompú ar an mBéarla de bhrí gur sa teanga sin atá cúnamh ar fáil.
- B'fhearr go mór oidí bunscoile faoi choinne scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lánGhaeilge a oiliúint i gcoláiste Gaeltachta. Níl go leor béime ar an nGaeilge sna coláistí oideachais mar atá siad faoi láthair agus is ag dul in olcas atá an scéal. Tá an cúram seo fágtha faoi institiúidí lasmuigh den Ghaeltacht ó bunaíodh an Stát agus tá teipthe go mór orthu sa chúram sin. Ní hacmhainn don Ghaeltacht a bheith ag brath orthu níos mó.

2.5 AN CÓRAS IAR-BHUNOIDEACHAIS SA GHAELTACHT

Faoi 1926, nuair a thuairiscigh Coimisiún na Gaeltachta, ní raibh ach meánscoil dara leibhéal amháin san Fhíor-Ghaeltacht, scoil do bhuachaillí sa Daingean, Co. Chiarraí a bhí ag teagasc trí Bhéarla. Bhí 29 scoil dara leibhéal lonnaithe sna limistéir Bhreac-Ghaeltachta, ach bhí said seo suite ar imeall an limistéir sin, in áiteanna ar nós Bhaile an Róba, Chinn Mhara agus Chill Airne. Bhí péire de na scoileanna seo aitheanta mar B-Scoileanna, eadhon, scoileanna a bhí ag teagasc ábhair eile, sa bhreis ar an nGaeilge, trí mheán na Gaeilge nó a bhí ag teagasc rang ar leith trí mheán na Gaeilge. Mar thoradh air seo mhol an Coimisiún go mbunófaí 25 scoil lae sa Ghaeltacht (Tábla 2.6), a chuirfeadh clár oideachais go leibhéal na Meánteistiméireachta ar fáil agus a bheadh ag teagasc go hiomlán trí mheán na Gaeilge leis an mBéarla á theagasc mar dhara teanga.

TÁBLA 2.6
CEANTAIR GHAELTACHTA INAR MHOL COIMISIÚN NA GAELTACHTA (1926) SCOILEANNA IAR-BHUNOIDEACHAIS A BHUNÚ

Contae	Ceantair
Dún na nGall	An Charraig, Baile na Finne, Croilí, Gort a'Choirce, Carraig Airt & Árainn Mhór
Maigh Eo	Béal an Mhuirthead, Ballycroy &Tuar Mhic Éadaigh
Gaillimh	An Spidéal, An Cheathrú Rua, Anach Cuain, Carna, An Fháirche & Inis Mór
An Clár	Baile Uí Bheacháin & Carraig a'Chabhaltaigh
Ciarraí	Cill Mhic Éadair (Kilmalkeder), Baile an Sceilig, Cathair Dhónail (Caherdaniel) &An Daingean (Scoil Chailíní)
Corcaigh	Adrigole & Cúil Aodha
Port Láirge	In áit lárnach idir Dún Garbhán agus an Aird Mhóir & Seskina

Mhol siad, freisin, go mbeadh ar an meánscoil do bhuachaillí sa Daingean agus ar na scoileanna a bhí lonnaithe sna ceantair Bhreac-Ghaeltachta cáiliú mar A-Scoileanna mar choinníoll d'aitheantas na Roinne Oideachais a bheith acu. Mhol an Coimisiún chomh maith go ndéanfadh an Roinn Oideachais socruithe faoi leith chun téacsleabhair oiriúnacha a chur ar fáil do na scoileanna seo agus do A-Scoileanna eile ar fud na tíre. I gcás daltaí Gaeltachta a bheadh ag iarraidh dul ar aghaidh go leibhéal na hArdteistiméireachta, mhol an Coimisiún go gcuirfí scoláireachtaí ar fáil dóibh, ar chostas an Stáit, le freastal ar A-Scoileanna ina raibh clár iomlán an dara leibhéal á theagasc trí Ghaeilge.

2.5.1 Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht (1986)

Faoin am ar foilsíodh Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht, i 1986, thuairiscigh sé go raibh 18 scoil iar-bhunoideachais lánGhaeilge sa Ghaeltacht ag freastal ar 2,595 dalta. Ba í Pobalscoil Ghaoth Dobhair an scoil ba mhó acu seo le 320 dalta agus ba í Gairmscoil an Daingin (atá dúnta anois) an scoil ba lú, le 33 dalta. D'aithin an Comhchoiste, áfach, go raibh ceantair áirithe Ghaeltachta fós ann a bhí 'gan aon fhreastal nó gan ach freastal easnamhach á dhéanamh orthu' chomh fada agus a bhain sé le scolaíocht dara leibhéal trí mheán na Gaeilge. Ar na háiteanna sin bhí:

Contae	Ceantair
Dún na nGall:	An Fál Carrach, na Rosa, An Charraig & Baile na nGallóglach
Maigh Eo:	Béal an Mhuirthead & Acaill
Gaillimh:	An Cnoc Breac
Ciarraí:	Cathair Saidhbhín & An Coireán
Corcaigh:	Cléire

I measc na ndeacrachtaí eile a d'aithin an Comhchoiste bhí:

- An raon ábhar, go háirithe ábhair theicniúla, a bheith teoranta, de bharr an líon beag daltaí a bhí sna scoileanna.
- Go raibh deacrachtaí ann múinteoirí a mhealladh chuig scoileanna sa Ghaeltacht de bharr cuid acu a bheith lonnaithe chomh fada sin ó áiseanna cathrach, agus, in amanna, nach raibh aon dul as ach múinteoirí nach raibh lánoiriúnach do scoileanna Gaeltachta a fhostú.
- Nach raibh an curaclam ná siollabais na n-ábhar éagsúil dírithe ar dhaltaí na Gaeltachta.
- Go raibh easpaí suntasacha sna scoileanna Gaeltachta ó thaobh fearais, téacsanna agus áiseanna teagaisc de, i gcomparáid le scoileanna eile.
- Go raibh laigí suntasacha sa chóras a bhí ann don teagasc trí mheán na Gaeilge, ar ar áiríodh easpaí in oiliúint mhúinteoirí i dtaca leis an teangeolaíocht agus an mhodheolaíocht de.

I measc na bpríomh-mholtaí a rinne an Comhchoiste bhí:

[i] Go ndéanfaí na scoileanna iar-bhunoideachais i ngach ceantar scoile a atheagrú d'fhonn comhoibriú a bhunú agus a chothú agus curaclam cuimsitheach a sholáthar sa cheantar trí chomhiarracht.

[ii] Go bhfostófaí timirí nó múinteoirí taistil chun ábhair áirithe a theagasc.

[iii] Go ndéanfaí an scéim deontais saoroideachais a leasú d'fhonn tacaíocht réadúil airgid a chur ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo a gcuid páistí a chur go dtí scoileanna cónaithe lánGhaeilge nó go dtí scoileanna lánGhaeilge sa Ghaeltacht.

[iv] Go ndéanfaí an liúntas speisialta do mhúinteoirí a fhostaítear i scoileanna lánGhaeilge sa Ghaeltacht a mhéadú ach é a bheith coinníollach ar chomhlíonadh dhualgais an mhúinteora i leith na Gaeilge.

[v] Go gcuirfí téacsleabhair ar fáil tríd an nGúm nó trí fhóirdheontais a thabhairt d'fhoilsitheoirí príobháideacha.

[vi] Go dtabharfaí cúnamh airgid do scoileanna a chuireann aistriúcháin agus leaganacha Gaeilge d'ábhar staidéir ar fáil do dhaltaí.

[vii] Go rachfaí i gcomhar leis na heagraíochtaí oiliúna múinteoirí, chun:

- Cúrsaí teanga a thionscnamh d'ábhair mhúinteora a mbeadh sé ar intinn acu an Ghaeilge a mhúineadh nó a úsáid mar mheán teagaisc, a chuirfeadh ar a gcumas máistreacht a fháil ar Ghaeilge na linne seo agus, go háirithe, ar an teanga labhartha.
- Sainoiliúint i modhanna teagaisc na Gaeilge mar mháthairtheanga agus mar dhara teanga a sholáthar d'ábhair mhúinteora.
- Sainoiliúint i modhanna teagaisc trí mheán na Gaeilge a sholáthar d'ábhair mhúinteora.

[viii] An liúntas speisialta do mheánmhúinteoirí Gaeltachta a chealú i gcás múinteoirí a loiceann ar a ndualgais i leith na Gaeilge.

[ix] Triail cháilithe speisialta sa Ghaeilge a thionscnamh do mhúinteoirí ar mian leo dul ag múineadh sa Ghaeltacht chun a chinntiú go bhfuil siad i dteideal an liúntais speisialta.

[x] Comhairleoirí teagaisc a cheapadh d'fhonn na múinteoirí a spreagadh agus comhairle agus athoiliúint a chur orthu ar láthair na scoile.

[xi] Go n-ainmneofaí cigire a mbeadh an iar-bhunscolaíocht Ghaeltachta go léir mar chúram air/uirthi.

[xii] Go gcuirfí gairmthreoir oiriúnach ar fáil i scoileanna Gaeltachta.

Sa bhreis ar na moltaí seo mhol Údarás na Gaeltachta, in Aguisín 4 den Tuarascáil, go mbunófaí ciste ar leith chun áiseanna fisiciúla agus teagaisc a chur ar fáil d'iar-bhunscoileanna lánGhaelacha sa Ghaeltacht sa chás nárbh fhéidir leis an Roinn Oideachais é a dhéanamh, agus go mbeadh córas ann faoina bhféadfaí ceapacháin mhúinteoirí nach bhfuil líofacht Ghaeilge acu a stopadh.

2.5.2 Coiste Comhairleach na nÓg

Mhol Coiste Comhairleach na nÓg:

[i] Go gcuirfí ábhar nua ar an gcuraclam dara leibhéal a thabharfadh eolas do dhaoine óga Gaeltachta ar gach gné de chultúr agus teanga na Gaeilge. Chuimseodh an t-ábhar seo:

- Staid reatha na Gaeilge.
- Eolas faoi chearta teanga mhuintir na Gaeltachta.
- Eolas faoi mheáin chumarsáide na Gaeilge agus an stair a ghabhann leo.
- Eolas faoi na heagrais atá ag plé le cúrsaí teanga agus cultúir.

[ii] Go bhfuil gá le múinteoirí oilte gairmthreorach, agus go gcaithfear béim a chur sa réimse seo ar thábhacht na Gaeilge sa ghnáthshaol agus ar na deiseanna atá ann le cúrsaí tríú leibhéal a dhéanamh trí Ghaeilge.

[iii] Go gcuirfí comhairle ar fáil do dhaoine óga nach spéis leo dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal, agus a bheadh, mar shampla, ag smaoineamh ar dhul i mbun gnó iad féin sa bhaile, maidir le húsáid na teanga i saol an ghnó.

[iv] Go bhfuil an–tábhacht le himeachtaí ar nós imeachtaí drámaíochta, ceoil agus Slógadh do dhaltaí iar-bhunoideachais, mar gur mó suim a bhíonn acu ag an aois sin cairdeas a dhéanamh agus teagmhálacha a fhorbairt agus a neartú.

[v] Gur chóir níos mó béime a chur ar thurais mhalartacha go háiteanna ar nós na Breataine Bige, Alban, agus na Briotáine, chomh maith leis an mbéim a chuirtear ar thurais go dtí an Fhrainc agus an Ghearmáin.

[vi] Go gcaithfear an scríbhneoireacht chruthaitheach a chothú i measc daltaí iar-bhunoideachais.

[vii] Gur chóir scoláirí iar-bhunoideachais Gaeltachta a spreagadh le cumainn chultúrtha a bhunú ina scoileanna agus go mbeadh na cumainn seo ag reáchtáil imeachtaí díospóireachta, ceoil agus spóirt agus d'fhéadfaidís ócáid deireadh seachtaine bhliantúil a eagrú a mbeadh cumainn ó scoileanna eile rannpháirteach inti.

2.6 TÁTAL

Ó na tuarascálacha éagsúla atá á gcíoradh anseo, is léir go raibh mórdheacrachtaí ag scoileanna Gaeltachta i gcónaí ina n-iarrachtaí oideachas a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta ina dteanga féin. Eascraíonn na deacrachtaí sin, go háirithe le 30 bliain anuas, as na hathruithe atá tagtha ar phatrúin teanga an phobail a

fhágann go bhfuil an scoil Ghaeltachta agus an múinteoir ranga ag déileáil le grúpaí daltaí ag a bhfuil raon leathan cumas sa teanga atá in úsáid mar mheán teagaisc i bhformhór na scoileanna. Is léir, áfach, go bhfuil toscaí eile i bhfeidhm a chuireann go mór leis an gcastacht a bhaineann leis an staid seo agus a dhéanann níos deacra é réiteach sásúil inbhuanaithe a fháil ar na deacrachtaí a eascraíonn as. Orthu sin tá:

- Gur scoileanna beaga iad formhór na scoileanna Gaeltachta, rud a fhágann gur deacair freastal ar leith a dhéanamh ar pháistí a bhfuil riachtanais teanga ar leith acu.
- Go bhfuiltear ag iarraidh freastal ar riachtanais na scoileanna Gaeltachta laistigh den chóras atá ann chun freastal ar scoileanna na tíre i gcoitinne. Fágann sé seo, go ndéantar iarracht córais agus próisis atá ann a chur in oiriúint, agus in amanna a bhrú, ar scoileanna agus ar dhaltaí Gaeltachta, in ionad córais agus próisis a fhorbairt atá deartha ón tús le freastal ar na riachtanais ar leith atá acu.

Is léir ó na tuarascálacha éagsúla go bhfuil éirithe leis an Stát córas bunoideachais agus iar-bhunoideachais trí mheán na Gaeilge a chruthú sa Ghaeltacht agus gur taca láidir é an córas sin don teanga, go háirithe sna ceantair imeallacha Ghaeltachta. Is cosúil, freisin, áfach, go bhfuil an córas sin go mór faoi bhrú fós de bharr na gcúinsí teanga ina bhfuil sé ag feidhmiú agus de bharr laigí sna córais tacaíochta atá de dhíth chun gur féidir soláthar oideachais Ghaeltachta den scoth a chur ar fáil.

Tá aird tarraingthe ag na tuarascálacha thuas ar raon leathan de na laigí sin, agus in ainneoin, nach iad na laigí céanna, baileach, a luaitear ó thuarascáil go tuarascáil, is spéisiúil go luaitear na réimsí céanna arís agus arís eile. Is iad seo a leanas na príomhréimsí atá i gceist:

An Ghaeltacht mar limistéar oideachais ar leith: Moladh i dTuarascáil Choimisiún na Gaeltachta [1926] agus i dTuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht [1986] go mbreathnófaí ar an nGaeltacht mar aonad oideachasúil ar leith agus go n-eagrófaí an Chigireacht ar an mbunús sin. Tá sé intuigthe, freisin, ó chuid de na moltaí a rinneadh i dtaca le réimsí eile, mar shampla, curaclam, téacsleabhair agus oiliúint mhúinteoirí, go bhfuil gá le struchtúir agus cur chuige ar leith le dul i ngleic leis na deacrachtaí atá sainithe.

An raon cumais teanga i measc daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta: Is léir ó na staitisticí atá ar fáil agus ó na tuarascálacha thuas go bhfuil raon leathan cumais teanga – ón gcainteoir dúchais go dtí daltaí nach bhfuil aon Ghaeilge acu – ag freastal ar scoileanna Gaeltachta. Cuirtear go mór leis an deacracht a bhaineann le freastal ar an raon cumais teanga seo de bharr líon na scoileanna beaga atá sa Ghaeltacht; de bharr easpa oiliúna ar mhúinteoirí faoi phróisis agus faoi phrionsabail an tumoideachais; agus i gcásanna áirithe gan seasamh cinnte a bheith ag scoileanna maidir le polasaí teanga na scoile.

Riachtanais daltaí a bhfuil Gaeilge acu agus iad ag teacht chun na scoile: Tá imní ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí nach bhfuil freastal cuí á dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil cumas maith Gaeilge acu cheana féin, eadhon, nach bhfuil saibhriú á dhéanamh ar a gcumas teanga agus nach bhfuil siad á gcumasú leis an nGaeilge a úsáid mar mheán caidrimh, sóisialta, litríochta agus intleachtúil. Eascraíonn an deacracht seo as múinteoirí a bheith ag iarraidh freastal ar chainteoirí Béarla chomh maith le cainteoirí Gaeilge sa seomra ranga gan próiseas oiriúnacha tumoideachais a bheith á leanúint acu; gan siollabas oiriúnach Gaeilge a bheith ar fáil do chainteoirí dúchais; gan áiseanna teagaisc agus ábhar léitheoireachta breise oiriúnach a bheith ar fáil; agus gan polasaí agus próisis oiriúnacha iontrála a bheith ag scoileanna. Anuas air seo, tá fianaise againn ó Hickey [1999] agus ó Choiste Comhairleach na nÓg [2001], gur túisce a iompaíonn cainteoirí dúchais Gaeilge ar an mBéarla ná a mhalairt nuair a mheasctar cainteoirí Gaeilge agus cainteoirí Béarla le chéile i suímh oideachais.

Riachtanais daltaí a bhíonn ar bheagán Gaeilge: Tá lear mór daltaí atá ar bheagán Gaeilge ag freastal ar scoileanna Gaeltachta. Cuid acu seo is de bhunú na Gaeltachta a muintir agus cuid eile acu is ó theaghlaigh iad atá tar éis bogadh isteach sa Ghaeltacht nó filleadh uirthi. Ní léir go bhfuil aon pholasaí soiléir ná éifeachtach ar fáil faoi láthair faoin mbealach is fearr oideachas a sholáthar do na daltaí seo agus freastal ar

a riachtanais, i gcásanna ina bhfuil siad mar mhionlach ná sna cásanna ina bhfuil móramh acu nó ina bhfuil cothromaíocht idir iad agus cainteoirí Gaeilge. Tá gá le polasaí agus múnlaí oideachais/tumoideachais ar leith a cheapadh chun déileáil leis na cásanna seo, a thugann san áireamh conas is fearr freastal ar riachtanais na ndaltaí gan dochar a dhéanamh do chearta ná d'iompar teanga na gcainteoirí Gaeilge sa scoil, más ann dóibh.

Daltaí ag a bhfuil Riachtanais ar leith: Is cúis imní ar leith a laghad freastal, de réir na dtuarascálacha thuas, atá á dhéanamh ar dhaltaí Gaeltachta a bhfuil riachtanais ar leith acu, go háirithe i bhfianaise an bhrú a chuireann sé seo ar theaghlaigh, i gcásanna áirithe, Béarla a roghnú mar theanga baile seachas Gaeilge. Tá ceithre ghné ar leithligh ag baint leis an gceist seo, eadhon: cumas na speisialtóirí cuí a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge; oiliúint do speisialtóirí sna cuir chuige ar leith a bhaineann le freastal ar pháistí a bhfuil an Ghaeilge mar mháthairtheanga acu nó atá dátheangach; soláthar uirlisí agus cur chuige measúnaithe atá taighdebhunaithe; agus soláthar struchtúrtha de na seirbhísí atá riachtanach. Áirítear air seo an soláthar a dhéantar don oideachas feabhais sa Ghaeltacht. Léiríonn taithí Mhuintearas go bhfuil gá le, agus gur féidir, múnlaí atá oiriúnach do riachtanais na scoileanna Gaeltachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm sa réimse seo agus i réimsí eile, ach an toil agus na struchtúir a bheith ann chuige.

Curaclam na bunscoile: Tá ceisteanna ardaithe faoi cé chomh hoiriúnach agus atá Curaclam na Bunscoile ina iomláine do dhaltaí Gaeltachta. Go sonrach, tá amhras ann faoi chumas an tsiollabais Ghaeilge freastal ar riachtanais daltaí ar cainteoirí ó dhúchas iad. Tá ceisteanna ardaithe, freisin, faoi oiriúnacht shiollabas an Bhéarla do dhaltaí atá ag foghlaim na teanga sin mar dhara teanga, go háirithe i bhfianaise mianta tuismitheoirí Gaeltachta go mbeadh Béarla den scoth ag a gcuid leanaí. Ní léir, ach oiread, go bhfuil scoileanna soiléir faoi cén uair ba chóir tús a chur le múineadh an Bhéarla sna scoileanna. Caithfear, ar ndóigh, na ceisteanna seo a chíoradh arís i bhfianaise taithí múinteoirí agus tuismitheoirí ar an gCuraclam nua Bunscoile atá i bhfeidhm faoi láthair.

An Soláthar téacsleabhar agus áiseanna teagaisc: Maidir leis an nGaeilge féin, tá easpa téacsleabhar agus ábhar léitheoireachta breise atá in oiriúint do chainteoirí dúchais agus tá easpa d'ábhar a réitíonn le saol Gaeltachta na linne seo. Tá easpa téacsleabhar d'ábhair eile ann freisin agus tá ceisteanna ardaithe faoi oiriúnacht na teanga a bhíonn in úsáid i gcuid de na téacsleabhar do na haoisghrúpaí atá i gceist. Ina theannta sin, níl teacht go héasca ar na téacsleabhair atá ar fáil agus ní choinnítear múinteoirí ar an eolas fúthu.

Oiliúint agus earcú múinteoirí: Ní léir go gcuirtear aon sainoiliúint ar fáil do mhúinteoirí a bheidh ag múineadh i scoileanna Gaeltachta, in ainneoin éagsúlacht na sochaí ina mbeidh siad ag feidhmiú agus na ndúshlán praiticiúil, gairmiúil agus teanga a bhaineann le bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge, go háirithe, i gcomhthéacs ina bhféadfadh níos mó ná rang-ghrúpa amháin a bheith faoi chúram an mhúinteora agus raon leathan cumas sa Ghaeilge a bheith ag na daltaí sna rang-ghrúpaí sin. Is léir ceisteanna a bheith le cíoradh faoi ábhar na hoiliúna atá le cur ar fáil agus faoin teanga agus an áit inar chóir é a chur ar fáil. Áiríonn sé seo réamhoiliúint do mhúinteoirí agus oiliúint ionghairme. Is léir, freisin, imní a bheith ann faoi na deacrachtaí atá ann teacht ar mhúinteoirí atá ábalta agus toilteanach teagasc trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus go mb'fhéidir nach mbíonn aon rogha ag scoileanna ach múinteoirí gan Gaeilge sách maith a cheapadh i gcásanna faoi leith.

Spreagadh do dhaltaí: Is léir ó mholtaí Choiste Comhairleach na nÓg go mbraitheann cuid de na daoine óga a théann tríd an gcóras oideachais Gaeltachta go bhfuil gá le níos mó a dhéanamh chun daltaí a spreagadh le spéis a chur ina gcúlra féin mar dhaoine Gaeltachta agus le haithne a chur ar dhaoine ó cheantair eile Ghaeltachta agus ó phobail eile mhionteanga.

caibidil 03

BUNSCOILEANNA NA GAELTACHTA LÉARGAS GINEARÁLTA

3.1 RÉAMHRÁ

As an 143 bunscoil atá sa Ghaeltacht is scoileanna trí oide nó níos lú 98 (69%) acu. Ina measc seo tá 3 scoil aon oide ann, 63 scoil dhá oide agus 32 scoil trí oide. Is i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe, Thír Chonaill agus Mhaigh Eo is mó atá scoileanna beaga le 30, 26 agus 24 scoil trí oide nó níos lú i ngach aon cheantar acu sin, faoi seach. I gceantair Ghaeltachta na Mí, Chorcaí agus Phort Láirge tá scoil amháin aon oide ann; tá 4 scoil dhá oide ann; agus dhá scoil trí oide ann (Tábla 3.1).

TÁBLA 3.1
LÍON NA SCOILEANNA SA GHAELTACHT DE RÉIR LEIBHÉIL AGUS DE RÉIR CONTAE

Contae	Scoil aon Oide	Scoil dhá Oide	Trí Oide	Ceithre Oide	Cúig Oide	Sé Oide	Seacht n-Oide	Ocht n-Oide	Naoi n-Oide	Deich n-Oide	11 Oide
Gaillimh n=46	1	20	9	4	4	1	2	1	1	1	2
Ciarraí n=14	0	5	6	0	3	0	0	0	0	0	0
Maigh Eo n=27	0	14	10	1	2	0	0	0	0	0	0
Dún na nGall n=42	1	20	5	6	7	0	1	1	0	1	0
Corcaigh n=7	1	3	0	2	0	1	0	0	0	0	0
An Mhí n=4	0	1	1	0	1	1	0	0	0	0	0
Port Láirge n=3	0	0	1	0	2	0	0	0	0	0	0
Iomlán N=143	**3**	**63**	**32**	**13**	**19**	**3**	**3**	**2**	**1**	**2**	**2**

Foinse: an roinn oideachais agus eolaíochta

Tá 13 scoil ceithre oide sa Ghaeltacht. Tá an líon is mó acu seo i nGaeltacht Thír Chonaill, áit a bhfuil 6 scoil ceithre oide ann. Tá 27 scoil a bhfuil idir cúig agus ocht n-oide iontu agus 5 scoil eile a bhfuil naoi n-oide nó níos mó iontu. Is i nGaeltacht na Gaillimhe atá na scoileanna is mó le fáil. Tá 4 scoil ag a bhfuil os cionn ochtar oidí sa chontae sin.

Is scoileanna lae iad na scoileanna seo ar fad, seachas Scoil na Leanaí, An Rinn, Co. Phort Láirge, ar scoil chónaithe í, a chuireann seirbhís bhunoideachais ar fáil do dhaltaí sna hardranganna.

3.2 LÍON NA NDALTAÍ

De réir fhigiúirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don scoilbhliain reatha (2003-2004), tá 9,556 dalta ag freastal ar an 143 bunscoil atá sa Ghaeltacht. Is i nGaeltacht na Gaillimhe atá an líon is mó daltaí (3,766). Tá 2,810 dalta ag freastal ar bhunscoileanna Ghaeltacht Thír Chonaill agus 1,157 ag freastal ar na bunscoileanna i nGaeltacht Mhaigh Eo. Is 824 dalta atá ag freastal ar na scoileanna i nGaeltacht Chiarraí agus tá 999 ag freastal ar bhunscoileanna cheantair Ghaeltachta Phort Láirge, Chorcaí agus na Mí (Tábla 3.2).

TÁBLA 3.2
LÍON DALTAÍ AG FREASTAL AR BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Contae	1998 - 99	1999 - 00	2000 - 01	2001 - 02	2002 - 03	2003 - 04
Gaillimh n=46	3799	3727	3712	3710	3741	3766
Ciarraí n=14	917	871	844	833	838	824
Maigh Eo n=27	1421	1367	1330	1291	1243	1157
Dún na nGall n=42	3087	2948	2898	2843	2799	2810
Corcaigh n=7	419	402	386	406	402	402
An Mhí n=4	363	348	371	381	392	402
Port Láirge n=3	282	275	268	248	244	195
Iomlán N=143	**10288**	**9938**	**9809**	**9712**	**9659**	**9556**

Foinse: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Is 8,090 dalta ó 4,943 teaghlach atá ag freastal ar an 129 scoil a ghlac páirt sa suirbhé seo (Tábla 3.3). Tá difríocht bheag le sonrú sna figiúirí seo ó fhigiúirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, i roinnt cásanna, de bharr gur thuairiscigh na scoileanna líon na ndaltaí a bhí ag freastal ar an scoil nuair a bhí an ceistneoir á líonadh, seachas an líon a bhí ag freastal ar an scoil ar an 30 Meán Fómhair agus a cuireadh ar fáil don Roinn. Bunaithe ar na figiúirí seo, is 1.64 meánlíon na ndaltaí ó gach teaghlach atá ag freastal ar na bunscoileanna atá i gceist. Tá na contaetha ar fad gar don mheán seo i raon idir 1.63 agus 1.69, ach amháin Gaeltacht Chiarraí, arb é 1.43 meánlíon na ndaltaí ó gach teaghlach atá ag freastal ar bhunscoileanna Gaeltachta an chontae.

TÁBLA 3.3
EOLAS FAOI NA SCOILEANNA A BHFUARTHAS CEISTNEOIR AR AIS UATHU

Contae	Líon bunscoileanna sa chontae	Scoileanna a bhfuarthas ceistneoir uathu	Líon na dteaghlach	Líon na nDaltaí	Meánlíon na ndaltaí ó gach teaghlach
Gaillimh	46	40	1844	3103	1.68
Dún na nGall	42	36	1260	2068	1.64
Maigh Eo	27	26	700	1142	1.63
Ciarraí	14	14	577	826	1.43
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh	14	13	562	951	1.69
Iomlán	143	129	4943	8090	1.64

3.2.1 Treochtaí i líon na ndaltaí

D'fhreastail 9,556 dalta ar bhunscoileanna na Gaeltachta sa scoilbhliain 2003-2004. Seo laghdú 7.1% (732 dalta) ar an líon daltaí a bhí ag freastal sa scoilbhliain 1998-1999 (Tábla 3.2). Tharla an titim is mó i líon na ndaltaí sa chéad bhliain den tréimhse sin, eadhon idir 1998-1999 agus 1999-2000, nuair a thit líon iomlán na ndaltaí 3.4% (Léaráid 3.1). Sna blianta ó shin i leith, cé go bhfuil líon na ndaltaí fós ag titim, tá an ráta titime íslithe go dtí idir .55% agus 1.30% (Tábla 3.4).

TÁBLA 3.4
AN tATHRÚ AR LÍON NA NDALTAÍ AG FREASTAL AR BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA SA TRÉIMHSE 1998-2003, DE RÉIR CONTAE AGUS BLIANA

Contae	1998 - 99	1999 - 00	2000 - 01	2001 - 02	2002 - 03	Athrú idir 1998 - 2003
Gaillimh n=46	-1.90%	-0.40%	-0.05%	+0.84%	+0.67%	-0.87%
Ciarraí n=14	-5.02%	-3.10%	-1.30%	+0.60%	-1.67%	-10.14%
Maigh Eo n=27	-3.80%	-2.71%	-2.93%	-3.72%	-6.92%	-18.58%
Dún na nGall n=42	-4.50%	-1.70%	-1.90%	-1.55%	+0.39%	-8.97%
Corcaigh n=7	-4.06%	-3.98%	+5.18%	-0.99%	-0.00%	-4.06%
An Mhí n=4	-4.13%	+6.61%	+2.70%	+2.89%	+2.55%	+10.74%
Port Láirge n=3	-2.48%	-2.55%	-7.46%	-1.61%	-20.08%	-30.85%
Iomlán N=143	-3.40%	-1.30%	-0.99%	-0.55%	-1.07%	-7.1%

Tá difríochtaí suntasacha sna treochtaí i líon na ndaltaí ag leibhéal an chontae. Léiríonn Tábla 3.4 nár ardaigh líon na ndaltaí sa tréimhse faoi chaibidil ach i gcontae amháin, eadhon Co. na Mí. I nGaeltacht na Gaillimhe thit líon na ndaltaí 2.35% idir 1998 agus 2000, ach tá ardú beag tagtha air ó 2001 ar aghaidh. Tá laghdú 8.97% agus 10.14% tagtha ar líon na ndaltaí bunscoile i gceantair Ghaeltachta Thír Chonaill agus Chiarraí, faoi seach, sa tréimhse faoi chaibidil. I nGaeltacht Chorcaí tá líon na ndaltaí tar éis titim 4.06% sa tréimhse faoi chaibidil, ach tá an ráta titime laghdaithe go mór le dhá bhliain anuas. Is i gceantair Ghaeltachta Phort Láirge agus Mhaigh Eo atá an titim is mó i líon na ndaltaí le sonrú. Tá líon na ndaltaí sa dá Ghaeltacht sin tithe 30.85% agus 18.58%, faoi seach. Ina theannta sin, cé go bhfuil an ráta ag a bhfuil líon na ndaltaí ag titim ag ísliú i bhformhór na gceantar Gaeltachta eile is é a mhalairt atá ag tarlú i gceantar Gaeltachta Phort Láirge agus Mhaigh Eo.

LÉARÁID 3.1
TREOCHTAÍ I LÍON NA NDALTAÍ A D'FHREASTAIL AR BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA SA TRÉIMHSE 1998-2003



Léiríonn Tábla 3.5 sonraí maidir le líon na scoileanna a bhfuil ardú (nó gan aon athrú) agus laghdú ar líon na ndaltaí iontu sa tréimhse faoi chaibidil. As an 143 bunscoil tháinig ardú, nó ní raibh aon athrú, ar líon na ndaltaí i 46 acu. Is scoileanna 2-3 oide 32 scoil acu seo; is scoileanna ceithre oide 3 cinn acu; agus is scoileanna cúig oide nó níos mó an 11 scoil eile.

TÁBLA 3.5
ARDUITHE/LAGHD UITHE I LÍON NA NDALTAÍ A D'FHREASTAIL AR BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA SA TRÉIMHSE 1998-2003 DE RÉIR MHÉID NA SCOILE

Ardú	Scoil aon Oide	Dhá Oide	Trí Oide	Ceithre Oide	Cúig Oide	Sé Oide	Seacht n-Oide	Ocht n-Oide	Naoi n-Oide	10 n-Oide	11 Oide	Iomlán
Ardú nó gan aon athrú	0	20	12	3	6	1	0	0	1	1	2	46
Laghdú	3	43	20	10	13	2	3	2	0	1	0	97
Iomlán	3	63	32	13	19	3	3	2	1	2	2	143

Tháinig laghdú sa tréimhse chéanna ar líon na ndaltaí i 97 scoil. Is scoileanna trí oide nó níos lú 66 scoil acu seo; is scoileanna ceithre oide 10 gcinn acu; agus is scoileanna cúig oide nó níos mó an 21 scoil eile.

Léiríonn Tábla 3.6 an t-ardú a tháinig ar líon na ndaltaí sna 46 scoil atá i gceist de réir mhéid na scoile. Tá sé suntasach go bhfuil ardú sa bhreis ar 10% i líon na ndaltaí i 14 de na scoileanna dhá oide. Tá ardú sa bhreis ar 50% tagtha ar líon na ndaltaí i 4 scoil acu seo. Tá ardú sa bhreis ar 10% tagtha ar líon na ndaltaí i 7 gcinn de na scoileanna trí oide agus in 8 gcinn de na scoileanna ceithre oide nó níos mó.

TÁBLA 3.6
AN T-ÁRDÚ I LÍON NA NDALTAÍ BUNSCOILE I SCOILEANNA ÁIRITHE DE RÉIR MHÉID NA SCOILE

Ardú	Scoil aon Oide	Dhá Oide	Trí Oide	Ceithre Oide	Cúig Oide	Sé Oide	Seacht n-Oide	Ocht n-Oide	Naoi n-Oide	10 n-Oide	11 Oide
0 - 10%	0	6	5	1	3	0	0	0	1	1	0
11 -20%	0	5	3	2	2	1	0	0	0	0	1
21 - 30%	0	2	2	0	0	0	0	0	0	0	0
31 -40%	0	2	2	0	0	0	0	0	0	0	0
41 - 50%	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	1
51 +%	0	4	0	0	1	0	0	0	0	0	0

Léiríonn Tábla 3.7 an laghdú a tháinig ar líon na ndaltaí sa 97 scoil eile, de réir mhéid na scoile. As na 66 scoil trí oide nó níos lú ar tháinig titim i líon na ndaltaí iontu idir 1998 agus 2003, tá an titim sa bhreis ar 10% i gcás 53 cinn acu. Astu seo tá an titim os cionn 30% i gcás 18 scoil. As an 10 scoil ceithre oide inar thit líon na ndaltaí sa tréimhse faoi chaibidil tá titim os cionn 10% i gceist le 6 cinn acu. Tá 21 scoil cúig oide nó níos mó ar thit líon na ndaltaí iontu sa tréimhse faoi chaibidil agus astu seo tá 13 scoil ina bhfuil an titim os cionn 10%.

TÁBLA 3.7
AN LAGHDÚ I LÍON NA NDALTAÍ BUNSCOILE I SCOILEANNA ÁIRITHE DE RÉIR MHÉID NA SCOILE

Laghdú	Scoil aon Oide	Dhá Oide	Trí Oide	Ceithre Oide	Cúig Oide	Sé Oide	Seacht n-Oide	Ocht n-Oide	Naoi n-Oide	10 n-Oide	11 Oide
1 - 10%	1	7	5	4	4	2	1	0	0	1	0
11 -20%	0	9	7	3	4	0	2	1	0	0	0
21 - 30%	1	13	5	1	3	0	0	1	0	0	0
31 -40%	0	7	2	1	1	0	0	0	0	0	0
41 - 50%	1	5	1	1	0	0	0	0	0	0	0
51 +%	0	2	0	0	1	0	0	0	0	0	0

3.3 AN ÁIT AR RUGADH/TÓGADH NA DALTAÍ

Cuireadh ceist ar na scoileanna faoi líon na ndaltaí a rugadh lasmuigh den Ghaeltacht nó a chaith tréimhse ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht sular fhreastail siad ar an scoil. D'fhreagair 120 scoil (le 7002 dalta) an cheist seo. Rugadh nó tógadh 74% de na daltaí sin sa Ghaeltacht (Tábla 3.8).

TÁBLA 3.8
NA HÁITEANNA INAR RUGADH NÓ INAR TÓGADH NA DALTAÍ ATÁ AG FREASTAL AR BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

n=120 Scoil	Líon daltaí a rugadh/tógadh sa Ghaeltacht	Líon daltaí a rugadh/tógadh áit éigin eile sa chontae	Líon daltaí a rugadh/tógadh áit eile in Éirinn	Líon daltaí a rugadh/tógadh sa Bhreatain	Líon daltaí a rugadh/tógadh i Meiriceá	Líon daltaí a rugadh/tógadh i dtír éigin eile	Iomlán
Iomlán	5196 (74%)	555 (8%)	473 (7%)	572 (8%)	132 (2%)	74 (1%)	7002

As an 1,806 (26%) dalta a rugadh/tógadh lasmuigh den Ghaeltacht rugadh 555 áit éigin eile sa chontae céanna agus rugadh 473 acu in áit éigin eile in Éirinn. Rugadh nó tógadh 778 de na daltaí thar lear. Rugadh nó tógadh 572 dalta acu seo sa Bhreatain agus rugadh nó tógadh 132 dalta acu i Meiriceá. Rugadh nó tógadh 74 dalta acu i dtír éigin eile (Tábla 3.9).

LÉARÁID 3.2
AN ÁIT INAR RUGADH NA DALTAÍ DE RÉIR CÉATADÁIN
(n=120 scoil)



Is i nGaeltacht Chiarraí atá an céatadán is airde de dhaltaí a rugadh/tógadh sa Ghaeltacht, is é sin 672 dalta nó 81%. Rugadh/tógadh 78% de dhaltaí Ghaeltacht na Gaillimhe agus 76% de dhaltaí Ghaeltacht Dhún na nGall sa Ghaeltacht.

TÁBLA 3.9
NA HÁITEANNA INAR RUGADH/TÓGADH DALTAÍ, DE RÉIR CONTAE

n=120 Scoil	Líon daltaí a rugadh/tógadh sa Ghaeltacht	Líon daltaí a rugadh/tógadh áit éigin eile sa chontae	Líon daltaí a rugadh/tógadh áit eile in Éirinn	Líon daltaí a rugadh/tógadh sa Bhreatain	Líon daltaí a rugadh/tógadh i Meiriceá	Líon daltaí a rugadh/tógadh i dtír éigin eile	Iomlán
Gaillimh n=35	1709 (78%)	151 (7%)	111 (5%)	125 (6%)	65 (3%)	22 (1%)	2183
Ciarraí n=14	672 (81%)	20 (2%)	47 (6%)	45 (5%)	27 (3%)	15 (2%)	826
Maigh Eo n=26	776 (68%)	127 (11%)	59 (5%)	160 (14%)	10 (1%)	10 (1%)	1142
Dún na nGall n=32	1441 (76%)	140 7%)	74 (4%)	210 (11%)	22 (1%)	13 (1%)	1900
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh n=13	598 (63%)	117 (12%)	182 (19%)	32 (3%)	8 (1%)	14 (1%)	951
Iomlán n=120	5196 (74%)	555 (8%)	473 (7%)	572 (8%)	132 (2%)	74 (1%)	7002

Is i nGaeltacht Mhaigh Eo agus sna Gaeltachtaí eile (Port Láirge, An Mhí agus Corcaigh) atá an céatadán is airde daltaí a rugadh/tógadh lasmuigh den Ghaeltacht, 32% agus 37% faoi seach.

In áiteanna eile sa chontae nó in áiteanna eile in Éirinn a rugadh/tógadh formhór na ndaltaí nár rugadh/tógadh sa Ghaeltacht i gcás cheantair Ghaeltachta Phort Láirge, na Mí agus Chorcaí. Níor rugadh/tógadh ach 5% de na daltaí bunscoile sna ceantair Ghaeltachta seo lasmuigh den tír. I gcás ceantair Ghaeltachta na Gaillimhe agus na Mí is 10% de na daltaí a rugadh/tógadh lasmuigh den tír. Tá sé suntasach go bhfuil céatadán na ndaltaí bunscoile a rugadh/tógadh lasmuigh den tír níos airde i gcás ceantair Ghaeltachta Mhaigh Eo agus Thír Chonaill, ag 16% agus 13%, faoi seach.

3.4 ÁIT CHÓNAITHE NA NDALTAÍ

Chuir 125 scoil eolas ar fáil dúinn maidir le háit chónaithe a gcuid daltaí. As an 7,605 dalta atá ag freastal ar na scoileanna seo, tá 91% acu ina gcónaí laistigh den limistéar Gaeltachta (Léaráid 3.3).

LÉARÁID 3.3
CÉATADÁN NA nDALTAÍ BUNSCOILE A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU LAISTIGH AGUS LASMUIGH DEN LIMISTÉAR GAELTACHTA
(n=125scoil)



Tá an céatadán seo níos airde fós i gcás ceantair Ghaeltachta Chiarraí agus Mhaigh Eo, áit a bhfuil 99% de na daltaí ina gcónaí laistigh den cheantar Gaeltachta. Is 94% de dhaltaí Ghaeltacht Dhún na nGall atá ina gcónaí laistigh den Ghaeltacht agus 70% de dhaltaí Gaeltachta Phort Láirge, na Mí agus Chorcaí atá ag cur fúthu laistigh den Ghaeltacht, mar a thaispeánann Tábla 3.10.

TÁBLA 3.10
LÍON NA NDALTAÍ A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU LAISTIGH AGUS LASMUIGH DEN GHAELTACHT DE RÉIR CONTAE *(n=125 Scoil)*

Contae	Líon daltaí ina gcónaí sa Ghaeltacht	Líon daltaí ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht	Iomlán
Gaillimh	2405 (91%)	228 (9%)	2633
Ciarraí	815 (99%)	11 (1%)	826
Maigh Eo	1128 (99%)	14 (1%)	1142
Dún na nGall	1926 (94%)	127 (6%)	2053
Port Láirge, An Mhí agusCorcaigh	669 (70%)	282 (30%)	951
Iomlán	6943 (91%)	662 (9%)	7605

Ní gné é seo a bhaineann le gach scoil, áfach. As an 125 scoil a chuir eolas ar fáil faoi áit chónaithe a gcuid daltaí is 33 (26%) scoil a thuairiscigh go raibh cónaí ar chuid dá gcuid daltaí lasmuigh den limistéar Gaeltachta. Tá an líon is mó (12) de na scoileanna seo i nGaeltacht Thír Chonaill. Tá 6 cinn acu i nGaeltacht na Gaillimhe agus tá 4 cinn agus 3 cinn acu i gceantair Ghaeltachta Mhaigh Eo agus Chiarraí, faoi seach. Tá sé suntasach go bhfuil daltaí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Ghaeltacht ag freastal ar 8 as 13 de na bunscoileanna i nGaeltachtaí Phort Láirge, Chorcaí agus na Mí (Tábla 3.11).

TÁBLA 3.11
LÍON BUNSCOILEANNA AG A BHFUIL DALTAÍ A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU LASMUIGH DEN GHAELTACHT, DE RÉIR CONTAE

Contae	Gaillimh n=37	Ciarraí n=14	Dún na nGall n=35	Maigh Eo n=26	Port Láirge, An Mhí & Corcaigh n=13	3Iomlán
Líon scoileanna n=125	6	3	12	4	8	33

I gcás 15 de na scoileanna seo tá cónaí ar 10% nó níos lú de na daltaí lasmuigh den limistéar Gaeltachta. Tá 10 scoil ina bhfuil idir 11%-30% de na daltaí ag cónaí lasmuigh den Ghaeltacht agus 7 scoil eile a bhfuil os cionn 40% de na daltaí atá ag freastal orthu a thagann ó lasmuigh den Ghaeltacht (Tábla 3.12).

TÁBLA 3.12
CÉATADÁN NA NDALTAÍ Ó LASMUIGH DEN GHAELTACHT AG FREASTAL AR BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA AGUS LÍON NA SCOILEANNA ATÁ I GCEIST

Céatadán na ndaltaí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Ghaeltacht	0	1 – 10%	11 – 20%	21 – 30%	31 – 40%	41 – 50%	51 – 60%	61 – 70%	71 – 80%	81 – 90%	91 – 100%
Líon na scoileanna n=125	92	15	8	2	0	1	1	4	1	0	1

3Tá Scoil na Leanaí, An Rinn san áireamh sna figiúirí seo.

3.5 DALTAÍ AG A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA

Iarradh ar na scoileanna sonraí a thabhairt faoin líon daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta sa scoil. Is 125 scoil a d'fhreagair an cheist seo. Thuairiscigh siad go raibh riachtanais speisialta ag 511 dalta (Tábla 3.13). Is ionann é seo agus 6% de na daltaí atá ag freastal ar scoileanna atá i gceist. As na catagóirí riachtanais oideachais speisialta ar fad, ba iad Mion-mhíchumas Foghlama Ginearálta, Sain-mhíchumas Foghlama agus Míchumas Foghlama Ginearálta Teorantach na riachtanais speisialta is mó a bhí ag na leanaí seo, ag 21%, 20% agus 19% faoi seach. Bhí céatadán suntasach (14%) de na leanaí seo ag a raibh Sain-neamhord teanga agus urlabhra. Bhí riachtanais níos troime ar nós Mhíchumas Trom Foghlama, agus Suaitheadh Mothúchánach Trom ag líon beag daltaí. Bhí Lagú Éisteachta nó Amhairc ag líon beag daltaí freisin.

TÁBLA 3.13
LÍON NA NDALTAÍ LE RIACHTANAIS SPEISIALTA

Catagóir Riachtanais Oideachais Speisialta	Líon daltaí
Míchumas Foghlama Ginearálta Teorantach *(Borderline General Learning Disability)*	94 (19%)
Mion-mhíchumas Foghlama Ginearálta *(Mild General Learning Disability)*	109 (21%)
Meán-mhíchumas Foghlama Ginearálta *(Moderate General Learning Disability)*	31 (6%)
Ollmhíchumas/Míchumas Trom Foghlama Ginearálta *(Severe/Profound General Learning Disability)*	4 (.8%)
Lagú Éisteachta *(Hearing Impairment)*	7 (1%)
Lagú Amhairc *(Visual Impairment)*	6 (1%)
Míchumas Fisiceach *(Physical Disability)*	15 (3%)
Sain-neamhord teanga agus urlabhra *(Specific Speech and Language Disorder)*	70 (14%)
Il-mhíchumais *(Multiple Disabilities)*	15 (3%)
Suaitheadh Mothúchánach – Fadhbanna Iompraíochta (ADD agus ADHD san áireamh) *(Emotional Disturbance – Behavioral Problems including ADD and ADHD)*	40 (8%)
Sain-mhíchumas Foghlama *(Specific Learning Disability)*	103 (20%)
Suaitheadh Mothúchánach Trom *(Severe Emotional Disturbance)*	4 (.8%)
Uathachas/Mí-eagair sa speictream uathach *(Autism/Autistic Spectrum Disorders)*	13 (3%)
Iomlán n=125 scoil	511

Tá na daltaí seo ag fáil tacaíochta ó sheirbhísí éagsúla ar a n-áirítear an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, na Boird Sláinte, Bráithre na Carthanachta agus Seirbhísí Príobháideacha. Ón bplé a bhí againn leis na príomhoidí is cosúil go bhfuil an tseirbhís tacaíochta seo á chur ar fáil trí Bhéarla i bhformhór na gcásanna.

3.5.1 An Mhúinteoireacht Acmhainne

Is é an Béarla an t-ábhar is mó a raibh daltaí ag fáil tacaíochta leis i gcás an mhúinteora acmhainne. Bhí 358 dalta ag fáil cabhrach leis an ábhar seo sa scoilbhliain faoi chaibidil. Is í an Ghaeilge an t-ábhar ba lú a raibh tacaíocht á cur ar fáil inti (82 dalta). Is 182 dalta a bhí ag fáil tacaíochta sa Mhatamaitic. Ba i nGaeltacht Chiarraí a bhí an líon ab airde daltaí ag fáil tacaíochta leis an nGaeilge (45 dalta), agus ba i nGaeltacht Mhaigh Eo a bhí an líon ba lú daltaí ag fáil tacaíochta leis an nGaeilge (4 dalta), mar a thaispeánann Tábla 3.14.

TÁBLA 3.14
LÍON DALTAÍ AG FÁIL TACAÍOCHTA Ó MHÚINTEOIR ACMHAINNE DE RÉIR ÁBHAR AGUS DE RÉIR CONTAE

Contae	Béarla	Matamaitic	Gaeilge
Gaillimh n= 40 scoil	140	75	45
Ciarraí n= 14 scoil	25	11	13
Maigh Eo n= 25 scoil	59	31	4
Dún na nGall n= 35 scoil	96	50	9
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh n= 13	38	15	11
Iomlán n=127 scoil	358	182	82

Thuairiscigh na 65 scoil a bhí ag cur tacaíochta ar fáil don mhatamaitic ar an teanga ina raibh an múinteoir acmhainne ag cur tacaíochta ar fáil don Mhatamaitic. Ar an iomlán, ba trí Bhéarla a bhí an tacaíocht á cur ar fáil i mbeagnach leath de na scoileanna (49%) agus bhí an leath eile ag cur tacaíochta ar fáil trí Ghaeilge (28%) nó trí mheascán de Bhéarla agus Ghaeilge (23%). Nuair a fhéachaimid ar an tacaíocht seo de réir contae feicimid gurb i nGaeltacht na Gaillimhe is mó a bhí an tacaíocht seo á cur ar fáil trí Ghaeilge (50% de na scoileanna ansin). Níor thuairiscigh aon scoil i nGaeltachtaí Chiarraí ná Mhaigh Eo go raibh siad ag cur tacaíochta ar fáil don Mhatamaitic trí Ghaeilge amháin (Tábla 3.15).

TÁBLA 3.15
LÍON NA SCOILEANNA INA GCUIREANN MÚINTEOIR ACMHAINNE TACAÍOCHT AR FÁIL SA MHATAMAITIC AGUS AN TEANGA INA GCUIRTEAR AR FÁIL Í *(n=127 scoil)*

Contae	Gaeilge	Béarla	Béarla & Gaeilge
Gaillimh	12 (50%)	6 (25%)	6 (25%)
Ciarraí	0	6 (86%)	1 (14%)
Maigh Eo	0	11 (92%)	1 (8%)
Dún na nGall	4 (24%)	8 (47%)	5 (29%)
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh	2 (40%)	1 (20%)	2 (40%)
Iomlán	18 (28%)	32 (49%)	15 (23%)

3.5.2 An Múinteoir Tacaíochta Foghlama

Iarradh eolas freisin faoi líon na ndaltaí a fhaigheann tacaíocht ó mhúinteoir tacaíochta foghlama don Bhéarla, don Mhatamaitic agus don Ghaeilge. Tá freagra na ceiste seo le feiceáil i dTábla 3.16. Is don Bhéarla is mó atá tacaíocht á cur ar fáil ag na múinteoirí tacaíochta foghlama. Bhí breis agus a thrí oiread daltaí ag fáil cabhrach leis an mBéarla ná mar a bhí leis an Matamaitic, agus a dheich n-oiread ag fáil tacaíochta leis an mBéarla ná mar a bhí leis an nGaeilge (Féach Tábla 3.16).

TÁBLA 3.16
LÍON DALTAÍ AG FÁIL TACAÍOCHTA Ó MHÚINTEOIR TACAÍOCHTA FOGHLAMA DE RÉIR ÁBHAR AGUS DE RÉIR CONTAE

Contae	Béarla	Matamaitic	Gaeilge
Gaillimh n= 40 scoil	203	92	18
Ciarraí n= 14 scoil	118	12	18
Maigh Eo n= 25 scoil	106	37	1
Dún na nGall n= 35 scoil	215	60	7
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh n= 13 scoil	80	17	28
Iomlán n= 127 scoil	722	218	72

As an 59 scoil a bhí ag cur tacaíochta ar fáil do dhaltaí sa Mhatamaitic, thuairiscigh 57 acu an teanga ina raibh sé á cur ar fáil. Ba trí Bhéarla a bhí an tacaíocht á cur ar fáil i gcás 42% de na scoileanna seo. Bhí 32% de na scoileanna ag cur tacaíochta don Mhatamaitic ar fáil trí Ghaeilge agus bhí 26% acu a chuir ar fáil trí mheascán de Bhéarla agus de Ghaeilge í (Tábla 3.17).

TÁBLA 3.17
TACAÍOCHT FOGHLAMA DON MHATAMAITIC AGUS AN TEANGA INA GCUIRTEAR AR FÁIL Í *(n=127 scoil)*

Contae	Gaeilge	Béarla	Béarla/Gaeilge
Gaillimh	11	6	4
Ciarraí	2	3	2
Maigh Eo	0	9	2
Dún na nGall	3	3	7
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh	2	3	0
Iomlán	18 (32%)	24 (42%)	15 (26%)

3.6 EOLAS FAOI FHOIRNE NA MBUNSCOILEANNA

Sa scoilbhliain 2002-2003 bhí 573 duine i mbun cúraimí oideachasúla i mbunscoileanna na Gaeltachta (Tábla 3.18). Is i nGaeltachtaí na Gaillimhe agus Thír Chonaill a bhí an líon is mó fostaithe, le 216 agus 169 duine, faoi seach. Ina measc seo bhí 9 bpríomhoide riaracháin agus 134 príomhoide teagaisc. Níl aon phríomhoide riaracháin i bhfeighil ar bhunscoil i gceantair Ghaeltachta Chiarraí, Mhaigh Eo, Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge. Bhí 344 duine eile i mbun cúraimí mar mhúinteoir ranga (daoine neamhcháilithe san áireamh). Sa bhreis orthu seo bhí 86 múinteoir eile i mbun cúraimí éagsúla mar a léiríonn Tábla 3.18.

TÁBLA 3.18
LÍON PRÍOMHOIDÍ AGUS MÚINTEOIRÍ I SCOILEANNA GAELTACHTA I 2002-2003[5]

Contae	Líon Scoileanna	Príomhoidí Riaracháin Teagaisc		Múinteoirí Ranga	Múinteoirí Acmhainne	Múinteoirí Tacaíochta Foghlama	Múinteoirí Teagmhála Baile	Comh-ordaitheoirí Cláir	Múinteoirí Speisialta	Iomlán
Gaillimh	46	7	39	133	17	12	1	5	2	216
Ciarraí	14	0	14	30	2	3	0	1	1	51
Maigh Eo	27	0	27	46	3	4	2	1	0	83
Dún na nGall	42	2	40	100	9	10	1	4	3	169
Corcaigh	7	0	7	13	1	2	0	0	0	23
An Mhí	4	0	4	12	1	0	0	0	0	17
Port Láirge	3	0	3	10	0	1	0	0	0	14
Iomlán	143	9	134	344	33	32	4	11	6	573

Foinse: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

As an 129 scoil a líon na ceistneoirí dúinn tá príomhoide riaracháin i bhfeighil ar 6 scoil agus is príomhoidí teagaisc atá i bhfeighil ar an 123 scoil eile. Sa bhreis ar na príomhoidí seo tá 299 múinteoir ranga agus 11 duine neamhcháilithe eile i mbun ranganna. Fágann sé seo go bhfuil 439 duine i mbun cúraimí príomhoide agus/nó múinteoireachta sna scoileanna atá i gceist ar múinteoirí cáilithe 428 (97%) acu. Is i nGaeltacht na Gaillimhe atá an líon is mó múinteoirí cáilithe ag obair agus is ann freisin atá an líon is mó daoine neamhcháilithe i mbun ranga, le 151 agus 8, faoi seach. Tá triúr duine neamhcháilithe i mbun ranganna sna scoileanna i nGaeltacht Thír Chonaill. Níl aon duine neamhcháilithe i mbun ranganna sna ceantair Ghaeltachta eile (Tábla 3.19).

TÁBLA 3.19
LÍON PRÍOMHOIDÍ, MÚINTEOIRÍ AGUS DAOINE NEAMHCHÁILITHE I MBUN RANGANNA I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA
(n=129 scoil)

Contae	Príomhoidí Riaracháin	Príomhoidí teagaisc	Múinteoirí ranga	Daoine neamhcháilithe	Iomlán
Gaillimh	6	34	111	8	159
Ciarraí	0	14	31	0	45
Maigh Eo	0	26	48	0	74
Dún na nGall	0	36	73	3	112
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh	0	13	36	0	49
Iomlán	6	123	299	11	439

[4]Tá daoine neamhcháilithe atá i mbun ranganna san áireamh san fhigiúr seo.

[5]Ní raibh na figiúirí maidir le líon na múinteoirí don scoilbhliain 2003-2004 ar fáil ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an tuarascáil seo á réiteach.

3.6.1 Próifíl Aoise na Múinteoirí

Thuairiscigh 124 scoil dúinn ar phroifíl aoise na bpríomhoidí agus na múinteoirí atá ag obair iontu (Tábla 3.20). Tá 90 (19%) de na príomhoidí/múinteoirí faoi bhun 30 bliain d'aois. Tá an céatadán de na múinteoirí atá san aoisghrúpa seo i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Dhún na nGall cothrom lena chéile ag 22% i ngach cás. Tá sé i bhfad níos ísle i gcás ceantair Ghaeltachta Phort Láirge, na Mí agus Chorcaí, ag 13% agus i bhfad níos ísle fós i gcás Ghaeltacht Chiarraí ag 6%.

TÁBLA 3.20
PRÓIFÍL AOISE FHOIREANN MÚINTEORÍ AGUS PRÍOMHOIDÍ NA MBUNSCOILEANNA
(Tá múinteoirí tacaíochta foghlama agus acmhainne san áireamh sna figiúirí seo ach níl daoine neamhcháilithe atá i mbun ranganna curtha san áireamh).

Contae	Faoi 30 Bliain	Idir 30 & 40	Idir 41 & 50	Idir 51 & 55	Idir 56 & 60	Idir 61 & 65	Iomlán
Gaillimh n = 37	37 (22%)	60 (36%)	42 (25%)	15 (9%)	12 (7%)	3 (2%)	169
Ciarraí n= 14	3 (6%)	18 (38%)	19 (40%)	6 (13%)	2 (4%)	0 (0%)	48
Maigh Eo n = 25	16 (22%)	24 (32%)	17 (23%)	10 (14%)	5 (7%)	2 (3%)	74
Dún na nGall n = 35	27 (22%)	35 (29%)	33 (27%)	12 (10%)	12 (10%)	2 (2%)	121
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh n= 13	7 (13%)	17 (32%)	14 (26%)	10 (19%)	3 (6%)	2 (4%)	53
Iomlán n=124	90 (19%)	154 (33%)	125 (27%)	53 (11%)	34 (7%)	9 (2%)	465

Tá 279 (60%) múinteoir san aoisghrúpa ó 30-50 bliain d'aois. Tá an céatadán is mó de na múinteoirí san aoisghrúpa seo le fáil i nGaeltacht Chiarraí le 78%. Tá idir 55% agus 61% de na múinteoirí san aoisghrúpa seo sna ceantair Ghaeltachta eile. Tá 96 (20%) de na múinteoirí san aoisghrúpa ó 51-65 bliain. Is sna Gaeltachtaí beaga atá an céatadán is mó de mhúinteoirí san aoisghrúpa seo, le 29%. Tá idir 17%-24% de na múinteoirí sna ceantair Ghaeltachta eile san aoisghrúpa céanna.

LÉARÁID 3.4
PRÓIFÍL AOISE NA MÚINTEOIRÍ DE RÉIR CONTAE (n=124)



3.6.2 Earcaíocht Mhúinteoirí

Iarradh ar na scoileanna eolas a thabhairt dúinn faoi líon na bpost a d'fhógair siad sa tréimhse 2001-2003 agus faoi líon na n-iarratas a fuair siad ar gach post. As an 85 scoil a thug eolas dúinn faoin mír seo, thuairiscigh 81 acu gur fhógair siad poist sa tréimhse a bhí i gceist agus cuireadh sonraí ar fáil dúinn faoi 139 bpost acu seo. Astu seo ba phoist mar phríomhoide a bhí i 17 bpost acu agus poist do mhúinteoirí ranga a bhí san 86 post eile. Fógraíodh 16 phost do mhúinteoirí acmhainne agus 5 phost do mhúinteoirí tacaíochta foghlama. Fógraíodh post amháin do mhúinteoir teagmhála baile agus 14 post do chomhordaitheoirí clár.

As an 139 post a fógraíodh líonadh 114 (82%) acu ar an gcéad iarracht. As an 25 (18%) post nár líonadh ar an gcéad iarracht ba phoist do mhúinteoir ranga a bhí i 11 acu. Bhí post amháin do mhúinteoir acmhainne agus 2 phost do mhúinteoirí tacaíochta foghlama nár líonadh ar an gcéad iarracht. As an 14 phost do chomhordaitheoirí clár níor líonadh ach 11 acu ar an gcéad iarracht.

As an 25 post nár líonadh ba i scoileanna idir 1-3 oide a fógraíodh 22 acu agus ba i scoileanna 4 oide a fógraíodh na 3 cinn eile. As an 53 post do mhúinteoirí ranga a fógraíodh sna scoileanna seo níor líonadh 10 (19%) ar an gcéad iarracht. As an 13 phost mar chomhordaitheoirí clár a fógraíodh sna scoileanna céanna ní bhfuarthas iarratas ar bith ar an bpost i gcás 9 gcinn acu ar an gcéad iarracht (Tábla 3.21).

TÁBLA 3.21
LÍON AGUS CINEÁL NA BPOST A FÓGRAÍODH I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA SA TRÉIMHSE 2001-2003 AGUS AN LÍON NA N-IARRATAS A FUARTHAS AR GACH POST
(TAGRAÍONN NA FIGIÚIRÍ I LÚIBÍNÍ DO LÍON NA bPOST NÁR LÍONADH AR AN gCÉAD IARRACHT) (n= 85 scoil)

Cineál Poist	Príomhoide			Múinteoir ranga			Múinteoir Acmhainne Tacaíochta Foghlama			Múinteoir Teagmhála Baile/Comhordaitheoir Clár			Iomlán
Líon	1-3	4		1-3	4	5-13	1-3	4	5-	1-3	4	5-13	
iarratas	oide	oide	5-13	oide	oide	13	oide	oide	13	oide	oide	oide	
			oide			oide			oide				
0				7 (7)			2 (2)			9 (9)			18 (18)
1	5	1		13 (2)	1	6	5	2	1	4 (1)	1 (1)	1	40 (4)
2	5			6		1		2 (1)					14 (1)
3	2			13	3 (1)	3	1		1				23 (1)
4				4	1		1						6
5	1	1	3		2	1						8	
6-10	1			6(1)	2	3	1		2				15 (1)
11-20	1			1	2	4	1		1				10
21+					1	4							5
Fo-Iomlán	14	2	1	53 (10)	10 (1)	23	12 (2)	4 (1)	5	13 (10)	1 (1)	1	139 (25)
Móriomlán	17			86 (11)			21 (3)			15 (11)			

Ní bhfuarthas ach trí iarratas nó níos lú ar 95 (68%) de na poist a fógraíodh. Ina measc seo tá 18 (13%) post nach bhfuarthas aon iarratas orthu ar an gcéad iarracht. Fuarthas idir 4-10 n-iarratas ar 29 cinn de na poist a fógraíodh (bhí post amháin acu seo nár líonadh ar an an gcéad iarracht). Fuarthas 11 iarratas nó os a chionn ar 15 de na poist a fógraíodh.

TÁBLA 3.22
LÍON NA BPOST A FÓGRAÍODH I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA SA TRÉIMHSE 2001-2003 DE RÉIR MHÉID NA SCOILE

Cineál Poist	Méid na Scoile		
Líon iarratas	Scoileanna 1-3 oide	Scoileanna 4 oide	Scoileanna 5-13 oide
0	18		
1	27	5	8
2	11	2	1
3	16	3	4
4	5	1	
5	4	1	3
6-10	8	2	5
11-20	3	2	5
21+		1	4
Iomlán	92 (22)	17 (3)	30

Nuair a bhreathnaítear ar líon na bpost agus ar líon na n-iarratas a fuarthas orthu de réir mhéid na scoile (Tábla 3.22), is léir gur sna scoileanna beaga idir 1-3 oide a bhí formhór na bpost ar tairiscint. Is léir freisin gur fearr a d'éirigh leis na scoileann,a bhfuil ceathrar oide nó os a chionn iontu, iarratais a mhealladh ar na poist a bhí fógartha acu ná mar a d'éirigh leis na scoileanna 1-3 oide. I gcás na scoileanna 1-3 oide, bhí 18 bpost nár éirigh leo aon iarratas a fháil orthu ar an gcéad iarracht. Níor tharla sé seo i gcás aon phost a fógraíodh sna scoileanna a bhfuil ceathrar oide nó os a chionn iontu. Ina theannta sin, níor éirigh leis na scoileanna 1-3 oide 4 iarratas nó níos mó ná ceithre iarratas a fháil ach i gcás 22% (20 post) de na poist a bhí fógartha acu. D'éirigh leis na scoileanna ceithre oide 4 iarratas nó os a chionn a fháil i gcás 41% (7 bpost) de na poist a bhí fógartha acu agus d'éirigh leis na scoileanna 5-13 oide 4 iarratas nó os a chionn a fháil i gcás 57% (17 post) de na poist a bhí fógartha acu.

3.7 COISTÍ TUISMITHEOIRÍ

As an 129 bunscoil a chomhlíon ceistneoir tá coiste tuismitheoirí ag 37 (29%) acu. Níl ach céatadán an-bheag (15%) de na scoileanna 1-3 oide a bhfuil coiste tuismitheoirí acu. Tá coiste tuismitheoirí ag 46% de na scoileanna 4 oide. Ardaíonn sé go dtí 56% i gcás scoileanna a bhfuil idir 5 – 8 n-oide iontu agus tá coiste tuismitheoirí ag gach scoile a bhfuil os cionn 8 n-oide iontu Tábla 3.23.

TÁBLA 3.23
LÍON NA MBUNSCOILEANNA LE COISTÍ TUISMITHEOIRÍ DE RÉIR MHÉID NA SCOILE

Méid na Scoile	Tá	Níl	Iomlán
1 - 3 oide	13 (15%)	74 (85%)	87
4 oide	6 (46%)	7 (54%)	13
5 - 8 n-oide	14 (56%)	11 (44%)	25
9 - 13 n-oide	4 (100%)	0	4
Iomlán	37(29%)	92(71%)	129

3.8 MÚINEADH AN BHÉARLA AGUS NA GAEILGE

Tosaíonn 92% de na scoileanna ar mhúineadh na Gaeilge go foirmiúil i rang na naíonán beag agus cuireann 7% acu tús leis i rang na naíonán mór (Tábla 3.24). Tá céatadán na scoileanna i gCatagóir C a chuireann tús le múineadh na Gaeilge i rang na naíonán mór nó i Rang 1 beagán níos airde ná mar atá i gcás na scoileanna i gCatagóirí A agus B.

Cuireann 73% de na scoileanna tús le múineadh an Bhéarla go foirmiúil i rang na naíonán beag. Cuireann 21% agus 6% acu tús leis i rang na naíonán mór agus i rang 1, faoi seach. Cuireann 84% de na scoileanna i gCatagóir C tús le múineadh an Bhéarla go foirmiúil i rang na naíonán beag, céatadán atá cuid mhaith níos airde ná mar atá i gcás na scoileanna i gCatagóirí A agus B, ag 58% agus 65% faoi seach.

TÁBLA 3.24
AN RANG INA DTOSAÍTEAR AG MÚINEADH NA GAEILGE AGUS AN BHÉARLA GO FOIRMIÚIL

Rang	Naíonáin Bheaga	Naíonáin Mhóra	Rang 1	Rang 2
Múineadh na Gaeilge go Foirmiúil n=120	110 (92%)	8 (7%)	2 (1%)	0
Múineadh an Bhéarla go Foirmiúil n= 119	87 (73%)	25 (21%)	7 (6%)	0
Léitheoireacht na Gaeilge n=118	27 (23%)	52 (44%)	25 (21%)	14 (12%)
Léitheoireacht an Bhéarla n= 118	44 (37%)	55 (47%)	19 (16%)	0

Cuireann 23% de na scoileanna tús le léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh i rang na naíonán beag agus cuireann 44% acu tús leis i rang na naíonán mór. Fanann 21% agus 12% de na scoileanna go dtí rang 1 agus rang 2, faoi seach, sula gcuireann siad tús le léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh. Tá céatadan na scoileanna i gCatagóir A (féach 4.2 thíos) a chuireann tús le léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh i rang na naíonán beag níos airde ná mar atá i gcás na scoileanna sna catagóirí eile. Is i gCatagóir C amháin atá scoileanna a fhanann go dtí rang 2 chun tús a chur le leitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh.

TÁBLA 3.25
AN RANG INA DTOSAÍTEAR AR MHÚINEADH NA GAEILGE AGUS AN BHÉARLA GO FOIRMIÚIL, DE RÉIR CHATAGÓIR NA SCOILE

	Múineadh na Gaeilge go foirmiúil			Léitheoireacht na Gaeilge			Múineadh an Bhéarla go foirmiúil			Léitheoireacht an Bhéarla		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
	n=36/39	n=21	n=63/69	n=36/39	n=20/21	N=62/69	n=36/39	n=20/21	n=63/69	n=36/39	n=21	n=61/69
Naíonáin Bheaga	94%	95%	89%	36%	25%	14%	58%	65%	84%	14%	47%	47%
Naíonáin Mhóra	6%	5%	8%	56%	65%	31%	31%	25%	14%	67%	24%	43%
Rang 1			3%	8%	10%	32%	11%	10%	2%	19%	29%	10%
Rang 2						23%						

Tosaíonn níos mó de na scoileanna ar léitheoireacht an Bhéarla a mhúineadh i rang na naíonán beag ná mar a thosaíonn ar léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh sa rang céanna. Sna scoileanna i gCatagóir A ní thosaíonn ach 14% acu ar léitheoireacht an Bhéarla a mhúineadh i rang na naíonán beag. Tosaíonn 47% de na scoileanna i gCatagóirí B agus C ar mhúineadh léitheoireacht an Bhéarla i rang na naíonán beag.

Ag na cruinnithe a bhí againn leis na príomhoidí agus ag na cruinnithe a reáchtáladh chun na scoileanna a chur ar an eolas faoin taighde, luaigh roinnt mhaith príomhoidí agus múinteoirí an imní a bhí orthu faoin easpa treorach a bhí ar fáil dóibh maidir leis an gceist seo. Mheas siad go mbeadh sé níos fearr dá mbeadh treoir chinnte ar fáil maidir leis an rang inar chóir tús foirmiúil a chur le múineadh na Gaeilge agus an Bhéarla i scoileanna Gaeltachta agus go mbeadh gach scoil, go háirithe scoileanna atá suite in aice lena chéile, ag cloí leis an gcleachtas céanna.

3.9 TÁTAL

Is 143 bunscoil atá sa Ghaeltacht agus 9,556 dalta ag freastal orthu. Ta titim leanúnach tagtha ar líon iomlán na ndáltaí le 6 bliana anuas nuair a bhreathnaítear ar an nGaeltacht ina hiomláine, ach tá an ráta titime tar éis maolú ó 1999 ar aghaidh, agus i gcás cheantair Ghaeltachta na Gaillimhe, Thír Chonaill agus na Mí tá ardú beag tagtha ar líon na ndáltaí le bliain nó dhó. Is í Gaeltacht na Mí an t-aon eisceacht ar an bpatrún seo, eadhon, ta líon na ndaltaí atá ag freastal ar bhunscoileanna Ghaeltacht na Mí tar éis ardú 11% sa tréimhse idir 1998-2002. Tá an titim i líon na ndaltaí ag freastal ar bhunscoileanna Gaeltachta Phort Láirge agus Maigh Eo, ag 31% agus 18%, faoi seach, an-ard i gcomparáid leis na ceantair Ghaeltachta eile, agus tá an ráta titime fós ag ardú sna ceantair Ghaeltachta sin nuair is é a mhalairt atá ag tarlú sna ceantair Ghaeltachta eile.

Is scoileanna beaga 1-3 oide iad formhór (69%) na mbunscoileanna Gaeltachta. Tháinig laghdú ar líon na ndaltaí in dhá thrian (66 as 98 scoil) de na scoileanna seo sa tréimhse 1998-2002. I gcás 58 scoil acu seo bhí an titim níos mó na 10% agus tá 18 scoil 1-3 oide inar thit líon na ndáltaí níos mó ná 30%. Cé gur ardaigh líon na ndáltaí i roinnt scoileanna 2-3 oide sa tréimhse chéanna, is scoileanna atá suite ar imeall bailte atá i mbéal fáis is mó a tharla sé seo.

Bíonn deacrachtaí ag cuid mhaith scoileanna ag earcú múinteoirí do na folúntais a bhíonn acu. Sa tréimhse 2001-2003, níor líonadh 18% de na poist a fógraíodh i mbunscoileanna Gaeltachta agus ní bhfuarthas ach trí iarratas nó níos lú ar 68% acu. Ní bhfuarthas iarratas ar bith ar 13% de na poist a fógraíodh. Is léir go mbíonn deacracht ar leith le poist do chomhordaitheoirí clár a líonadh. Is léir freisin, go mbíonn deacracht faoi leith ag scoileanna beaga 1-3 oide le poist a líonadh, in ainneoin gur sna scoileanna seo a bhíonn formhór na bpost á dtairiscint. As 92 folúntas a fógraíodh sna scoileanna seo sa tréimhse 2001-2003 níor líonadh 22 post acu ar an gcéad iarracht, ní bhfuarthas iarratas ar bith ar 18 post acu, agus ní bhfuarthas ach iarratas amháin ar 27 post eile.

Ta céatadán suntasach (24%) de dhaltaí na Gaeltachta a rugadh nó a tógadh lasmuigh den Ghaeltacht sular thosaigh said ag freastal ar an scoil sa Ghaeltacht. Glactar leis nach mbíonn Gaeilge ag formhór na ndaltaí seo, agus da réir sin, go gcuireann said brú thar an ngnáth ar acmhainní na scoile agus ar iompar teanga sna scoileanna ar a bhfuil siad ag freastal. Tá 9% de na daltaí seo ina gconaí lasmuigh den limistéar oifigiúil Gaeltachta agus ag freastal ar 33 scoil laistigh den Ghaeltacht. I gcás 15 de na scoileanna seo tá cónaí ar bhreis agus 10% dá gcuid daltaí lasmuigh den limistéar oifigiúil Gaeltachta.

Tá breis agus 500 dalta ag a bhfuil riachtanais speisialta ag freastal ar scoileanna Gaeltachta. Cé nach cainteoirí dúchais Gaeilge iad na daltaí seo ar fad, is féidir a bheith ag súil leis gur cainteoirí dúchais Gaeilge céatadán suntasach acu. Ina fhianaise seo, is ábhar buartha a laghad de na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil dóibh trí mheán na Gaeilge. Níl ach 82 dalta ag fáil tacaíocht acmhainne don Ghaeilge agus ní chuireann ach 51% de scoileanna tacaíocht acmhainne don mhatamaitic ar fáil trí Ghaeilge nó trí Ghaeilge agus Bhéarla. Níl ach 72 dalta ag fáil tacaíocht foghlama don Ghaeilge agus níl ach 58% de scoileanna a chuireann an tacaíocht foghlama don mhatamaitic ar fáil trí Ghaeilge nó trí Ghaeilge agus Bhéarla. Fágann sé seo gur trí Bhéarla amháin a chuirtear an tacaíocht acmhainne agus foghlama ar fáil don mhatamaitic i 49% agus i 42% de na scoileanna, faoi seach. Ina theannta sin, níl seirbhísí tacaíochta ar nós seirbhísí síceolaíocha agus seirbhísí teiripe labhartha ar fáil trí Ghaeilge d'fhormhór na ndaltaí.

Is léir ón eolas a bailíodh sna ceistneoirí agus sna cruinnithe a bhí againn le príomhoidí agus le múinteoirí, go bhfuil easpa treorach ar fáil do na scoileanna Gaeltachta maidir leis an am ar cheart tús a chur le múineadh gnéithe éagsúla den Ghaeilge agus den Bhéarla. Ní hé an cleachtas céanna atá á chleachtadh i scoileanna éagsúla, fiú i scoileanna atá suite i gceantair Ghaeltachta atá cosúil lena chéile. Chomh fada agus a bhaineann sé le cúrsaí teanga, bheifeá ag súil leis gurb é an dea-chleachtas céanna a bheadh á leanúint acu. Luaigh go leor múinteoirí linn go gcothaíonn an easpa treorach atá ar fáil dóibh maidir leis an ngné seo den churaclam go leor éiginnteachta maidir le múineadh na Gaeilge agus an Bhéarla sna scoileanna agus nach eol dóibh féin an é an cleachtas atá á leanúint acu an ceann is fearr nó nach é.

caibidil 04

CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ

4.1 RÉAMHRÁ

Iarradh ar na scoileanna eolas a thabhairt maidir le cumas teanga na ndaltaí sna ranganna éagsúla ar scála a bhí leagtha amach sna catagóirí seo a leanas:

- Daltaí le Gaeilge Líofa
- Daltaí le Gaeilge Mhaith
- Daltaí le Gaeilge Mheasartha
- Daltaí ar Bheagán Gaeilge
- Daltaí gan aon Ghaeilge

Níor cuireadh ceist faoi cé mhéad de na daltaí ar cainteoirí ó dhúchas iad de bharr gur measadh go mbeadh deacracht ag príomhoidí an cheist seo a fhreagairt i gcásanna áirithe, mar nach mbeadh dóthain eolais acu faoi chúlra baile na bpáistí. Ina theannta sin, tá fianaise sa litríocht idirnáisiúnta ar an ábhar seo go mbaineann daoine brí éagsúil as téarmaí ar nós 'cainteoir dúchais', 'máthairtheanga' agus 'teanga baile' (Piller: 79, 2002), agus gur dóigh go mbeadh deacrachtaí den chineál céanna ann dá n-úsáidfí an téarma anseo. Mar shampla, ar chóir daltaí a raibh tuismitheoir amháin ag labhairt Gaeilge leo sa bhaile agus an tuismitheoir eile ag labhairt Béarla a áireamh mar chainteoirí dúchais? Nó ar chóir daltaí a bhí tar éis Gaeilge líofa a shealbhú ó ghaolta agus ó chomharsana, in ainneoin a mbeirt tuismitheoirí a bheith ag labhairt Béarla go príomha leo, a áireamh mar chainteoirí dúchais? Mar bharr air sin braitheadh nach é cúlra teanga na ndaltaí a bhí tábhachtach don taighde seo ach a gcumas sa teanga. Is é sin le rá, gurb í an cheist atá criticiúil don scoil ná an bhfuil cumas dóthanach ag an dalta le gur féidir a bheith ag súil leis gur féidir oideachas a chur ar fáil dó/di trí mheán na Gaeilge agus go bhfuil ar a c(h)umas lántairbhe a bhaint as an oideachas sin. Dá bhrí sin, beartaíodh na ceisteanna a dhíriú ar chumas teanga na ndaltaí, seachas ar a gcúlra teanga, ach rinneadh soiléir go raibh 'leibhéal an chainteora dúchais' i gceist leis an leibhéal cumais is airde.

Ar an iomlán tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 47% de dhaltaí bunscoile na Gaeltachta agus tá 27% eile a bhfuil Gaeilge mheasartha acu. Is i nGaeltacht na Gaillimhe is airde atá cumas Gaeilge na ndaltaí le 58% de na daltaí ansin ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith. Ina dhiaidh sin tá Gaeltacht Thír Chonaill le 49% agus Gaeltacht Chiarraí le 42%. Tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 45% de na daltaí bunscoile i gceantair Ghaeltachta na Mí, Phort Láirge agus Chorcaí. Is i nGaeltacht Mhaigh Eo is ísle atá cumas Gaeilge na ndaltaí áit a bhfuil Gaeilge líofa ag 4% acu agus Gaeilge mhaith ag 18%. Tugann Tábla 4.1 léargas iomlán dúinn ar chumas Gaeilge na ndaltaí de réir contae.

TÁBLA 4.1
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ DE RÉIR CONTAE (n=129 scoil)

Contae	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Ar bheagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge	Iomlán
Gaillimh	945 (30%)	859 (28%)	759 (24%)	454 (15%)	86 (3%)	3103
Ciarraí	116 (14%)	233 (28%)	237 (29%)	193 (23%)	47 (6%)	826
Maigh Eo	51 (4%)	210 (18%)	489 (43%)	346 (30%)	46 (4%)	1142
Dún na nGall	575 (28%)	430 (21%)	487 (24%)	458 (22%)	118 (6%)	2068
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh	129 (14%)	293 (31%)	241 (25%)	231 (24%)	57 (6%)	951
Iomlán	1816(22%)	2025 (25%)	2213 (27%)	1682 (21%)	354 (5%)	8090

Cé go bhfuil líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge mheasartha i nGaeltacht Mhaigh Eo (43%) ard i gcomparáid leis na Gaeltachtaí eile, tá céatadán na ndaltaí atá ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge ann beagán níos airde ná sna contaetha eile freisin ag 34%. Is i nGaeltacht na Gaillimhe atá an céatadán is ísle de dhaltaí atá ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge ag 18%. Cuireann Léaráid 4.1 cumas Gaeilge na ndaltaí i ngach contae i gcomparáid lena chéile. De bharr go gcuimsíonn na figiúirí seo na daltaí i ngach rang ó rang na naíonán go rang 6 is féidir a rá go n-eascraíonn an cumas Gaeilge atá tuairiscithe as cúlra teanga na bpáistí agus as tionchar na scoile féin. Is fiú, mar sin, comparáid a dhéanamh idir cumas teanga na ndaltaí i rang na naíonán beag agus cumas teanga na ndaltaí sna ranganna eile (Tábla 4.2 agus Léaráid 4.2). Nuair atá sé seo á dhéanamh, áfach, is gá a chur san áireamh nach é an rang-ghrúpa céanna atá á chur i gcomparáid lena

LÉARÁID 4.1
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ DE RÉIR CONTAE



chéile agus go bhféadfadh difríochtaí suntasacha a bheith i gcumas teanga rang-ghrúpa amháin ó bhliain go chéile. Freisin, d'fhéadfadh athrú leanúnach a bheith tagtha ar staid na teanga in abhantrach scoile sa tréimhse 7 mbliana atá idir rang na naíonán beag agus rang 6. Ar an iomlán, áfach, agus ag cur san áireamh go bhfuilimid ag breathnú ar fhigiúirí náisiúnta seachas figiúirí áitiúla anseo, measaimid go dtabharfadh an chomparáid seo tuairim réasúnta dúinn ar thionchar na scoileanna ar chumas teanga na ndaltaí sa Ghaeltacht.

Thosaigh 26% de dhaltaí na Gaeltachta ar scoil sa bhliain reatha agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu. Tagann méadú leanúnach ar an gcéatadán daltaí a bhfuil an leibhéal cumais sin sealbhaithe acu sna ranganna suas go rang 5 áit a bhfuil Gaeilge líofa nó mhaith ag 64% de na daltaí agus laghdaíonn sé go dtí 62% i ranga 6.

TÁBLA 4.2
CUMAS TEANGA NA NDALTAÍ DE RÉIR RANGA (n=129 scoil)

Rang	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Beagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge
Naíonáin Bheaga	16%	10%	16%	38%	21%
Naíonáin Mhóra	20%	16%	24%	37%	3%
Rang 1	20%	21%	31%	26%	2%
Rang 2	20%	25%	35%	18%	3%
Rang 3	24%	25%	35%	15%	2%
Rang 4	26%	32%	29%	11%	2%
Rang 5	26%	38%	24%	11%	1%
Rang 6	28%	34%	26%	11%	1%

I rang na naíonán beag thosaigh 59% de na daltaí ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Tagann laghdú leanúnach ar líon na ndaltaí seo sna ranganna suas go dtí rang 6, áit nach bhfuil ach 12% de na daltaí ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Tá patrún níos measctha le feiceáil i líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge mheasartha. Méadaíonn sé ó 16% go dtí 35% idir rang na naíonán mór agus rang 2 agus laghdaíonn sé go dtí 26% i rang 6. Thabharfadh sé seo le fios go bhfuil comhdhéanamh teanga an chatagóra seo ag athrú, eadhon, cuid mhaith de na daltaí a thosaíonn ar scoil agus Gaeilge mheasartha acu, go gcríochnaíonn siad a dtréimhse bunscoile agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu; agus go gcríochnaíonn cuid mhaith de na daltaí, a thosaíonn ar bheagán nó gan aon Ghaeilge, a dtréimhse bunscoile agus Gaeilge mheasartha acu, cé gur dóigh go gcríochnaíonn cuid de na daltaí seo agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu freisin. Tá léiriú air seo i léaráid 4.2.

LÉARÁID 4.2
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ DE RÉIR RANGA



CUMAS TEANGA NA NDALTAÍ I GCOMHTHÉACS STAID NA TEANGA SA CHEANTAR INA BHFUIL AN SCOIL SUITE

Cé go dtugann na figiúirí thuas forléargas náisiúnta dúinn ar chumas teanga na ndaltaí sna bunscoileanna Gaeltachta ní léiríonn siad go cruinn céard atá ag tarlú sna scoileanna féin. Thabharfadh na figiúirí thuas le fios go mbíonn Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 26% de na daltaí ar thosú na scoile dóibh agus go mbíonn 59% ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge in aon chor acu (Tábla 4.2). Is patrún den chineál céanna a fhaighimid ag leibhéal an chontae. Ní hé seo an patrún atá le feiceáil ag leibhéal na scoile, áfach. Is léir go bhfuil difríochtaí suntasacha idir na scoileanna maidir le líon na ndaltaí a thagann chun na scoile agus líofacht nó cumas maith sa Ghaeilge acu agus go bhfuil an patrún i scoileanna ar leith an-éagsúil ón bpatrún a chuireann na figiúirí náisiúnta agus contae ar fáil dúinn. Tá cuid de na scoileanna ann mar a mbíonn Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag formhór a gcuid daltaí ar theacht chun na scoile dóibh agus scoileanna eile nach dtagann aon dalta den chineál sin chucu nó gur beag é a líon mar a léiríonn Léaráid 4.3.

LÉARÁID 4.3
LÍON NA SCOILEANNA DE RÉIR CHÉATADÁN NA NDALTAÍ AG A BHFUIL GAEILGE LÍOFA NÓ GAEILGE MHAITH AG FREASTAL AR RANG NA NAÍONÁN BEAG



Is féidir glacadh leis gurb é staid na Gaeilge sa cheantar ina bhfuil an scoil suite is mó a imríonn tionchar ar na patrúin seo. Chomh maith leis sin glactar leis go mbeidh pátrúin dhifriúla le feiceáil i scoileanna ar a bhfuil céatadán ard daltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag freastal i gcomparáid le scoileanna nach bhfuil mórán daltaí den chineál sin ag freastal orthu. Dá bhrí sin, ceapadh go mbeadh sé tairbheach anailís a dhéanamh ar na patrúin atá i gceist de réir staid na teanga sa cheantar ina bhfuil an scoil suite seachas de réir an chontae ina bhfuil an scoil suite.

Chuige sin beartaíodh na scoileanna a chatagóiriú de réir líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa cheantar ina bhfuil an scoil suite (ag úsáid na sonraí ó Dhaonáireamh 2002 maidir leis an % daonra a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil), mar seo a leanas:

Catagóir A: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn 70%+ den phobal an Ghaeilge go laethúil.

Catagóir B: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn idir 40% agus 69% den phobal an Ghaeilge go laethúil.

Catagóir C: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn níos lú ná 39% den phobal an Ghaeilge go laethúil.

Léiríonn Tábla 4.3 na sonraí maidir le líon na scoileanna, líon na dteaghlach agus líon na ndaltaí sna catagóirí éagsúla. Tá na catagóirí seo bunaithe ar na toghcheantair sa Ghaeltacht de bharr gur ag an leibhéal sin a chuirtear sonraí ón Daonáireamh ar fáil. Ní féidir a bheith iomlán cruinn leis an gcur chuige seo de bharr gur minic daltaí a bhfuil cónaí orthu i dtoghcheantar amháin bheith ag freastal ar scoil atá suite i dtoghcheantar eile. Ina ainneoin seo, áfach, tugann an cur chuige seo deis dúinn anailís a dhéanamh ar chúinsí teanga i scoileanna atá ag feidhmiú faoi thoscaí atá cosúil lena chéile.

TÁBLA 4.3
LÍON NA SCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA BUNAITHE AR LÍON NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAEILGE SA CHEANTAR INA BHFUIL AN SCOIL SUITE

Contae	Líon Scoileanna	Líon Teaghlach	Líon Daltaí
Catagóir A	39	1459	2226
Catagóir B	21	744	1320
Catagóir C	69	2740	4544
Iomlán	129	4943	8090

Catagóir A: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn 70%+ den phobal an Ghaeilge go laethúil.

Tá 39 scoil le 2,226 dalta ó 1,459 teaghlach ag freastal ar na bunscoileanna i gceantair ina bhfuil breis agus 70% den phobal ag labhairt na Gaeilge go laethúil (Tábla 10). Seo an dara catagóir is mó de na trí chatagóir. Tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 54% de na daltaí i rang na naíonán beag sna scoileanna seo. Méadaíonn an céatadán seo go leanúnach suas go dtí rang 6, áit a bhfuil Gaeilge líofa nó mhaith ag 87% de na daltaí. Fágann sé seo go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 76% de na daltaí, mar atá le feiceáil i dTábla 4.4.

TÁBLA 4.4
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A *(n= 39 Scoil /2226 dalta).*

Rang	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Beagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge
Naíonáin Bheaga	43%	11%	13%	25%	8%
Naíonáin Mhóra	57%	15%	13%	14%	0%
Rang 1	59%	17%	18%	5%	2%
Rang 2	56%	19%	21%	3%	1%
Rang 3	68%	15%	15%	2%	0%
Rang 4	68%	12%	16%	3%	0%
Rang 5	66%	14%	16%	3%	0%
Rang 6	72%	15%	11%	2%	1%
Iomlán	**61%**	**15%**	**15%**	**7%**	**2%**

Tá 33% de na daltaí sna naíonáin bheaga atá ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Laghdaíonn an céatadán seo go dtí 2% i rang 3 agus méadaíonn sé arís go 3% ó rang 4 suas. Ag cur gach rang san áireamh tá 9% de na daltaí sna scoileanna seo atá ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge (Tábla 4.4).

Ar an iomlán, is léir gurb iad na daltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa an grúpa is mó sna scoileanna seo agus go méadaíonn líon na ndaltaí sa ghrúpa sin de réir mar a bhogtar suas sna ranganna. Fanann grúpaí na ndaltaí a bhfuil Gaeilge mhaith nó mheasartha acu thart ar an méid céanna cé gur léir go n-athraíonn comhdhéanamh na ngrúpaí seo de réir mar a fheabhsaíonn a gcumas Gaeilge ó rang go rang. Titeann líon na ndaltaí ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge go suntasach ó rang na naíonán mór suas. (Léaráid 4.4).

LÉARÁID 4.4
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ I SCOILEANNA CHATAGÓIR 'A' DE RÉIR RANGA
(n= 39 Scoil /2226 dalta).



4.2.2 Catagóir B: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn idir 40% agus 69%+ den phobal an Ghaeilge go laethúil.

I gCatagóir B, tá 1320 dalta ó 744 teaghlach ag freastal ar 21 scoil. Is sa chatagóir seo atá an líon is lú scoileanna. Tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 24% de na daltaí i rang na naíonán beag agus ardaíonn an céatadán seo go leanúnach go dtí 81% i rang 5, agus titeann sé go dtí 79% i rang 6. Ag cur na ranganna ar fad san áireamh tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 57% de na daltaí (Tábla 4.5).

TÁBLA 4.5
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B
(n= 21 Scoil /1320 dalta).

Rang	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Beagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge
Naíonáin Bheaga	17%	7%	14%	34%	28%
Naíonáin Mhóra	21%	26%	35%	13%	4%
Rang 1	18%	30%	33%	16%	3%
Rang 2	20%	39%	28%	11%	2%
Rang 3	26%	36%	26%	11%	1%
Rang 4	23%	40%	17%	14%	6%
Rang 5	32%	49%	12%	7%	1%
Rang 6	31%	48%	17%	5%	0%
Iomlán	**23%**	**34%**	**23%**	**14%**	**6%**

Tá 62% de na daltaí i ranganna na naíonán beag ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Tá titim shuntasach sa chéatadán seo ó rang na naíonán mór ar aghaidh, go dtí 5% i rang 6, cé nach titim leanúnach atá i gceist. Ardaíonn líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge mheasartha ó 14% sna naíonáin bheaga go dtí 28% i rang 2 agus titeann sé go dtí 17% i rang 6.

Is léir gurb iad na daltaí ag a bhfuil Gaeilge mhaith an grúpa is líonmhaire sna scoileanna seo (in ainneoin go bhfuil níos mó daltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa ná daltaí ag a bhfuil Gaeilge mhaith sna naíonáin bheaga). Tá cothromaíocht idir líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa agus ag a bhfuil Gaeilge mheasartha, ag 23%. Cé go dtiteann líon na ndaltaí atá ar bheagán nó gan aon Ghaeilge de réir mar a bhogtar suas sna ranganna, tá céatadán suntasach de na daltaí sna scoileanna seo ar bheagán nó gan aon Ghaeilge fiú sna hardranganna (Léaráid 4.5).

LÉARÁID 4.5
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ I SCOILEANNA CHATAGÓIR 'B' DE RÉIR RANGA
(n= 21 Scoil /1320 dalta).



4.2.3 Catagóir C: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn níos lú ná 40% den phobal an Ghaeilge go laethúil.

Is i gCatagóir C atá an grúpa is mó scoileanna, ag 69 scoil. Tá 4544 dalta ag freastal ar na scoileanna seo, eadhon, 56% de dhaltaí bunscoile na Gaeltachta. Tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 12% de na daltaí i rang na naíonán beag agus ardaíonn an céatadán seo go leanúnach go dtí 51% i rang 5 agus titeann sé go dtí 45% i rang 6. San iomlán tá Gaeilge líofa nó mhaith ag 31% de na daltaí sna scoileanna seo (Tábla 4.6).

TÁBLA 4.6
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C
(n= 69 Scoil /4544 dalta).

Rang	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Beagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge
Naíonáin Bheaga	2%	10%	18%	45%	25%
Naíonáin Mhóra	2%	13%	26%	55%	5%
Rang 1	3%	20%	37%	39%	1%
Rang 2	3%	23%	44%	27%	4%
Rang 3	3%	26%	47%	21%	2%
Rang 4	4%	40%	40%	14%	2%
Rang 5	3%	48%	31%	16%	1%
Rang 6	5%	40%	36%	17%	2%
Iomlán	**3%**	**28%**	**35%**	**29%**	**5%**

Sa bhliain reatha thosaigh 70% de na daltaí i rang na naíonán beag sna scoileanna seo agus iad gan aon Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge. Laghdaíonn céatadán na bpáistí atá gan aon Ghaeilge go suntasach ó rang na naíonán mór ar aghaidh (go dtí 2% i rang 6), ach níl an titim (idir naíonáin bheaga agus rang 6) i líon na ndaltaí atá ar bheagán Gaeilge chomh suntasach sa chatagóir seo agus atá sé sna catagóirí eile. Ag brath ar an rang atá i gceist, tá idir 16% agus 31% de na daltaí sna ranganna ó rang 2 go rang 6 sna scoileanna seo ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge.

Ar an iomlán is féidir na daltaí sna scoileanna seo a roinnt go cothrom i dtrí ghrúpa. Tá *circa* aon trian acu a thagann ar scoil agus Gaeilge mhaith nó líofa acu nó a shealbhaíonn an cumas sin i rith a mblianta sa scoil. Tá *circa* aon trian eile acu a thagann ar scoil agus Gaeilge mheasartha acu nó a shealbhaíonn an cumas teanga sin ar scoil. Agus tá aon trian eile atá comhdhéanta de dhaltaí sna bunranganna atá díreach tar éis teacht ar scoil ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge agus grúpa eile sna hardranganna nach bhfuil ag éirí leo ach leibhéal íseal Gaeilge a shealbhú. Tagann an patrún seo chun solais i Léaráid 4.6.

Is léir gur treise i bhfad iad na daltaí atá gan aon Ghaeilge sna bunranganna sna scoileanna seo ach go n-éiríonn leis na scoileanna cabhrú le cuid mhaith de na daltaí seo cumas measartha nó maith Gaeilge a shealbhú agus iad sna hardranganna, rud a fhágann ó ranganna 2 agus 3 ar aghaidh gurb iad na daltaí ag a bhfuil cumas measartha nó maith sa Ghaeilge an dá ghrúpa is mó. Tá sé suntasach freisin nach dtagann mórán athruithe ar líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa sna scoileanna seo de réir mar a bhogtar suas sna ranganna. Sna naíonáin mhóra tá Gaeilge líofa ag 2% de na daltaí agus cé go bhfuil Gaeilge líofa ag 5% de na daltaí i rang 6, nuair a chuirtear na ranganna ar fad san áireamh níl ach 3% de dhaltaí na scoileanna seo a mbíonn Gaeilge líofa acu.

LÉARÁID 4.6
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ I SCOILEANNA CHATAGÓIR 'C' DE RÉIR RANGA
(n= 69 Scoil /4544 dalta).



4.3 TÁTAL

Léiríonn na figiúirí thuas go bhfuil na tosca faoina bhfuil bunscoileanna Gaeltachta ag feidhmiú an-éagsúil óna chéile ag brath ar an gceantar ina bhfuil an scoil suite agus ar staid na teanga i measc phobal an cheantair sin. Is léir go n-imríonn sé seo tionchar ar chumas teanga na ndaltaí ar theacht chun na scoile dóibh agus go bhfuil impleachtaí aige freisin don chumas teanga ar féidir a bheith ag súil leis ó na daltaí ar chríochnú a dtréimhse bunscolaíochta dóibh.

Is féidir a bheith ag súil leis freisin, áfach, go mbeidh tionchar ag staid na Gaeilge in abhantrach na scoile ar ghnéithe eile d'fheidhmiú na scoile ar a n-áirítear iompar teanga na ndaltaí agus na múinteoirí, an teanga oibre ag cruinnithe na mbord bainistíochta agus ag cruinnithe tuismitheoirí, teanga agus raon na dtéacsleabhar a bheidh in úsáid, teanga teagaisc na scoile agus polasaí na scoile go ginearálta i leith na Gaeilge. Tiocfaidh an fhianaise seo chun solais sna caibidlí seo a leanas.

caibidil 05

ÚSÁID NA GAEILGE SNA BUNSCOILEANNA

RÉAMHRÁ

Iarradh ar na scoileanna eolas a chur ar fáil dúinn faoi úsáid na Gaeilge i ngnéithe éagsúla d'fheidhmiú na scoile. Orthu seo bhí polasaí Gaeilge sna scoileanna, gnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí i dtimpeallacht na scoile; gnáth-theanga chaidrimh na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile agus ag cruinnithe le tuismitheoirí; agus an teanga oibre ag cruinnithe den bhord bainistíochta agus an teanga oibre a bhíonn ag cruinnithe de choistí tuismitheoirí.

5.2 POLASAÍ GAEILGE NA MBUNSCOILEANNA

Fiafraíodh de na scoileanna an raibh polasaí nó plean Gaeilge ag an scoil. Dúirt 105 scoil go raibh agus 21 scoil nach raibh (Tábla 5.1) (níor fhreagair 3 scoil an cheist). Sna cuairteanna a thugamar ar na scoileanna, mhínigh na príomhoidí i bhformhór na scoileanna gur plean do theagasc na Gaeilge a bhí i gceist acu leis an bplean Gaeilge a luaigh siad. Cé go raibh soláthar déanta sna pleananna Gaeilge seo d'úsáid na Gaeilge i dtimpeallacht na scoile mar thacaíocht do mhúineadh na Gaeilge sa seomra ranga, níorbh ionann iad agus polasaí cuimsitheach scoile i leith na Gaeilge. I scoileanna eile, mhínigh na príomhoidí dúinn go raibh polasaí láidir Gaeilge acu ach nach raibh sé curtha síos go foirmiúil acu i bhfoirm cáipéis polasaí. Dúirt roinnt príomhoidí eile linn go raibh siad ag obair ar a leithéid de pholasaí i láthair na huaire. Dúirt roinnt príomhoidí freisin, go raibh géarghá acu le comhairle maidir le conas a leithéid de pholasaí a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.

TÁBLA 5.1
LÍON NA SCOILEANNA A DÚIRT GO RAIBH POLASAÍ NÓ PLEAN GAEILGE ACU

Contae	Tá	Níl	Iomlán
Gaillimh n=40	30	10	40
Ciarraí n=12	12	0	12
Maigh Eo n=26	22	4	26
Dún na nGall n=35	31	4	35
Port Láirge, An Mhí agus Corcaigh n=13	10	3	13
Iomlán n=126	**105**	**21**	**126**

Cuireadh liosta ar fáil do na scoileanna agus fiafraíodh díobh cé mhéad de na gnéithe de pholasaí Gaeilge ar an liosta a bhí san áireamh i bpolasaí Gaeilge na scoile nó a bhí á chleachtadh acu. Léiríonn na freagraí ar an gceist seo (Tábla 5.2) difríochtaí móra sna cleachtais atá ag scoileanna maidir le polasaí Gaeilge don scoil. Thuairiscigh 92 scoil go raibh plean acu do theagasc na Gaeilge. Is gnás coitianta go maith sna scoileanna polasaí a bheith acu maidir le comharthaíocht agus fógraí sa scoil (93 scoil). Thuairiscigh 81 agus 84 scoil go raibh polasaí acu maidir leis an nGaeilge mar mheán teagaisc agus mar mheán caidrimh i measc na múinteoirí, faoi seach. Thuairiscigh 77 scoil go raibh polasaí acu maidir leis an nGaeilge mar mheán chaidrimh i measc na ndaltaí agus bhí 75 scoil a dúirt go raibh polasaí acu maidir le húsáid na Gaeilge le linn imeachtaí seach-churaclaim. Níl ach 45 scoil a thuairiscigh go raibh an Ghaeilge san áireamh mar chuid de pholasaí iontrála na scoile.

TÁBLA 5.2
LÍON NA SCOILEANNA A THUAIRISCIGH GO RAIBH GNÉITHE ÉAGSÚLA DE PHOLASAÍ GAEILGE SAN ÁIREAMH INA BPOLASAÍ GAEILGE NÓ Á CHLEACHTADH ACU *(n=126)*

Gnéithe san áireamh i bpolasaí/plean Gaeilge na scoile	Líon scoileanna
Úsáid na Gaeilge ar chomharthaí agus ar fhógraí sa scoil	93
Plean do theagasc na Gaeilge	92
An Ghaeilge mar mheán caidrimh i measc na múinteoirí	84
An Ghaeilge mar mheán teagaisc	81
An Ghaeilge mar mheán caidrimh i measc na ndaltaí	77
Úsáid na Gaeilge le linn imeachtaí seach-churaclaim	75
Úsáid na Gaeilge i gcumarsáid le tuismitheoirí	69
Tacaíocht foghlama don Ghaeilge	50
Úsáid na Gaeilge mar mheán oibre an Bhoird Bhainistíochta	48
Úsáid na Gaeilge ag imeachtaí do thuismitheoirí	48
Úsáid na Gaeilge ag múinteoirí tacaíochta agus acmhainne a fhreastalaíonn ar dhaltaí na scoile	47
An Ghaeilge mar chuid de pholasaí iontrála na scoile	45
Úsáid na Gaeilge ag cuairteoirí eile chun na scoile	43
Úsáid na Gaeilge ag speisialtóirí eile a thugann cuairt ar an scoil (mar shampla, foireann an Bhoird Sláinte)	31
Úsáid na Gaeilge mar mheán oibre Choiste na dTuismitheoirí	31
Úsáid na Gaeilge don tacaíocht foghlama	29
Úsáid na Gaeilge don mhúinteoireacht acmhainne	28
Úsáid na Gaeilge mar mheán don tseirbhís tréadchúraim	22

Tá polasaí ag 69 scoil maidir le húsáid na Gaeilge i gcumarsáid le tuismitheoirí. Ach tá líon níos lú scoileanna ann a bhfuil polasaí acu maidir le húsáid na Gaeilge ag imeachtaí do thuismitheoirí (48 scoil). Níl ach 48 scoil a thuairiscigh go raibh polasaí acu maidir le húsáid na Gaeilge mar mheán oibre an Bhoird Bhainistíochta.

Thuairiscigh 50 scoil go raibh polasaí acu i leith tacaíocht foghlama don Ghaeilge. Ní raibh ach 29 agus 28 scoil a thuairiscigh go raibh polasaí acu maidir le húsáid na Gaeilge mar mheán don tacaíocht foghlama agus don mhúinteoireacht acmhainne, faoi seach.

Thuairiscigh 47 scoil go raibh polasaí acu i leith úsáid na Gaeilge ag múinteoirí tacaíochta agus acmhainne a fhreastalaíonn ar dhaltaí na scoile, ach ní raibh ach 43 agus 31 scoil a thuairiscigh go raibh polasaí den chineál céanna acu i leith cuairteoirí agus speisialtóirí eile (mar shampla, foireann an Bhoird Sláinte), faoi seach, a thagann ar cuairt chun na scoile.

5.3 ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC NA NDALTAÍ

Ag breathnú ar na figiúirí go náisiúnta tá an Ghaeilge in uachtar in *circa* leath de na scoileanna agus an Béarla in uachtar sa leath eile. Dúirt 46% de na scoileanna gurbh í an Ghaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Bearla, gnáth-theanga chaidrimh a ndaltaí, agus dúirt 54% gur níos mó Béarla ná Gaeilge, Béarla den chuid is mó nó Béarla amháin an ghnáth-theanga chaidrimh ag na daltaí (Léaráid 5.1).

LÉARÁID 5.1
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA NDALTAÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE *(n=129 scoil)*



I nGaeltachtaí Chiarraí agus na Gaillimhe is mó atá an Ghaeilge in uachtar mar ghnáth-theanga na ndaltaí i dtimpeallacht na scoile, le 71% agus 61% de na scoileanna sa dá cheantar Gaeltachta seo ag rá gurb í an Ghaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla, gnáth-theanga na ndaltaí, mar a léiríonn Tábla 5.1. I nGaeltacht Mhaigh Eo is lú atá an Ghaeilge chun cinn mar ghnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí i dtimpeallacht na scoile le 12% de na scoileanna ansin ag rá gurb í an Ghaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla, gnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí (Tábla 5.1).

TÁBLA 5.3
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA NDALTAÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE DE RÉIR CONTAE

Contae	Gaeilge den chuid is mó	Níos mó Gaeilge ná Béarla	Níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla Amháin	Iomlán
Gaillimh	17 (43%)	7 (18%)	10 (25%)	6 (15%)	0 (0%)	40
Ciarraí	2 (14%)	8 (57%)	4 (29%)	0 (0%)	0 (0%)	14
Maigh Eo	1 (4%)	2 (8%)	14 (54%)	7 (27%)	2 (8%)	26
Dún na nGall	6 (17%)	10 (28%)	12 (33%)	6 (17%)	2 (6%)	36
Port Láirge, An Mhí agus Corcaigh	4 (31%)	3 (23%)	5 (38%)	0 (0%)	1 (0%)	13
Iomlán	30 (23%)	30 (23%)	45 (35%)	19 (15%)	5 (4%)	129

Nuair a bhreathnaítear ar an gceist seo de réir chatagóirí A, B agus C mar atá leagtha amach i gCaibidil 3, faightear pictiúr níos soiléire ar phatrún úsáide na Gaeilge i measc na ndaltaí i dtimpeallacht na scoile (Léaráid 5.2).

LÉARÁID 5.2
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA NDALTAÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE
(n=129 scoil)



Tá an Ghaeilge chun tosaigh mar ghnáth-theanga chaidrimh ag daltaí sna scoileanna i gCatagóir A. Is 87% de na scoileanna seo a thuairiscigh gurb í an Ghaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla, gnáth-theanga na ndaltaí.

Sna scoileanna i gCatagóir B thuairiscigh 67% de na scoileanna gurbh í an Ghaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla, gnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí. Níl Gaeilge den chuid is mó in úsáid ach i 24% de na scoileanna, áfach, i gcomparáid le 54% de na scoileanna i gCatagóir A. Tá an Ghaeilge chun cinn mar ghnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí in 18% de na scoileanna i gCatagóir C, ach bíonn níos mó Béarla ná Gaeilge, Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin in úsáid mar ghnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí i bhformhór na scoileanna seo.

5.4 ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC NA MÚINTEOIRÍ

Is í an Ghaeilge atá chun cinn mar theanga chaidrimh ag na múinteoirí i mbunscoileanna na Gaeltachta. Is 89% de na scoileanna a dúirt gurbh í an Ghaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla, ghnáth-theanga chaidrimh na múinteoirí (Léaráid 5.3). Ní dúirt aon scoil gurb é an Béarla amháin gnáth-theanga chaidrimh na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile agus ní raibh ach 13 scoil (11%) ina raibh níos mó Béarla ná Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó á labhairt ag na múinteoirí.

LÉARÁID 5.3
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ I DTIMPEALLEACHT NA SCOILE *(n=127)*



Bhí céatadán an-ard scoileanna i ngach contae Gaeltachta (os cionn 80%) a dúirt gurbh í an Ghaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó, gnáth-theanga chaidrimh na múinteoirí ach amháin i gcás Ghaeltacht Mhaigh Eo, áit nach ndúirt ach 32% de na scoileanna go raibh an cleachtas teanga seo á leanúint acu (Tábla 5.4). Tá 44% eile de na scoileanna i Maigh Eo ag úsáid níos mó Gaeilge ná Béarla agus 24% acu a úsáideann níos mó Béarla ná Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó.

TÁBLA 5.4
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE DE RÉIR CONTAE

Contae	Gaeilge Amháin	Gaeilge den chuid is mó	Níos mó Gaeilge ná Béarla	Níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla Amháin	Iomlán
Gaillimh	32 (80%)	4 (10%)	2 (5%)	1 (2.5%)	1 (2.5%)	0 (0%)	40
Ciarraí	12 (86%)	2 (14%)	0	0	0	0 (0%)	14
Maigh Eo	2 (8%)	6 (24%)	11 (44%)	4 (16%)	2 (8%)	0 (0%)	25
Dún na nGall	24 (69%)	4 (11%)	3 (9%)	0 (0%)	4 (11%)	0 (0%)	35
Port Láirge, An Mhí agus Corcaigh	10 (77%)	2 (15%)	0	1 (8%)	0 (0%)	0 (0%)	13
Iomlán	80 (62%)	18 (14%)	16 (13%)	6 (5%)	7 (6%)	0 (0%)	127

Nuair a bhreathnaítear ar úsáid na Gaeilge i measc na múinteoirí de réir chatagóir na scoile, feictear gur Gaeilge amháin a bhíonn in úsáid mar theanga chaidrimh sna scoileanna i gCatagóir A. Tá seo amhlaidh freisin i gcás na scoileanna i gCatagóir B, cé go bhfuil roinnt bheag de na scoileanna seo a úsáideann meascán éigin de Ghaeilge agus Bhéarla, ach ar an iomlán gur mó Gaeilge ná Béarla a bhíonn in úsáid iontu. I gcás na scoileanna atá i gCatagóir C, tá 58% de na scoileanna ina n-úsáideann na múinteoirí Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó agus tá 22% eile a úsáideann níos mó Gaeilge ná Béarla. Tá an Béarla in uachtar mar theanga chaidrimh i measc na scoileanna eile i gCatagóir C. Ar an iomlán, áfach, bíonn níos mó Béarla in úsáid i ngnáthchaidrimh na múinteoirí sna scoileanna i gCatagóir C ná mar a bhíonn sna scoileanna eile (Léaráid 5.4).

Ar an iomlán, tá úsaid na Gaeilge níos coitianta i measc na múinteoirí sna scoileanna ar fad ná mar atá sé i measc na ndaltaí.

LÉARÁID 5.4
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE DE RÉIR AN CHATAGÓRA INA BHFUIL AN SCOIL SUITE



NA MÚINTEOIRÍ I MBUN CRUINNITHE LE TUISMITHEOIRÍ

Má fhéachaimid ar theanga na múinteoirí agus iad i mbun cruinnithe le tuismitheoirí, feicimid go bhfuil na scoileanna Gaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge chun tosaigh mar theanga chaidrimh idir na múinteoirí agus na tuismitheoirí ábhairín níos flúirsí ná na scoileanna ina bhfuil an Béarla chun cinn mar theanga chaidrimh (Léaráid 5.5). I 54% de na scoileanna is í an Ghaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla an teanga chaidrimh a bhíonn ag múinteoirí agus iad i mbun cruinnithe le tuismitheoirí. Ní raibh ach 11 scoil (9%) a dúirt gurb é an Béarla amháin a bhí in úsáid ag múinteoirí le tuismitheoirí.

LÉARÁID 5.5
TEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ AG CRUINNITHE LE TUISMITHEOIRÍ *(n= 128)*



Nuair a scrúdaítear an patrún a thagann chun solais trí anailís a dhéanamh ar an ngné seo de réir na gcatagóirí scoile a rianaítear thuas, is léir go bhfuil iompar teanga na múinteoirí le tuismitheoirí ag leibhéal na scoile níos cosúla le hiompar teanga na ndaltaí (Léaráid 5.2) ná mar atá sé le hiompar teanga na múinteoirí (Léaráid 5.4). Cé gur fíor gurb é an rud atá ag tarlú i ngach cás acu ná go bhfuil an Ghaeilge mar theanga chaidrimh ag lagú agus an Béarla ag treisiú de réir mar a bhogtar ó chatagóir A, go B agus go C, níl cosúlacht idir leibhéal úsáide an Bhéarla ach i gcás na ndaltaí agus an chaidrimh idir na múinteoirí agus na tuismitheoirí.

I gcás na scoileanna i gCatagóir A úsáidtear Gaeilge amháin (51%), Gaeilge den chuid is mó (41%) nó níos mó Gaeilge ná Béarla (8%) sa chaidreamh ag cruinnithe le tuismitheoirí. Baintear níos mó úsáide as an mBéarla sa chaidreamh idir tuismitheoirí agus múinteoirí sna scoileanna i gCatagóir B. Níos mó Gaeilge ná Béarla an cleachtas teanga is coitianta sna scoileanna seo (48%), ach tá 43% eile acu a úsáideann Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó. Úsáidtear níos mó Béarla ná Gaeilge sna scoileanna eile. Tá líon beag scoileanna i gCatagóir C a úsáideann Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla, ach is léir ó Léaráid 5.6, gur coitianta go mór úsáid an Bhéarla sa chaidreamh idir múinteoirí agus tuismitheoirí sna scoileanna seo.

LÉARÁID 5.6
TEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ LE TUISMITHEOIRÍ DE RÉIR AN CHATAGÓRA INA BHFUIL AN SCOIL SUITE *(n= 128)*



TEANGA OIBRE NA MBORD BAINISTÍOCHTA

Iarradh ar gach scoil teanga oibre an bhoird bhainistíochta ina scoil a chur in iúl. Léiríonn freagra na ceiste seo (Léaráid 5.7) go bhfuil an Ghaeilge in uachtar in *circa* leath de na boird bhainistíochta i scoileanna na Gaeltachta agus an Béarla in uachtar sa leath eile. Léirigh 53% de na scoileanna gurb í an Ghaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla a bhí in úsáid ag bord bainistíochta na scoile agus 47% de na scoileanna a dúirt go raibh níos mó Béarla ná Gaeilge, Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin in úsáid.

Fiafraíodh de na scoileanna freisin cén cleachtas teanga a lean siad nuair a bhí comhfhreagras le dul ón mBord Bainistíochta nó ón scoil go dtí na tuismitheoirí. As 127 scoil, thuairiscigh 38 (30%) acu gur i nGaeilge amháin a scríobh siad. Thuairiscigh 61 (48%) scoil eile go mbíonn a gcomhfhreagras dátheangach agus dúirt 28 (22%) scoil gur i mBéarla amháin a scríobhann siad chuig tuismitheoirí.

LÉARÁID 5.7
TEANGA OIBRE NA MBORD BAINISTÍOCHTA *(n= 127)*



Nuair a dhéantar anailís ar theanga oibre na mbord bhainistíochta de réir catagóra, tagann an patrún céanna chun cinn agus a tháinig chun solais i gcás ghnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí agus na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile, eadhon, titim in úsáid na Gaeilge agus treisiú in úsáid an Bhéarla de réir mar a bhogtar ó Chatagóir A, go B agus ansin go C. Maidir leis na scoileanna atá i gCatagóir A, is léir gur trí Ghaeilge den chuid is mó atá na boird bhainistíochta ag feidhmiú, le 87% de na scoileanna seo ag rá gur trí Ghaeilge amháin a bhíonn na boird i mbun oibre agus an chuid eile acu ag feidhmiú trí Ghaeilge den chuid is mó nó le níos mó Gaeilge ná Béarla.

I gcás na scoileanna i gCatagóir B, tá 48% de na boird bhainistíochta a bhíonn ag obair trí Ghaeilge amháin agus tá 34% díobh a úsáideann Gaeilge den chuid is mó nó níos mó Gaeilge ná Béarla. Tá 19% de na scoileanna sa chatagóir seo ina bhfeidhmíonn a mbord bainistíochta trí níos mó Béarla ná Gaeilge nó trí Bhéarla den chuid is mó. (Léaráid 5.8)

LÉARÁID 5.8
TEANGA CHAIDRIMH NA MBORD BAINISTIOCHTA DE RÉIR AN CHATAGÓRA INA BHFUIL AN SCOIL SUITE *(n= 127)*



I gCatagóir C, tá líon an-bheag scoileanna (2 scoil nó 3%) ina bhfuil an Ghaeilge amháin mar theanga oibre ag an bord bainistíochta agus dúirt formhór na scoileanna seo (82% acu) gur níos mó Béarla ná Gaeilge, Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin teanga oibre a mbord bainistíochta.

TEANGA OIBRE CHOISTE NA DTUISMITHEOIRÍ

Ar an leibhéal náisiúnta, tá an Béarla chun tosaigh mar theanga oibre ag coistí na dtuismitheoirí i mbunscoileanna na Gaeltachta. Thuairiscigh 35 scoil go raibh coiste tuismitheoirí ag feidhmiú ina scoil agus dúirt 65% acu seo gur níos mó Béarla ná Gaeilge, Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin, an teanga oibre a bhíonn ag cruinnithe na gcoistí sin. Bhí 12 (35%) scoil a dúirt gurb í an Ghaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó nó níos mó Gaeilge ná Béarla an cleachtas teanga a bhí in úsáid (Léaráid 5.9).

LÉARÁID 5.9
TEANGA OIBRE CHOISTE NA DTUISMITHEOIRÍ
(n=35 scoil)



Tá difríocht níos mó le sonrú idir na scoileanna atá sna catagóirí éagsúla nuair a thagann sé go dtí na cleachtais teanga atá in úsáid ag cruinnithe coistí tuismitheoirí ná mar atá sna cleachtais teanga atá in úsáid ag daltaí agus múinteoirí. Is í an Ghaeilge is treise mar theanga oibre ag cruinnithe coistí tuismitheoirí sna scoileanna atá i gCatagóir A. As an 11 coiste tuismitheoirí sa chatagóir seo, dúirt 10 scoil gurb í an Ghaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla, an cleachtas teanga a bhí in úsáid acu. Níos mó Béarla ná Gaeilge an cleachtas is coitianta ag coistí tuismitheoirí sna scoileanna atá i gCatagóir B. Ní raibh ach scoil amháin sa chatagóir seo a dúirt gurb í an Ghaeilge amháin an teanga oibre a bhíonn ag coiste na dtuismitheoirí. Béarla amháin an cleachtas teanga a bhíonn ag formhór na gcoistí tuismitheoirí i gCatagóir C (10 scoil). Tá coiste tuismitheoirí amháin sa chatagóir seo a úsáideann níos mó Gaeilge ná Béarla (Léaráid 5.10)

LÉARÁID 5.10
TEANGA CHAIDRIMH CHOISTE NA DTUISMITHEOIRI DE RÉIR CATAGÓRA



5.8 TÁTAL

Cé go bhfuil plean do theagasc na Gaeilge ag formhór bhunscoileanna na Gaeltachta ag an bpointe seo, níl ach líon an-bheag scoileanna a bhfuil polasaí scríofa Gaeilge acu a chuimsíonn raon leathan gnéithe d'úsáid na Gaeilge i dtimpeallacht agus i ngnóthaí na scoile. Cé go bhfuil polasaí neamhscríofa Gaeilge á fheidhmiú ag formhór na scoileanna, is iondúil nach mbíonn sé chomh cuimsitheach agus a d'fhéadfadh sé a bheith. Ní léir i gcásanna den chineál seo, ach oiread, cén tslat tomhais a bhíonn ag scoileanna le héifeacht a bpolasaí a mheas ná chun déileáil le heisceachtaí in éagmais aon chuspóirí ná aon phróisis chinnte a bheith leagtha síos.

Níl ag éirí le bunscoileanna na Gaeltachta feidhmiú mar institiúidí oideachais lánGhaeilge. Is léir dúshlán mór a bheith le sárú acu maidir le gach gné d'úsáid na Gaeilge i dtimpeallacht agus i ngnóthaí na scoile ar a n-áiritear úsáid na Gaeilge i measc daltaí; an caidreamh le tuismitheoirí na scoile; ag cruinnithe bord bainistíochta agus ag cruinnithe choiste na dtuismitheoirí. Cé go bhfuil úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chaidrimh i measc na múinteoirí i bhfad níos airde ná mar atá sé i measc grúpaí eile de chomhluadar na scoileanna, níl sé chomh hard i gcuid de na scoileanna agus a bheifí ag súil leis i bhfianaise an róil atá acu mar cheannasaithe gairmiúla na scoile.

Níl sé seo amhlaidh i ngach cás, ar ndóigh. Tá roinnt scoileanna, de bharr iad a bheith suite i gceantair láidir Ghaeltachta atá ag feidhmiú, nach mór, go huile agus go hiomlán trí Ghaeilge go fóill. Tá roinnt scoileanna eile ann atá tar éis polasaí láidir Gaeilge a aontú agus atá á chur i bhfeidhm go dúthrachtach. I gcásanna áirithe, tá scoileanna tar éis tarraingt ar na straitéisí a úsáidtear i gcórais tumoideachais chun úsáid na Gaeilge a neartú i measc a gcuid daltaí agus thuairiscigh siad go raibh ag éirí go maith leo.

caibidil 06

CÓIRÍOCHT AGUS ÁISEANNA NA SCOILEANNA

Iarradh ar na scoileanna eolas a chur ar fáil dúinn faoi chóiríocht ghinearálta na scoileanna agus na háiseanna cóiríochta agus teicniúla a bhí ar fáil sa scoil nó a raibh teacht acu orthu sa phobal áitiúil.

6.1 CÓIRÍOCHT GHINEARÁLTA NA MBUNSCOILEANNA

Maidir le cóiríocht na scoile iarradh ar na príomhoidí a dtuairimí a thabhairt faoi chaighdeán na cóiríochta agus úsáid á baint as an scála seo a leanas:

- Staid an-mhaith
- Staid mhaith
- Staid réasúnta
- Drochstaid
- Fíor-dhrochstaid

TÁBLA 6.1
AOIS NA BHFOIRGNEAMH SCOILE

Contae	0 – 10 bl.	11-20 bl.	21-30 bl.	31-40 bl.	41-50 bl.	51-70 bl.	71-90 bl.	91-110 bl.	111-130 bl.	131-160 bl.	Iomlán bl.
Gaillimh	1	0	1	7	6	11	1	3	9	0	39
Ciarraí	0	2	2	3	0	0	3	0	4	0	14
Maigh Eo	0	1	0	11	2	0	2	6	4	0	26
Dún na nGall	0	0	0	5	6	9	8	4	1	1	34
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh	0	2	1	2	1	3	0	2	1	0	12
Iomlán	1	5	4	28	15	23	14	15	19	1	125

As an 125 scoil a d'fhreagair an cheist seo, tá 6 cinn acu a tógadh le scór bliain anuas agus tá 47 scoil eile atá tógtha le idir 21 agus 50 bliain. Tá 72 scoil atá breis agus 50 bliain tógtha (Tábla 6.1). Tá athchóiriú mór déanta ar 109 scoil ó tógadh iad. Rinneadh athchóiriú ar 69 scoil le deich mbliana anuas (Tábla 6.2).

TÁBLA 6.2
LÍON NA SCOILEANNA A BHFUIL ATHCHÓIRIÚ DÉANTA ORTHU AGUS AN LÍON BLIANTA Ó RINNEADH AN T-ATHCHÓIRIÚ IS DEIREANAÍ

Contae	0-10 bl.	11-20 bl.	21-30 bl.	31-40 bl.	41-50 bl.	51 + bl.	Iomlán
Gaillimh	19	9	6	1	0	0	35
Ciarraí	7	1	2	0	1	0	11
Maigh Eo	19	4	0	0	0	0	23
Dún na nGall	18	8	1	0	2	1	30
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh	6	4	0	0	0	0	10
Iomlán	69	26	9	1	3	1	109

Tá dhá thrian de na príomhoidí a mheasann go bhfuil a scoil i staid mhaith nó an-mhaith. Measann 22% eile acu go bhfuil a scoil i staid réasúnta. Tá 15 scoil (12%) a tuairiscíodh a bheith i ndrochstaid nó i bhfíor-dhrochstaid. Tá formhór na scoileanna seo (10 scoil as an 15) i nGaeltacht Dhún na nGall.

TÁBLA 6.3
STAID CHÓIRÍOCHTA NA SCOILEANNA

Contae	Staid An-Mhaith	Staid Mhaith	Staid Réasúnta	Drochstaid	Fíor - Dhrochstaid	Iomlán
Gaillimh	10 (25%)	17 (43%)	10 (25%)	3 (8%)	0	40
Ciarraí	4 (29%)	5 (36%)	4 (29%)	1 (7%)	0	14
Maigh Eo	12 (46%)	7 (27%)	6 (23%)	1 (4%)	0	26
Dún na nGall	7 (19%)	12 (33%)	7 (19%)	5 (14%)	5 (14%)	36
Port Láirge, An Mhí & Corcaigh	9 (69%)	2 (15%)	2 (15%)	0	0	13
Iomlán	42 (33%)	43 (33%)	29 (22%)	10 (8%)	5 (4%)	129

Thuairiscigh 62% de na scoileanna (70 as 113 scoil) go bhfuil athchóiriú/forbairt ar an scoil á lorg nó á bheartú acu. Bhí 6 scoil a bhí ag lorg foirgnimh úra don scoil. I gcás scoile amháin acu seo bhí an obair thógála idir lámha ag an am a raibh an ceistneoir á chomhlíonadh acu agus i gcás scoile eile bhí a n-iarratas ag staid 4 de chóras forbartha na Roinne. Bhí 8 scoil ag beartú athchóiriú éigin ar struchtúr na scoile, mar shampla: obair ar an díon agus fuinneoga agus doirse nua. Bhí 7 scoil a raibh athchóiriú/forbairt éigin á bheartú acu i dtimpeallacht sheachtrach na scoile, mar shampla, páirc imeartha, clós na scoile, carrchlós nó cosáin timpeall na scoile. Bhí 2 scoil ag beartú athchóiriú/forbairt ar halla scoile agus bhí 3 scoil ag lorg spás breise oifige, seomra ranga agus/nó spás leabharlainne. Tá 18 scoil ag lorg athchóirithe/forbairt ar sheomraí ranga breise agus tá 25 scoil atá ag beartú forbairtí a chuimsíonn athchóiriú ginearálta agus/nó forbairt ar mheascán de na háiseanna atá luaite thuas (Tábla 6.4)

TÁBLA 6.4
AN CINEÁL FORBARTHA/ATHCHÓIRITHE ATÁ IDIR LÁMHA NÓ BEARTAITHE AG BUNSCOILEANNA GAELTACHTA *(n=113)*

Forbairtí nó athchóiriú atá idir lámha nó beartaithe	Líon scoileanna
Foirgneamh úr don scoil.	6
Athchóiriú ar struchtúr na scoile (díon, fuinneoga, doirse, rochtain do chathaoir rothaí &rl.)	8
Leithris	1
Áiseanna lasmuigh den scoil (páirceanna imeartha, cosáin, clós na scoile, carrchlós &rl)	7
Seomraí breise (seomraí ranga, seomraí ilghnéitheacha, seomraí don mhúinteoir acmhainne/tacaíochta)	18
Halla scoile	2
Spás oifige, seomra foirne, spás leabharlainne	3
Meascán de na gnéithe thuas agus/nó obair athchóirithe ginearálta	25
Iomlán	70

Tá na hiarratais a bhaineann leis na forbairtí seo ag staideanna éagsúla (Tábla 6.5). Bhí 17 scoil nach raibh ach tosaithe ag plé na bhféidearthachtaí a bhain leis an bhforbairt nó a bhí fós ag réiteach iarratais le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Bhí 19 scoil a raibh a n-iarratas curtha faoi bhráid na Roinne acu agus a bhí ag fanacht le scéala ar ais. Bhí 12 scoil a raibh a n-iarratas ag staideanna éagsúla de phróiseas forbartha na Roinne agus bhí an obair thógála idir lámha i gcás 2 de na scoileanna seo. Bhí 22 scoil nár thuairiscigh cén staid ag a raibh a n-iarratas.

TÁBLA 6.5
STAID NA N-IARRATAS AR OBAIR ATHCHÓIRITHE/FORBARTHA I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Forbairtí nó athchóiriú atá idir lámha nó beartaithe	Líon scoileanna
Tá an scoil díreach tosaithe ag plé an gá atá leis an bhforbairt/athchóiriú	6
Tá iarratas á ullmhú le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais & Eolaíochta	11
Tá iarratas curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais & Eolaíochta	19
Tá an fhorbairt/athchóiriú ar liosta na Roinne do 2004	2
Tá an t-iarratas ag Céim 2-4 de chóras na Roinne	8
Tá an fhorbairt/athchóiriú idir lámha	2
Ní fios	22
Iomlán	70

Bhí 22 scoil ábalta meastachán a chur ar an obair athchóirithe/forbartha a bhí beartaithe. Léiríonn Tábla 6.6 líon na scoileanna agus raon na suimeanna atá i gceist.

TÁBLA 6.6
RAON NA GCOSTAS MEASTA AR OBAIR ATHCHÓIRITHE/FORBAIRTÍ ATÁ BEARTAITHE AG SCOILEANNA GAELTACHTA

Costas Measta	Líon na scoileanna
4,000 - 10,000	4
11,000 - 50,000	6
51,000 – 100,000	3
101,000 – 500,000	5
501,000 – 2,000,000	4

6.2 ÁISEANNA CÓIRÍOCHTA SNA BUNSCOILEANNA

Léiríonn Tábla 6.7 na háiseanna atá ar fáil sna scoileanna. Tá aon trian de na scoileanna nach bhfuil seomra oiriúnach acu don tacaíocht foghlama agus beagnach leath acu (47%) nach bhfuil aon seomra foirne acu. Tá 59% de na scoileanna a thuairiscigh nach bhfuil páirc pheile acu. Níl seomra ilghnéitheach ach ag 30% de na scoileanna. Níl leabharlann ach ag 28% de na scoileanna. Is fíorbheag an líon scoileanna a bhfuil na háiseanna seo a leanas acu: seomra ríomhaireachta (12%); halla spóirt (19%); halla siamsaíochta/drámaíochta (18%); halla tionóil (15%); bialann (4%); seomra ceoil (7%); oifig don phríomhoide (23%); oifig don rúnaí (20%); oifig chun bualadh le tuismitheoirí a thagann chun na scoile (16%).

TÁBLA 6.7
LÍON NA MBUNSCOILEANNA A BHFUIL ÁISEANNA ÉAGSÚLA ACU

Áis	Líon bunscoileanna a bhfuil an áis acu	Líon bunscoileanna nach bhfuil an áis acu
Leabharlann	36 (28%)	91 (72%)
Seomra tacaíochta foghlama	83 (66%)	43 (34%)
Seomra ríomhaireachta	15 (12%)	111 (88%)
Halla Spóirt	24 (19%)	103 (81%)
Halla Siamsaíochta/drámaíochta	23 (18%)	104 (82%)
Halla Tionóil	19 (15%)	107 (85%)
Seomra ilghnéitheach	37 (30%)	86 (70%)
Bialann	5 (4%)	122 (96%)
Seomra ceoil	9 (7%)	118 (93%)
Seomra foirne	66 (53%)	59 (47%)
Oifig don phríomhoide	29 (23%)	99 (77%)
Oifig don rúnaí	25 (20%)	100 (80%)
Oifig chun bualadh le tuismitheoirí a thagann chun na scoile	20 (16%)	103 (84%)
Oifig do mhúinteoirí tacaíochta agus do speisialtóirí eile a thagann chun na scoile	26 (21%)	99 (79%)
Seomra stórála	57 (45%)	69 (55%)
Clós spraoi/spóirt lasmuigh	124 (97%)	4 (3%)
Páirc Pheile	52 (41%)	75 (59%)

Nuair a bhreathnaítear ar na háiseanna atá ar fáil sna scoileanna de réir mhéid na scoile feictear gur lú áiseanna atá ar fáil sna scoileanna 1-3 oide ná mar atá sna scoileanna eile. Tá an céatadán de na scoileanna seo a bhfuil seomra tacaíochta foghlama, seomra ríomhaireachta, halla spóirt/siamsaíochta/drámaíochta, seomra foirne, oifig don phríomhoide, oifig don rúnaí, seomra stórála, agus páirc peile acu, níos ísle i ngach cás ná mar atá i gcás na scoileanna níos lú.

TÁBLA 6.8
ÁISEANNA NA SCOILEANNA DE RÉIR MHÉID NA SCOILE

Áis	Méid na scoile			
	1-3 oide	4 oide	5-8 n-oide	9-11 oide
Leabharlann	33%	15%	16%	50%
Seomra tacaíochta foghlama	56%	92%	84%	75%
Seomra ríomhaireachta	8%	17%	20%	25%
Halla Spóirt	9%	33%	32%	100%
Halla Siamsaíochta/drámaíochta	10%	33%	32%	50%
Halla Tionóil	80%	25%	40%	50%
Seomra ilghnéitheach	29%	42%	17%	75%
Bialann	3%	8%	0%	25%
Seomra ceoil	8%	0%	8%	0%
Seomra foirne	39%	92%	71%	100%
Oifig don phríomhoide	15%	46%	24%	100%
Oifig don rúnaí	12%	27%	32%	100%
Oifig chun bualadh le tuismitheoirí a thagann chun na scoile	17%	9%	21%	0%
Oifig do mhúinteoirí tacaíochta agus do speisialtóirí eile a thagann chun na scoile	19%	9%	33%	25%
Seomra stórála	34%	77%	56%	100%
Clós spraoi/spóirt lasmuigh	97%	100%	96%	100%
Páirc peile	33%	69%	54%	50%

Nuair nach mbíonn na háiseanna ar fad ar fáil i ngach scoil úsáideann na scoileanna seifteanna éagsúla le dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhíonn acu. Nuair nach mbíonn leabharlann ar fáil, mar shampla, stóráiltear roinnt bheag leabhar i ngach seomra ranga; i gcásanna áirithe, úsáidtear spás oifige mar sheomra ranga don mhúinteoir tacaíochta foghlama agus don mhúinteoir acmhainne; agus baineann scoileanna úsáid as áiseanna atá ar fáil sa phobal, ar nós páirceanna peile agus hallaí siamsaíochta, chun freastal ar a riachtanais áirithe. Ar an iomlán, déanann na scoileanna iarracht feidhmiú chomh maith agus is féidir leo laistigh de na háiseanna atá acu agus ar an mbealach seo cuirtear suas le cuid mhaith de na fadhbanna a bhíonn i gceist.

Ní féidir gach deacracht a réiteach ar an gcaoi seo, áfach, agus chuige sin, fiafraíodh de na scoileanna an raibh áiseanna oiriúnacha acu nó ar fáil dóibh do raon gníomhaíochtaí scoile nach féidir a riaradh le lán-éifeacht sa ghnáthsheomra ranga i gcónaí. Thuairiscigh dhá thrian nó níos mó de na scoileanna nach bhfuil áiseanna oiriúnacha acu ná ar fáil dóibh chun gníomhaíochtaí spóirt laistigh a reáchtáil (73%); chun seirbhís tréadchúraim a chur ar fáil do na daltaí (68%); nó chun gníomhaíochtaí corpoideachais a reáchtáil (62%). Thuairiscigh idir leath agus dhá thrian de na scoileanna nach bhfuil áiseanna oiriúnacha acu chun bualadh le tuismitheoirí ina n-aonair chun dul chun cinn a leanaí a phlé (51%); chun imeachtaí drámaíochta a reáchtáil (58%); nó chun imeachtaí ceoil a reáchtáil (53%). Thuairiscigh 36% de na scoileanna nach bhfuil spás oiriúnach acu do mhúinteoirí tacaíochta foghlama, do mhúinteoirí acmhainne agus do speisialtóirí eile a thagann ar cuairt chun na scoile. Ina theannta sin, tá sciar suntasach de na scoileanna nach bhfuil áiseanna oiriúnacha acu le haghaidh imeachtaí spóirt lasmuigh (28%); le haghaidh cruinnithe tuismitheoirí a reáchtáil (30%); agus le haghaidh cruinnithe den bhord bainistíochta a reáchtáil (20%) (Tábla 6.9).

TÁBLA 6.9
ÁISEANNA CÓIRÍOCHTA SNA SCOILEANNA DO GHNÍOMHACHTAÍ FAOI LEITH

Áis	Tá	Níl
Spás oiriúnach do mhúinteoirí tacaíochta, do mhúinteoirí acmhainne agus do speisialtóirí eile.	82 (64%)	46 (36%)
Spás oiriúnach chun bualadh le tuismitheoirí aonair chun dul chun cinn a leanaí a phlé	62 (49%)	65 (51%)
Spás oiriúnach chun seirbhís tréadchúraim a chur ar fáil do na daltaí	35 (32%)	73 (68%)
Gníomhaíochtaí corpoideachais	47 (38%)	78 (62%)
Imeachtaí drámaíochta	52 (42%)	71 (58%)
Imeachtaí ceoil	56 (47%)	64 (53%)
Imeachtaí spóirt laistigh	33 (27%)	91 (73%)
Imeachtaí spóirt lasmuigh	91 (72%)	35 (28%)
Cruinnithe tuismitheoirí	87 (70%)	37 (30%)
Cruinnithe den bhord bainistíochta	101 (80%)	26 (20%)

Ina fhianaise seo, iarradh ar na scoileanna an raibh aon chuid de Churaclam na Bunscoile nach féidir leo a theagasc go héifeachtach de bharr easpa áiseanna cóiríochta. Thuairiscigh 89 scoil go raibh deacracht acu le gné éigin den churaclam bunscoile a theagasc go héifeachtach de bharr easpa áiseanna cóiríochta. Is iad corpoideachas agus drámaíocht an dá ghné is mó a mbíonn deacracht ag scoileanna leo. Thuairiscigh 65 scoil nach bhfuil áiseanna cóiríochta oiriúnacha acu chun corpoideachas a dhéanamh laistigh den scoil agus go mbíonn orthu é a dhéanamh sa chlós, rud a fhágann nach féidir leo é a dhéanamh nuair a bhíonn an aimsir go dona. Thuairiscigh líon beag scoileanna nach bhfuil spás oiriúnach acu don chorpoideachas laistigh ná lasmuigh den scoil.

Thuairiscigh 29 scoil nach acmhainn dóibh gné drámaíochta an churaclaim a theagasc go héifeachtach de bharr easpa spáis oiriúnaigh. Is iad na gnéithe eile a mbíonn deacracht ag scoileanna leo ná spórt (15 scoil); ríomhaireacht (12 scoil); eolaíocht (11 scoil); ealaín (7 scoil); ceol (6 scoil); agus damhsa (2 scoil).

Cé gur bhain an cheist seo go sonrach le háiseanna cóiríochta, luaigh roinnt scoileanna go mbíonn deacracht acu aon chuid den churaclam bunscoile (an Ghaeilge san áireamh) a theagasc go héifeachtach de bharr a laghad áiseanna teagaisc agus ábhar léitheoireachta breise atá ar fáil i nGaeilge.

6.3 ÁISEANNA TEICNIÚLA NA SCOILEANNA

Is iad na háiseanna teicniúla is coitianta sna scoileanna ná seinnteoirí dlúthdhioscaí (289), téipthaifeadáin (287); fístaifeadáin (208); agus teilifís (246). Tá ceann amháin acu seo ar a laghad i bhformhór na scoileanna. Tá inneall cóipeála ar fáil i ngach scoil freisin.

TÁBLA 6.10
ÁISEANNA TEICNIÚLA SNA BUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Áiseanna	An líon bunscoileanna ina bhfuil ceann amháin, ar a laghad, de na háiseanna seo ar fáil	An líon de na háiseanna seo atá ar fáil sna bunscoileanna
Osteilgeoir n=129	54	71
Teilgeoir Ilmheán n=128	28	30
Teilifís n=129	129	246
Fístaifeadán n=128	126	208
Seinnteoir DVD n=127	55	71
Seinnteoir Dlúthdhiosca n=127	118	289
Téipthaifeadán n=125	123	287
Inneall cóipeála n=128	128	141
Inneall Facs n=128	45	45

Tá sciar maith de na bunscoileanna, áfach, atá fós gan bunáiseanna teicniúla. Níor thuairiscigh ach 54 scoil agus 28 scoil go raibh osteilgeoir agus teilgeoir ilmheán acu, faoi seach. Tá inneall facs ag 45 scoil agus tá seinnteoir DVD le fáil i 55 scoil.

TÁBLA 6.11
EOLAS FAOI LÍON NA RÍOMHAIRÍ I MBUNSCOILEANN A GAELTACHTA

Líon ríomhairí	An líon scoileanna a bhfuil an líon seo ríomhairí acu do na daltaí	An líon scoileanna a bhfuil an líon seo ríomhairí acu do na múinteoirí	An líon scoileanna ina bhfuil an líon seo ríomhairí ceangailte leis an idirlíon
0	0	46	2
1	0	49	44
2	3	17	29
3	10	4	14
4	15	1	9
5	34	2	9
6	19	0	4
7	9	1	2
8	8	1	3
9	2	1	2
10	14	3	
11	3	1	1
12	2	0	1
13	3	1	4
14	0		
15	2		
16	0		1
20	1		1
24	1		
28	1		
Iomlán	127	127	126

Tá ar a laghad dhá ríomhaire ar fáil i ngach scoil do na daltaí. Is 28 ríomhaire an líon is mó ríomhairí atá in aon scoil. As 126 scoil tá ar a laghad ríomhaire amháin sa scoil ceangailte leis an idirlíon i 44 acu agus tá dhá ríomhaire nó níos mó ceangailte leis an idirlíon i gcás 80 scoil. Níl ach dhá scoil atá gan ceangal leis an idirlíon (Tábla 6.11). Tá difríocht mhór idir scoileanna éagsúla i dtaca leis an gcóimheas dalta:ríomhaire atá acu mar a léirítear Tábla 6.12. Tá 46 scoil nach bhfuil ríomhaire ar leith ar fáil do na múinteoirí iontu agus 49 scoil eile nach bhfuil ach ríomhaire amháin ar fáil do na múinteoirí iontu (Tábla 6.11).

TÁBLA 6.12
AN CÓIMHEAS DALTA: RÍOMHAIRE SNA BUNSCOILEANNA

Daltaí sa scoil in aghaidh gach ríomhaire	1 –5	6 – 10	11 – 15	16 – 20	20 +
Líon scoileanna leis an gcóimheas seo	37	47	29	4	9
Raon líon na ndaltaí ag freastal ar na scoileanna leis an gcoibhneas seo	10 – 82	14 – 136	42 – 182	50 – 97	79 - 315

Tá ríomhairí na ndaltaí nasctha lena chéile i 37 (29%) scoil. Tá seoladh ríomhphoist ag 118 (92%) scoil. Níl láithreán gréasáin dá cuid féin ach ag 27 (21%) scoil.

caibidil 07

ÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA SCOILEANNA

7.1 AN PICTIÚR NÁISIÚNTA

Iarradh ar na scoileanna eolas a chur ar fáil dúinn faoi na háiseanna teagaisc a bhí in úsáid acu do na hábhair éagsúla i ngach rang. Mar a fheictear ó Thábla 7.1 agus ó Léaráid 7.1, ní bhaintear úsáid as téacs foirmiúil de chineál ar bith i bhformhór na ranganna ealaíne, drámaíochta agus corpoideachais. Is amhlaidh atá freisin i gcás 68% de na ranganna ceoil, agus 41% de na ranganna OSPS, agus i gcás 16% agus 29% de na ranganna staire agus tíreolaíochta.

TÁBLA 7.1
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR ÁBHAR

Ábhar	Téacsleabhair			Nótaí an mhúinteora agus áiseanna teagaisc eile[6].
	Gaeilge	Béarla	Gaeilge & Béarla	
Matamaitic (n= 889 Seisiún ranga)[7]	45%	45%	9%	1%
Stair (n= 655 Seisiún ranga)	39%	41%	4%	16%
Tíreolaíocht (n= 657 Seisiún ranga)	19%	44%	8%	29%
Eolaíocht (n= 829 Seisiún ranga)	36%	31%	4%	29%
Ealaín (n= 763 Seisiún ranga)	0	10%	0	90%
Ceol (n= 816 Seisiún ranga)	5%	23%	4%	68%
Drámaíocht (n= 776 Seisiún ranga)	4%	7%	3%	86%
Corpoideachas (n= 795 Seisiún ranga)	6%	5%	0	89%
OSPS (n= 823 Seisiún ranga)	27%	25%	7%	41%
Reiligiún (n= 884 Seisiún ranga)	41%	50%	2%	7%

[6] Cuimsíonn an catagóir seo nótaí an mhúinteora, scéimeanna na scoile, fótachóipeanna, acmhainní ón leabharlann, agus meascán áiseanna eile.

[7] Is ionann líon na seisiún ranga agus an t-ábhar méadaithe faoi líon na ranganna ina bhfuil an t-ábhar á theagasc méadaithe faoi líon na scoileanna a chuir eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

Úsáidtear téacs foirmiúil de chineál éigin i bhformhór na ranganna matamaitice agus reiligiúin. Is sa dá ábhar seo freisin is mó a úsáidtear téacsleabhair Ghaeilge. Úsáidtear téacsleabhair Ghaeilge i 45% de na ranganna i gcás na matamaitice agus i 41% de na ranganna i gcás an reiligiúin. Is amhlaidh atá freisin i gcás 39% de na ranganna staire, i gcás 36% de na ranganna eolaíochta, i gcás 27% de na ranganna OSPS agus i gcás 19% de na ranganna tíreolaíochta. I roinnt bheag de na ranganna úsáidtear meascán de théacsleabhair Ghaeilge agus Bhéarla. Is sa mhatamaitic, sa tíreolaíocht agus san OSPS is mó a tharlaíonn sé seo.

LÉARÁID 7.1
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR ÁBHAR



Nuair a bhreathnaítear ar raon na dtéacsleabhar atá in úsáid sna hábhair éagsúla de réir ranga feictear nach n-úsáidtear aon téacsleabhar foirmiúil do bheagnach leath na seisiún ranga sna ranganna ó naíonáin bheaga suas go dtí rang 2 (Tábla 7.2). Laghdaíonn an céatadán seo beagán sna ranganna ó rang 2 go dtí rang 6, ach fiú sna ranganna sin ní úsáidtear aon téacsleabhar foirmiúil in idir 42% agus 44% de na ranganna (Léaráid 7.2).

TÁBLA 7.2
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR RANGA

Rang	Téacsleabhair			Nótaí an mhúinteora agus áiseanna teagaisc eile[6].
	Gaeilge	Béarla	Gaeilge & Béarla	
Naíonáin Bheaga (n= 864 Seisiún ranga)[8]	24%	25%	2%	48%
Naíonáin Mhóra (n= 891 Seisiún ranga)	23%	24%	3%	49%
Rang 1 (n= 906 Seisiún ranga)	23%	26%	3%	48%
Rang 2 (n= 943 Seisiún ranga)	21%	26%	4%	49%
Rang 3 (n= 1071 Seisiún ranga)	23%	30%	5%	42%
Rang 4 (n= 1084 Seisiún ranga)	21%	29%	5%	44%
Rang 5 (n= 1045 Seisiún ranga)	22%	31%	5%	43%
Rang 6 (n= 1083 Seisiún ranga)	22%	30%	6%	42%

[8] Is ionann líon na seisiún ranga sa chás seo agus líon na ranganna méadaithe faoi líon na scoileanna a chuir eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

Tá úsáid téacsleabhar Gaeilge cothrom go maith sna ranganna ó naíonáin bheaga go rang 6 (Léaráid 7.2). Ar an iomlán tá téacsleabhair Ghaeilge in úsáid mar phríomháis teagaisc in idir 21% agus 24% de na ranganna. Méadaíonn líon na ranganna ina bhfuil téacsanna Gaeilge agus Béarla in úsáid mar phríomháis teagaisc go leanúnach ó 2% i rang na naíonán beag go dtí 6% i rang 6. Tagann méadú ar líon na ranganna ina n-úsáidtear téacsleabhair Bhéarla amháin de réir mar a théitear suas ó naíonáin bheaga go dtí rang 6. Méadaíonn an bhearna idir líon na seisiún ranga ina n-úsáidtear téacsanna Gaeilge amháin agus téacsanna Béarla amháin ó 1% i rang na naíonán mór go dtí 9% i rang 5 (Léaráid 7.2)

LÉARÁID 7.2
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR RANGA



7.2 ÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS DE RÉIR ÁBHAR

Nuair a scrúdaítear raon na n-áiseanna teagaisc atá in úsáid sna scoileanna sna catagóirí éagsúla atá rianaithe i gCaibidil 4 thuas, tá difríochtaí suntasacha le feiceáil eatarthu (Tábla 7.3 agus Léaráidí 63A-C). Níl difríocht mhór le sonrú san úsáid a bhaintear as téacsleabhair Ghaeilge amháin idir scoileanna Chatagóir A agus scoileanna Chatagóir B, cé go mbaintear níos lú úsáide as téacsleabhair Ghaeilge sna scoileanna atá i gCatagóir B don stair, don tíreolaíocht, don drámaíocht agus don reiligiún. Is é a mhalairt atá fíor i gcás na matamaitice, áfach, áit a mbaineann 80% de scoileanna Chatagóir B úsáid as téacsleabhar Gaeilge i gcomparáid le 60% de na scoileanna i gCatagóir A. Tá beagán níos mó úsáide á baint ag scoileanna Chatagóir B as téacsleabhair Ghaeilge don eolaíocht agus don OSPS, freisin.

TÁBLA 7.3
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS ÁBHAR

Ábhar	Téacsleabhair Ghaeilge			Téacsleabhair Bhéarla			Téacsanna Béarla & Gaeilge			Gan téacs foirmiúil		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Matamaitic	60%	80%	26%	27%	8%	65%	11%	12%	7%	2%	0%	2%
Stair	60%	53%	24%	11%	22%	60%	7%	3%	2%	22%	22%	14%
Tíreolaíocht	31%	27%	10%	17%	30%	61%	12%	6%	6%	40%	37%	23%
Eolaíocht	51%	53%	22%	10%	16%	47%	9%	4%	2%	30%	27%	29%
Ealaín	0%	0%	0%	7%	5%	12%	0%	0%	0%	93%	95%	88%
Ceol	5%	5%	5%	23%	22%	23%	5%	5%	3%	67%	69%	69%
Drámaíocht	6%	2%	3%	5%	6%	9%	2%	5%	3%	87%	87%	85%
Corpoideachas	6%	8%	5%	0%	6%	7%	0%	0%	1%	93%	85%	87%
OSPS	39%	41%	16%	7%	8%	39%	4%	8%	7%	50%	43%	38%
Reiligiún	81%	74%	11%	3%	19%	82%	1%	4%	3%	15%	4%	4%

Tá céatadán na dtéacsleabhar Gaeilge atá in úsáid i scoileanna Chatagóir C i bhfad níos ísle ná mar atá sna scoileanna eile. Is don mhatamaitic, don stair agus don eolaíocht is mó atá téacsleabhair Ghaeilge in úsáid sna scoileanna seo, ag 26%, 24% agus 22% faoi seach.

Úsáidtear téacsleabhair Bhéarla don mhatamaitic i 27% de na seisiúin ranga i scoileanna Chatagóir A, i gcomparáid le 8% de na seisiúin ranga i scoileanna Chatagóir B. I gcás na staire, na tíreolaíochta, na heolaíochta agus an reiligiúin, áfach, tá níos mó úsáide á baint as téacsanna Béarla i scoileanna Chatagóir B. Tá an úsáid, atá á baint ag an dá chineál scoile seo as téacsleabhair Bhéarla sna hábhair eile, réasúnta cothrom agus faoi bhun 10% i ngach ábhar, ach amháin sa cheol áit a n-úsáidtear téacsleabhair Bhéarla i 23% agus 22% de na seisiúin ranga sna scoileanna i gCatagóir A agus B, faoi seach.

Is árd an úsáid atá á baint as téacsleabhair Bhéarla i gcatagóir C, i gcomparáid leis na scoileanna eile, ach amháin i gcás an cheoil, na drámaíochta agus an chorpoideachais. Is don reiligiún is mó atá téacsleabhair Bhéarla in úsáid ag na scoileanna seo.

Ar an iomlán, baintear beagán níos mó úsáide as meascán de théacsleabhair Ghaeilge agus Bhéarla i scoileanna Chatagóir A ná mar a dhéantar sa dá chineál scoile eile. Tá seo fíor ach amháin i gcás na matamaitice, na drámaíochta agus an OSPS. Baintear beagán níos mó úsáide as téacsleabhair Bhéarla agus Ghaeilge don mhatamaitic agus don drámaíocht i scoileanna Chatagóir B ná mar a dhéantar i scoileanna Chatagóir A. Tá leibhéal na húsáide, a bhaintear as téacsleabhair Ghaeilge agus Bhéarla don OSPS i scoileanna Chatagóir B agus C, cothrom go maith ag 8% agus 7%, faoi seach.

LÉARÁID 7.3a
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A DE RÉIR ÁBHAR



LÉARÁID 7.3b
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B DE RÉIR ÁBHAR



LÉARÁID 7.3c
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C DE RÉIR ÁBHAR



7.3 ÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS DE RÉIR RANGA

Nuair a scrúdaítear raon na n-áiseanna teagaisc atá in úsáid sna scoileanna de réir ranga, is léir arís nach bhfuil an oiread sin de dhifríocht i leibhéal na húsáide atá scoileanna i gCatagóir A agus scoileanna i gCatagóir B a bhaint as téacsleabhair Ghaeilge (Tábla 7.4 agus Léaráidí 64A-C). I gcás scoileanna i gCatagóir A, úsáidtear téacsleabhair Ghaeilge i dtimpeall aon trian de na seisiúin ranga agus is beag athrú a thagann air seo sna ranganna ó naíonáin bheaga suas go rang 6. Tá athrú níos mó le feiceáil sa phatrún ó rang go rang sna scoileanna a bhaineann le Catagóir B, ach anseo arís is timpeall aon trian de na seisiúin ranga atá i gceist le formhór na ranganna, seachas naíonáin bheaga agus rang 3, ina n-úsáidtear téacsanna Gaeilge i 38% agus 42% de na seisiúin ranga faoi seach. Úsáidtear téacsleabhair Ghaeilge in idir 11% agus 14% de na seisiúin ranga sna scoileanna i gCatagóir C, agus ní thagann mórán athraithe air seo ó rang go rang.

TÁBLA 7.4
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS RANGA

	Téacsleabhair Ghaeilge			Téacsleabhair Bhéarla			Téacsanna Béarla & Gaeilge			Gan téacs foirmiúil		
Rang	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Naíonáin Bheaga	34%	38%	14%	11%	12%	37%	2%	6%	2%	53%	45%	48%
Naíonáin Mhóra	34%	35%	14%	9%	12%	37%	3%	6%	2%	55%	48%	46%
Rang 1	35%	34%	13%	11%	12%	39%	2%	4%	2%	52%	49%	46%
Rang 2	33%	33%	12%	11%	13%	38%	4%	5%	3%	52%	48%	47%
Rang 3	36%	42%	11%	12%	13%	43%	7%	3%	4%	46%	42%	41%
Rang 4	32%	35%	11%	12%	14%	43%	8%	5%	4%	48%	46%	42%
Rang 5	35%	35%	12%	12%	17%	44%	7%	3%	4%	46%	45%	40%
Rang 6	35%	31%	13%	11%	17%	44%	7%	6%	5%	47%	47%	39%

Úsáidtear téacsleabhair Bhéarla in idir 9% agus 12% de na seisiúin ranga i scoileanna Chatagóir A agus ní thagann mórán athraithe ar leibhéal na húsáide sin ó rang go rang. I scoileanna Chatagóir B úsáidtear téacsleabhair Bhéarla i 12% de na bunranganna agus ardaíonn sé seo go leanúnach go 17% i rang 5 agus rang 6. Tagann ardú leanúnach, freisin, ar an gcéatadán de na seisiúin ranga i scoileanna Chatagóir C ina n-úsáidtear téacsleabhair Bhéarla ó 37% i rang na naíonán beag go dtí 44% i rang 6.

LÉARÁID 7.4a
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A DE RÉIR RANGA



LÉARÁID 7.4b
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B DE RÉIR RANGA



LÉARÁID 7.4c
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C DE RÉIR RANGA



Is iad na scoileanna i gCatagóir A is mó nach n-úsáideann téacsanna foirmiúla agus is amhlaidh atá do na ranganna ar fad nach mór. Ardaíonn leibhéal na húsáide a bhaintear as téacsanna foirmiúla de réir mar a théitear suas na ranganna sna scoileanna a bhaineann le Catagóirí A agus C, rud nach bhfuil fíor i gcás na scoileanna a bhaineann le Catagóir B. Ar an iomlán is mó úsáid a bhaintear as téacsanna foirmiúla sna scoileanna i gCatagóir C ná sna scoileanna eile.

7.4 TÁTAL

Tá leibhéal na húsáide, atá á bhaint as na téacsleabhair Ghaeilge atá ar fáil don mhatamaitic, don stair, don eolaíocht agus don reiligiún, ard go maith sna scoileanna i gCatagóir A agus i gCatagóir B agus ar an iomlán tá téacsleabhair Ghaeilge in úsáid i mbeagán os cionn aon trian de na seisiúin ranga sna scoileanna seo. I gcás na scoileanna i gCatagóir C tá téacsleabhair Ghaeilge in úsáid acu i dtimpeall 12% de na seisiúin ranga ar an iomlán agus tá siad ag úsáid téacsleabhair Ghaeilge don cheathrú cuid de na seisiúin ranga staire agus matamaitice. I gcás na matamaitice thuairiscigh cuid de na scoileanna go raibh siad tosaithe ag úsáid téacsleabhair Bhéarla le deireanaí de bharr nach bhfuil téacsleabhar Gaeilge bunaithe ar an siollabas reatha don ábhar ar fáil go fóill. Mar sin tá seans go raibh leibhéal na húsáide, a bhí á bhaint as téacsleabhair Ghaeilge don mhatamaitic, níos airde i mblianta eile ná mar atá á thuairisciú don bhliain 2003-04. Múintear na hábhair sna seisiúin ranga ina bhfuil téacsleabhair Ghaeilge in úsáid trí Ghaeilge amháin, nó trí Ghaeilge den chuid is mó, nó le níos mó Gaeilge ná Béarla i bhformhór na n-ábhar (Léaráid 7.4A).

LÉARÁID 7.5a
AN TEANGA TEAGAISC I SEISIÚIN RANGA INA N-ÚSÁIDTEAR TÉACSLEABHAIR GHAEILGE



Is léir, áfach, go bhfuil sciar suntasach de na scoileanna nach bhfuil ag úsáid na dtéacsleabhar Gaeilge atá ar fáil do na hábhair éagsúla, in ainneoin iad a bheith ag teagasc trí Ghaeilge (Léaráidí 7.4B agus 7.4C). Sa chás seo úsáideann siad téacsleabhair Bhéarla nó meascán de théacsanna Béarla agus Gaeilge, ach tá fianaise ann freisin go bhfuil níos mó úsáide á baint as scéimeanna scoile, nótaí múinteoirí, fótachóipeanna agus modhanna teagaisc nach bhfuil ag brath ar théacs sna seisiúin ranga ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar mheán teagaisc ná mar atá sna seisiúin ranga eile (7.4D).

LÉARÁID 7.5b
AN TEANGA TEAGAISC I SEISIÚIN RANGA NACH BHFUIL AG ÚSÁID TÉACSLEABHAIR GHAEILGE, DE RÉIR ÁBHAR



Inár bplé leis na príomhoidí, mhínigh na príomhoidí sna scoileanna beaga go mbíonn siad ag brath ar théacsleabhair agus ar ábhair chlóite eile i bhfad níos mó ná mar atá príomhoidí i scoileanna atá níos mó, de bharr go mbíonn siad ag brath orthu chun obair a thabhairt do dhaltaí i rang amháin fad agus atá siad ag obair le rang eile. Níl an suíomh ilranga, ina bhfuil siad ag feidhmiú, curtha san áireamh, dar leo, sa leagan amach atá ar an gcuraclam nua agus tá an deacracht a bhaineann leis seo méadaithe de bharr an easpa ábhar ranga i nGaeilge, ar a n-áirítear téacsleabhair, leabhair shaothair, cluichí, cláir ríomhaireachta, ábhar gearrshaolach, agus ábhar léitheoireachta breise.

LÉARÁID 7.5c
AN TEANGA TEAGAISC I SEISIÚIN RANGA INA N-ÚSÁIDTEAR MEASCÁN DE THÉACSLEABHAIR BHÉARLA AGUS DE THÉACSLEABHAIR GHAEILGE



LÉARÁID 7.5d
AN TEANGA TEAGAISC I SEISIÚIN RANGA NACH N-ÚSÁIDEANN AON TÉACSLEABHAR FOIRMIÚIL



Ar na cúiseanna eile a thuairiscigh scoileanna gan téacsleabhair Ghaeilge a bheith in úsáid acu bhí:

[i] Nach mbíonn téacsleabhair oiriúnacha ar fáil.

[ii] Go mbíonn bearna rófhada i gceist idir athruithe sa churaclam agus an t-am a dtagann téacsleabhair oiriúnacha Ghaeilge ar an margadh. Sa chomhthéacs seo ní bhíonn de rogha acu ach téacsleabhair Bhéarla a úsáid nó leanúint ar aghaidh ag úsáid téacsleabhar nach bhfuil oiriúnach a thuilleadh.

Luaigh roinnt príomhoidí freisin, go mbíonn sé an-deacair orthu teacht ar eolas faoin ábhar scoile atá ar fáil i nGaeilge agus nuair a théann siad chuig na siopaí leabhair sna bailte móra in aice láimhe, i nGaillimh nó i Leitir Ceanainn, mar shampla, nach mbíonn ach eolas teoranta ar fáil iontu ar an ábhar scoile atá foilsithe i nGaeilge.

caibidil 08

AN TEANGA TEAGAISC I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA

8.1 AN PICTIÚR NÁISIÚNTA

Iarradh ar na scoileanna tuairisc a thabhairt ar an teanga teagaisc a bhí in úsáid acu do na hábhair éagsúla de réir ranga ag úsáid na gcatagóirí seo a leanas:

- Gaeilge amháin
- Gaeilge den chuid is mó
- Níos mó Gaeilge ná Béarla
- Níos mó Béarla ná Gaeilge
- Béarla den chuid is mó
- Béarla amháin

TÁBLA 8.1
AN TEANGA TEAGAISC I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR ÁBHAR

Ábhar	Gaeilge Amháin	Gaeilge den chuid is mó	Níos mó Gaeilge ná Béarla	Níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla Amháin
Matamaitic (n= 946 Seisiún ranga)[9]	40%	22%	12%	14%	4%	8%
Stair (n= 704 Seisiún ranga)	44%	13%	13%	13%	6%	10%
Tíreolaíocht (n= 704 Seisiún ranga)	40%	13%	17%	14%	8%	8%
Eolaíocht (n= 863 Seisiún ranga)	41%	13%	18%	14%	7%	8%
Ealaín (n= 784 Seisiún ranga)	46%	14%	16%	12%	5%	7%
Ceol (n= 850 Seisiún ranga)	34%	14%	31%	15%	3%	3%
Drámaíocht (n= 809 Seisiún ranga)	40%	13%	25%	11%	5%	6%
Corpoideachas (n= 829 Seisiún ranga)	48%	17%	15%	11%	6%	4%
OSPS (n= 860 Seisiún ranga)	40%	12%	15%	15%	7%	12%
Reiligiún (n= 916 Seisiún ranga)	38%	8%	10%	12%	11%	22%

[9] Is ionann líon na seisiún ranga, sa chás seo, agus an t-ábhar méadaithe faoi líon na ranganna ina bhfuil an t-ábhar á theagasc méadaithe faoi líon na scoileanna a chuir eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

Is é an corpoideachas an t-ábhar is mó a dhéantar trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó (65%). Múintear an mhatamaitic agus an ealaín trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó i 62% agus 60% de na seisiúin ranga, faoi seach. Is iad na hábhair eile, a mhúintear trí Ghaeilge amháin, nó trí Ghaeilge den chuid is mó, i mbreis agus 50% de na seisiún ranga, ná an stair, an tíreolaíocht, an eolaíocht, an drámaíocht agus OSPS. Múintear ceol agus reiligiún trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó in 48% agus 46% de na seisiúin ranga, faoi seach. Úsáidtear níos mó Gaeilge ná Béarla do mhúineadh an cheoil i 31% de na seisiúin ranga agus tá an cleachtas teanga céanna á chleachtadh i 25% de na seisiúin ranga ar an drámaíocht. Úsáidtear níos mó Gaeilge ná Béarla in idir 10% agus 18% de na seisiúin ranga sna hábhair eile (Tábla 8.1 agus Léaráid 8.1).

Úsáidtear Béarla amháin, Béarla den chuid is mó, nó níos mó Béarla ná Gaeilge in 21% agus 22% de na seisiúin ranga don cheol, don drámaíocht agus don chorpoideachas. Is iad seo na hábhair is lú a bhfuil an cleachtas teanga seo á fheidhmiú iontu. Tá an cleachtas céanna á fheidhmiú in idir an ceathrú cuid agus aon trian de na seisiúin ranga don mhatamaitic, don stair, don tíreolaíocht, don eolaíocht, don ealaín, agus do OSPS. Tá sé suntasach go bhfuil an cleachtas teanga seo in úsáid do 45% de na seisiúin ranga don reiligiún.

LÉARÁID 8.1
AN TEANGA TEAGAISC I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR ÁBHAR



Léiríonn Tábla 8.2 na cleachtais teanga atá in úsáid sna ranganna ó naíonáin bheaga go dtí rang 6. Nuair a bhreathnaítear ar na patrúin atá i gceist (Léaráid 8.2), tá sé suntasach go bhfuil treochtaí an-soiléir i gceist. Méadaíonn líon na seisiún ranga a bhfuil Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó in úsáid mar mheán teagaisc iontu go leanúnach ó 51% i rang na naíonán beag go dtí 57% i rang 6. Ar an lámh eile laghdaíonn líon na seisiúin ranga a bhfuil níos mó Gaeilge ná Béarla in úsáid iontu ó 21% go dtí 16%. Thabharfadh sé seo le tuiscint go n-éiríonn le cuid de na scoileanna, a úsáideann meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla mar mheán teagaisc, cur leis an méid Gaeilge a úsáidtear de réir mar a bhogann na daltaí suas tríd na ranganna agus de réir mar a shealbhaíonn siad cumas níos fearr sa teanga mar atá léirithe i gCaibidil 4.

TÁBLA 8.2
AN TEANGA TEAGAISC I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR RANGA

Ábhar	Gaeilge Amháin	Gaeilge den chuid is mó	Níos mó Gaeilge ná Béarla	Níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla Amháin
Naíonáin Bheaga (n= 931 Seisiún ranga)[10]	39%	12%	21%	13%	5%	10%
Naíonáin Mhóra (n= 939 Seisiún ranga)	41%	13%	20%	13%	5%	9%
Rang 1 (n= 985 Seisiún ranga)	42%	12%	18%	14%	5%	9%
Rang 2 (n= 1002 Seisiún ranga)	43%	13%	17%	13%	5%	9%
Rang 3 (n= 1099 Seisiún ranga)	40%	14%	16%	14%	7%	9%
Rang 4 (n= 1121 Seisiún ranga)	40%	15%	16%	13%	7%	8%
Rang 5 (n= 1073 Seisiún ranga)	40%	16%	16%	12%	7%	9%
Rang 6 (n= 1115 Seisiún ranga)	42%	15%	16%	13%	7%	8%

[10] Is ionann líon na seisiún ranga sa chás seo agus líon na ranganna méadaithe faoi líon na scoileanna a chuir eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

Tá sé suntasach freisin, áfach, nach dtagann mórán athraithe ar líon na seisiún ranga ina n-úsáidtear Béarla amháin, Béarla den chuid is mó, nó níos mó Béarla ná Gaeilge de réir mar a bhogann na daltaí suas sna ranga. Tá na cleachtais teanga seo in úsáid i 28% de na seisiúin ranga i rang na naíonán beag, ardaíonn sé seo go dtí 30% i rang 3 agus laghdaíonn sé arís go dtí 28% i rang 6.

LÉARÁID 8.2
AN TEANGA TEAGAISC I MBUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR RANGA



8.2 TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS DE RÉIR ÁBHAR

TÁBLA 8.3
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA BUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS ÁBHAR

Rang	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó			Níos mó Gaeilge ná Béarla			Béarla amháin, Béarla den chuid is mó, níos mó Béarla ná Gaeilge		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Matamaitic	92%	88%	37%	8%	7%	17%	0%	5%	46%
Stair	92%	76%	32%	8%	20%	14%	0%	4%	54%
Tíreolaíocht	87%	63%	30%	12%	31%	16%	1%	6%	55%
Eolaíocht	87%	70%	29%	13%	22%	19%	0%	7%	52%
Ealaín	96%	75%	34%	4%	15%	24%	0%	9%	42%
Ceol	68%	66%	30%	32%	29%	31%	0%	5%	39%
Drámaíocht	88%	71%	29%	11%	26%	32%	1%	3%	39%
Corpoideachas	98%	85%	40%	2%	11%	24%	0%	4%	36%
OSPS	94%	77%	22%	6%	10%	21%	0%	12%	57%
Reiligiún	98%	67%	11%	1%	16%	14%	1%	17%	76%

Scoileanna Chatagóir A

Tá an teagasc ar fad, nach mór, á dhéanamh trí Ghaeilge amháin, trí Ghaeilge den chuid is mó, nó trí níos mó Gaeilge ná Béarla sna scoileanna i gCatagóir A. Is léir, áfach, go bhfuil claonadh ann níos mó Béarla a úsáid in ábhair áirithe seachas in ábhair eile. Is sa cheol is mó atá Béarla in úsáid sna scoileanna seo. Is iad na hábhair is mó ina bhfuil Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó in úsáid sna scoileanna seo ná: reiligiún (98%), corpoideachas (98%) agus ealaín (96%). Táthar ag úsáid Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó in idir 87% agus 92% de na seisiúin ranga sna hábhair eile (Tábla 8.3 agus Léaráid 8.3A)

Scoileanna Chatagóir B

Tá Gaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla in úsáid ag na scoileanna i gCatagóir B in os cionn 91% de na seisiúin ranga sna hábhair ar fad, ach amháin don OSPS (87%) agus don reiligiún (83%). Is don chorpoideachas (85%) is mó atá Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó in úsáid ag na scoileanna seo agus tá an cleachtas teanga céanna in úsáid in idir 70% agus 79% de na seisiúin ranga sa mhatamaitic, sa stair, san eolaíocht, san ealaín, sa drámaíocht agus san OSPS.

Ag 66%, tá an úsáid, atá á baint as Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó don cheol sna scoileanna seo, gar go maith don úsáid atá á baint as an gcleachtas teanga céanna ag na scoileanna i gCatagóir B (68%). Is sa tíreolaíocht (63%) agus sa reiligiún (67%) atá an úsáid is lú á baint as Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid ag na scoileanna a bhaineann le Catagóir B (Tábla 8.3 agus Léaráid 8.3B).

Scoileanna Chatagóir C

Úsáideann na scoileanna i gCatagóir C Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó i dtimpeall aon trian de na seisiúin ranga do na hábhair ar fad, ach amháin don chorpoideachas, áit a bhfuil sé beagán níos airde ag 40%, agus don OSPS agus don reiligiún áit a bhfuil sé níos ísle ag 22% agus 11%, faoi seach.

Nuair a chuirtear na seisiúin ranga a bhfuil níos mó Gaeilge ná Béarla in úsáid iontu san áireamh sna figiúirí thuas, feictear gur sna hábhair ghníomhaíochta, eadhon, an corpoideachas (64%), an ceol (61%), an drámaíocht (61%) agus an ealaín (58%), is mó atá Gaeilge á húsáid mar mheán teagaisc sna scoileanna seo. Seachas na hábhair seo agus an mhatamaitic, a bhfuil Gaeilge éigin in úsáid i 54% de na seisiúin ranga a bhaineann léi, is Béarla amháin, Béarla den chuid is mó, nó níos mó Béarla ná Gaeilge, atá in úsáid i mbreis agus 52% de na seisiúin ranga do na hábhair eile i scoileanna sa chatagóir seo. Is don reiligiún is lú atá Gaeilge in úsáid mar mheán teagaisc sna scoileanna seo (Tábla 8.3 agus Léaráid 8.3C).

LÉARÁID 8.3A
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A DE RÉIR ÁBHAR



LÉARÁID 8.3b
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B DE RÉIR ÁBHAR



LÉARÁID 8.3c
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C DE RÉIR ÁBHAR



TÁBLA 8.4
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID I mBUNSCOILEANNA A DE RÉIR CATAGÓRA AGUS RANGA

Rang	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó			Níos mó Gaeilge ná Béarla			Béarla amháin, Béarla den chuid is mó, níos mó Béarla ná Gaeilge		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Naíonáin Bheaga	87%	68%	26%	13%	19%	27%	0%	12%	47%
Naíonáin Mhóra	91%	71%	26%	9%	20%	26%	0%	9%	48%
Rang 1	92%	74%	27%	8%	19%	23%	0%	7%	50%
Rang 2	90%	74%	30%	10%	19%	20%	0%	6%	50%
Rang 3	91%	77%	28%	8%	18%	20%	2%	5%	52%
Rang 4	91%	75%	29%	9%	20%	19%	1%	4%	52%
Rang 5	88%	77%	32%	12%	14%	18%	0%	8%	49%
Rang 6	90%	76%	32%	10%	16%	19%	0%	8%	49%

Scoileanna i gCatagóir A

Is i nGaeilge amháin, i nGaeilge den chuid is mó nó trí níos mó Gaeilge ná Béarla atá na scoileanna i gCatagóir A ag teagasc sna ranganna ar fad. Cé go n-ardaíonn an úsáid, atá á baint as Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó, ó 87% i rang na naíonán beag go dtí 92% i rang 1, laghdaíonn sé go dtí 88% i rang 5, agus ardaíonn sé arís go dtí 90% i rang 6 (Tábla 8.4 agus Léaráid 8.4A).

Scoileanna i gCatagóir B

Tá na scoileanna i gCatagóir B ag úsáid Gaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla in idir 87% agus 95% de na seisiúin ranga ag brath ar an rang. Ardaíonn leibhéal na húsáide a bhaintear as an nGaeilge amháin nó as Gaeilge den chuid is mó ó 68% i rang na naíonán beag go dtí 76% i rang 6. Tagann laghdú suntasach ar líon na seisiún ranga ina n-úsáidtear níos mó Gaeilge ná Béarla ó 20% i rang 4 go dtí 14% i rang 5, agus ardaíonn sé arís go dtí 16% i rang 6. Tá an chosúlacht air gur ardú ar leibhéal úsáid na Gaeilge sna ranganna níos airde is cúis leis seo i gcásanna áirithe agus gur ardú i leibhéal úsáid an Bhéarla is cúis leis i gcásanna eile (Tábla 8.4 agus Léaráid 8.4B).

Laghdaíonn leibhéal na húsáide atáthar ag baint as Béarla amháin, as Béarla den chuid is mó, nó as níos mó Béarla ná Gaeilge, sna scoileanna seo go leanúnach ó 12% i rang na naíonán beag go dtí 8% i rang 6.

LÉARÁID 8.4a
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A DE RÉIR RANGA



LÉARÁID 8.4b
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B DE RÉIR RANGA



LÉARÁID 8.4c
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C DE RÉIR RANGA



Scoileanna i gCatagóir C

Is Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó a úsáidtear i dtimpeall an ceathrú cuid de na seisiúin ranga i rang na naíonán beag sna scoileanna atá i gCatagóir C. Méadaíonn úsáid an chleachtais teanga seo de réir mar a théitear suas sna ranganna agus tá sé in úsáid i mbeagnach aon trian de na seisiúin ranga i rang 6.

Tá timpeall an ceathrú cuid eile de na seisiúin ranga i naíonáin bheaga ina n-úsáidtear níos mó Gaeilge ná Béarla. Laghdaíonn an cleachtas teanga seo ó 27% i rang na naíonán beag go dtí 19% i rang 6 sna scoileanna seo. I gcásanna áirithe is cosúil gur ardú ar leibhéal úsáid na Gaeilge sna ranganna níos airde is cúis le is seo agus, i gcásanna eile, gur ardú ar leibhéal úsáid an Bhéarla atá i gceist.

Is Béarla amháin, Béarla den chuid is mó nó níos mó Béarla ná Gaeilge atá in úsáid i leath de na seisiúin ranga sna scoileanna a bhaineann le Catagóir C. Méadaíonn leibhéal na húsáide a bhaintear as na cleachtais teanga seo ó 47% i rang na naíonán beag go 52% i rang 3 agus rang 4 agus laghdaíonn sé arís go dtí 49% i rang 5 agus rang 6 (Tábla 8.4 agus Léaráid 8.4C).

8.4 TÁTAL

Tá an teagasc á dhéanamh trí Ghaeilge i bhformhór na ranganna sna scoileanna i gCatagóir A. Tá sé seo fíor freisin i gcás na scoileanna i gCatagóir B, ach go bhfuil meascán níos mó de Bhéarla agus de Ghaeilge in úsáid sna scoileanna seo agus go bhfuil roinnt bheag den teagasc á dhéanamh trí Bhéarla den chuid is mó (Tábla 8.5A agus 8.5B).

Sna scoileanna i gCatagóir C, tá an teagasc á dhéanamh trí Bhéarla amháin nó trí Bhéarla den chuid is mó i dtimpeall leath de na ranganna agus is beag athrú a thagann air seo de réir mar a bhogann na daltaí ar aghaidh tríd na ranganna. Sa leath eile de na ranganna ina bhfuil Gaeilge amháin nó níos mó Gaeilge ná Béarla in úsáid, méadaíonn an úsáid a bhaintear as an nGaeilge mar mheán teagaisc de réir mar a bhogann na daltaí ó naíonáin bheaga go rang 6. Seasann an reiligiún amach sna scoileanna seo mar an t-ábhar is mó atá á theagasc trí Bhéarla.

TÁBLA 8.5a
CÉATADÁN NA HÚSÁIDE A BHAINTEAR AS NA CLEACHTAIS TEANGA ÉAGSÚLA I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A (n= 37

Na cleachtais teanga / Céatadáin	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Ghaeilge agus Bhéarla, ach níos mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla agus Ghaeilge, ach níos mó Béarla na Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin
0	0	16	33
1 - 10%	0	9	4
11 -20%	0	4	0
21 - 30%	0	3	0
31 -40%	1	2	0
41 - 50%	0	2	0
51 - 60%	2	1	0
61 - 70%	3	0	0
71 - 80%	2	0	0
81 - 90%	10	0	0
91 - 100%	19	0	0

TÁBLA 8.5b
CÉATADÁN NA HÚSÁIDE A BHAINTEAR AS NA CLEACHTAIS TEANGA ÉAGSÚLA I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B (n= 20)

Na cleachtais teanga / Céatadáin	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Ghaeilge agus Bhéarla, ach níos mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla agus Ghaeilge, ach níos mó Béarla na Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin
0	0	6	11
1 - 10%	1	4	3
11 -20%	1	4	2
21 - 30%	1	0	2
31 -40%	1	2	2
41 - 50%	1	0	0
51 - 60%	0	4	0
61 - 70%	1	0	0
71 - 80%	2	0	0
81 - 90%	4	0	0
91 - 100%	8	0	0

TÁBLA 8.5c
CÉATADÁN NA HÚSÁIDE A BHAINTEAR AS NA CLEACHTAIS TEANGA ÉAGSÚLA I MBUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C (n= 66)

Na cleachtais teanga / Céatadáin	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Ghaeilge agus Bhéarla, ach níos mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla agus Ghaeilge, ach níos mó Béarla na Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin
0	25	19	13
1 - 10%	8	13	7
11 -20%	5	9	6
21 - 30%	4	7	2
31 -40%	2	8	3
41 - 50%	1	3	3
51 - 60%	4	1	4
61 - 70%	3	0	3
71 - 80%	1	5	2
81 - 90%	7	0	3
91 - 100%	6	1	20

Is léir ó Thábla 8.5C, áfach, gur difríochtaí sna polasaithe teanga atá á leanúint ag scoileanna éagsúla, seachas difríochtaí sna cleachtais atá in úsáid d'ábhair agus do ranganna éagsúla laistigh de scoileanna is mó is cúis leis na patrúin seo. Eadhon, tá 14 scoil i gCatagóir C a bhfuil idir 71%-100% den teagasc á dhéanamh trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó acu, agus tá 25 scoil ina bhfuil idir 71%-100% den teagasc á dhéanamh trí Bhéarla den chuid is mó acu.

Is sna hábhair ghníomhaíochta, eadhon, sa cheol, sa drámaíocht, san ealaín agus sa chorpoideachas, is mó atá Gaeilge in úsáid sna trí chineál scoile. Tá difríochtaí suntasacha le feiceáil san úsáid a bhaintear as an nGaeilge mar mheán teagaisc sna hábhair eile, rud a thabharfadh le tuiscint go mbíonn tionchar ag an soláthar áiseanna teagaisc i nGaeilge, atá ar fáil don ábhar a bhíonn i gceist, ar an méid Gaeilge a úsáidtear sa rang.

Is léir go n-eascraíonn go leor ceisteanna polasaí agus feidhmiúcháin as leibhéal ard na húsáide atáthar ag baint as an mBéarla mar mheán teagaisc sna bunscoileanna, go háirithe na scoileanna sin atá i gCatagóir C. Mar scoileanna Gaeltachta, mar a shainítear iad san Acht Oideachais, 1998, tá cúram ar leith orthu 'cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail.' Is deacair a rá go bhfuil siad ag comhlíonadh an dualgais sin mura bhfuil siad ag cur oideachais ar fáil trí mheán na Gaeilge don phobal Gaeltachta ar a bhfuil siad ag freastal. Is gá a áireamh, ar ndóigh, gur dúshlán ar leith é seo do na scoileanna sin atá suite i limistéir Ghaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge imithe i léig mar theanga an teaghlaigh agus nach bhfuil aon daltaí ag a bhfuil Gaeilge ó dhúchas ag teacht chucu.

Tá impleachtaí ag an leibhéal teagaisc atá á dhéanamh trí Ghaeilge don mheán teagaisc atá in úsáid sna hiar-bhunscoileanna freisin. Mura bhfuil na daltaí imithe i dtaithí ar an nGaeilge mar mheán oideachais le linn a dtréimhse bunscolaíochta agus mura bhfuil na bunscileanna teanga a bhaineann leis an léitheoireacht, an staidéar agus an scríbhneoireacht sealbhaithe acu le linn na tréimhse sin, is mó go mór an dúshlán a bheidh le sárú acu agus iad ag freastal ar iar-bhunscoileanna lánGhaeilge. Is gá a áireamh freisin, go bhfuil cuid de na daltaí i gceist nach bhfuil iar-bhunoideachais lánGhaeilge ar fáil dóibh agus go gcuireann sé seo brú breise ar na bunscoileanna ar a bhfuil siad ag freastal iompú ar an mBéarla mar mheán teagaisc. Luaigh cuid de na príomhoidí, a labhair linn, an fhadhb seo go sonrach. Dúirt siad, sa chás nach mbíonn de rogha ag a gcuid daltaí ach dul ar aghaidh go dtí iar-bhunscoileanna atá ag teagasc trí Bhéarla, go mbraitheann siad go bhfuil dualgas orthu na daltaí a ullmhú dó sin. Eadhon, go mbíonn orthu cuid den teagasc sna hardranganna a dhéanamh trí Bhéarla, chun a chinntiú go mbeidh na daltaí eolach ar an téarmaíocht Bhéarla a bhaineann leis na hábhair éagsúla sula dtéann siad ar aghaidh go dtí an dara leibhéal. Ina theannta sin, dúirt siad go gcailleann go leor de na daltaí pé Gaeilge a bhíonn sealbhaithe acu in achar gearr tar éis an bhunscoil a fhágáil mar thoradh ar an easpa freastail a bhíonn ar fáil dóibh trí mheán na Gaeilge ag an dara leibhéal. Is cúis mhór lagmhisnigh dóibh féin mar mhúinteoirí é seo, tar éis na móriarrachtaí agus na mórinfheistíochta a bhíonn déanta acu féin agus ag na daltaí le linn a dtréimhse bunscolaíochta.

Moltar go ndéanfar athbhreithniú ar an sainiú atá déanta ar 'scoil Ghaeltachta' agus go mbunófar an sainiú amach anseo ar an múnla oideachais atá in úsáid sa scoil, ag cur san áireamh na roghanna seo a leanas:

- Oideachas trí mheán na chéad teanga agus an Ghaeilge mar mheán.
- Córas tumoideachais agus an Ghaeilge mar mheán.
- Clár oideachais dátheangach.
- Oideachas trí mheán na chéad teanga agus Béarla mar mheán.

Caithfear dul i gcomhar leis na scoileanna agus an t-athbhreithniú seo á dhéanamh agus aithnítear gur chóir go n-imreodh na nithe seo a leanas tionchar ar an rogha a dhéanfaidh scoileanna:

- An ceantar ina bhfuil an scoil suite.
- Staid na Gaeilge sa cheantar.
- Toil na dtuismitheoirí maidir leis an teanga trínar mian leo oideachas a bheith ar fáil dá bpáistí.
- Dearcadh agus taithí na múinteoirí ar na múnlaí oideachais atá ar fáil.
- An rogha oideachais atá ar fáil ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal sa cheantar go ginearálta.

I gcás scoileanna a roghnaíonn leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar scoileanna Gaeltachta, eadhon, ag teagasc trí mheán na Gaeilge, beidh gá le tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil dóibh maidir leis an mbealach is éifeachtaí chun feidhm a thabhairt don mhúnla oideachais atá roghnaithe acu. Áirítear ar an tacaíocht a bheidh i gceist:

- Comhairle do bhoird bhainistíochta agus do phríomhoidí.
- Comhairle agus eolas do thuismitheoirí.
- Oiliúint do mhúinteoirí.
- Forbairt na seirbhísí tacaíochta oideachais trí mheán na Gaeilge.
- Fóram do mhúinteoirí agus do phríomhoidí atá ag teagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta.

Ar ndóigh, mar atá ráite thuas, caithfear freisin, a chinntiú go mbeidh raon iomlán áiseanna teagaisc den scoth ar fáil trí Ghaeilge do na scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge.

Is gá, ina theannta sin, féachaint ar na laincisí a chuireann bac ar scoileanna oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil i ngach ábhar i ngach rang. Bunaithe ar a bhfuil tuairiscithe go dtí seo, is féidir a áireamh go bhfuil an easpa sholáthair áiseanna teagaisc i nGaeilge ar cheann de na laincisí móra atá i gceist. Tá gá le tuilleadh taighde a dhéanamh le tuiscint níos fearr a fháil ar céard iad na laincisí eile. Moltar go bhfiosrófaí, go háirithe, an tionchar atá ag na nithe seo a leanas ar úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc sna scoileanna:

- Deacrachtaí a bhíonn ag scoileanna teacht ar mhúinteoirí cáilithe atá ábalta agus toilteanach teagasc trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht.
- An bhearna in oiliúint mhúinteoirí i dteagaisc trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an dara teanga.
- Easpa tacaíochta ó thuismitheoirí.
- Easpa taithí agus tuisceana ar conas córas tumoideachais a fheidhmiú i scoileanna Gaeltachta, go háirithe i scoileanna beaga.

caibidil 09

IAR-BHUNSCOILEANNA NA GAELTACHTA LÉARGAS GINEARALTA

9.1 RÉAMHRÁ

Faoi mar a tuairiscíodh i gCaibidil a hAon, dearadh ceistneoir ar leith do na hiar-bhunscoileanna agus dáileadh na ceistneoirí seo ar phríomhoidí an 30 iar-bhunscoil Gaeltachta an 9 Eanáir 2004. Bailíodh na ceistneoirí idir Eanáir agus Márta 2004 agus fuarthas 90% (nó 27) acu ar ais agus iad líonta isteach (Tábla 1.3).

Díreach mar a bheimis ag súil leis, is sa cheantar Gaeltachta is mó daonra, Gaeltacht na Gaillimhe, atá an líon is mó iar-bhunscoileanna, le 9 n-iar-bhunscoil, agus is sna ceantair bheaga Gaeltachta, Corcaigh agus Port Láirge, atá an líon is lú scoileanna (Tábla 1.1). As na 27 iar-bhunscoil a d'fhreagair an ceistneoir, is Coláistí Pobail/Gairmscoileanna 15 (56%) acu agus is Meánscoileanna iad 7 (26%) gcinn eile. Tá 4 Phobalscoil agus Scoil Chuimsitheach amháin ina measc. Is Gairmscoileanna/Coláistí Pobail iad is coitianta i measc na scoileanna iar-bhunoideachais i ngach ceantar Gaeltachta, ach amháin i nGaeltacht Chiarraí, ar meánscoileanna iad na scoileanna iar-bhunoideachais ar fad atá ann (Tábla 9.1). Is gnáthscoileanna lae iad na scoileanna seo ar fad, ach amháin Coláiste Íde sa Daingean, ar scoil chónaithe do chailíní í. Is i nGaeltacht na Gaillimhe atá an t-aon Scoil Chuimsitheach.

TÁBLA 9.1
IAR-BHUNSCOILEANNA NA GAELTACHTA DE RÉIR CHINEÁL NA SCOILEANNA AGUS DE RÉIR CONTAE

Cineál Scoile	Gaillimh	Dún na nGall	Maigh Eo	Ciarraí	Corcaigh & Port Láirge	Iomlán
Coláiste Pobail/ Gairmscoil	6	4	3	0	2	15
Pobalscoil	1	2	0	0	1	4
Meánscoil	1	0	2	4	0	7
Scoil Chuimsitheach	1	0	0	0	0	1
Iomlán	9	6	5	4	3	27

Thuairiscigh 8 (30%) scoil go raibh stádas faoi mhíbhuntáiste acu. Mar a léiríonn Tábla 9.2 thíos, is i nGaeltacht na Gaillimhe atá an líon is mó scoileanna ag a bhfuil stádas faoi mhíbhuntáiste (5 scoil as 8), agus tá stádas faoi mhíbhuntáiste ag 2 scoil as 5 i nGaeltacht Mhaigh Eo. Tá an scoil eile ag a bhfuil stádas faoi mhíbhuntáiste i nGaeltacht Dhún na nGall. Níl stádas faoi mhíbhuntáiste ag aon scoil i nGaeltacht Chiarraí, ná i nGaeltachtaí Chorcaí agus Phort Láirge.

TÁBLA 9.2
NA HIAR-BHUNSCOILEANNA DE RÉIR STÁDAS AGUS DE RÉIR CONTAE

Stádas faoi mhíbhuntáiste	Gaillimh	Dún na nGall	Maigh Eo	Ciarraí	Corcaigh & Port Láirge	Iomlán
Tá	5	1	2	0	0	8
Níl	4	5	3	4	3	19
Iomlán	9	6	5	4	3	27

Is scoileanna ag a bhfuil stádas faoi mhíbhuntáiste formhór na n-iar-bhunscoileanna i nGaeltacht na Gaillimhe (5 as an 9 scoil, 55%), agus tá an stádas céanna ag céatadán suntasach de na hiar-bhunscoileanna i nGaeltacht Mhaigh Eo, ag 2 scoil as 5, nó 40% de na scoileanna ansin.

9.2 LÍON NA NDALTAÍ

De réir fhigiúirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don scoilbhliain reatha (2003-2004), tá 5,721 dalta ag freastal ar an 30 iar-bhunscoil atá sa Ghaeltacht. Is i nGaeltacht Thír Chonaill atá an líon is mó daltaí iar-bhunscoile (1,814). Tá 1,396 dalta ag freastal ar iar-bhunscoileanna Ghaeltacht na Gaillimhe agus 1,371 ag freastal ar na hiar-bhunscoileanna i nGaeltacht Mhaigh Eo. Is 671 dalta atá ag freastal ar na hiar-bhunscoileanna i nGaeltacht Chiarraí agus tá 469 dalta ag freastal ar iar-bhunscoileanna cheantair Ghaeltachta Phort Láirge, Chorcaí agus na Mí (Tábla 9.3).

TÁBLA 9.3
LÍON DALTAÍ AG FREASTAL AR IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Contae	1998 - 99	1999 - 00	2000 - 01	2001 - 02	2002 - 03	2003 - 04
Gaillimh n=8	1442	1443	1413	1393	1397	1396
Ciarraí n=4	760	737	751	766	732	671
Maigh Eo n=6	1654	1599	1544	1519	1436	1371
Dún na nGall n=7	1990	1871	1893	1879	1851	1814
Corcaigh n=2	318	305	295	265	242	271
An Mhí n=1	137	135	129	134	140	119
Port Láirge n=1	64	74	79	78	78	79
Iomlán N=29	**6365**	**6164**	**6104**	**6034**	**5876**	**5721**

Foinse: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Tá 4,841 dalta ó 3,639 teaghlach, ag freastal ar na 27 n-iar-bhunscoil a chomhlánaigh na ceistneoirí dúinn. Is 1.33 meánlíon na ndaltaí ó gach teaghlach atá ag freastal ar na hiar-bhunscoileanna seo. Tá na contaetha ar fad gar don mheán seo i raon idir 1.27 agus 1.38, seachas Port Láirge agus Corcaigh, áit gurb é 1.52 meánlíon na ndaltaí ó gach teaghlach atá ag freastal ar na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta sna contaetha sin (Tábla 9.4).

TÁBLA 9.4
LÍON NA DTEAGHLACH, NA NDALTAÍ, AGUS MEÁNLÍON NA NDALTAÍ Ó GACH TEAGHLACH, DE RÉIR CONTAE *(n=27 scoil)*

Contae	Scoileanna a bhfuarthas ceistneoir uathu	Líon na dTeaghlach	Líon na nDaltaí	Meánlíon na nDaltaí ó gach Teaghlach
Gaillimh	9	1086	1409	1.30
Dún na nGall	6	1033	1425	1.38
Maigh Eo	5	759	984	1.30
Ciarraí	4	530	672	1.27
Port Láirge & Corcaigh	3	231	351	1.52
Iomlán	27	3639	4841	1.33

9.2.1 TREOCHTAÍ I LÍON NA NDALTAÍ

D'fhreastail 5,721 dalta ar iar-bhunscoileanna na Gaeltachta sa scoilbhliain 2003-2004. Seo laghdú 10.12% (644 dalta) ar líon na ndaltaí a bhí ag freastal sa scoilbhliain 1998 -1999 (Tábla 9.5). Tharla an titim is mó i líon na ndaltaí sa chéad bhliain den tréimhse sin, eadhon idir 1998-1999 agus 1999-2000, nuair a thit líon iomlán na ndaltaí 3.16% (Léaráid 9.1). Cé gur thit an ráta titime go .97% an bhliain dar gcionn, tá sé ag dul i méid arís ón mbliain 2000 ar aghaidh.

TÁBLA 9.3
LÍON DALTAÍ AG FREASTAL AR IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Contae	1998 - 99	1999 - 00	2000 - 01	2001 - 02	2002 - 03	Athrú idir 1998 - 2003
Gaillimh n=8	0.07	-2.08	-1.42	0.29	-0.07	-3.19
Ciarraí n=4	-3.03	1.90	2.00	-4.44	-8.33	-11.71
Maigh Eo n=6	-3.33	-3.44	-1.62	-5.46	-4.53	-17.11
Dún na nGall n=7	-5.98	1.18	-0.74	-1.49	-2.00	-8.84
Corcaigh n=2	-4.09	-3.28	-10.17	-8.68	11.98	-14.78
An Mhí n=1	-1.46	-4.44	3.88	4.48	-15.00	-13.14
Port Láirge n=1	15.63	6.76	-1.27	0.00	1.28	23.44
Iomlán N=29	**-3.16**	**-0.97**	**-1.15**	**-2.62**	**-2.64**	**-10.12**

Seachas ceantar Gaeltachta Phort Láirge, áit ar tháinig méadú 23% ar líon na ndaltaí, thit líon na ndaltaí iar-bhunscoile i ngach contae Gaeltachta eile sa tréimhse atá faoi chaibidil. Is i gceantair Ghaeltachta Mhaigh Eo, Chorcaí agus na Mí a bhí an titim is mó, ag 17%, 14%, agus 13% faoi seach. Tá sé suntasach, áfach, gur tháinig méadú 12% ar líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna Gaeltachta Chorcaí sa bhliain 2002-2003. I gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall agus na Gaillimhe thit líon na ndaltaí iar-bhunscoile 9% agus 3% sa tréimhse atá faoi chaibidil.

LÉARÁID 9.1
TREOCHTAÍ I LÍON NA NDALTAÍ A D'FHREASTAIL AR IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA SA TRÉIMHSE 1998-2003



9.3 AN ÁIT AR RUGADH/TÓGADH NA DALTAÍ

Iarradh ar phríomhoidí na n-iar-bhunscoileanna líon na ndaltaí a rugadh lasmuigh den Ghaeltacht, nó a chaith tréimhse ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht sular fhreastail siad ar an scoil, a chur in iúl. D'fhreagair 24 scoil (le 4282 dalta) an cheist seo. Rugadh nó tógadh 77% de na daltaí sin sa Ghaeltacht. (Tábla 9.6)

TÁBLA 9.6
NA HÁITEANNA INAR RUGADH/TÓGADH NA DALTAÍ ATÁ AG FREASTAL AR IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA *(n= 24 scoil)*

	Líon daltaí a rugadh/tógadh sa Ghaeltacht	Líon daltaí a rugadh/tógadh áit éigin eile sa chontae	Líon daltaí a rugadh/tógadh áit eile in Éirinn	Líon daltaí a rugadh/tógadh sa Bhreatain	Líon daltaí a rugadh/tógadh i Meiriceá	Líon daltaí a rugadh/tógadh i dtír éigin eile	Iomlán
Iomlán	3324 (77%)	583 (14%)	165 (4%)	150 (4%)	46 (1%)	14 (0.32%)	4282

As an 958 dalta (23%) a rugadh/tógadh lasmuigh den Ghaeltacht, rugadh/tógadh 583 (14%) áit eile sa chontae céanna agus rugadh/tógadh 165 acu (4%) áit eile in Éirinn. Rugadh nó tógadh 150 (4%) acu seo sa Bhreatain agus rugadh/tógadh 46 acu i Meiriceá (1%). Bhí 14 dalta (0.32%) a rugadh/tógadh i dtír éigin eile. Soiléiríonn Léaráid 9.2 é seo.

LÉARÁID 9.2
AN ÁIT INAR RUGADH/TÓGADH DALTAÍ IAR-BHUNSCOILE NA GAELTACHTA (n= 24 scoil)



Má chuirtear na figiúirí seo i gcomparáid le céatadán na ndaltaí bunscoile a rugadh/tógadh lasmuigh/laistigh den Ghaeltacht (Tábla 3.8 agus Léaráid 3.2), is léir nach bhfuil mórán de dhifríocht idir céatadán na ndaltaí a rugadh/tógadh sa Ghaeltacht (74% a rugadh/tógadh sa Ghaeltacht i gcás na ndaltaí bunscoile) sa dá chás. I gcás na ndaltaí a rugadh/tógadh lasmuigh den Ghaeltacht, áfach, feictear go bhfuil céatadán na ndaltaí a rugadh/tógadh thar lear i gcás na mbunscoileanna dhá oiread níos airde. Rugadh/tógadh 11% de dhaltaí na mbunscoileanna thar lear (sa Bhreatain, i Meiriceá nó i dtír éigin eile) nuair nár rugadh/tógadh ach 5.3% de dhaltaí na n-iar-bhunscoileanna thar lear. D'fhéadfaí é seo a mheas mar léiriú gur ag dul i méid atá líon na dteaghlach gan Ghaeilge atá ag cur fúthu sa Ghaeltacht le roinnt blianta anuas.

Má fhéachtar ar na figiúirí seo ar leibhéal an chontae (Tábla 9.7), feictear gur i gceantar Ghaeltachta na Gaillimhe agus i gceantair Ghaeltachta Phort Láirge agus Chorcaí atá an céatadán is airde de dhaltaí a rugadh/tógadh sa Ghaeltacht, is é sin 936 (87%) dalta agus 306 (87%) dalta, faoi seach. Rugadh/tógadh 79% de dhaltaí iar-bhunscoile Mhaigh Eo sa Ghaeltacht agus 72% de na daltaí i nGaeltacht Thír Chonaill.

TÁBLA 9.7
NA HÁITEANNA INAR RUGADH/TÓGADH NA DALTAÍ, DE RÉIR CONTAE

Contae	rugadh/tógadh sa Ghaeltacht	áit éigin eile sa chontae	rugadh/tógadh áit eile in Éirinn	rugadh/tógadh sa Bhreatain	rugadh/tógadh i Meiriceá	rugadh/tógadh i dtír eile	Iomlán
Gaillimh n=8/9	936 (87%)	32 (3%)	25 (2%)	50 (5%)	30 (3%)	1 (0.09%)	1074
Ciarraí n=4	448 (67%)	110 (16%)	68 (10%)	30 (4%)	6 (1%)	10 (1%)	672
Maigh Eo n=3/5	601 (79%)	125 (17%)	5 (1%)	22 (3%)	3 (0.39%)	0	756
Dún na nGall n=6	1033 (72%)	273 (19%)	67 (5%)	46 (3%)	7 (0.48%)	3 (0.21%)	1429
Port Láirge & Corcaigh n=3	306 (87%)	43 (12%)	0	2 (1%)	0	0	351
Iomlán n=24	3324 (78%)	583 (14%)	165 (4%)	150 (4%)	46 (1%)	14 (0.32%)	4282

Mar a thaispeántar anseo (Tábla 9.7), is i nGaeltacht Chiarraí agus Gaeltacht Dhún na nGall atá an céatadán is airde de dhaltaí a rugadh/tógadh lasmuigh den Ghaeltacht, 33% agus 28% faoi seach. I gcás Ghaeltacht Chiarraí, áfach, áiríonn na figiúirí seo na daltaí atá ag freastal ar Choláiste Íde, An Daingean. Is i nGaeltacht na Gaillimhe atá an céatadán is airde de dhaltaía rugadh/tógadh thar lear, ag 8%, agus is i gceantair Ghaeltachta Phort Láirge agus Chorcaí atá an céatadán is ísle de dhaltaí a rugadh/tógadh thar lear, eadhon 1%.

9.4 ÁIT CHÓNAITHE NA NDALTAÍ

Cuireadh ceist ar na príomhoidí faoi áit chónaithe na ndaltaí iar-bhunscoile Gaeltachta. Chuir na scoileanna ar fad (27 acu) eolas ar fáil dúinn. As an 4,841 dalta atá ag freastal ar na scoileanna seo, tá 82% acu ina gcónaí laistigh den limistéar Gaeltachta (Léaráid 9.3).

LÉARÁID 9.3
CÉATADÁN NA NDALTAÍ IAR-BHUNSCOILE A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU LAISTIGH AGUS LASMUIGH DEN LIMISTÉAR GAELTACHTA
(n=27 Scoil)



Tá an céatadán seo níos ísle ná mar atá i gcás na mbunscoileanna (Tábla 2.4), a bhfuil 91% de na daltaí atá ag freastail orthu ina gcónaí laistigh den Ghaeltacht. Bheimis ag súil leis seo, áfach, i bhfianaise go bhfuil roinnt iar-bhunscoileanna Gaeltachta a bhfuil abhantrach scoile acu a chuimsíonn limistéir mhóra nach bhfuil laistigh den Ghaeltacht oifigiúil.

I nGaeltacht na Gaillimhe, tá 98% de na daltaí iar-bhunscoile ina gcónaí laistigh den Ghaeltacht. Tá an céatadán seo ard freisin i gcás Ghaeltachtaí Phort Láirge agus Chorcaí, áit a bhfuil 91% de na daltaí iar-bhunscoile ag maireachtáil laistigh den Ghaeltacht. I gcás na gceantar eile Gaeltachta, áfach, tá céatadán suntasach de na daltaí iar-bhunscoile ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht – 36% i gcás Ghaeltacht Mhaigh Eo, 23% i gcás Ghaeltacht Chiarraí, agus 20% i gcás Ghaeltacht Thír Chonaill (Tábla 9.8).

TÁBLA 9.8
LÍON NA NDALTAÍ A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU LAISTIGH AGUS LASMUIGH DEN GHAELTACHT DE RÉIR CONTAE
(n=27 Scoil)

Contae	Líon daltaí ina gcónaí sa Ghaeltacht	Líon daltaí ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht	Iomlán
Gaillimh	1375 (98%)	34 (2%)	1409
Ciarraí	516 (77%)	156 (23%)	672
Maigh Eo	625 (64%)	359 (36%)	984
Dún na nGall	1135 (80%)	290 (20%)	1425
Port Láirge & Corcaigh	318 (91%)	33 (9%)	351
Iomlán	3969 (82%)	872 (18%)	4841

Mar a sonraíodh i gcás na mbunscoileanna, áfach, (Tábla 3.11), ní gné é seo a bhaineann le gach aon scoil agus beidh scoileanna áirithe ann nach mbeidh aon chuid dá ndaltaí ina gcónaí lasmuigh den cheantar Gaeltachta. As an 27 n-iar-bhunscoil Gaeltachta atá faoi chaibidil anseo, is 17 (63%) scoil a thuairiscigh go raibh cónaí ar roinnt dá gcuid daltaí lasmuigh den limistéar Gaeltachta. Tá 4 cinn de na scoileanna seo i nGaeltacht Chiarraí agus 4 cinn eile i nGaeltacht Mhaigh Eo. Tá 3 cinn acu i nGaeltacht na Gaillimhe agus 3 cinn eile i nGaeltacht Dhún na nGall, agus tá trí cinn acu le fáil i gceantair Ghaeltachta Phort Láirge agus Chorcaí (Tábla 9.9).

TÁBLA 9.9
LÍON IAR-BHUNSCOILEANNA AG A BHFUIL DALTAÍ A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU LASMUIGH DEN GHAELTACHT, DE RÉIR CONTAE
(n=27)

Contae	Gaillimh n=9	Ciarraí n=4	Dún na nGall n=6	Maigh Eo n=5	Port Láirge & Corcaighn=3	Iomlán
Líon scoileanna	3	4	3	4	3	17

I gcás 6 cinn de na scoileanna seo tá cónaí ar 10% nó níos lú de na daltaí lasmuigh den limistéar Gaeltachta. Tá 6 scoil ina bhfuil idir 11% -30% de na daltaí ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht agus 5 scoil eile a bhfuil os cionn 40% de na daltaí atá ag freastal orthu a thagann ó lasmuigh den Ghaeltacht (Tábla 9.10).

TÁBLA 9.11
CÉATADÁN NA NDALTAÍ Ó LASMUIGH DEN GHAELTACHT AG FREASTAL AR IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA AGUS LÍON NA SCOILEANNA ATÁ I GCEIST
(n=27)

Céatadán na ndaltaí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Ghaeltacht	0	1 – 10%	11 – 20%	21 – 30%	31 – 40%	41 – 50%	51 – 60%	61 – 70%	71 – 80%	81 – 90%	91 – 100%
Líon na scoileanna	10	6	3	3	0	2	1	0	1	1	0

9.5 DALTAÍ AG A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA

Iarradh ar na scoileanna sonraí a thabhairt faoin líon na ndaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta sa scoil. D'fhreagair 27 scoil an cheist seo. Thuairiscigh siad go raibh riachtanais speisialta ag 324 dalta (Tábla 9.11). Is ionann é seo agus 7% de na daltaí atá ag freastal ar na scoileanna atá i gceist.

TÁBLA 9.11
LÍON NA NDALTAÍ AG A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA
(n=27 scoil)

Catagóir Riachtanais Oideachais Speisialta	Líon daltaí
Míchumas Foghlama Ginearálta Teorantach (Borderline General Learning Disability)	84 (26%)
Mionmhíchumas Foghlama Ginearálta (Mild General Learning Disability)	65 (20%)
Meánmhíchumas Foghlama Ginearálta (Moderate General Learning Disability)	6 (2%)
Ollmhíchumas/Míchumas Trom Foghlama Ginearálta (Severe/Profound General Learning Disability)	31 (9%)
Lagú Éisteachta (Hearing Impairment)	6 (2%)
Lagú Amhairc (Visual Impairment)	5 (1%)
Míchumas Fisiceach (Physical Disability)	6 (2%)
Sain-neamhord Teanga agus Urlabhra (Specific Speech and Language Disorder)	3 (1%)
Ilmhíchumais (Multiple Disabilities)	3 (1%)
Suaitheadh Mothúchánach – Fadhbanna Iompraíochta (ADD agus ADHD san áireamh) (Emotional Disturbance – Behavioral Problems including ADD and ADHD)	22 (7%)
Sain-mhíchumas Foghlama (Specific Learning Disability)	87 (27%)
Suaitheadh Mothúchánach Trom (Severe Emotional Disturbance)	3 (1%)
Uathachas/Mí-eagair sa speictream uathach (Autism/Autistic Spectrum Disorders)	3 (1%)
Iomlán	324 (100%)

As catagóirí na riachtanais oideachais speisialta ar fad, ba iad Sain-mhíchumas Foghlama, Míchumas Foghlama Ginearálta Teorantach agus Mionmhíchumas Foghlama Ginearálta, na riachtanais speisialta is mó a bhí ag na leanaí seo, ag 27%, 26% agus 20% faoi seach. Bhí céatadán suntasach (9%) de na leanaí seo ag a raibh Ollmhíchumas/Míchumas Trom Foghlama Ginearálta. Bhí riachtanais níos troime cosúil le Suaitheadh Mothúchánach Trom agus Uathachas ag líon beag daltaí. Bhí Lagú Éisteachta nó Amhairc ag líon beag daltaí freisin.

9.5.1 An Mhúinteoireacht Acmhainne

Is é an Béarla an t-ábhar is mó a raibh daltaí ag fáil tacaíochta leis i gcás an mhúinteora acmhainne. Bhí 167 dalta ag fáil cabhrach leis an ábhar seo sa scoilbhliain faoi chaibidil. Is í an Mhatamaitic an t-ábhar ba lú a raibh tacaíocht á cur ar fáil inti (136 dalta). Is 140 dalta a bhí ag fáil tacaíochta sa Ghaeilge. Ba i nGaeltacht Chiarraí a bhí an líon is airde daltaí ag fáil tacaíochta leis an nGaeilge (39 dalta), mar a thaispeánann Tábla 9.12.

TÁBLA 9.12
LÍON DALTAÍ IAR-BHUNSCOILE AG FÁIL TACAÍOCHTA Ó MHÚINTEOIR ACMHAINNE DE RÉIR ÁBHAR AGUS DE RÉIR CONTAE
(n=27 scoil)

Contae	Béarla	Matamaitic	Gaeilge
Gaillimh n= 9 scoil	24	31	34
Ciarraí n= 4 scoil	56	36	39
Maigh Eo n= 5 scoil	41	35	33
Dún na nGall n= 6 scoil	32	20	20
Port Láirge & Corcaigh n= 3	14	14	14
Iomlán	167	136	140

Thuairiscigh 17 scoil a bhí ag cur tacaíocht acmhainne ar fáil sa Mhatamaitic ar an teanga ina raibh an tacaíocht sin á soláthar. Is trí Bhéarla atá sé á soláthar i gcás 6 scoil agus tá 6 scoil eile á cur ar fáil trí mheascán éigin de Bhéarla agus Ghaeilge. Tá cúig scoil a thuairiscigh gur trí Ghaeilge a chuireann siad an tacaíocht ón múinteoir acmhainne ar fáil don mhatamaitic.

Nuair a fhéachaimid ar an tacaíocht seo de réir contae feicimid gur i gceantair Ghaeltachta Phort Láirge agus Chorcaí agus i nGaeltacht na Gaillimhe is mó a bhí an tacaíocht seo á cur ar fáil trí Ghaeilge (50% agus 40%) amháin. Níor thuairiscigh aon scoil i nGaeltacht Mhaigh Eo go raibh siad ag cur tacaíochta ar fáil don Mhatamaitic trí Ghaeilge amháin (Tábla 9.13).

TÁBLA 9.13
LÍON NA SCOILEANNA INA GCUIREANN MÚINTEOIR ACMHAINNE TACAÍOCHT AR FÁIL SA MHATAMAITIC AGUS AN TEANGA INA GCUIRTEAR AR FÁIL Í *(n=17)*

Contae	Gaeilge	Béarla	Béarla & Gaeilge
Gaillimh	2 (40%)	2 (40%)	1 (20%)
Ciarraí	1 (25%)	1 (25%)	2 (50%)
Maigh Eo	0 (0%)	2 (67%)	1 (33%)
Dún na nGall	1 (33%)	1 (33%)	1 (33%)
Port Láirge & Corcaigh	1 (50%)	0 (0%)	1 (50%)
Iomlán	5 (30%)	6 (35%)	6 (35%)

9.5.2 An Múinteoir Tacaíochta foghlama

Iarradh eolas freisin faoi líon na ndaltaí a fhaigheann tacaíocht ó mhúinteoir tacaíochta foghlama don Bhéarla, don Mhatamaitic agus don Ghaeilge. Tá freagra na ceiste seo le feiceáil i dTábla 9.13. Is don Mhatamaitic is mó atá tacaíocht á cur ar fáil ag na múinteoirí tacaíochta foghlama. Bhí cabhair á fáil ag 287 dalta leis an mBéarla agus fuair 186 dalta cabhair leis an nGaeilge (Tábla 9.14). Ba i nGaeltacht na Gaillimhe a bhí an líon is airde ag fáil tacaíochta leis an nGaeilge (64 dalta).

TÁBLA 9.14
LÍON DALTAÍ AG FÁIL TACAÍOCHTA Ó MHÚINTEOIR TACAÍOCHTA FOGHLAMA DE RÉIR ÁBHAR AGUS DE RÉIR CONTAE *(n= 27 scoil)*

Contae	Béarla	Matamaitic	Gaeilge
Gaillimh n= 9 scoil	58	110	64
Ciarraí n= 4 scoil	57	27	31
Maigh Eo n= 5 scoil	48	56	34
Dún na nGall n= 6 scoil	105	87	38
Port Láirge & Corcaigh n= 3 scoil	19	19	19
Iomlán	287	299	186

Thuairiscigh an 26 scoil a bhí ag cur tacaíochta ar fáil do dhaltaí sa Mhatamaitic, an teanga ina raibh sé á cur ar fáil. Is trí Ghaeilge atá an tacaíocht seo á cur ar fáil i gcás 10 scoil. Bhí 9 scoil eile ag cur tacaíochta don Mhatamaitic ar fáil trí Ghaeilge agus Bhéarla agus 7 scoil a thuairiscigh gur trí Bhéarla a chuireann siad tacaíocht ar fáil.

Ba i nGaeltacht na Gaillimhe is mó a bhí an tacaíocht seo á cur ar fáil trí Ghaeilge – in 75% de na scoileanna. Níor thuairiscigh aon scoil i nGaeltacht Mhaigh Eo go raibh siad ag cur tacaíochta ar fáil don Mhatamaitic trí Ghaeilge amháin (Tábla 9.15).

TÁBLA 9.12
LÍON DALTAÍ IAR-BHUNSCOILE AG FÁIL TACAÍOCHTA Ó MHÚINTEOIR ACMHAINNE DE RÉIR ÁBHAR AGUS DE RÉIR CONTAE (n=27 scoil)

Contae	Gaeilge	Béarla	Béarla & Gaeilge
Gaillimh	6 (75%)	1(12.5%)	1 (12.5%)
Ciarraí	1 (25%)	1 (25%)	2 (50%)
Maigh Eo	0 (0%)	3 (60%)	2 (40%)
Dún na nGall	2 (33%)	2 (33%)	2 (33%)
Port Láirge & Corcaigh	1 (33%)	0 (0%)	2 (67%)
Iomlán	10 (38%)	7 (27%)	9 (35%)

9.6 EOLAS FAOI FHOIRNE NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA

Sa scoilbhliain 2003-2004 thuairiscigh an 27 scoil a líon na ceistneoirí go raibh 516 duine i mbun cúraimí oideachasúla sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta (Tábla 9.16). Is i nGaeltachtaí na Gaillimhe agus Dhún na nGall a bhí an líon is mó fostaithe - 156 agus 143 duine, faoi seach. Ina measc seo bhí 5 phríomhoide riaracháin, 21 príomhoide teagaisc agus 25 leas-phríomhoide teagaisc. Bhí 405 duine eile i mbun cúraimí mar mhúinteoir ranga. Sa bhreis orthu seo bhí 60 múinteoir eile i mbun cúraimí éagsúla mar a léiríonn Tábla 9.15.

TÁBLA 9.16
LÍON PRÍOMHOIDÍ AGUS MÚINTEOIRÍ I MBUN RANGANNA IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA
(n=27 scoil)

	Gaillimh	Ciarraí	Maigh Eo	Dún na nGall	Port Láirge agus Corcaigh	Iomlán
Príomhoidí Riaracháin amháin	1	2	1	1	0	5
Príomhoidí Riaracháin & Teagaisc	7	2	4	5	3	21
Leas-Phríomhoidí Riaracháin & Teagaisc	8	4	5	5	3	25
Múinteoirí Ábhar	119	61	75	110	40	405
Múinteoir Tacaíochta Foghlama	2	1	2	3	1	9
Múinteoir Acmhainne	3	0	0	3	0	6
Múinteoir Gairmthreorach	2	1	2	3	1	9
Múinteoir Teagmhála Baile	2	0	0	0	0	2
Comhordaitheoirí Clár	2	0	1	1	0	4
Cúntóir Riachtanais Speisialta	6	1	1	11	0	19
Cúntóir Teanga	3	4	0	0	1	8
Eile: Séiplíneach	1	0	0	1	1	3
Iomlán	**156**	**76**	**91**	**143**	**50**	**516**

Bhí 330 (81%) de na múinteoirí ábhar ceaptha ar bhonn buan sna scoileanna (Tábla 9.17). Is i nGaeltacht Dhún na nGall (ag 91%) is mó atá céatadán na múinteoirí ceaptha ar bhonn buan. Sna ceantair Ghaeltachta eile tá an céatadán idir 68% agus 84%. Tá líon beag múinteoirí ceaptha ar bhonn páirtaimseartha intofa (10%) agus páirtaimseartha (7%).

TÁBLA 9.17
STÁDAS FOSTAÍOCHTA NA MÚINTEOIRÍ ÁBHAR
(n=27 scoil)

	Buan	Sealadach Lánaimseartha	Páirtaimseartha Intofa	Páirtaimseartha	Ionadaíoch	Iomlán
Gaillimh n = 9	94 (79%)	0 (0%)	21 (18%)	4 (3%)	0 (0%)	119
Ciarraí n= 4	46 (75%)	0 (0%)	4 (7%)	9 (15%)	2 (3%)	61
Maigh Eo n = 5	63 (84%)	0 (0%)	4 (5%)	6 (8%)	2 (3%)	75
Dún na nGall n = 6	100 (91%)	0 (0%)	6 (5%)	4 (4%)	0 (0%)	110
Port Láirge, & aCorcaigh n= 3	27 (68%)	0 (0%)	7 (18%)	6 (15%)	0 (0%)	40
Iomlán n=27	330 (81%)	0 (0%)	42 (10%)	29 (7%)	4 (1%)	405

Thuairiscigh na hiar-bhunscoileanna go bhfuil bunchéim ag 84% de na múinteoirí agus go bhfuil buncháilíocht éigin eile ag 9% acu. Tá Ard-Dioplóma san Oideachas ag 72% de na múinteoirí agus tá an Ceard Teastas sa Ghaeilge ag 69% acu. Tá an Teastas i dTeagasc na Gaeilge ag 9% de na múinteoirí agus tá cáilíocht iarchéime eile ag 11% acu (Tábla 9.18).

TÁBLA 9.18
CÁILÍOCHTAÍ NA MÚINTEOIRÍ IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA
(n=27 scoil)

Contae	Múinteoirí le bunchéim	Múinteoirí le buncháilíochtaí eile seachas céim	Múinteoirí le hArd-Dioplóma san Oideachas	Múinteoirí le Ceard Teastas sa Ghaeilge	Múinteoirí le Teastas i dTeagasc na Gaeilge	Múinteoirí le cáilíochtaí iarchéime eile
Gaillimh	122	10	106	103	12	19
Ciarraí	73	1	69	62	5	7
Maigh Eo	79	16	57	59	18	4
Dún na nGall	115	19	94	98	8	16
Port Láirge & Corcaigh	47	3	44	36	3	10
Iomlán	436 (84%)	49 (9%)	370 (72%)	358 (69%)	46 (9%)	56 (11%)

9.6.1 Próifíl Aoise na Múinteoirí

Thuairiscigh 26 scoil dúinn ar phróifíl aoise na bpríomhoidí agus na múinteoirí atá ag obair iontu (Tábla 9.19). Tá 69 (16%) de na príomhoidí/múinteoirí faoi bhun 30 bliain d'aois. Tá an céatadán de na múinteoirí, atá san aoisghrúpa seo i nGaeltachtaí Mhaigh Eo agus Phort Láirge agus Chorcaí, cothrom lena chéile ag 20% i ngach cás. Tá sé níos ísle i gcás cheantar Gaeltachta na Gaillimhe, ag 12% agus igcás cheantar Gaeltachta Chiarraí ag 13%.

TÁBLA 9.19
PRÓIFÍL AOISE FHOIREANN MÚINTEOIRÍ AGUS PRÍOMHOIDÍ NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Contae	Faoi 30 Bliain	Idir 30 & 40	Idir 41 & 50	Idir 51 & 55	Idir 56 & 60	Idir 61 & 65	Iomlán
Gaillimh n = 8/9	14 (12%)	35 (30%)	18 (15%)	35 (30%)	10 (8%)	6 (5%)	118
Ciarraí n= 4	8 (13%)	21 (33%)	16 (25%)	10 (16%)	9 (14%)	0 (0%)	64
Maigh Eo n = 5	18 (20%)	26 (29%)	20 (22%)	15 (16%)	10 (11%)	2 (2%)	91
Dún na nGall n = 6	20 (16%)	38 (30%)	27 (22%)	22 (18%)	9 (7%)	9 (7%)	125
Port Láirge & Corcaigh n= 3	9 (20%)	8 (17%)	18 (39%)	4 (9%)	4 (9%)	3 (7%)	46
Iomlán n=26	69 (16%)	128 (29%)	99 (22%)	86 (19%)	42 (9%)	20 (5%)	444

Tá 227 (51%) múinteoir san aoisghrúpa ó 30-50 bliain d'aois. Tá an céatadán is mó de na múinteoirí san aoisghrúpa seo le fáil i nGaeltacht Chiarraí, eadhon 58%. Tá idir 45% agus 56% de na múinteoirí sna ceantair Ghaeltachta eile san aoisghrúpa seo. Tá 148 (33%) de na múinteoirí san aoisghrúpa 51 - 65 bliain. Is i nGaeltacht na Gaillimhe atá an céatadán is mó de mhúinteoirí san aoisghrúpa seo - 43%. Tá idir 25%-32% de na múinteoirí sna ceantair Ghaeltachta eile san aoisghrúpa céanna.

LÉARÁID 9.4
PRÓIFÍL AOISE NA MÚINTEOIRÍ DE RÉIR CONTAE
(n=26)



9.6.2 Earcaíocht Mhúinteoirí

Iarradh ar na hiar-bhunscoileanna eolas a thabhairt dúinn faoi líon na bpost a d'fhógair siad sa tréimhse 2001-2003 agus faoi líon na n-iarratas a fuair siad ar gach post. Thuairiscigh 23 scoil gur fhógair siad poist sa tréimhse a bhí i gceist agus cuireadh sonraí ar fáil dúinn faoi 76 post acu sin.

TÁBLA 9.20
LÍON NA BPOST A FÓGRAÍODH IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA SA TRÉIMHSE 2001-2003 AGUS LÍON NA N-IARRATAS A FUARTHAS AR GACH POST
(TAGRAÍONN NA FIGIÚIRÍ I LÚIBÍNÍ DO LÍON NA BPOST NÁR LÍONADH AR AN GCÉAD IARRACHT)

	Líon Iarratas									
	0	1	2	3	4	5	6-10	11-20	21 +	Iomlán
Méid Post a fógraíodh le 3 bliana anuas n=23 scoil.	8 (8)	19 (3)	9	19 (2)	3 (1)	3	12 (2)	2	1	76 (16)

Ní bhfuarthas ach trí iarratas nó níos lú ar 55 (72%) de na poist a fógraíodh. Ina measc seo tá 8 (11%) bpost nach bhfuarthas aon iarratas orthu ar an gcéad iarracht. Fuarthas idir 4-10 iarratas ar 18 de na poist a fógraíodh (bhí cúig phost acu seo nár líonadh ar an an gcéad iarracht). Fuarthas 11 iarratas nó os a chionn ar 3 de na poist a fógraíodh.

9.6.3 Múinteoirí ag a bhfuil Gaeilge a aimsiú

Iarradh ar na hiar-bhunscoileanna an mbíonn deacrachtaí acu múinteoirí ag a bhfuil Gaeilge a aimsiú. Dúirt 18 scoil (69%) go mbíonn deacraíochtaí acu múinteoirí ag a bhfuil Gaeilge a aimsiú. Tá an céatadán is mó de na scoileanna sin i nGaeltacht na Gaillimhe (75%) agus i gceantair Ghaeltachta Chorcaí agus Phort Láirge (100%) (Tábla 9.21). Tá leath de na hiar-bhunscoileanna i nGaeltacht Dhún na nGall a mbíonn deacracht acu múinteoirí, ag a bhfuil Gaeilge, a fháil.

TÁBLA 9.21
AN MBÍONN DEACRACHTAÍ AG IAR-BHUNSCOILEANNA MÚINTEOIRÍ AG A BHFUIL GAEILGE A AIMSIÚ

Contae	Bíonn	Ní Bhíonn	Iomlán
Gaillimh n=8/9	6 (75%)	2 (25%)	8
Ciarraí	3 (75%)	1 (25%)	4
Maigh Eo	3 (60%)	2 (40%)	5
Dún na nGall	3 (50%)	3 (50%)	6
Port Láirge & Corcaigh	3 (100%)	0 (0%)	3
Iomlán n=26 scoil	18 (69%)	8 (31%)	26

Thuairiscigh 3 scoil go mbíonn deacrachtaí acu múinteoirí, ag a bhfuil Gaeilge, a aimsiú do gach ábhar. Thuairiscigh 8 scoil go mbíonn deacrachtaí acu múinteoirí a fháil do na hábhair eolaíochta, rud a léiríonn deacrachtaí faoi leith leis na hábhair sin. Is cosúil go mbíonn deacrachtaí faoi leith ag scoileanna múinteoirí a fháil do na hábhair phraiticiúla cosúil le hadhmadóireacht/foirgníocht, miotalóireacht agus eacnamaíocht bhaile. Is léir ó Thábla 9.22, áfach, go mbíonn deacrachtaí ag scoileanna áirithe múinteoirí, ag a bhfuil Gaeilge, a aimsiú fiú do na hábhair is coitianta atá á múineadh ag an dara leibhéal, eadhon, an mhatamaitic, Fraincis, Stair agus Gaeilge. Níor thuairiscigh aon scoil go raibh deacrachtaí acu múinteoirí a fháil chun Béarla a mhúineadh. Thuairiscigh 2 scoil go mbíonn sé deacair orthu ionadaithe, ag a bhfuil Gaeilge, a aimsiú. Sa phlé a bhí againn le príomhoidí na n-iar-bhunscoileanna thuairiscigh siad go gcothaíonn an easpa múinteorí atá ábalta agus toilteanach múineadh trí mheán na Gaeilge deacrachtaí faoi leith dóibh, chomh fada agus a bhaineann sé le polasaí na scoile an teagasc ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge. In amanna bíonn orthu glacadh le múinteoirí nach bhfuil ábalta teagasc trí Ghaeilge de bharr nach féidir leo rang a fhágáil gan mhúinteoir.

TÁBLA 9.22
NA HÁBHAIR A MBÍONN DEACRACHTAÍ AG IAR-BHUNSCOILEANNA MÚINTEOIRÍ, AG A BHFUIL GAEILGE, A AIMSIÚ DÓIBH

Ábhair	Líon scoileanna a luaigh deacrachtaí leis an ábhar seo
Matamaitic	3
Eolaíocht	8
Fraincis	3
Ceol	2
Adhmadóireacht	5
Eacnamaíocht Bhaile	4
Foirgníocht	4
Líníocht	2
Ealaín	3
Gnó	3
Cuntasaíocht	1
Innealtóireacht	2
Miotalóireacht	2
Tíreolaíocht	2
Reiligiún	2
Gairmthreoir	2
Gaeilge	1
Stair	1
Gach ábhar	3
Ionadaí ag a bhfuil Gaeilge	2

9.7 COISTÍ TUISMITHEOIRÍ

Tá coiste tuismitheoirí ag 17 (63%) d'iar-bhunscoileanna na Gaeltachta (i gcomparáid le 29% de na bunscoileanna). Tá coiste tuismitheoirí ag gach ceann de na hiar-bhunscoileanna i nGaeltacht Chiarraí. Tá coiste tuismitheoirí ag idir leath agus dhá thrian de na hiar-bhunscoileanna sna limistéir Ghaeltachta eile (Tábla 9.23).

TÁBLA 9.23
LÍON IAR-BHUNSCOILEANNA LE COISTE TUISMITHEOIRÍ

Méid na Scoile	Tá	Níl	Iomlán
Gaillimh	5 (56%)	4 (44%)	9
Ciarraí	4 (100%)	0 (0%)	4
Maigh Eo	3 (60%)	2 (40%)	5
Dún na nGall	3 (50%)	3 (50)	6
Port Láirge agus Corcaigh	2 (67%)	1 (33%)	3
Iomlán	17 (63%)	10 (37%)	27

9.8 TÁTAL

Ar an iomlán, is léir go bhfuil cuid mhaith de na dúshláin chéanna le sárú ag na scoileanna dara leibhéal sa Ghaeltacht agus atá ag na scoileanna bunleibhéil. Tá líon na ndaltaí ag titim. Thit líon na ndaltaí iar-bhunscoile 10% idir 1998 agus 2003. Tá sé seo beagán níos airde ná an titim 7% i líon na ndaltaí bunscoile sa tréimhse chéanna. I bhformhór na gcontaetha Gaeltachta, áfach, tá an titim i líon na ndaltaí bunleibhéil agus dara leibhéal an-ghar dá chéile. Is í Gaeltacht Phort Láirge an eisceacht. Thit líon na ndaltaí bunscoile anseo 31% idir 1998 agus 2003 agus d'ardaigh líon na ndaltaí iar-bhunscoile 23% sa tréimhse chéanna.

Tá 23% de dhaltaí iar-bhunscoile na Gaeltachta a rugadh nó a tógadh lasmuigh den Ghaeltacht. Is 5% acu seo a rugadh/tógadh thar lear. Tá an céatadán seo seo níos ísle ná an céatadán céanna ag an mbunleibhéal. Is 26% de na daltaí bunscoile a rugadh nó a tógadh lasmuigh den Ghaeltacht agus rugadh/tógadh 11% acu lasmuigh den tír. Is cosúil mar sin, gur ag dul i méid a bheidh an brú ar an nGaeilge sna hiar-bhunscoileanna sna blianta amach anseo. Is é a mhalairt atá fíor i gcás áit chónaithe na ndaltaí. I gcás na mbunscoileanna tá 91% de na daltaí ina gcónaí laistigh den limistéar Gaeltachta, ach i gcás na n-iar-bhunscoileanna ní chónaíonn ach 82% de na daltaí laistigh den Ghaeltacht. Is léir mar sin, go mbeidh i bhfad níos mó brú ar an nGaeilge ag an dara leibhéal sna scoileanna sin atá suite ar imeall na Gaeltachta agus a bhfuil daltaí ag teacht chucu ó cheantair agus ó bhunscoileanna nach bhfuil sa Ghaeltacht.

Tá riachtanais speisialta ag 7% de na daltaí iar-bhunscoile sa Ghaeltacht. Tá an céatadán seo beagán níos airde ná mar atá ag an mbunleibhéal. Déantar soláthar tacaíochta foghlama níos fearr don Ghaeilge ag an dara leibhéal ná mar a dhéantar ag an mbunleibhéal. Tá 326 dalta ag fáil tacaíocht foghlama nó acmhainne don Ghaeilge sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta i gcomparáid le 154 dalta ag an mbunleibhéal.

Thuairiscigh dhá thrian de na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta go mbíonn deacrachtaí acu múinteoirí a aimsiú. Mar a bhí i gcás na mbunscoileanna, bhí sciar suntasach de na poist a fógraíodh sna hiar-bhunscoileanna le trí bliana anuas nár líonadh ar an gcéad iarracht agus, ar an iomlán bhí líon na n-iarratas a fuarthas do na poist seo an-íseal. De bharr na ndeacrachtaí a bhíonn ag scoileanna múinteoirí atá ábalta teagasc trí Ghaeilge a fháil bíonn siad fágtha gan aon rogha go minic, ach múinteoirí gan Ghaeilge a fhostú.

caibidil 10

CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA

10.1 RÉAMHRÁ

Mar a rinneadh i gcás na mbunscoileanna, iarradh ar na hiar-bhunscoileanna eolas a thabhairt maidir le cumas teanga na ndaltaí sna ranganna éagsúla. Baineadh leas as na catagóirí céanna a úsáideadh do na bunscoileanna, eadhon:

- Daltaí le Gaeilge Líofa
- Daltaí le Gaeilge Mhaith
- Daltaí le Gaeilge Mheasartha
- Daltaí ar Bheagán Gaeilge
- Daltaí gan aon Ghaeilge

Tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 69% de dhaltaí iar-bhunscoile na Gaeltachta. Tá 21% eile díobh ag a bhfuil Gaeilge mheasartha. Tá 10% de dhaltaí na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Nuair a dhéanaimid comparáid idir cumas Gaeilge na ndaltaí bunscoile (Tábla 4.1) agus iar-bhunscoile (Tábla 10.1) feicimid go bhfuil líon na ndaltaí, ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith, níos líonmhaire ag an dara leibhéal ag 69% i gcomparáid le 47% ag an mbunleibhéal. Tá líon na ndaltaí, ag a bhfuil Gaeilge mheasartha, beagnach mar an gcéanna ag an dá leibhéal ag 27% agus 28%, faoi seach. Ag 26% tá nach mór a thrí oiread daltaí ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge sna mbunscoileanna, i gcomparáid le 10% ag an dara leibhéal. Ar ndóigh, mar a léiríodh i gCaibidil 4, an chúis is mó atá leis seo, ná go mbíonn cumas Gaeilge i bhfad níos airde ag daltaí Gaeltachta ar fhágáil na bunscoile dóibh ná mar a bhíonn acu agus iad ag tosú ar scoil. Dá bhrí sin, bíonn cumas Gaeilge níos fearr ag na daltaí seo agus iad ag tosú ar an iar-bhunscoil ná mar a bhíonn acu agus iad ag tosú ar an mbunscoil.

Mar a bhí i gcás na mbunscoileanna (Tábla 4.1), is i nGaeltacht na Gaillimhe is airde atá cumas Gaeilge na ndaltaí le 88% de na daltaí ansin ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith. Ina dhiaidh sin, tá ceantair Ghaeltachta Phort Láirge agus Chorcaí le 69% agus Gaeltacht Chiarraí ina bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 67% de na daltaí. Tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 63% de dhaltaí iar-bhunscoile Ghaeltacht Dhún na nGall, agus is i nGaeltacht Mhaigh Eo, mar a bhí i gcás na mbunscoileanna chomh maith, a bhí an cumas is ísle teanga le Gaeilge líofa ag 16% agus Gaeilge mhaith ag 34% de na daltaí. Tugann Tábla 10.1 léargas iomlán dúinn ar chumas Gaeilge na ndaltaí de réir contae.

TÁBLA 10.1
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ DE RÉIR CONTAE *(n=27)*

Contae	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Ar bheagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge	Iomlán
Gaillimh	1149 (82%)	81 (6%)	104 (7%)	68 (5%)	7 (0.49)	1409
Ciarraí	321 (48%)	130 (19%)	166 (25%)	50 (7%)	5 (1%)	672
Maigh Eo	159 (16%)	334 (34%)	304 (31%)	130 (13%)	57 (6%)	984
Dún na nGall	569 (40%)	329 (23%)	355 (25%)	123 (9%)	49 (3%)	1425
Port Láirge agus Corcaigh	118 (34%)	124 (35%)	97 (28%)	12 (3%)	0	351
Iomlán	2316 (48%)	998 (21%)	1026 (21%)	383 (8%)	118 (2%)	4841

Tá sé suntasach go bhfuil líon na ndaltaí, ag a bhfuil Gaeilge mheasartha, cuid mhaith níos airde sna ceantair Ghaeltachta eile (i raon ó 25%- 31%) ná mar atá i nGaeltacht na Gaillimhe (7%), agus go bhfuil líon na ndaltaí, atá ar bheagán nó gan aon Ghaeilge, níos airde sna contaetha sin chomh maith, seachas i gcás ceantair Ghaeltachta Phort Láirge agus Chorcaí. Nuair a chuirimid na catagóirí seo le chéile, feicimid go bhfuil idir 33% agus 44% de dhaltaí iar-bhunscoile Ghaeltachta Chiarraí, Dhún na nGall agus Mhaigh Eo nach bhfuil acu ach Gaeilge mheasartha nó atá ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge.

LÉARÁID 10.1
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ IAR-BHUNSCOILE DE RÉIR CONTAE



Thosaigh 66% de dhaltaí na Gaeltachta in iar-bhunscoil i 2003-4 agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu (Tábla 10.2). Tá an céatadán seo gar go maith don tuairisc a fuaireamar ó na príomhoidí bunscoile maidir le cumas Gaeilge na ndaltaí sna hardranganna bunscoile. Eadhon, thuairiscigh siad go raibh Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 62% de dhaltaí rang 6 agus go raibh an scéal amhlaidh i gcás 64% de dhaltaí rang 5 (Tábla 4.2). Ag 22% tá céatadán na ndaltaí, ag a bhfuil Gaeilge mheasartha i mBliain 1 sna hiar-bhunscoileanna, níos ísle ná an 26% a tuairiscíodh a bheith i rang 6 sna bunscoileanna.

TÁBLA 10.2
CUMAS TEANGA NA NDALTAÍ DE RÉIR RANGA
(n=27 scoil)

Rang	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Beagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge
Bliain 1	45%	21%	22%	9%	3%
Bliain 2	45%	19%	23%	9%	2%
Bliain 3	48%	20%	21%	8%	2%
Idirbhliain	54%	22%	17%	7%	1%
Bliain 5	49%	20%	22%	6%	3%
Bliain 6	50%	22%	18%	7%	3%

Cé go n-ardaíonn líon na ndaltaí iar-bhunscoile, a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu, idir Bliain 1 agus Bliain 6, níl an t-ardú seo chomh suntasach ná chomh leanúnach agus a bhí le brath ag an mbunleibhéal. Cé gur fíor go n-ardaíonn céatadán na ndaltaí ag a bhfuil an dá chumas is airde teanga ó 66% i mBliain 1 go dtí 72% i mBliain a 6 (agus go bhfuil ardú suntasach ó 68% go 76% idir Bliain 3 agus an Idirbhliain), tá laghdú sa chéatadán le feiceáil faoi dhó ar an tslí. Is laghdú fíorbheag atá i gceist ar dtús idir Bliain 1 agus Bliain 2, ach tá an laghdú roinnt mhaith níos suntasaí idir an Idirbhliain agus Bliain 5 (Léaráid 10.2).

I mBliain 1, thosaigh 12% de na daltaí agus beagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge acu. Ní raibh ach 3%, áfach, gan aon Ghaeilge in aon chor. Tá sé suntasach go bhfuil an céatadán seo i bhfad níos ísle ná céatadán na ndaltaí a thosaíonn ar an mbunscoil ar bheagán Gaeilge nó gan Ghaeilge, eadhon 59% (Tábla 4.2). Léiríonn sé seo go soiléir an tionchar dearfach a bhíonn ag na bunscoileanna ar chumas Gaeilge na ndaltaí sa Ghaeltacht. Léiríonn na tuairiscí a fuaireamar ó na príomhoidí bunscoile, go raibh 12% de dhaltaí rang 5 agus rang 6 i 2003-4 ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge freisin. Is cosúil, dá réir sin, go bhfuil líon na mac léinn a thosaíonn ar an iar-bhunscoil ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge seasta go leor ó bhliain go bliain. Caithfear a áireamh, ar ndóigh, go bhfuil roinnt de na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta a ghlacann le daltaí ó bhunscoileanna atá suite lasmuigh den limistéar Gaeltachta agus go mbeadh tionchar éigin ag na daltaí sin ar na figiúirí seo freisin. Cé go dtagann laghdú ar chéatadán na ndaltaí a bhíonn ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge suas tríd na ranganna san iar-bhunscoil chomh fada leis an Idirbhliain, is laghdú fíorbheag atá ann (1% nó 2%) agus ardaíonn an céatadán seo arís tar éis na hIdirbhliana sa chaoi is go mbíonn 10% de na daltaí fós ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge i mBliain a 6.

LÉARÁID 10.2
CUMAS TEANGA NA NDALTAÍ IAR-BHUNSCOILE DE RÉIR BLIANA
(n=27 scoil)



Is cosúil mar sin, nach mbíonn tionchar chomh mór céanna ag na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta ar chumas Gaeilge a gcuid daltaí agus a bhíonn ag na bunscoileanna. Tá dhá ghné shuntasacha, áfach, ag baint le cumas Gaeilge na ndaltaí ag an dara leibhéal. Ar an gcéad dul síos, is cosúil go mbíonn ardú ar leibhéal cumais na ndaltaí suas go dtí an idirbhliain agus go dtiteann sé ina dhiaidh sin (Léaráid 10.2). Ní léir cén chúis atá leis seo, ná an bhfuil ceangal díreach idir é agus an titim thubaisteach ar líon na n-áiseanna teagaisc atá ar fáil do na ranganna Ardteistiméireachta (Tábla 13.1), agus ar an laghdú a thagann ar an gcéatadán den teagasc a dhéantar trí mheán na Gaeilge sna ranganna Ardteistiméireachta (Tábla 14.1). An dara gné atá suntasach faoi chumas Gaeilge na ndaltaí sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta, is ea gur cosúil gur beag tionchar a bhíonn ag na scoileanna ar chumas Gaeilge na ndaltaí a thagann chucu ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge.

CUMAS TEANGA NA NDALTAÍ I GCOMHTHÉACS STAID NA TEANGA SA CHEANTAR INA BHFUIL AN SCOIL SUITE

Tugann na figiúirí thuas léargas dúinn ar chumas Gaeilge na ndaltaí sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta ag leibhéal náisiúnta ach ní hionann sin agus a rá gur mar sin atá cumas Gaeilge na ndaltaí i ngach iar-bhunscoil sa Ghaeltacht. Ní fhéadfaí a rá go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 66% de na daltaí i ngach iar-bhunscoil sa Ghaeltacht nuair a thosaíonn siad i mBliain 1 agus go bhfuil 12% acu ar bheagán nó gan aon Ghaeilge i ngach scoil (an patrún náisiúnta a léiríodh i dTábla 10.2). Mar a léiríodh i leith na mbunscoileanna (3.2, lch 29), tá difríochtaí suntasacha le brath idir scoileanna éagsúla ó thaobh chéatadán na ndaltaí a thagann chun na scoile agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu. Tá roinnt iar-bhunscoileanna ann ina bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag formhór na ndaltaí agus iad ag teacht isteach go Bliain 1 agus roinnt iar-bhunscoileanna eile nach dtagann aon dalta, nó mórán daltaí, chucu agus an cumas sin Gaeilge acu (Tábla 10.3).

TÁBLA 10.3
LÍON NA SCOILEANNA DE RÉIR CÉATADÁN NA NDALTAÍ AG FREASTAL AR BHLIAIN 1 AG A BHFUIL GAEILGE LÍOFA NÓ GAEILGE MHAITH

Líon na scoileanna	5	1	3	3	1	3	1	2	0	1	7
Céatadán na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag freastal ar Bhliain 1.	0%	1–10%	11–20%	21–30%	31–40%	41–50%	51–60%	61–70%	71–80%	81–90%	91–100%

I gcás 16 (59%) de na hiar-bhunscoileanna, níl ach 50% nó níos lú ná sin dá gcuid daltaí céadbhliana a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu. I gcás cúig scoil acu seo, níl aon dalta acu sa chéad bhliain ag a bhfuil Gaeilge líofa. Tá 7 scoil (26%) ann ina bhfuil Gaeilge líofa ag idir 91%-100% de dhaltaí na chéad bhliana, agus tá 4 scoil eile a bhfuil Gaeilge líofa ag idir 51% agus 90% dá gcuid daltaí céad bhliana.

Tuairiscíodh i gCaibidil 4 agus na bunscoileanna faoi chaibidil, go bhféadfaí glacadh leis gurb í staid na Gaeilge sa cheantar ina bhfuil an scoil suite is mó a imríonn tionchar ar na patrúin seo. Bunaithe ar staid na teanga sna ceantair éagsúla Ghaeltachta de réir Dhaonáireamh 2002, bunaíodh catagóirí difriúla do na scoileanna ar fad, eadhon Catagóir A, B, agus C (féach 4.2 thuas) ar mhaithe le hanailís a dhéanamh a thabharfadh an comhthéacs sochtheangeolaíoch ina bhfuil an scoil suite san áireamh. Agus comparáid á déanamh idir an dá chineál scoile, áfach, ní mór a áireamh:

- Gur gnách d'abhantrach iar-bhunscoile a bheith i bhfad níos leithne ná abhantrach bunscoile agus sa chás seo go bhféadfadh abhantrach iar-bhunscoile Gaeltachta limistéir a bheith san áireamh ann a chuimseodh níos mó ná ceann amháin de na catagóirí thuas.
- Go bhfuil cuid de na hiar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht ag freastal ar abhantrach scoile a bhfuil cuid di lasmuigh den Ghaeltacht oifigiúil.

É sin ráite, ceapadh go mbeadh sé fós tairbheach anailís a dhéanamh ar na hiar-bhunscoileanna agus úsáid á baint as na catagóirí céanna. Leagann Tábla 10.4 na scoileanna amach de réir na gcatagóirí seo.

TÁBLA 10.4
LÍON NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA DE RÉIR CATAGÓRA, BUNAITHE AR LÍON NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAEILGE SA CHEANTAR INA BHFUIL AN SCOIL SUITE

Contae	Líon Scoileanna	Líon Teaghlach	Líon Daltaí
Catagóir A	9	969	1328
Catagóir B	7	1066	1420
Catagóir C	11	1604	2093
Iomlán	27	3639	4841

10.2.1 Catagóir A: Iar-bhunscoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn 70+% den phobal an Ghaeilge go laethúil

Mar a thaispeánann Tábla 10.4, tá 1,328 dalta ó 969 teaghlach, ag freastal ar an 9 scoil (33% de na hiar-bhunscoileanna ar fad) atá suite i gceantair ina bhfuil breis agus 70% den phobal ag labhairt na Gaeilge go laethúil. Mar a bhí fíor i gcás na mbunscoileanna (Tábla 4.4), seo an dara catagóir is mó de na trí chatagóir. Mar a bheimis ag súil leis, tá céatadán i bhfad níos airde de dhaltaí a thosaíonn i mBliain 1 sna scoileanna seo agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu ná mar a bhí le feiceáil ar leibhéal náisiúnta – 95% i gcomparáid le 66% go náisiúnta. Tá tionchar na mbunscoileanna le brath go láidir ar na figiúirí seo chomh maith. Níor thosaigh ach 54% de na daltaí i mbunscoileanna Chatagóir A agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu sna naíonáin bheaga (Tábla 4.5). Spéisiúil go leor, áfach, tá céatadán na ndaltaí, ag a raibh Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith i rang 6 sna bunscoileanna i gCatagóir A ag 87% (Tábla 4.5), roinnt mhaith níos ísle ná an céatadán don chéad bhliain san iar-bhunscoil (95%) (Tábla 10.5). Téann an figiúir seo suas agus síos ó Bhliain 1 suas go dtí Bliain 6, áit a bhfuil an céatadán, ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith, tite go 93%.

TÁBLA 10.5
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A
(n=9 scoil)

Rang	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Ar bheagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge
Bliain 1	91%	4%	2%	3%	1%
Bliain 2	88%	3%	4%	5%	0%
Bliain 3	93%	2%	1%	2%	1%
Idirbhliain	81%	5%	3%	9%	1%
Bliain 5	93%	2%	4%	1%	0%
Bliain 6	90%	2%	4%	3%	1%
Iomlán	90%	3%	3%	3%	1%

Tagann an t-ísliú is mó ar chéatadán na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith i mBliain na hIdirbhliana (ó 95% go 86%) agus tarlaíonn an t-ardú is mó díreach ina dhiaidh sin idir an Idirbhliain agus Bliain 5 (ó 86% ar ais suas go 95%). A mhalairt a bhí fíor maidir leis na blianta seo i gcás na bhfigiúirí náisiúnta. I gcás an chumais de réir ranga go náisiúnta (Tábla 10.2), d'ardaigh cumas Gaeilge na ndaltaí idir Bliain 3 agus an Idirbhliain agus d'ísligh sé arís tar éis na hIdirbhliana. Maidir leis na daltaí atá ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge sna hiar-bhunscoileanna seo i gCatagóir A, is 4 % de na daltaí atá i gceist ar an iomlán agus níl an céatadán seo ródhifriúil i gcás formhór na ranganna, seachas san Idirbhliain áit ar

tuairiscíodh 10% de na daltaí a bheith ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge agus i mBliain 5, áit nach bhfuil ach 1% i gceist (Tábla 10.5).

Léiríonn Léaráid 10.3 thíos gurb iad na daltaí, ag a bhfuil Gaeilge líofa, an grúpa is líonmhaire sna hiar-bhunscoileanna i gCatagóir A. Fanann an céatadán atá i gceist seasta go maith, ach amháin an t-íslú a thagann san Idirbhliain. Níl sé soiléir cén fáth a mbeadh titim chomh mór sin i gcumas Gaeilge na ndaltaí san Idirbhliain, go háirithe nuair is titim i líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa agus ardú ar líon na ndaltaí ar bheagán Gaeilge atá i gceist. Cúis amháin a d'fhéadfadh a bheith leis ná go mbíonn deis ag na múinteoirí a bhíonn ag plé leis na daltaí idirbhliana na daltaí sin a chloisteáil ag baint níos mó úsáide sóisialta agus neamhfhoirmeálta as a gcuid Gaeilge agus nach mbíonn an cumas teanga seo chomh forbartha céanna acu agus a bhíonn a gcumas an teanga a úsáid chun críche cuspóirí acadúla. Is gné í seo ar gá tuilleadh taighde a dhéanamh uirthi.

LÉARÁID 10.3
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A, DE DÉIR RANGA (n=9 scoil)



10.2.2 Catagóir B: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn idir 40% agus 69% den phobal an Ghaeilge go laethúil

1,420 dalta ó 1,066 teaghlach atá ag freastal ar na 7 n-iar-bhunscoil (26% de na hiar-bhunscoileanna ar fad) atá i gCatagóir B. Seo an catagóir is lú d'iar-bhunscoileanna, mar a bhí i gcás na mbunscoileanna. Thuairiscigh na príomhoidí Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith a bheith ag 71% de dhaltaí Bhliain 1 sna scoileanna seo. Arís, mar a bhí le feiceáil leis na scoileanna i gCatagóir A (Tábla 10.5 thuas), ardaíonn agus íslíonn an céatadán seo sna blianta ó Bhliain 1 go Bliain 6, sa tslí go gcríochnaítear leis an gcéatadán céanna, eadhon, 71%, i mBliain 6. Agus na ranganna ar fad á gcur san áireamh tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 67% de na daltaí sna scoileanna i gCatagóir B (Tábla 10.6).

TÁBLA 10.5
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A *(n=9 scoil)*

Rang	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Ar bheagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge
Bliain 1	39%	32%	17%	10%	3%
Bliain 2	41%	25%	28%	4%	2%
Bliain 3	43%	23%	27%	6%	2%
Idirbhliain	21%	47%	32%	0%	0%
Bliain 5	44%	20%	26%	7%	3%
Bliain 6	48%	23%	17%	8%	4%
Iomlán	42%	25%	23%	7%	2%

Feictear leis na hiar-bhunscoileanna i gCatagóir B go bhfuil céatadán na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge mhaith, i bhfad níos airde ná mar a bhí i gcás na n-iar-bhunscoileanna i gCatagóir A (Tábla 10.5). Is é sin le rá nuair a bhíothas ag tagairt do dhaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith i scoileanna i gCatagóir A, is daltaí le Gaeilge líofa a bhí ina bhformhór mór acu. Anseo, áfach, tá líon na ndaltaí, ag a bhfuil Gaeilge mhaith, i bhfad níos suntasaí agus tá siad nach mór chomh líonmhar leis na daltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa i mBliain 1 agus dhá oiread níos líonmhaire ná iad sin san Idirbhliain.

Tosaíonn a thrí oiread daltaí i mBliain 1 sna hiar-bhunscoileanna i gCatagóir B ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge i gcomparáid leis na scoileanna i gCatagóir A (13% i gCatagóir B, 4% i gCatagóir A). Laghdaíonn an grúpa seo ó 13% i mBliain 1 go dtí 0% san Idirbhliain, ach tagann ardú suntasach air ina dhiaidh sin arís. Ar an iomlán, críochnaíonn beagnach an líon céanna, eadhon 12%, i mBliain 6 ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge agus a thosaigh i mBliain 1. Cé go mbíonn líon na ndaltaí, ag a bhfuil Gaeilge mheasartha sna scoileanna seo, ag ardú agus ag ísliú feadh an ama tríd na ranganna, críochnaíonn an céatadán céanna le Gaeilge mheasartha i mBliain 6 agus a bhí i mBliain 1, eadhon 17% de na daltaí (Tábla 10.6).

Cé gurb iad na daltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa an grúpa is líonmhaire sna scoileanna seo formhór an ama (tá níos mó daltaí ag a bhfuil Gaeilge mhaith agus ag a bhfuil Gaeilge mheasartha san Idirbhliain), mar a thaispeánann Léaráid 10.4, níl na daltaí, ag a bhfuil Gaeilge mhaith nó Gaeilge mheasartha, rófhada chun deiridh orthu. Tá nach mór cothromaíocht idir líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge mhaith agus Gaeilge mheasartha (25% agus 23% ar an iomlán, faoi seach). Is iad na daltaí atá ar bheagán nó gan aon Ghaeilge an grúpa is lú tríd síos (Léaráid 10.4).

Tagann ardú suntasach ar líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa sna hiar-bhunscoileanna i gCatagóir B idir Bhliain 1 agus Bhliain 6. Is cosúil gur beag tionchar a bhíonn acu ar chumas Gaeilge na ndaltaí eile. Arís, mar a chonaiceamar leis na scoileanna i gCatagóir A, tagann athrú suntasach ar an bpatrún a bhaineann le cumas Gaeilge na ndaltaí sna scoileanna i gCatagóir B nuair a thagann sé go dtí an Idirbhliain. Mar a tharla i gcás na scoileanna i gCatagóir A, tá titim mhór le sonrú i líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa. I gcás na scoileanna i gCatagóir B, áfach, tá titim shuntasach le sonrú freisin i líon na ndaltaí atá ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge, ó 8% go dtí 0%, agus tá ardú le sonrú i líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge mhaith agus ag a bhfuil Gaeilge mheasartha.

LÉARÁID 10.4
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B, DE RÉIR RANGA (n=7 scoil)



10.2.3 Catagóir C: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn níos lú ná 40% den phobal an Ghaeilge go laethúil

Is i gCatagóir C arís, mar a bhí i gcás na mbunscoileanna, atá an líon is mó iar-bhunscoileanna Gaeltachta (11 scoil nó 41% acu). Is 2,093 dalta ó 1,604 teaghlach atá ag freastal ar na scoileanna seo. Is é seo 43% de dhaltaí iar-bhunscoile na Gaeltachta. Tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 46% de dhaltaí Bhliain 1 sna scoileanna seo. Ardaíonn an céatadán seo go leanúnach chomh fada leis an Idirbhliain (71%), ach tagann isliú mór air idir an Idirbhliain agus Bliain 5 (ó 71% go dtí 54%). Ardaíonn sé go 60% arís i mBliain 6. Fágann sé seo go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 54% de na daltaí sna scoileanna i gCatagóir C, ar an iomlán, mar is léir ó Thábla 10.7.

TÁBLA 10.7
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C (n=11 scoil)

Rang	Gaeilge Líofa	Gaeilge Mhaith	Gaeilge Mheasartha	Ar bheagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge
Bliain 1	22%	24%	39%	11%	3%
Bliain 2	21%	26%	33%	16%	5%
Bliain 3	23%	29%	31%	14%	3%
Idirbhliain	47%	24%	21%	7%	1%
Bliain 5	24%	30%	31%	9%	5%
Bliain 6	26%	34%	27%	10%	3%
Iomlán	25%	29%	32%	12%	4%

Níl an oiread sin de dhifríocht idir na scoileanna i gCatagóir C agus Catagóir B ó thaobh chéatadán na ndaltaí a thosaigh i mBliain 1 ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge (14% anseo i gcomparáid le 13% i gCatagóir B). Ardaíonn agus íslíonn an céatadán seo tríd na ranganna (leis an ísliú is suntasaí ó 17% go 8% idir Bliain 3 agus an Idirbhliain agus na harduithe is mó idir Bliain 1 agus 2, agus arís idir an Idirbhliain agus Bliain 5), ach críochnaíonn thart ar an méid céanna daltaí ar bheagán Gaeilge nó gan Ghaeilge i mBliain 6 (13%) agus a thosaigh i mBliain 1. Titeann céatadán na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge mheasartha sna scoileanna seo tríd na ranganna, ach amháin go dtagann ardú suntasach orthu arís i mliain Bliain 5.

LÉARÁID 10.5
CUMAS GAEILGE NA NDALTAÍ IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C, DE RÉIR RANGA (n=11 scoil)



Ar an iomlán is iad na daltaí, ag a bhfuil Gaeilge mheasartha, an grúpa is líonmhaire sna scoileanna seo. Agus, nuair a chuirtear na daltaí, ag a bhfuil Gaeilge líofa agus Gaeilge mhaith, le chéile, is léir go bhfuil cumas maith sa Ghaeilge ag formhór dhaltaí na scoileanna i gCatagóir C. Éiríonn le roinnt daltaí, a thosaíonn agus Gaeilge mheasartha acu sna scoileanna seo, Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith a shealbhú roimh dheireadh a dtréimhse iar-bhunscoile. Ní thagann mórán feabhais ar chumas Gaeilge na ndaltaí a thosaíonn ar bheagán Gaeilge nó gan Ghaeilge sna scoileanna seo (Léaráid 10.5). Is léir ó Léaráid 10.5, freisin, go bhfuil an patrún a bhaineann leis an Idirbhliain difriúil i gcás na scoileanna i gCatagóir C, mar atá i gcás na scoileanna sna catagóirí eile. I gcás na scoileanna i gCatagóir C, tuairiscítear ardú suntasach i líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa san Idirbhliain, agus tá laghdú suntasach le feiceáil i líon na ndaltaí atá ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge.

10.3 TÁTAL

Cé nach féidir a bheith chomh cruinn céanna agus Catagóirí A, B agus C á leagan amach i gcás na n-iar-bhunscoileanna agus a bhí i gcás na mbunscoileanna, soláthraíonn siad modh anailíse i bhfad níos beaichte ar leibhéal na scoile ná mar a dhéanann an anailís náisiúnta nó chontae. Léiríonn na figiúirí thuas go bhfuil tionchar mór ag staid na teanga sa cheantar agus ag na bunscoileanna Gaeltachta, ar chumas Gaeilge na ndaltaí sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta. Tá cumas na ndaltaí sa Ghaeilge níos airde sna hiar-bhunscoileanna ná sna bunscoileanna i ngach catagóir.

Cé go bhfuil tionchar áirithe ag na hiar-bhunscoileanna ar chumas Gaeilge a gcuid daltaí, níl an tionchar sin chomh suntasach agus atá tionchar na mbunscoileanna. Ar an iomlán is cosúil go n-éiríonn leis na hiar-bhunscoileanna feabhas a chur ar chumas Gaeilge daltaí a mbíonn Gaeilge mheasartha nó Gaeilge mhaith acu, i gcásanna áirithe, ach nach bhfuil ag éirí leo cumas maith Gaeilge a thabhairt do na daltaí sin a thagann chucu ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge.

Tá sé suntasach freisin, go raibh difríochtaí móra le feiceáil i gcumas Gaeilge na ndaltaí mar a tuairiscíodh i dtaobh na ndaltaí idirbhliana, seachas mar a bhí do na daltaí sna blianta eile. D'fhéadfadh cúpla cúis a bheith leis seo, ar a n-áirítear, nach iad na slata tomhais chéanna a bhí in úsáid ag na múinteoirí a bhí ag tuairisciú ar chumas Gaeilge na ndaltaí idirbhliana agus a bhí ag na múinteoirí a bhí ag tuairisciú ar chumas Gaeilge na ndaltaí eile. Cúis eile a d'fhéadfadh a bheith leis, ná go dtugann an Idirbhliain deis do na daltaí an teanga a úsáid go sóisialta agus i suímh neamhfhoirmeálta agus go bhfuil raon na scileanna teanga atá i gceist leis seo éagsúil ó na scileanna atá i gceist leis an teanga a úsáid chun críche cuspóirí acadúla.

caibidil 11

ÚSÁID NA GAEILGE SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA

RÉAMHRÁ

Chuir na h-iar-bhunscoileanna eolas ar fáil dúinn freisin faoin bpolasaí teanga agus faoi úsáid na Gaeilge i ngnéithe éagsúla d'fheidhmiú na scoile. Orthu seo bhí: gnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí i dtimpeallacht na scoile; gnáth-theanga chaidrimh na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile agus ag cruinnithe le tuismitheoirí; agus an teanga oibre ag cruinnithe den bhord bainistíochta agus an teanga oibre a bhíonn ag cruinnithe de choistí tuismitheoirí.

11.2 POLASAÍ GAEILGE NA SCOILEANNA

Thuairiscigh 10 (37%) de na scoileanna go raibh plean Gaeilge acu agus bhí 17 (63%) scoil eile nach raibh (Tábla 11.1). Bhí roinnt de na scoileanna seo, áfach, a dúirt linn go raibh siad ag forbairt polasaí Gaeilge i láthair na huaire.

TÁBLA 11.1 LÍON NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA A DÚIRT GO RAIBH POLASAÍ NÓ PLEAN GAEILGE ACU

An bhfuil polasaí/plean Gaeilge ag an scoil?	Tá	Níl	Iomlán
Gaillimh	5 (56%)	4 (44%)	9
Ciarraí	2 (50%)	2 (50%)	4
Maigh Eo	1 (20%)	4 (80%)	5
Dún na nGall	2 (33%)	4 (67%)	6
Port Láirge agus Corcaigh	0 (0%0	3 (100%)	3
Iomlán	10 (37%)	17 (63%)	27

Cuireadh liosta ar fáil do na scoileanna agus fiafraíodh díobh cé mhéad de ghnéithe polasaí Gaeilge an liosta a bhí san áireamh i bpolasaí Gaeilge na scoile nó a bhí á chleachtadh acu. Léiríonn na freagraí ar an gceist seo (Tábla 11.2) nach bhfuil aon pholasaí soiléir ag formhór na n-iar-bhunscoileanna maidir le húsáid na Gaeilge in go leor gnéithe d'obair na scoile. Níor thuairiscigh ach 9 scoil, mar shampla go raibh polasaí acu maidir le húsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc. Is 9 scoil, freisin, a thuairiscigh go raibh polasaí acu maidir le húsáid na Gaeilge mar mheán caidrimh i measc na múinteoirí. Is 8 scoil a thuairiscigh go raibh polasaí acu maidir le húsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí. Níor thuairiscigh ach 5 agus 4 scoil, faoi seach, go raibh polasaí acu maidir le húsáid na Gaeilge ag cuairteoirí agus ag speisialtóirí a thagann chun na scoile. Is 4 scoil freisin a thuairiscigh go raibh polasaí acu maidir le húsáid na Gaeilge mar mheán oibre choiste na dtuismitheoirí. Ní raibh ach 8 scoil a dúirt go raibh an Ghaeilge san áireamh mar chuid de pholasaí iontrála na scoile.

TÁBLA 11.2 LÍON NA SCOILEANNA A THUAIRISCIGH GO RAIBH GNÉITHE ÉAGSÚLA DE PHOLASAÍ GAEILGE SAN ÁIREAMH INA BPOLASAÍ GAEILGE NÓ Á GCLEACHTADH ACU *(n=27 scoil)*

Gnéithe san áireamh i bpolasaí/plean Gaeilge na scoile	Líon scoileanna
Úsáid na Gaeilge ar chomharthaí agus ar fhógraí sa scoil	9
Plean do theagasc na Gaeilge	9
An Ghaeilge mar mheán caidrimh i measc na múinteoirí	9
An Ghaeilge mar mheán teagaisc	9
An Ghaeilge mar mheán caidrimh i measc na ndaltaí	8
Úsáid na Gaeilge le linn imeachtaí seach-churaclaim	8
Úsáid na Gaeilge i gcumarsáid le tuismitheoirí	9
Tacaíocht foghlama don Ghaeilge	8
Úsáid na Gaeilge mar mheán oibre an Bhoird Bhainistíochta	6
Úsáid na Gaeilge ag imeachtaí do thuismitheoirí	4
Úsáid na Gaeilge ag múinteoirí tacaíochta agus acmhainne a fhreastalaíonn ar dhaltaí na scoile	4
An Ghaeilge mar chuid de pholasaí iontrála na scoile	8
Úsáid na Gaeilge ag cuairteoirí eile chun na scoile	5
Úsáid na Gaeilge ag speisialtóirí eile a thugann cuairt ar an scoil (mar shampla, foireann an Bhoird Sláinte)	4
Úsáid na Gaeilge mar mheán oibre Choiste na dTuismitheoirí	4
Úsáid na Gaeilge don tacaíocht foghlama	6
Úsáid na Gaeilge don mhúinteoireacht acmhainne	5
Úsáid na Gaeilge mar mheán don tseirbhís tréadchúraim	5

Ar an iomlán, mar sin, tá polasaí Gaeilge ag *circa* aon trian de na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta, ach ní cosúil go bhfuil an polasaí sin chomh cuimsitheach agus a d'fhéadfadh sé a bheith i ngach cás. Ina theannta sin, is cosúil go nach bhfuil an treoir, atá ar fáil maidir le haird a thabhairt ar dhea-chleachtais teanga, chomh follasach sna hiar-bhunscoileanna agus atá sí sna bunscoileanna.

11.3 ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC NA NDALTAÍ

Dúirt 26% de na príomhoidí gur Gaeilge den chuid is mó nó níos mó Gaeilge ná Béarla gnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí i dtimpeallacht na scoile. I gcás an chuid eile de na scoileanna thuairiscigh na príomhoidí níos mó Béarla ná Gaeilge, Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin mar an gcleachtas teanga a úsáideann na daltaí (Léaráid 11.1). Mar sin, ag an leibhéal náisiúnta is féidir a rá go bhfuil an Béarla in uachtar mar ghnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí iar-bhunscoile agus iad i dtimpeallacht na scoile.

LÉARÁID 11.1
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA NDALTAÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE
(n=27 scoil)



Tá sé suntasach go bhfuil úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí i dtimpeallacht na scoile i bhfad níos ísle ag an dara leibhéal ná mar atá ag an mbunleibhéal (Léaráid 5.1), in ainneoin cumas teanga na ndaltaí a bheith níos airde sna hiar-bhunscoileanna ná mar atá sna bunscoileanna.

TÁBLA 11.3
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA NDALTAÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE DE RÉIR CONTAE (n=27scoil)

Contae	Gaeilge den chuid is mó	Níos mó Gaeilge ná Béarla	Níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla Amháin	Iomlán
Gaillimh	3 (33%)	1 (11%)	3 (33%)	2 (22%)	0 (0%)	9
Ciarraí	1 (25%)	0 (0%)	2 (50%)	0 (0%)	1 (25)	4
Maigh Eo	0 (0%)	0 (0%)	1 (20%)	4 (80%)	0 (0%)	5
Dún na nGall	0 (0%)	2 (33%)	2 (33%)	2 (33%)	0 (0%)	6
Port Láirge agus Corcaigh	0 (0%)	0 (0%)	2 (67%)	1 (33%)	0 (0%)	3
Iomlán	4 (15%)	3 (11%)	10 (37%)	9 (33%)	1 (4%)	27

Is sna hiar-bhunscoileanna i nGaeltacht na Gaillimhe is mó atá an Ghaeilge in úsáid ag na daltaí mar ghnáth-theanga chaidrimh, agus 44% de na scoileanna ag rá gurb í an Ghaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla, gnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí i dtimpeallacht na scoile. Ina dhiaidh sin tá Gaeltacht Dhún na nGall ann agus 33% de na hiar-bhunscoileanna ansin ag rá go bhfuil an Ghaeilge in uachtar, agus Gaeltacht Chiarraí ansin, áit ar thuairiscigh scoil amháin gur Gaeilge den chuid is mó a úsáideann a cuid daltaí i dtimpeallacht na scoile. Níl aon iar-bhunscoil i nGaeltacht Mhaigh Eo ná i nGaeltachtaí Phort Láirge agus Chorcaí ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar ghnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí. Is i nGaeltacht Mhaigh Eo atá an céatadán is airde de scoileanna ina n-úsáideann na daltaí Béarla den chuid is mó. Thuairiscigh scoil amháin i nGaeltacht Chiarraí gur Béarla amháin a bhí in úsáid ag na daltaí mar ghnáth-theanga chaidrimh i dtimpeallacht na scoile (Tábla 11.3).

Ag féachaint ar na figiúirí seo de réir an chatagóra ina bhfuil an scoil, tugtar léargas níos fearr ar cad atá ag tarlú i ngach scoil ar leithligh (Léaráid 11.2). Léiríonn sé seo, áfach, nach bhfuil an Ghaeilge chun tosaigh mar ghnáth-theanga na ndaltaí, fiú i measc fhormhór na scoileanna atá i gCatagóir A. Cé nach bhfuil aon scoil anseo ina bhfuil an Béarla amháin chun cinn, tá níos mó scoileanna ina bhfuil níos mó Béarla ná Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, á labhairt ag na daltaí ná mar atá scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge den cuid is mó nó níos mó Gaeilge ná Béarla, mar chleachtas teanga i measc na ndaltaí.

LÉARÁID 11.2
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA NDALTAÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE DE RÉIR CATAGÓRA (n=27 scoil)



Níl an Ghaeilge den chuid is mó in úsáid ag na daltaí in aon scoil i gCatagóir B, agus cé go bhfuil níos mó scoileanna anseo ná i gCatagóir A a thuairiscigh go raibh níos mó Gaeilge ná Béarla á labhairt ag na daltaí, tá an Béarla níos láidre fós mar theanga chaidrimh ag na daltaí i scoileanna Chatagóir B ná mar a bhí ag scoileanna Chatagóir A. Suntasach go leor tuairscíodh gurbh í an Ghaeilge den chuid is mó gnáth-theanga na ndaltaí i scoil amháin de na scoileanna i gCatagóir C. Lasmuigh den scoil seo, áfach, tá an Béarla in uachtar i ngach scoil eile i gCatagóir C.

11.4 ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC NA MÚINTEOIRÍ

Díreach mar a bhí i gcás na mbunscoileanna (Léaráid 5.3), tá iompar teanga na múinteoirí sna hiar-bhunscoileanna i bhfad níos sláintiúla ná iompar teanga na ndaltaí. 82% de na hiar-bhunscoileanna a thuairiscigh go raibh Gaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla, á labhairt i measc na múinteoirí. Ní dúirt aon scoil gurbh é an Béarla amháin ghnáth-theanga na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile agus ní raibh ach 5 scoil (18%) ina raibh níos mó Béarla ná Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, á labhairt ag na múinteoirí (Léaráid 11.3).

LÉARÁID 11.3
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ IAR-BHUNOIDEACHAIS I DTIMPEALLACHT NA SCOILE



Dúirt gach scoil i ngach ceantar Gaeltachta, ach amháin Gaeltacht Mhaigh Eo agus Gaeltacht Dhún na nGall, go raibh an Ghaeilge in uachtar mar ghnáth-theanga chaidrimh i measc na múinteoirí (Tábla 11.4). Gaeltacht na Gaillimhe agus Gaeltacht Phort Láirge agus Chorcaí ab fhearr ó thaobh iompar teanga na múinteoirí, áfach. Thuairiscigh gach scoil sna ceantair seo gur Gaeilge amháin, nó Gaeilge den chuid is mó, gnáth-theanga chaidrimh na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile.

I nGaeltacht Dhún na nGall, tuairscíodh go raibh an Ghaeilge in uachtar in 67% de na scoileanna ach Béarla den chuid is mó an teanga a bhíonn ag na múinteoirí sa 33% eile. Is i nGaeltacht Mhaigh Eo is lú a labhraíonn na múinteoirí Gaeilge lena chéile. Thuairiscigh 60% de na hiar-bhunscoileanna anseo gur níos mó Béarla ná Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, gnáth-theanga na múinteoirí i dtimpeallacht na scoile.

TÁBLA 11.4
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE DE RÉIR CONTAE (n=27 scoil

Contae	Gaeilge Amháin	Gaeilge den chuid is mó	Níos mó Gaeilge ná Béarla	Níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla Amháin	Iomlán
Gaillimh	4 (44%)	5 (56%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)	9
Ciarraí	1 (25%)	1 (25%)	2 (50%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)	4
Maigh Eo	0 (0%)	2 (40%)	0 (0%)	2 (40%)	1 (20%)	0 (0%)	5
Dún na nGall	1 (17%)	2 (33%)	1 (17%)	0 (0%)	2 (33%)	0 (0%)	6
Port Láirge agus Corcaigh	2 (67%)	1 (33%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)	3
Iomlán	8 (30%)	11(41%)	3 (11%)	2 (7%)	3 (11%)	0 (0%)	27

I gCatagóir A, is Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó a bhíonn in úsáid ag na múinteoirí i ngach scoil. Tá an cleachtas teanga seo i bhfad níos fearr ná cleachtas teanga na ndaltaí iar-bhunscoile i gCatagóir A (Léaráid 11.2). Tá an Ghaeilge fós in uachtar i measc na múinteoirí i bhformhór na n-iar-bhunscoileanna i gCatagóir B (ní raibh ach 14% acu a thuairiscigh gur Béarla a bhí in uachtar i measc na múinteoirí). Is díol suntais é, freisin, go bhfuil céatadán níos airde de na hiar-bhunscoileanna sa chatagóir seo a thuairiscigh gur Gaeilge amháin a bhíonn in úsáid ag na múinteoirí iontu ná mar atá i gcás Chatagóir A. I gcás na scoileanna i gCatagóir C, tá 63% acu ina n-úsáideann na múinteoirí Gaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó nó níos mó Gaeilge ná Béarla agus tá 37% eile a úsáideann níos mó Béarla ná Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó.

LÉARÁID 11.4
GNÁTH-THEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ I DTIMPEALLACHT NA SCOILE, DE RÉIR AN CHATAGÓRA INA BHFUIL AN SCOIL SUITE (n=27 scoil)



Ar an iomlán, mar sin, tá úsáid na Gaeilge i bhfad níos coitianta i measc na múinteoirí iar-bhunscoile ná mar atá sé i measc na ndaltaí, díreach mar a bhí i gcás na mbunscoileanna. Is fíor freisin, áfach, go bhfuil úsáid na Gaeilge níos coitianta fós i measc mhúinteoirí na mbunscoileanna ná mar atá i measc mhúinteoirí na n-iar-bhunscoileanna.

11.5 NA MÚINTEOIRÍ I MBUN CRUINNITHE LE TUISMITHEOIRÍ

Dúirt 58% de na scoileanna gurbh í an Ghaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla a bhí in úsáid ag na múinteoirí agus iad i mbun cruinnithe le tuismitheoirí. Scoil amháin a dúirt gurbh é an Béarla amháin a bhíonn ag múinteoirí sa chás seo agus 38% a dúirt gur níos mó Béarla ná Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, gnáth-theanga ag cruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí (Léaráid 11.5).

LÉARÁID 11.5
TEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ AG CRUINNITHE LE TUIMSITHEOIRÍ (n= 27 scoil)



Cé nach bhfuil úsáid na Gaeilge i measc múinteoirí agus tuismitheoirí chomh coitianta le húsáid na Gaeilge i measc na múinteoirí iad féin (Léaráid 11.3), bíonn ábhairín níos mó Gaeilge in úsáid sa chaidreamh idir múinteoirí agus tuismitheoirí sna hiar-bhunscoileanna ná mar a bhíonn idir múinteoirí agus tuismitheoirí sna bunscoileanna (Léaráid 5.5).

I gcás na n-iar-bhunscoileanna i gCatagóir A, úsáidtear Gaeilge amháin (i 44% de scoileanna), Gaeilge den chuid is mó (i 45% eile de scoileanna) agus níos mó Gaeilge ná Béarla (11%) sa chaidreamh idir múinteoirí agus tuismitheoirí. An Béarla atá chun cinn sa chaidreamh seo sna scoileanna i gCatagóir B. Níos mó Béarla ná Gaeilge an cleachtas is coitianta anseo (43%) agus tá 14% eile de na scoileanna seo ina n-úsáideann na múinteoirí agus na tuismitheoirí Béarla den chuid is mó. Úsáideann an 43% eile Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla. Tá céatadán suntasach de na scoileanna i gCatagóir C a úsáideann Gaeilge den chuid is mó nó níos mó Gaeilge ná Béarla, sa chaidreamh idir múinteoirí agus tuismitheoirí, ach is é an Béarla atá chun cinn i dtromlach na scoileanna seo, freisin, mar is léir ó Léaráid 11.6.

LÉARÁID 11.6
TEANGA CHAIDRIMH NA MÚINTEOIRÍ LE TUISMITHEOIRÍ, DE RÉIR CATAGÓRA (n=27 scoil)



11.6 TEANGA OIBRE NA MBORD BAINISTÍOCHTA

Iarradh ar na scoileanna ar fad teanga oibre an bhoird bhainistíochta a chur in iúl. Tá an Ghaeilge in uachtar mar theanga oibre na mbord bainistíochta in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta mar a thaispeánann Léaráid 11.7 thíos. Úsáideann an bord bainistíochta an Ghaeilge amháin i 53% de na scoileanna, an Ghaeilge den chuid is mó i 13% de na scoileanna, agus níos mó Gaeilge ná Béarla in 13% eile de na scoileanna. Arís, scoil amháin a dúirt gurbh é an Béarla amháin a d'úsáid an bord bainistíochta. Is 26% de na scoileanna a dúirt gur níos mó Béarla ná Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, a bhí in úsáid.

LÉARÁID 11.7
TEANGA OIBRE NA MBORD BAINISTÍOCHTA
(n=23 scoil)



Tá úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga oibre na mbord bainistíochta níos coitianta sna hiar-bhunscoileanna ná mar atá sé sna bunscoileanna (Léaráid 5.7). Nuair a bhreathnaítear ar úsáid na Gaeilge ag na Boird Bhainistíochta de réir catagóra, feictear arís eile an patrún céanna, is é sin, titim in úsáid na Gaeilge agus treisiú in úsáid an Bhéarla de réir mar a bhogtar ó na scoileanna i gCatagóir A, go scoileanna Chatagóir B agus ó sin go scoileanna Chatagóir C.

LÉARÁID 11.8
TEANGA CHAIDRIMH NA MBORD BAINISTÍOCHTA DE RÉIR CATAGÓRA
(n=23 scoil)



I gCatagóir A, tá boird bhainistíochta na scoileanna ar fad ag feidhmiú trí Ghaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó. Tá Gaeilge amháin in úsáid ag na boird i 57% de scoileanna Chatagóir B agus 14% eile ag rá gur níos mó Gaeilge ná Béarla atá acu. I gCatagóir C, spéisiúil go leor, cé go dtiteann an céatadán, tá 33% de na scoileanna ann fós ina n-úsáideann na boird an Ghaeilge amháin agus tá 33% eile ann a úsáideann Gaeilge den chuid is mó agus níos mó Gaeilge ná Béarla. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an Ghaeilge fós chun cinn mar theanga oibre na mbord bainistíochta i bhformhór na n-iar-bhunscoileanna i gCatagóir C, rud nach bhfuil fíor i gcás na mbunscoileanna i gCatagóir C (Léaráid 5.8).

11.7 TEANGA OIBRE CHOISTE NA DTUISMITHEOIRÍ

Thuairiscigh 17 n-iar-bhunscoil sa Ghaeltacht go raibh Coiste Tuismitheoirí ag feidhmiú ina scoil agus astu seo bhí an Ghaeilge chun tosaigh in *circa* leath acu agus bhí an Béarla chun tosaigh sa leath eile. Dúirt 8 scoil (48%) gurbh í an Ghaeilge amháin, Gaeilge den chuid is mó, nó níos mó Gaeilge ná Béarla an gnáth-chleachtas teanga a bhí ag an gcoiste tuismitheoirí agus dúirt an 9 scoil eile (52%), gur níos mó Béarla ná Gaeilge, Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin a bhí in úsáid anseo (Léaráid 11.9).

LÉARÁID 11.9
TEANGA OIBRE CHOISTE NA DTUISMITHEOIRÍ
(n= 17 scoil)



Tá níos mó Gaeilge in úsáid, mar sin, ag na coistí tuismitheoirí i gcás na n-iar-bhunscoileanna ná mar atá i gcás na mbunscoileanna (Léaráid 5.9). Nuair a bhreathnaítear air seo de réir chatagóir na scoile, áfach, is léir go bhfuil an Ghaeilge go láidir in uachtar i gcás coistí tuismitheoirí i gCatagóir A agus go bhfuil an Béarla in uachtar i gcás na gcoistí a bhaineann leis an dá chatagóir eile (Tábla 11.10).

LÉARÁID 11.10
TEANGA OIBRE CHOISTE NA DTUISMITHEOIRI DE RÉIR CATAGÓRA
(n= 17 scoil)



11.8 TÁTAL

Baintear níos mó úsáide as an nGaeilge mar theanga oibre bhoird bhainistíochta na n-iar-bhunscoileanna ná mar a dhéantar i gcás bhoird bhainistíochta na mbunscoileanna. Tá an scéal céanna amhlaidh i gcás na gcoistí tuismitheoirí. Tá beagán os cionn leath de na hiar-bhunscoileanna, mar atá i gcás na mbunscoileanna, ina mbíonn an Ghaeilge in uachtar sa chaidreamh a bhíonn ag múinteoirí le tuismitheoirí. Ar an láimh eile, tá úsáid an Bhéarla in uachtar i measc na ndaltaí in dhá thrian de na scoileanna, agus fiú i bhformhór na scoileanna sna ceantair Ghaeltachta is láidre. Cé go bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga chaidrimh na múinteoirí i bhformhór na n-iar-bhunscoileanna, tá sé suntasach go bhfuil an Béarla in uachtar in 18% de na scoileanna, céatadán atá níos airde ná mar atá ag an mbunleibhéal.

I bhfianaise, áfach, go bhfuil líon na n-iar-bhunscoileanna, a bhfuil polasaí Gaeilge acu, an-íseal, ní léir go bhfuil aon bhealach acu faoi láthair chun déileáil leis na ceisteanna a bhaineann le húsáid na Gaeilge i dtimpeallacht na scoile, go háirithe i measc na ndaltaí.

caibidil 12

CÓIRÍOCHT AGUS ÁISEANNA NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA

Iarradh ar na hiar-bhunscoileanna eolas a chur ar fáil dúinn faoi chóiríocht ghinearálta na scoileanna agus na háiseanna cóiríochta agus teicniúla a bhí ar fáil sa scoil nó go raibh teacht acu orthu sa phobal áitiúil.

12.1 CÓIRÍOCHT GHINEARÁLTA NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA

Maidir le cóiríocht na scoile iarradh ar na príomhoidí a dtuairimí a thabhairt faoi chaighdeán na cóiríochta agus úsáid á baint as an scála seo a leanas:

- Staid an-mhaith
- Staid mhaith
- Staid réasúnta
- Drochstaid
- Fíor-dhrochstaid

TÁBLA 12.1
AOIS NA BHFOIRGNEAMH IAR-BHUNSCOILE

Contae	0 – 10 bl.	11-20 bl.	21-30 bl.	31-40 bl.	41-50 bl.	51-60 bl.	61-70 bl.	71-80 bl.	81-90 bl.	91-100 bl.	101 + bl	Iomlán
Gaillimh n=8	0	1	0	2	2	2	1	0	0	0	0	8
Ciarraí n=4	0	0	0	0	1	0	0	2	0	0	1	4
Maigh Eo n=5	0	0	2	2	0	0	0	1	0	0	0	5
Dún na nGall n=6	2	1	2	0	0	1	0	0	0	0	0	6
Port Láirge & Corcaigh n=3	1	0	0	0	0	1	1	0	0	0	0	3
Iomlán n=26	3	2	4	4	3	4	2	3	0	0	1	26

As 26 iar-bhunscoil a d'fhreagair an cheist seo, tá 5 cinn acu ann a tógadh le scór bliain anuas agus tá 11 scoil eile ann atá tógtha le hidir 21 agus 50 bliain. Tá 10 scoil ann atá breis agus 50 bliain tógtha (Tábla 12.1). Tá mór-athchóiriú déanta ar an 26 scoil ó tógadh iad. Rinneadh athchóiriú ar 15 scoil le deich mbliana anuas (Tábla 12.2).

TÁBLA 12.2
LÍON NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA A BHFUIL ATHCHÓIRIÚ DÉANTA ORTHU AGUS AN LÍON BLIANTA Ó RINNEADH AN T-ATHCHÓIRIÚ IS DEIREANAÍ

Contae	0-10 bl.	11-20 bl.	21-30 bl.	31-40 bl.	Iomlán
Gaillimh n=8	3	4	0	1	8
Ciarraí n=4	4	0	0	0	4
Maigh Eo n=5	2	2	0	1	5
Dún na nGall n=6	5	1	0	0	6
Port Láirge & Corcaigh n=3	1	2	0	0	3
Iomlán n=26	15	9	0	2	26

Tá leath de na príomhoidí a mheasann go bhfuil a scoil i staid mhaith nó an-mhaith. Measann 41% eile acu go bhfuil a scoil i staid réasúnta. Tá 2 scoil (7%) a tuairiscíodh a bheith i ndrochstaid. Is i nGaeltacht na Gaillimhe atá an dá scoil a thuairiscigh go bhfuil siad i ndrochstaid (Tábla 12.3).

TÁBLA 12.3
STAID CHÓIRÍOCHTA NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA

Contae	Staid An-Mhaith	Staid Mhaith	Staid Réasúnta	Drochstaid	Fíor-dhrochstaid	Iomlán
Gaillimh n=9	2 (22%)	1 (11%)	4 (45%)	2 (22%)	0 (0%)	9
Ciarraí n=4	0 (0%)	1 (25%)	3 (75%)	0 (0%)	0 (0%)	4
Maigh Eo n=5	0 (0%)	3 (60%)	2 (40%)	0 (0%)	0 (0%)	5
Dún na nGall n=6	0 (0%)	5 (83%)	1 (17%)	0 (0%)	0 (0%)	6
Port Láirge & Corcaigh n=3	1 (33%)	1 (33%)	1 (33%)	0 (0%)	0 (0%)	3
Iomlán n=27	3 (11%)	11 (41%)	11 (41%)	2 (7%)	0 (0%)	27

Thuairiscigh 93% de na scoileanna (25 as 27 scoil) go bhfuil athchóiriú/forbairt ar an scoil á lorg nó á bheartú acu. Tá 3 scoil ag lorg foirgneamh úr don scoil. I gcás scoile amháin acu seo tá pleanáil agus meastachán déanta. Tá 3 scoil ag beartú méadú, leathnú, athchóiriú nó forbairt a dhéanamh ar an scoil agus tá scoil amháin ag beartú obair a dhéanamh ar struchtúr na scoile. Tá scoil amháin ag beartú athchóiriú/forbairt éigin a dhéanamh i dtimpeallacht sheachtrach na scoile.

TÁBLA 12.4
AN CINEÁL FORBAIRTÍ/ ATHCHÓIRITHE ATÁ IDIR LÁMHA NÓ BEARTAITHE AG IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Forbairtí nó athchóiriú atá idir lámha nó beartaithe	Líon scoileanna
Foirgneamh úr don scoil.	3
Méadú, leathnú, athchóiriú agus forbairt ar an scoil	3
Athchóiriú ar struchtúr na scoile (díon, fuinneoga, doirse, rochtain do chathaoir rothaí &rl.).	1
Córas nua leictreachais	1
Áiseanna lasmuigh den scoil (páirceanna imeartha, cosáin, clós na scoile, carrchlós &rl).	1
Seomraí breise a thógáil (seomraí ranga, seomra eolaíochta, adhmadóireachta, tíos, teangacha, seomraí acmhainne/tacaíochta).	4
Athchóiriú ar sheomraí ranga (seomra adhmadóireachta, eolaíochta).	4
Halla scoile.	4
Spás oifige, seomra foirne, spás leabharlainne.	1
Meascán de na gnéithe thuas agus/nó obair athchóirithe ginearálta.	3
Iomlán	25

Tá 4 scoil ag beartú athchóiriú/forbairt a dhéanamh ar halla scoile agus tá scoil amháin ag lorg spás breise oifige, seomra ranga agus/nó spás leabharlainne. Tá 4 scoil ag beartú seomraí breise a thógáil agus 4 scoil eile ag beartú athchóiriú/forbairt a dhéanamh ar sheomraí ranga breise. Tá 3 scoil ag beartú forbairtí a chuimsíonn athchóiriú ginearálta agus/nó forbairt ar mheascán de na háiseanna atá luaite thuas (Tábla 12.4).

Tá na hiarratais a bhaineann leis na forbairtí seo ag staideanna éagsúla (Tábla 12.5). Agus an taighde seo á dhéanamh, bhí 2 scoil nach raibh ach tosaithe ag plé na bhféidearthachtaí a bhain leis an bhforbairt nó a bhí fós ag réiteach iarratais le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Bhí 3 scoil a bhí i mbun obair phleanála agus meastacháin a fháil don obair a bhí i gceist. Bhí a n-iarratais curtha ag 7 scoil faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus/nó an Choiste Ghairmoideachais agus bhí an obair thógála idir lámha i gcás scoil amháin de na scoileanna seo.

TÁBLA 12.5
STAID NA N-IARRATAS AR OBAIR ATHCHÓIRITHE/FOR BARTHA IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Staid an iarratais	Líon scoileanna
Tá an scoil díreach tosaithe ag plé an gá atá leis an bhforbairt/athchóiriú.	2
Pleanáil agus meastacháin.	3
Tá iarratas faoi bhráid na Roinne Oideachais & Eolaíochta.	2
Tá iarratas faoi bhráid an Choiste Ghairmoideachais.	3
Tá an t-iarratas ag Céim 2-4 de chóras na Roinne.	3
Tá an fhorbairt/athchóiriú idir lámha.	1
Ní fios.	11
Iomlán	25

Bhí 9 scoil ábalta meastachán a chur ar an obair athchóirithe/forbartha a bhí beartaithe. Léiríonn Tábla 12.6 líon na n-iar-bhunscoileanna agus raon na suimeanna airgid atá i gceist.

TÁBLA 12.5
STAID NA N-IARRATAS AR OBAIR ATHCHÓIRITHE/FOR BARTHA IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Costas Measta	Líon na scoileanna
4,000 - 10,000	1
11,000 - 50,000	2
51,000 – 100,000	0
101,000 – 500,000	1
501,000 – 2,000,000	4
2,000,001 – 3,000,000	1

12.2 ÁISEANNA CÓIRÍOCHTA SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA

Léiríonn Tábla 12.7 na háiseanna atá ar fáil sna hiar-bhunscoileanna. Tá níos mó ná leath de na scoileanna nach bhfuil seomra oiriúnach acu don tacaíocht foghlama agus 11% nach bhfuil aon seomra foirne acu. Tá 11% de na scoileanna a thuairiscigh nach bhfuil clós spraoi/spóirt acu. Níl seomra ilghnéitheach ach ag 26% de na scoileanna. Níl leabharlann ach ag 41% de na scoileanna. Is fíorbheag an líon scoileanna a bhfuil na háiseanna seo a leanas acu: halla spóirt (41%); amharclann (0%); halla tionóil (37%); bialann (19%); oifig chun bualadh le tuismitheoirí a thagann chun na scoile (31%).

TÁBLA 12.7
LÍON NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA A BHFUIL ÁISEANNA ÉAGSÚLA ACU

Áis	Líon na n-iar-bhunscoileanna leis an áis seo	Líon na n-iar-bhunscoileanna nach bhfuil an áis seo acu
Leabharlann	11 (41%)	16 (59%)
Seomra tacaíochta foghlama	13 (48%)	14 (52%)
Halla Spóirt	11 (41%)	16 (59%)
Amharclann	0 (0%)	27 (100%)
Halla Tionóil	10 (37%)	17 (63%)
Seomra ilghnéitheach	7 (26%)	20 (74%)
Bialann	5 (19%)	21 (81%)
Clós Spraoi	23 (89%)	3 (11%)
Páirc Pheile	14 (54%)	12 (46%)
Seomra foirne	23 (89%)	3 (11%)
Oifig don phríomhoide	23 (89%)	3 (11%)
Oifig don rúnaí	19 (73%)	7 (27%)
Oifig don tréadchuraim	10 (39%)	16 (61%)
Oifig chun bualadh le tuismitheoirí a thagann chun na scoile	8 (31%)	18 (69%)
Oifig do mhúinteoirí tacaíochta agus do speisialtóirí eile a thagann chun na scoile	5 (19%)	21 (81%)

Fiafraíodh de na scoileanna an raibh áiseanna oiriúnacha acu nó ar fáil dóibh do raon gníomhaíochtaí scoile nach féidir a riaradh le lán-éifeacht sa ghnáthsheomra ranga i gcónaí (Tábla 12.8).

TÁBLA 12.8
ÁISEANNA CÓIRÍOCHTA SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA DO GHNÍOMHACHTAÍ FAOI LEITH

An bhfuil áiseanna oiriúnacha ag an scoil nó ar fáil don scoil chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a reáchtáil?		
Áis	Tá	Níl
Spás oiriúnach do mhúinteoirí tacaíochta, do mhúinteoirí acmhainne agus do speisialtóirí eile.	12 (44%)	15 (56%)
Spás oiriúnach chun bualadh le tuismitheoirí aonair chun dul chun cinn a leanaí a phlé	10 (37%)	17 (63%)
Spás oiriúnach chun seirbhís tréadchúraim a chur ar fáil do na daltaí	7 (26%)	20 (74%)
Gníomhaíochtaí corpoideachais	10 (37%)	17 (63%)
Imeachtaí drámaíochta	11 (41%)	16 (59%)
Imeachtaí ceoil	11 (42%)	15 (58%)
Imeachtaí spóirt laistigh	10 (37%)	17 (63%)
Imeachtaí spóirt lasmuigh	21 (81%)	5 (19%)
Cruinnithe tuismitheoirí	22 (85%)	4 (15%)
Cruinnithe den bhord bainistíochta	20 (80%)	5 (20%)

Thuairiscigh dhá thrian de na scoileanna nach bhfuil áiseanna oiriúnacha acu ná ar fáil dóibh chun gníomhaíochtaí spóirt laistigh a reáchtáil (63%); chun seirbhís tréadchúraim a chur ar fáil do na daltaí (74%); nó chun gníomhaíochtaí corpoideachais a reáchtáil (63%). Thuairiscigh dhá thrian de na scoileanna nach bhfuil áiseanna oiriúnacha acu chun bualadh le tuismitheoirí aonair chun dul chun cinn a leanaí a phlé (63%); chun imeachtaí drámaíochta a reáchtáil (59%); nó chun imeachtaí ceoil a reáchtáil (58%). Thuairiscigh 56% de na scoileanna nach bhfuil spás oiriúnach acu do mhúinteoirí tacaíochta foghlama, do mhúinteoirí acmhainne agus do speisialtóirí eile a thagann ar cuairt chun na scoile. Ina theannta sin, tá sciar suntasach de na scoileanna nach bhfuil áiseanna oiriúnacha ar fáil dóibh le haghaidh imeachtaí spóirt lasmuigh (19%); le haghaidh cruinnithe tuismitheoirí a reáchtáil (15%); agus le haghaidh cruinnithe den bhord bainistíochta a reáchtáil (20%) (Tábla 12.8).

12.3 ÁISEANNA TEICNIÚLA NA SCOILEANNA

Is iad na háiseanna teicniúla is coitianta sna scoileanna ná seinnteoirí dlúthdhioscaí (51), téipthaifeadáin (126); físthaifeadáin (87); osteilgeoirí (101); agus teilifís (90). Tá ceann amháin ar a laghad de na háiseanna seo i mbeagnach gach scoil. Tá inneall cóipeála ag gach scoil freisin, agus tá inneall facs ag formhór na scoileanna. Níl ach 12 scoil a thuairiscigh go raibh seinnteoir DVD acu agus níor thuairiscigh ach 17 scoil go raibh teilgeoir ilmheán acu (Tábla 12.9).

TÁBLA 12.9
ÁISEANNA TEICNIÚLA SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Áiseanna	Líon na n-iar-bhunscoileanna ina bhfuil, ar a laghad, ceann amháin de na háiseanna seo ar fáil iontu	An líon de na háiseanna seo atá ar fáil sna bunscoileanna
Osteilgeoir n=27	26	101
Teilgeoir Ilmheán n=27	17	32
Teilifís n=27	27	90
Fístaifeadán n=27	27	87
Seinnteoir DVD n=27	12	19
Seinnteoir Dlúthdhiosca n=27	25	51
Téipthaifeadán n=27	27	126
Inneall cóipeála n=27	27	46
Inneall Facs n=27	25	25

Tá ar a laghad 1 - 6 ríomhaire ar fáil i ngach uile scoil do na daltaí ach amháin i scoil amháin a thuairiscigh nach raibh ríomhaire ar bith ar fáil do na daltaí. Is idir 39 - 56 ríomhaire an líon is mó ríomhairí atá in aon scoil. As 27 scoil tá ar a laghad idir ríomhaire amháin agus sé cinn sa scoil ceangailte leis an idirlíon i 9 scoil acu agus tá dhá ríomhaire nó níos mó ceangailte leis an idirlíon i gcás 18 scoil. Níl aon scoil gan ceangal ríomhaireachta leis an idirlíon (Tábla 12.10).

TÁBLA 12.10
EOLAS FAOI LÍON NA RÍOMHAIRÍ SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Áis	Méid scoileanna a bhfuil an líon seo ríomhairí acu do na daltaí	Méid scoileanna a bhfuil an líon seo ríomhairí acu do na múinteoirí	Méid scoileanna ina bhfuil an líon seo ríomhairí ceangailte leis an idirlíon
0	1	4	0
1-6	1	19	9
7-8	1	2	0
9	1	0	0
10	1	1	1
11-12	2	0	1
13-14	1	0	2
15	1	0	0
16	1	0	1
17-18	2	0	2
19	1	0	2
20	1	0	1
21-22	2	0	1
23-24	2	1	0
25	2	0	1
26	1	0	1
27-30	4	0	3
31-38	1	0	1
39-56	1	0	1
Iomlán	27	27	27

caibidil 13

ÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Iarradh ar na hiar-bhunscoileanna eolas a chur ar fáil dúinn faoi na príomháiseanna teagaisc a bhí in úsáid acu do ranganna an Teastais Shóisearaigh agus don Ardteistiméireacht (Tábla 13.1). Úsáidtear téacsanna Gaeilge amháin do *circa* an cúigiú cuid de na seisiúin ranga ó Bhliain 1 go Bliain 3 ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Úsáidtear téacsanna Béarla agus Gaeilge i líon beag de na seisiúin ranga sa chéad bhliain agus sa dara bliain agus ardaíonn sé seo go dtí 5% de na seisiúin ranga i mBliain 3. Ardaíonn líon na seisiún ranga ina n-úsáidtear téacsanna Béarla amháin ó 59% i mBliain 1 go dtí 63% i mBliain 3. Titeann líon na seisiún ranga nach mbíonn aon téacs foirmiúil in úsáid iontu ó 18% go dtí 12% sa tréimhse chéanna.

TÁBLA 13.1
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR RANGA

Rang	Téacsleabhair			Nótaí an mhúinteora agus áiseanna teagaisc eile.
	Gaeilge	Béarla	Gaeilge & Béarla	
Bliain 1 TS (n= 314 Seisiún ranga)[11]	21%	59%	2%	18%
Bliain 2 TS (n= 307 Seisiún ranga)	21%	60%	2%	17%
Bliain 3 TS(n= 300 Seisiún ranga)	20%	63%	5%	12%
Bliain 1 AT (n= 271 Seisiún ranga)	8%	72%	3%	17%
Bliain 2 AT (n= 277 Seisiún ranga)	7%	72%	3%	18%

[11] Is ionann líon na seisiún ranga an bhliain atá i gceist méadaithe faoi líon na n-ábhar atá á dteagasc don bhliain sin méadaithe faoi líon na scoileanna a chuir eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

Tá titim mhór le sonrú i líon na seisiún ranga ina bhfuil téacsanna Gaeilge in úsáid ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Ní úsáidtear téacsanna Gaeilge amháin ach in 8% de na seisiúin ranga sa chéad bhliain Ardteistiméireachta agus titeann sé seo go dtí 7% i mbliain na scrúduithe. Úsáidtear téacsanna Béarla agus Gaeilge i líon beag (3%) de na seisiúin ranga ag an leibhéal seo. Úsáidtear téacsanna Béarla amháin i 72% de na seisiúin ranga. Tá idir 17%-18% de na seisiúin ranga nach n-úsáidtear aon téacs formiúil iontu.

TÁBLA 13.2
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR ÁBHAR DO BHLIANTA AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

Ábhar	Téacsleabhair			Nótaí an mhúinteora agus áiseanna teagaisc eile.[12]
	Gaeilge	Béarla	Gaeilge & Béarla	
Matamaitic (n= 78 Seisiún ranga)[13]	62%	35%	4%	0%
Stair (n= 66 Seisiún ranga)	21%	77%	2%	0%
Tíreolaíocht (n= 69 Seisiún ranga)	42%	57%	1%	0%
Eolaíocht (n= 73 Seisiún ranga)	34%	58%	5%	3%
Staidéar Gnó (n= 66 Seisiún ranga)	21%	71%	6%	2%
Reiligiún (n= 70 Seisiún ranga)	19%	74%	0%	7%
OSSP (n= 73 Seisiún ranga)	0%	88%	1%	11%
OSPS (n= 67 Seisiún ranga)	0%	70%	1%	28%
Ealaín (n= 41 Seisiún ranga)	0%	34%	12%	54%
Ceol (n= 23 Seisiún ranga)	0%	74%	17%	9%
Corpoideachas (n= 45 Seisiún ranga)	0%	2%	0%	98%
Eacnamaíocht Bhaile (n= 61 Seisiún ranga)	10%	87%	2%	2%
Teicneolaíocht ábhar Miotal. (n= 29 Seisiún ranga)	45%	52%	0%	3%
Teicneolaíocht ábhar Adhmaid (n= 65 Seisiún ranga)	40%	54%	0%	6%
Teicneograific (n= 43 Seisiún ranga)	9%	81%	0%	9%
Teicneolaíocht (n= 9 Seisiún ranga)	0%	100%	0%	0%
Clóscríbhneoireacht (n= 3 Seisiún ranga)	0%	100%	0%	%
Ríomhaireacht (n= 40 Seisiún ranga)	0%	20%	0%	80%

[12] Cuimsíonn an catagóir seo nótaí an mhúinteora, scéimeanna na scoile, fótachóipeanna, acmhainní ón leabharlann, meascán áiseanna, agus gan aon téacs

[13] Is ionann líon na seisiún ranga sa chás seo agus an t-ábhar atá i gceist méadaithe faoi líon na ranganna (mblianta) ina bhfuil an t-ábhar á theagasc méadaithe faoi líon na scoileanna a chuir eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh is don Mhatamaitic is mó atá téacs Gaeilge in úsáid. Úsáidtear téacs Gaeilge amháin mar phríomháis teagaisc i 62% de na seisiúin ranga don ábhar seo agus úsáidtear téacsanna Béarla agus Gaeilge i 4% de na seisiúin ranga. Is iad na hábhair eile is coitianta a bhfuil téacsanna Gaeilge in úsáid iontu chun iad a theagasc ná na Teicneolaíochtaí Ábhar (Miotal agus Adhmad), agus an Tíreolaíocht, ina bhfuil téacsanna Gaeilge in úsáid in idir 40%-45% de na seisiúin ranga a bhaineann leo. Úsáidtear téacsanna Gaeilge in *circa* aon trian de na seisiúin ranga don Eolaíocht; i dtimpeall an ceathrú cuid de na seisiúin ranga don Staidéar Gnó agus i mbeagnach an cúigiú cuid de na ranganna a bhaineann leis an Reiligiún. Tá líon beag seisiún ranga, *circa* an deichiú cuid, ina n-úsáidtear téacsanna Gaeilge don Eacnamaíocht Bhaile agus don Teicneograific.

TÁBLA 13.2
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR ÁBHAR DO BHLIANTA AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

Ábhar	Téacsleabhair			Nótaí an mhúinteora agus áiseanna eile agus modheolaíochtaí teagaisc eile.[14]
	Gaeilge	Béarla	Gaeilge & Béarla	
Matamaitic (n= 49 Seisiún ranga)[15]	59%	41%	0%	0%
Stair (n= 25 Seisiún ranga)	0%	96%	4%	0%
Tíreolaíocht (n= 41 Seisiún ranga)	7%	88%	5%	0%
Bitheolaíocht (n= 43 Seisiún ranga)	0%	100%	0%	0%
Fisic/Ceimic (n= 6 Seisiún ranga)	0%	100%	0%	0%
Fisic (n= 18 Seisiún ranga)	0%	100%	0%	0%
Ceimic (n= 14 Seisiún ranga)	0%	100%	0%	0%
Gnó (n= 30 Seisiún ranga)	10%	80%	10%	0%
Eacnamaíocht (n= 6 Seisiún ranga)	0%	83%	17%	0%
Cuntasaíocht (n= 17 Seisiún ranga)	0%	88%	6%	6%
Ealaín (n= 21 Seisiún ranga)	0%	81%	10%	10%
Ceol (n= 11 Seisiún ranga)	0%	55%	9%	36%
Corpoideachas (n= 19 Seisiún ranga)	0%	0%	0%	100%
Eacnamaíocht Bhaile (n= 42 Seisiún ranga)	0%	95%	5%	0%
Foirgníocht (n= 35 Seisiún ranga)	6%	94%	0%	0%
Innealtóireacht (n= 19 Seisiún ranga)	0%	100%	0%	0%
Líníocht Theicniúil (n= 23 Seisiún ranga)	9%	83%	0%	9%
Teicneolaíocht (n= 1 Seisiún ranga)	0%	0%	100%	0%
Eolaíocht Talmhaíocht (n= 18 Seisiún ranga)	0%	94%	0%	6%
Ríomhaireacht (n= 19 Seisiún ranga)	0%	11%	0%	89%
Gairmthreoir (n= 34 Seisiún ranga)	0%	15%	0%	85%
Reiligiún (n= 34 Seisiún ranga)	6%	68%	0%	26%
Clár Gairme na hArdteiste (n= 23 Seisiún ranga)	0%	39%	17%	43%

[14] Cuimsíonn an catagóir seo nótaí an mhúinteora, scéimeanna na scoile, fótachóipeanna, acmhainní ón leabharlann, meascán áiseanna, agus gan aon téacs.

[15] Is ionann líon na seisiún ranga sa chás agus an t-ábhar i gceist méadaithe faoi líon na ranganna ina bhfuil an t-ábhar á theagasc méadaithe faoi líon na scoileanna a chuir eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

Nuair a bhreathnaítear ar na háiseanna teagaisc atá in úsáid sna scoileanna de réir na catagóra ina bhfuil an scoil rianaithe againn i gCaibidil 11, thuas, tá sé le feiceáil go mbaintear níos mó úsáide as téacsanna Gaeilge ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus ag leibhéal na hArdteistiméireachta sna scoileanna atá i gCatagóir A ná mar a bhaintear sna scoileanna atá sna catagóirí eile (Tábla 13.4). Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh tá téacsanna Gaeilge in úsáid do thimpeall aon trian de na seisiúin ranga sna scoileanna atá i gCatagóir A, i gcomparáid le haon cheathrú de na seisiúin ranga sna scoileanna i gCatagóir B, agus an deichiú cuid de na seisiúin ranga i scoileanna Chatagóir C. Tá sé spéisiúil, áfach, go bhfuil an leibhéal céanna úsáide á bhaint ag na scoileanna i gCatagóir B agus ag na scoileanna i gCatagóir A as téacsanna Béarla ag leibhéal na hArdteistiméireachta, in ainneoin go bhfuil níos lú úsáide á baint ag scoileanna Chatagóir B as téacsanna Gaeilge. Is cosúil go bhfuil an bhearna á líonadh, i gcásanna áirithe, trí úsáid a baint as nótaí ranga agus áiseanna teagaisc eile, seachas a dhul i dtuilleamaí téacsanna foirmiúla Béarla.

TÁBLA 13.2
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS BLIANA

Bliain	Téacsleabhair Ghaeilge			Téacsleabhair Bhéarla			Téacsanna Béarla & Gaeilge			Gan téacs foirmiúil		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Bliain 1	36%	24%	10%	43%	52%	73%	1%	1%	3%	20%	23%	14%
Bliain 2	35%	26%	10%	47%	51%	75%	0%	1%	3%	19%	22%	13%
Bliain 3	33%	24%	10%	51%	56%	75%	1%	1%	9%	15%	18%	7%
Bliain 5	15%	7%	4%	67%	68%	77%	3%	1%	4%	15%	23%	14%
Bliain 6	14%	7%	4%	69%	69%	75%	3%	1%	4%	15%	22%	17%

Ní féidir comparáid shlán a dhéanamh bunaithe ar na háiseanna teagaisc atá in úsáid i ngach ábhar trasna na gcatagóirí scoile, de bharr nach bhfuil gach ábhar ar fáil i ngach scoil agus/nó nár chuir gach scoil eolas ar fáil dúinn faoi gach ábhar. Má thógaimid na hábhair is coitianta atá á dteagaisc ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus ag leibhéal na hArdteistiméireachta, áfach, mar atá léirithe i dTábla 13.5 agus i dTábla 13.6, faighimid pictiúr ginearálta de na patrúin atá i gceist. Feictear, mar shampla, go bhfuil leibhéal ard úsáide (88%) á bhaint as téacs Gaeilge don Mhatamaitic i gcás na scoileanna i gCatagóir A ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus go dtiteann sé go dtí *circa* leath na seisiún ranga i gcás na scoileanna sa dá chatagóir eile. Tá sé suntasach, freisin, ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh, mar atá ag an mbunleibhéal, go bhfuil scoileanna áirithe ag baint úsáide as téacsanna Béarla d'ábhair a bhfuil téacsanna Gaeilge ar fáil dóibh (agus in úsáid ag scoileanna eile). Tá sé seo amhlaidh, fiú i gcás na scoileanna atá i gCatagóir A.

TÁBLA 13.5
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA DON TEASTAS SÓISEARACH DE RÉIR CATAGÓRA AGUS ÁBHAR

Ábhar	Téacsleabhair Ghaeilge			Téacsleabhair Bhéarla			Téacsanna Béarla & Gaeilge			Gan téacs foirmiúil		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Matamaitic	88%	57%	45%	13%	29%	55%	0%	14%	0%	0%	0%	0%
Stair	27%	33%	12%	73%	67%	85%	0%	0%	3%	0%	0%	0%
Tíreolaíocht	53%	57%	27%	47%	43%	70%	0%	0%	3%	0%	0%	0%
Eolaíocht	57%	35%	19%	33%	65%	69%	0%	0%	13%	10%	0%	0%
Staidéar Gnó	28%	33%	10%	72%	67%	73%	0%	0%	13%	0%	0%	3%
Reiligiún	47%	20%	0%	53%	60%	97%	0%	0%	0%	0%	20%	3%
OSSP	0%	0%	0%	81%	80%	97%	0%	0%	3%	19%	20%	0%
OSPS	0%	0%	0%	62%	71%	76%	0%	0%	3%	38%	29%	21%
Teicneolaíocht ábhar Adhmaid	68%	53%	11%	32%	32%	85%	0%	0%	0%	0%	16%	4%

Tá a laghad sin áiseanna teagaisc oiriúnacha ar fáil do na hábhair Ardteistiméireachta gur beag atá le rá fúthu. Is fiú a lua, áfach, go bhfuil an patrún céanna a luaitear thuas le feiceáil ag an leibhéal seo freisin. Mar shampla, tá téacs Gaeilge in úsáid don Mhatamaitic i 79% de na seisiúin ranga sna scoileanna atá i gCatagóir A, agus ag 57% agus 48% de na seisiúin ranga sna scoileanna atá i gCatagóir B agus i gCatagóir C, faoi seach.

TÁBLA 13.6
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA DON ARDTEISTIMÉIREACHT, DE RÉIR CATAGÓRA AGUS ÁBHAR

Ábhar	Téacsleabhair Ghaeilge			Téacsleabhair Bhéarla			Téacsanna Béarla & Gaeilge			Gan téacs foirmiúil		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Matamaitic	79%	57%	48%	21%	43%	52%	0%	0%	0%	0%	0%	0%
Stair	0%	0%	0%	100%	100%	91%	0%	0%	9%	0%	0%	0%
Tíreolaíocht	10%	17%	0%	90%	67%	100%	0%	17%	0%	0%	0%	0%
Bitheolaíocht	0%	0%	0%	100%	100%	100%	0%	0%	0%	0%	0%	0%
Gnó	29%	0%	6%	71%	100%	76%	0%	0%	18%	0%	0%	0%
Eacnamaíocht Bhaile	0%	0%	0%	100%	100%	89%	0%	0%	11%	0%	0%	0%
Foirgníocht	20%	0%	0%	80%	100%	100%	0%	0%	0%	0%	0%	0%
Gairmthreoir	0%	0%	0%	36%	11%	0%	0%	0%	0%	64%	89%	100%
Reiligiún	25%	0%	0%	63%	56%	76%	0%	0%	0%	13%	44%	24%
Clár Gairme na hArdteiste	0%	0%	0%	57%	0%	42%	29%	0%	17%	14%	100%	42%

LÉARÁID 13.1a
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A



LÉARÁID 13.1b
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B



LÉARÁID 13.1c
NA HÁISEANNA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C



13.1 TÁTAL

Tá soláthar na dtéacsleabhar i nGaeilge, atá ar fáil don Teastas Sóisearach, níos fearr ná mar atá don Ardteistiméireacht. Ní hionadh ar bith mar sin, go bhfuil i bhfad níos mó úsáide á baint as téacsanna Gaeilge don Teastas Sóisearach ná mar atá don Ardteistiméireacht. Mar an gcéanna leis an mbunleibhéal, áfach, is léir nach é an easpa soláthair amháin, atá ag cur bac ar scoileanna Gaeltachta téacsanna Gaeilge a úsáid. Tá scoileanna agus múinteoirí ann nach bhfuil ábalta nó sásta, na háiseanna teagaisc atá ar fáil i nGaeilge, a úsáid. Sa phlé a bhí againn leis na príomhoidí luadh gur deacracht ar leith an easpa téacleabhar atá ann, ach luadh freisin go mbíonn deacrachtaí leanúnacha leis na téacsleabhair a bhíonn ar fáil ar a n-áirítear an Ghaeilge a bhíonn iontu a bheith ródheacair, gan iad a bheith cothrom le dáta, gan iad a bheith sách tarraingteach, agus iad a bheith rómhall ag teacht ar an margadh. Ní léir go míníonn na deacrachtaí seo gach cás, áfach, sa mhéid agus go bhfuil téacsleabhair Ghaeilge áirithe ann atá in úsáid i mbreis agus leath de na seisiúin ranga don ábhar lena mbaineann siad, agus fós nach bhfuil siad in úsáid ag cuid de na scoileanna, a mhaíonn go bhfuil siad ag teagasc an ábhair sin trí Ghaeilge (féach Léaráid 13.2A agus Léaráid 13.2B). Is cúis iontais é seo, go háirithe i bhfianaise gur beag ábhar léitheoireachta eile atá ar fáil i nGaeilge d'fhormhór na n-ábhar atá i gceist.

Tá sé le feiceáil ó Léaráidí 13.4C agus 13.4D gur Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó atá in úsáid mar mheán teagaisc i bhformhór na seisiún ranga a úsáideann téacsanna Gaeilge amháin ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh is meascán de Bhéarla agus de Ghaeilge (ach le níos mó Gaeilge ná Béarla) a bhíonn mar mheán teagaisc sa líon beag ranganna a úsáideann téacsanna Béarla agus téacsanna Gaeilge. Tá seo fíor, go háirithe, sna hábhair thraidisiúnta cosúil leis an Matamaitic, an Stair, an Tíreolaíocht agus Eolaíocht. Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó a bhíonn in úsáid don OSSP agus don OSPS (Léaráid 13.2E). Ag leibhéal na hArdteistiméireachta is Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó atá in úsáid sna seisiúin ranga seo (Léaráid 13.2F). Is gá a áireamh, áfach, nach bhfuil ach líon an-bheag seisiún ranga i gceist leis na figiúirí seo. Léiríonn an dá Léaráid 13.2G agus 13.4F go bhfuil níos mó den teagasc á dhéanamh trí Ghaeilge sna seisiúin ranga sin nach bhfuil ag úsáid aon téacs foirmiúil. Tá seo amhlaidh freisin i gcás na mbunscoileanna.

LÉARÁID 13.2a
AN TEANGA TEAGAISC AG LEIBHÉAL AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH I RANGANNA NACH BHFUIL AG ÚSÁID TÉACSLEABHAIR GHAEILGE



LÉARÁID 13.2b
AN TEANGA TEAGAISC AG LEIBHÉAL NA HARDTEISTIMÉIREACHTA I RANGANNA NACH BHFUIL AG ÚSÁID TÉACSLEABHAIR GHAEILGE, DE RÉIR ÁBHAR



LÉARÁID 13.1d
AN TEANGA TEAGAISC AG LEIBHÉAL AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH I RANGANNA INA N-ÚSÁIDTEAR TÉACSLEABHAIR GHAEILGE AMHÁIN



LÉARÁID 13.1e
AN TEANGA TEAGAISC AG LEIBHÉAL AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH I RANGANNA INA N-ÚSÁIDTEAR MEASCÁN DE THÉACSLEABHAIR BHÉARLA AGUS DE THÉACSLEABHAIR GHAEILGE



LÉARÁID 13.1f
AN TEANGA TEAGAISC AG LEIBHÉAL NA HARDTEISTIMÉIREACHTA I RANGANNA INA N-ÚSÁIDTEAR MEASCÁN DE THÉACSLEABHAIR BHÉARLA AGUS DE THÉACSLEABHAIR GHAEILGE



LÉARÁID 13.1g
AN TEANGA TEAGAISC AG LEIBHÉAL AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH I RANGANNA NACH N-ÚSÁIDEANN AON TÉACSLEABHAR FOIRMIÚIL



LÉARÁID 13.1h
AN TEANGA TEAGAISC AG LEIBHÉAL NA HARDTEISTIMÉIREACHTA I RANGANNA NACH N-ÚSÁIDEANN AON TÉACSLEABHAR FOIRMIÚIL



caibidil 14

AN TEANGA TEAGAISC IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

14.1 AN PICTIÚIR NÁISIÚNTA

Iarradh ar na hiar-bhunscoileanna tuairisc a thabhairt dúinn ar an teanga teagaisc a bhí in úsáid acu do na hábhair éagsúla de réir ranga agus úsáid á baint as na catagóirí céanna agus a úsáideadh i gcás na mbunscoileanna, eadhon:

- Gaeilge amháin
- Gaeilge den chuid is mó
- Meascán de Ghaeilge agus Béarla, ach níos mó Gaeilge ná Béarla
- Meascán de Bhéarla agus Gaeilge, ach níos mó Béarla na Gaeilge
- Béarla den chuid is mó
- Béarla amháin

Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh, déantar an teagasc trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó i dtimpeall leath de na seisiúin ranga. Tagann méadú ar líon na seisiún ranga ina ndéantar an teagasc trí mheascán de Ghaeilge agus Bhéarla, ach níos mó Gaeilge ná Béarla ó 11% i mBliain 1 go dtí 14% i mBliain 2 agus i mBliain 3. Tá an Béarla in uachtar mar theanga teagaisc i mbeagán os cionn aon trian de na seisiúin ranga ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Tagann laghdú suntasach ar an méid den teagasc a dhéantar trí Ghaeilge amháin i mblianta na hArdteistiméireachta, go háirithe i mbliain na scrúduithe (Tábla 14.1). Nuair a dhéantar comparáid idir an méan teagaisc atá in úsáid i rang 6 sna bunscoileanna agus an meán teagaisc atá in úsáid sna hiar-bhunscoileanna is léir go bhfuil úsáid an Bhéarla mar mheán teagaisc níos coitianta ag an dara leibhéal ná mar atá sé ag an mbunleibhéal.

TÁBLA 14.1
AN TEANGA TEAGAISC IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Ábhar	Gaeilge Amháin	Gaeilge den chuid is mó	Níos mó Gaeilge ná Béarla	Níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla Amháin
An teanga teagaisc i rang 6 i mbunscoileanna na Gaeltachta	42%	15%	16%	13%	7%	8%
Bliain 1 TS (n= 375 Seisiún ranga) [16]	38%	16%	11%	5%	4%	26%
Bliain 2 TS (n= 373 Seisiún ranga	43%	8%	14%	6%	4%	26%
Bliain 3 TS (n= 366 Seisiún ranga)	43%	8%	14%	6%	3%	25%
Bliain 5 AT (n= 375 Seisiún ranga)	40%	9%	14%	5%	7%	25%
Bliain 6 AT (n= 373 Seisiún ranga)	33%	14%	13%	9%	4%	27%

[16] Is ionann líon na seisiún ranga sa chás seo agus an bhliain méadaithe faoi líon na n-ábhar atá á dteagasc sa bhliain sin méadaithe faoi líon na scoileanna a chuir eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh, gan na hábhair nach bhfuil á dteagasc ach i roinnt bheag scoileanna, eadhon, Clóscríbhneóireacht agus Teicneolaíocht, a chur san áireamh, is í an Fhraincis an t-ábhar is lú atá á theagasc trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó. Tá Corpoideachas agus Teicneolaíocht Ábhar (Miotal) á dteagasc trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó i gcás 69% agus 68% de na seisiúin ranga, faoi seach. Tá na hábhair eile á dteagasc agus úsáid á baint as an gcleachtas teanga céanna in idir 46% agus 58% de na seisiúin ranga a bhaineann leo (Tábla 14.2).

TÁBLA 14.2
AN TEANGA TEAGAISC IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA AG LEIBHÉAL AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, DE RÉIR ÁBHAR

Ábhar	Gaeilge Amháin	Gaeilge den chuid is mó	Níos mó Gaeilge ná Béarla	Níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla Amháin
Matamaitic (n= 81 Seisiún ranga) [17]	37%	17%	15%	4%	2%	25%
Fraincis (n= 60 Seisiún ranga)	27%	7%	18%	3%	7%	38%
Teanga Eile (n= 17 Seisiún ranga)	18%	29%	18%	0%	0%	35%
Stair (n= 72 Seisiún ranga)	40%	8%	18%	3%	6%	25%
Tíreolaíocht (n= 75 Seisiún ranga)	47%	7%	17%	4%	1%	24%
Eolaíocht (n= 79 Seisiún ranga)	41%	13%	18%	3%	0%	27%
Staidéar Gnó (n= 72 Seisiún ranga)	44%	13%	11%	4%	0%	28%
Reiligiún (n= 79 Seisiún ranga)	41%	9%	13%	8%	8%	23%
OSSP (n= 79 Seisiún ranga)	44%	9%	14%	3%	4%	27%
OSPS (n= 74 Seisiún ranga)	41%	9%	12%	7%	4%	27%
Ealaín (n= 50 Seisiún ranga)	54%	4%	10%	4%	8%	20%
Ceol (n= 28 Seisiún ranga)	32%	14%	18%	11%	4%	21%
Corpoideachas(n= 52 Seisiún ranga)	50%	19%	12%	10%	4%	6%
Eacnamaíocht Bhaile (n= 72 Seisiún ranga)	42%	13%	15%	3%	7%	21%
Teicneolaíocht ábhar Miotal. (n= 35 Seisiún ranga)	57%	11%	0%	0%	0%	31%
Teicneolaíocht ábhar Adhmaid (n= 71 Seisiún ranga)	42%	8%	7%	13%	4%	25%
Graifaic Teicniúil (n= 51 Seisiún ranga)	35%	18%	8%	8%	4%	27%
Teicneolaíocht (n= 11 Seisiún ranga)	0%	0%	27%	0%	9%	64%
Clóscríbhneoireacht (n= 6 Seisiún ranga)	100%	0%	0%	0%	0%	0%
Ríomhaireacht (n= 50 Seisiún ranga)	40%	8%	8%	16%	0%	28%

[17] Is ionann líon na seisiún ranga sa chás agus an t-ábhar i gceist méadaithe faoi líon na ranganna ina bhfuil an t-ábhar á theagasc méadaithe faoi líon na scoileanna a chur eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

Ag leibhéal na hArdteistiméireachta is í an Ríomhaireacht is lú atá á teagasc trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó (24% de na seisiúin ranga). Tá an céatadán de na seisiúin ranga sa Fhraincis, san Eolaíocht Talmhaíochta agus sa Reiligiún, a mhúintear trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó, íseal freisin, i raon idir 28% agus 37%. Is san Ealaín, sa Chorpoideachas, agus san Eacnamaíocht atá an céatadán is mó den teagasc á dhéanamh trí Ghaeilge (Tábla14.3).

TÁBLA 14.3
AN TEANGA TEAGAISC IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA AG LEIBHÉAL AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, DE RÉIR ÁBHAR

Ábhar	Gaeilge Amháin	Gaeilge den chuid is mó	Níos mó Gaeilge ná Béarla	Níos mó Béarla ná Gaeilge	Béarla den chuid is mó	Béarla Amháin
Matamaitic (n= 51 Seisiún ranga)[18]	35%	20%	10%	4%	10%	22%
Fraincis (n= 39 Seisiún ranga)	28%	0%	21%	5%	10%	36%
Teanga Eile (n= 13 Seisiún ranga)	15%	31%	31%	0%	8%	15%
Stair (n= 28 Seisiún ranga)	46%	11%	14%	0%	14%	14%
Tíreolaíocht (n= 46 Seisiún ranga)	41%	9%	15%	7%	2%	26%
Bitheolaíocht (n= 48 Seisiún ranga)	35%	13%	19%	4%	2%	27%
Fisic/Ceimic (n= 10 Seisiún ranga)	40%	0%	0%	0%	0%	60%
Fisic (n= 20 Seisiún ranga)	45%	5%	20%	10%	0%	20%
Ceimic (n= 18 Seisiún ranga)	33%	11%	17%	0%	0%	39%
Gnó (n= 34 Seisiún ranga)	44%	9%	15%	6%	3%	24%
Eacnamaíocht (n= 10 Seisiún ranga)	40%	30%	10%	0%	10%	10%
Cuntasaíocht (n= 21 Seisiún ranga)	29%	19%	5%	0%	5%	43%
Ealaín (n= 25 Seisiún ranga)	60%	16%	0%	0%	0%	24%
Ceol (n= 15 Seisiún ranga)	27%	7%	20%	0%	13%	33%
Corpoideachas (n= 24 Seisiún ranga)	50%	21%	4%	13%	0%	13%
Eacnamaíocht Bhaile (n= 45 Seisiún ranga)	40%	9%	16%	7%	7%	22%
Foirgníocht (n= 40 Seisiún ranga)	40%	10%	10%	8%	5%	28%
Innealtóireacht (n= 24 Seisiún ranga)	50%	8%	8%	0%	0%	33%
Líníocht Theicniúil (n= 28 Seisiún ranga)	36%	25%	7%	11%	0%	21%
Teicneolaíocht (n= 1 Seisiún ranga)	0%	100%	0%	0%	0%	0%
Eolaíocht Talmhaíocht (n= 22 Seisiún ranga)	27%	9%	23%	5%	14%	23%
Ríomhaireacht (n= 25 Seisiún ranga)	20%	4%	16%	20%	8%	32%
Gairmthreoir (n= 42 Seisiún ranga)	31%	12%	14%	14%	7%	21%
Reiligiún (n= 41 Seisiún ranga)	27%	10%	12%	15%	10%	27%
Clár Gairme na hArdteiste (n= 29 Seisiún ranga)	34%	7%	14%	17%	0%	28%

[18] Is ionann líon na seisiún ranga sa chás agus an t-ábhar i gceist méadaithe faoi líon na ranganna ina bhfuil an t-ábhar á theagasc méadaithe faoi líon na scoileanna a chur eolas ar fáil dúinn faoin mír atá i gceist.

14.2 TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID SNA HIAR-BHUNSCOILEANNA DE RÉIR CHATAGÓIR NA SCOILE

Nuair a bhreathnaítear ar an teanga teagaisc atá in úsáid sna hiar-bhunscoileanna de réir na gcatagóirí scoile atá rianaithe thuas, feictear go bhfuil formhór an teagaisc á dhéanamh trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó i gcás na scoileanna atá i gCatagóirí A (Tábla 14.4). Is ábhar suntais é, áfach, go bhfuil ábhair thraidisiúnta ar nós na Matamaitice, na Fraincise, na Staire, na Tíreolaíochta, na Ealaíne, an Reiligiúin, agus Gairmthreorach á dteagasc trí Bhéarla amháin nó trí Bhéarla den chuid is mó i gcéatadán suntasach de na seisiúin ranga sna scoileanna seo (Táblaí 14.5 agus 14.6).

TÁBLA 14.4 AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA DE RÉIR CATAGÓRA AGUS RANGA

Bliain	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó			Níos mó Gaeilge ná Béarla			Béarla amháin, Béarla den chuid is mó, níos mó Béarla ná Gaeilge		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Bliain 1	91%	49%	28%	2%	17%	16%	7%	35%	56%
Bliain 2	93%	45%	22%	2%	17%	22%	6%	37%	57%
Bliain 3	93%	49%	20%	1%	13%	26%	6%	39%	54%
Bliain 5	95%	29%	31%	1%	26%	16%	4%	46%	53%
Bliain 6	93%	35%	25%	1%	19%	17%	7%	46%	58%

TÁBLA 14.5 AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID AG LEIBHÉAL AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA, DE RÉIR CATAGÓRA AGUS ÁBHAR

Bliain	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó			Níos mó Gaeilge ná Béarla			Béarla amháin, Béarla den chuid is mó, níos mó Béarla ná Gaeilge		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Matamaitic	85%	48%	33%	11%	24%	12%	4%	29%	55%
Fraincis	65%	40%	11%	0%	20%	29%	35%	40%	61%
Teanga Eile	100%	44%	20%	0%	11%	40%	0%	44%	40%
Stair	86%	50%	24%	0%	17%	30%	14%	33%	45%
Tíreolaíocht	95%	57%	24%	0%	14%	30%	5%	29%	45%
Eolaíocht	96%	48%	19%	4%	24%	26%	0%	29%	55%
Staidéar Gnó	100%	56%	26%	0%	11%	19%	0%	33%	55%
Reiligiún	88%	52%	18%	0%	14%	21%	12%	33%	61%
OSSP	96%	50%	19%	0%	15%	25%	4%	35%	56%
OSPS	89%	41%	20%	0%	6%	27%	11%	53%	53%
Ealaín	86%	55%	28%	0%	18%	17%	14%	27%	56%
Ceol	100%	50%	25%	0%	0%	42%	0%	50%	33%
Corpoideachas	100%	50%	56%	0%	17%	19%	0%	33%	25%
Eacnamaíocht Bhaile	100%	52%	23%	0%	19%	23%	0%	29%	53%
Teicneolaíocht ábhar Miotal.	100%	50%	27%	0%	0%	0%	0%	50%	73%
Teicneolaíocht ábhar Adhmaid	88%	45%	19%	4%	15%	4%	8%	40%	77%
Graifaic Teicniúil	100%	47%	20%	0%	20%	5%	0%	33%	75%
Teicneolaíocht	0%	0%	0%	0%	0%	38%	0%	100%	63%
Clóscríbhneoireacht	100%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	0%	0%
Ríomhaireacht	100%	18%	26%	0%	18%	9%	0%	64%	65%

Sna scoileanna i gCatagóir B tá beagnach leath de na seisiúin ranga á dteagasc trí *Ghaeilge amháin* nó trí *Ghaeilge den chuid is mó*, ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Tá an Tíreolaíocht agus an Staidéar Gnó beagán níos airde ag 57% agus 56%, faoi seach (Tábla 14.5). Titeann sé seo go dtí 29% de na seisiúin ranga sa chéad bhliain den Ardteistiméireacht, agus cé go dtagann méadú air arís sa dara bliain den Ardteistiméireacht, is léir, ar an iomlán, go bhfuil níos mó den teagasc á dhéanamh trí Bhéarla sna scoileanna seo sna ranganna Ardteistiméireachta ná mar atá á dhéanamh acu sna ranganna don Teastas Sóisearach.

TÁBLA 14.6
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID AG LEIBHÉAL NA HARDTEISTIMÉIREACHTA IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA, DE RÉIR CATAGÓRA AGUS ÁBHAR

Bliain	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó			Níos mó Gaeilge ná Béarla			Béarla amháin, Béarla den chuid is mó, níos mó Béarla ná Gaeilge		
	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C	CAT A	CAT B	CAT C
Matamaitic	88%	29%	48%	6%	29%	0%	6%	43%	52%
Fraincis	70%	22%	10%	0%	22%	30%	30%	56%	60%
Teanga Eile	100%	50%	0%	0%	17%	75%	0%	33%	25%
Stair	75%	44%	55%	0%	22%	18%	25%	33%	27%
Tíreolaíocht	92%	36%	32%	0%	21%	21%	8%	43%	47%
Bitheolaíocht	93%	31%	29%	7%	31%	19%	0%	38%	52%
Fisic/Ceimic	100%	0%	17%	0%	0%	0%	0%	100%	83%
Fisic	100%	40%	30%	0%	20%	30%	0%	40%	40%
Ceimic	100%	50%	27%	0%	0%	27%	0%	50%	45%
Gnó	100%	38%	31%	0%	13%	25%	0%	50%	44%
Eacnamaíocht	100%	0%	100%	0%	33%	0%	0%	67%	0%
Cuntasaíocht	100%	50%	25%	0%	0%	8%	0%	50%	67%
Ealaín	100%	67%	43%	0%	0%	0%	0%	33%	57%
Ceol	0%	33%	33%	0	17%	22%	0%	50%	44%
Corpoideachas	100%	67%	38%	0%	0%	13%	0%	33%	50%
Eacnamaíocht Bhaile	100%	21%	33%	0%	36%	11%	0%	43%	56%
Foirgníocht	100%	25%	27%	0%	25%	7%	0%	50%	67%
Innealtóireacht	100%	20%	25%	0%	40%	0%	0%	40%	75%
Líníocht Theicniúil	100%	44%	50%	0%	11%	8%	0%	44%	42%
Teicneolaíocht	0%	0%	100%	0%	0%	0%	0%	0%	0%
Eolaíocht Talmhaíocht	100%	0%	20%	0%	33%	30%	0%	67%	50%
Ríomhaireacht	100%	0%	0%	0%	33%	15%	0%	67%	85%
Gairmthreoir	86%	17%	25%	0%	33%	13%	14%	50%	63%
Reiligiún	82%	33%	11%	0%	17%	17%	18%	50%	72%
Clár Gairme na hArdteiste	100%	43%	0%	0%	14%	23%	0%	43%	77%

Tá timpeall an ceathrú cuid den teagasc á dhéanamh ag na scoileanna atá i gCatagóir C trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó. Má bhreathnaimid ar na hábhair thraidisiúnta sna scoileanna seo is léir éagsúlacht mhór a bheith i gceist idir na hábhair. Mar shampla, ag leibhéal na hArdteistiméireachta, tá 48% den Mhatamaitic agus 55% den Stair á mhúineadh trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó sna scoileanna seo - níos mó ná mar atá i gcás na n-ábhar céanna i scoileanna Chatagóir B. Ar an láimh eile níl ach 10% den Fhraincis agus 32% den Tíreolaíocht á mhúineadh trí Ghaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó (Tábla 14.6). Tá sé spéisiúil, freisin, go dtiteann líon na seisiún ranga ina bhfuil an teagasc á dhéanamh trí Ghaeilge sna scoileanna seo sna blianta scrúdaithe, eadhon, sa tríú bliain den Teastas Sóisearach agus sa dara bliain den Ardteistiméireacht.

14.3 TÁTAL

Is léir géarchéim a bheith ag an teagasc trí Ghaeilge in iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Tá an Béarla in uachtar mar mheán teagaisc i 40% de na seisiúin ranga i mbliain na hArdteistiméireachta. Fiú sna scoileanna atá lonnaithe i gceantair láidre Ghaeltachta (Catagóir A), tá os cionn 10% den teagasc á dhéanamh trí Bhéarla i gcuid de na hábhair thraidisiúnta. Sna scoileanna i gCatagóir B, níl ach leath de na seisiúin ranga á dteagasc trí Ghaeilge ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh, agus titeann sé seo go dtí *circa* aon trian de na seisiúin ranga ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

Mar is léir ó tháblaí 14.7A-14.7C tá 8 gcinn, ar a laghad, d'iar-bhunscoileanna na Gaeltachta ann a bhfuil socrú déanta acu gan aon teagasc nó gan ach fíorbheagán teagaisc a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, agus mar atá i gcás na mbunscoileanna, is léir roinnt scoileanna eile a bheith idir dhá cheann na meá. Impleacht amháin atá leis seo, ná go bhfuil limistéir mhóra Ghaeltachta fágtha anois gan aon iar-bhunoideachais a bheith ar fáil iontu trí mheán na Gaeilge.

TÁBLA 14.7a
AN CÉATADÁN ÚSÁIDE A BHAINTEAR AS NA CLEACHTAIS TEANGA ÉAGSÚLA IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A *(n= 9)*

Céatadáin	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Ghaeilge agus Béarla, ach níos mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla agus Gaeilge, ach níos mó Béarla na Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin
0	0	7	6
1 - 10%	0	2	2
11 -20%	0	0	0
21 - 30%	0	0	0
31 -40%	0	0	1
41 - 50%	1	0	0
51 - 60%	0	0	0
61 - 70%	0	0	0
71 - 80%	0	0	0
81 - 90%	0	0	0
91 - 100%	8	0	0

TÁBLA 14.7b
AN CÉATADÁN ÚSÁIDE A BHAINTEAR AS NA CLEACHTAIS TEANGA ÉAGSÚLA IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B *(n= 7)*

Céatadáin	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Ghaeilge agus Béarla, ach níos mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla agus Gaeilge, ach níos mó Béarla na Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin
0	2	3	2
1 - 10%	0	0	1
11 -20%	1	1	1
21 - 30%	1	2	0
31 -40%	0	0	0
41 - 50%	0	1	1
51 - 60%	0	0	0
61 - 70%	1	0	0
71 - 80%	1	0	0
81 - 90%	0	0	0
91 - 100%	1	0	2

TÁBLA 14.7c
AN CÉATADÁN ÚSÁIDE A BHAINTEAR AS NA CLEACHTAIS TEANGA ÉAGSÚLA IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C (n= 11)

Céatadáin	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó	Meascán de Ghaeilge agus Béarla, ach níos mó Gaeilge ná Béarla	Meascán de Bhéarla agus Gaeilge, ach níos mó Béarla na Gaeilge, nó Béarla den chuid is mó, nó Béarla amháin
0	4	6	2
1 - 10%	2	1	2
11 -20%	1	1	0
21 - 30%	1	0	0
31 -40%	1	1	0
41 - 50%	0	0	1
51 - 60%	0	0	0
61 - 70%	0	2	0
71 - 80%	0	0	0
81 - 90%	0	0	1
91 - 100%	2	0	5

LÉARÁID 14.1A
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A DE RÉIR ÁBHAR (BLIAIN 1 – BLIAIN 3)



LÉARÁID14.1b
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B DE RÉIR ÁBHAR (BLIAIN 1 – BLIAIN 3)



LÉARÁID 14.1C
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C DE RÉIR ÁBHAR (BLIAIN 1 – BLIAIN 3)



LÉARÁID 14.2A
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A DE RÉIR ÁBHAR (BLIAIN 5 AGUS BLIAIN 6)



LÉARÁID 14.2b
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B DE RÉIR ÁBHAR (BLIAIN 5 AGUS BLIAIN 6)



LÉARÁID 14.2c
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C DE RÉIR ÁBHAR (BLIAIN 5 AGUS BLIAIN 6)



LÉARÁID 14.3a
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR A DE RÉIR RANGA



LÉARÁID 14.3b
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR B DE RÉIR RANGA



LÉARÁID 14.3c
AN TEANGA TEAGAISC IN ÚSÁID IN IAR-BHUNSCOILEANNA CHATAGÓIR C DE RÉIR RANGA



caibidil 15

TÁTAL AGUS MOLTAÍ

15.1 RÉAMHRÁ

De réir an Achta Oideachais, 1998, tá cuspóirí oideachais agus cuspóirí teanga ag an gcóras oideachais sa Ghaeltacht. Baineann na cuspóirí oideachais le cearta leanaí i réimse an oideachais, agus, go háirithe, an aidhm go gcuirfear ar fáil do dhaoine, a bhfuil cónaí orthu sa Stát, leibhéal agus cáilíocht oideachais is cuí chun freastal ar a riachtanais agus a gcumas (Mír 6(a) agus 6 (b) den Acht Oideachais, 1998). Is iad na cuspóirí teanga atá leagtha síos faoi mhír 6(j) den Acht ná 'cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta.' Tá sé tábhachtach a mheabhrú go mbaineann na cuspóirí seo leis an gcóras oideachais i gcoitinne agus ní leis na scoileanna amháin.

In aon anailís a dhéantar ar an gcóras oideachais sa Ghaeltacht is gá na cuspóirí teanga sin a chur san áireamh. Ina theannta sin, is gá sainiú feidhmiúil a dhéanamh orthu, an cur chuige is fearr chun feidhm a thabhairt dóibh a rianú, agus na struchtúir agus na hacmhainní a bheidh de dhíth le feidhm a thabhairt dóibh a áireamh.

Tá pobal na Gaeltachta ag maireachtáil i saol atá dátheangach. Chomh maith leis an nGaeilge tá siad i dtuilleamaí an Bhéarla le dul chun cinn gairmiúil, eacnamaíochta, sóisialta, pearsanta agus polaitiúil a dhéanamh. Ina theannta sin, tá síorláithreacht ag an mBéarla anois i saol phobal na Gaeltachta, trí na meáin chumarsáide chlóite agus chraolta, tríd an gcaidreamh leanúnach a bhíonn acu le daoine ó lasmuigh den Ghaeltacht, agus tríd an teagmháil a bhíonn acu le daoine gan Ghaeilge a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht, agus a bhfuil a líon imithe i líonmhaire go mór ó thús na seachtóidí ar aghaidh.

Chun daltaí Gaeltachta a réiteach don saol seo, agus ag an am céanna chun 'cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta', is gá don chóras oideachais sa Ghaeltacht na daltaí a chumasú le cumas an chainteora dúchais a bhaint amach i nGaeilge agus sa Bhéarla, agus ag an am céanna, leibhéal ard úsáid na Gaeilge a chothú agus a chaomhnú ina measc.

Léiríonn an taighde seo go bhfuil ag éirí leis na scoileanna Gaeltachta cuid de na cuspóirí seo a bhaint amach go héifeachtach. I gcás chumas na ndaltaí sa Ghaeilge, mar shampla, is léir go n-éiríonn leis na scoileanna cumas Gaeilge na ndaltaí a threisiú agus iad ag dul tríd an gcóras oideachais ó rang na naíonán beag sa bhunscoil go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta. Is féidir a rá, mar sin, go mbeadh an Ghaeilge sa Ghaeltacht i bhfad níos laige ná mar atá gan an obair atá á déanamh sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna. Is léir freisin, go bhfuil an obair seo á déanamh sna scoileanna gan an tacaíocht chuí a bheith curtha ar fáil.

Is léir freisin, áfach, nach bhfuil ag éirí leis na scoileanna na cuspóirí thuas a bhaint amach i ngach cás, chomh fada agus a bhaineann siad leis an nGaeilge. Dar leis na scoileanna féin, fágann an ceathrú cuid de na daltaí na bunscoileanna agus gan acu ach Gaeilge mheasartha agus fágann *circa* an deichiú cuid eile agus iad ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Ag leibhéal na hArdteistiméireachta tá 18% de na daltaí nach bhfuil ach Gaeilge mheasartha acu agus tá 10% eile ann atá ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Ina theannta sin, tá an Béarla in uachtar mar ghnáth-theanga chaidrimh i measc na ndaltaí i bhformhór scoileanna na Gaeltachta. Ar ndóigh, cuimsíonn na figiúirí seo scoileanna atá suite i gceantair Ghaeltachta ina bhfuil labhairt na Gaeilge imithe i léig agus roinnt scoileanna nach bhfuil ag teagaisc trí Ghaeilge a thuilleadh. Ach fiú sna ceantair is láidre Gaeltachta tá 14% de na daltaí i rang 6 sa bhunscoil atá gan Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith a bheith acu, agus tá 7% de na daltaí i mbliain na hArdteistiméireachta sa riocht céanna. Ina theannta sin, tá an Béarla in uachtar mar ghnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí i bhformhór na scoileanna iar-bhunoideachais atá suite sna ceantair seo. Tá an chosúlacht ar an scéal mar sin, gur fearr atá ag éirí leis an gcóras oideachais sa Ghaeltacht úsáid an Bhéarla a chothú i measc cainteoirí dúchais Gaeilge ná mar atá ag éirí leis úsáid na Gaeilge a chothú i measc cainteoirí Béarla.

Sa chéad chuid den tuarascáil seo tá achoimre déanta ar na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha eile ar oideachas Gaeltachta ó 1926 ar aghaidh. Díríonn na moltaí sin ar chéimeanna sonracha ba chóir a ghlacadh le feabhas a chur ar ghnéithe éagsúla den chóras: an soláthar téacsleabhar, oiliúint mhúinteoirí, an freastal ar dhaltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus ról na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí, mar shampla. Is beag de na moltaí sin atá curtha i bhfeidhm ó shin agus ní féidir a rá go bhfuil réiteach sásúil faighte ar aon cheann de mhórfhadhbanna oideachais na Gaeltachta le fiche bliain anuas, toisc gan aon struchtúr faoi leith a bheith ann roimhe seo le cúram faoi leith a dhéanamh do na riachtanais oideachais atá i gceist.

I 1981 dúirt Comhar na Múinteoirí Gaeilge ina dTuarascáil ar an mBunoideachas Trí Ghaeilge sa Ghaeltacht gur ghá, sula bhféadfaí a bheith ag súil go ndéanfaí aon dul chun cinn, do na ranna atá ag plé le hoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht 'aitheantas a thabhairt go bhfuil fadhb agus géarchéim ann faoi láthair maidir le hoideachas ceart, iomlán trí Ghaeilge a chur ar fáil do pháistí i mbunscoileanna na Gaeltachta.' Léiríonn an taighde seo go soiléir go bhfuil an córas oideachais Gaeltachta i gcruachás géarchéime. Tá an Béarla in úsáid mar mheán teagaisc i mbeagnach leath de na seisiúin ranga ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal agus tá sé in uachtar mar mheán teagaisc i *circa* an ceathrú cuid de na bunscoileanna agus in aon trian de na hiar-bhunscoileanna. Toradh amháin atá air seo, go bhfuil limistéir mhóra den Ghaeltacht oifigiúil nach bhfuil fáil ag tuismitheoirí iontu ar iar-bhunoideachas, agus i gcásanna áirithe ar bhunoideachas, trí mheán na Gaeilge.

Níl fáil ag na scoileanna ar sholáthar sásúil áiseanna teagaisc ag an mbunleibhéal ná ag an dara leibhéal, go háirithe ag leibhéal na hArdteistiméireachta agus níl an soláthar teoranta d'áiseanna teagaisc atá ar fáil sásúil do riachtanais na scoileanna, i ngach cás. Fágann sé seo go bhfuil ar na scoileanna Gaeltachta, a bhfuil cúram reáchtúil orthu 'cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail' dul i dtuilleamaí áiseanna teagaisc i mBéarla d'fhormhór na seisiúin ranga atá á dteagasc acu.

Tá deacrachtaí ag na scoileanna múinteoirí a mhealladh le cur isteach ar phostanna atá á dtairiscint acu, agus bíonn deacrachtaí faoi leith acu teacht ar mhúinteoirí atá toilteanach agus ábalta teagasc go héifeachtach trí mheán na Gaeilge. Arís, fágtar iad gan aon rogha go minic, ach a bheith i dtuilleamaí múinteoirí nach bhfuil ar a gcumas ach teagasc trí Bhéarla amháin.

Is scoileanna beaga iad formhór bhunscoileanna na Gaeltachta. Tá céatadán suntasach acu i mbaol a ndúnta as seo go ceann roinnt blianta. An chuid nach bhfuil i mbaol a ndúnta tá a bhformhór ag streachailt de bharr nach bhfuil acu ach líon beag daltaí agus múinteoirí. Tá siad faoi mhíbhuntáiste ó thaobh áiseanna de, tá deacrachtaí faoi leith acu múinteoirí a mhealladh agus tá deacrachtaí acu an curaclam bunscoile a sholáthar ina iomláine. Ní léir conas gur féidir freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais oideachais daltaí Gaeltachta ag úsáid an mhúnla oideachais seo.

Níl fáil ag daltaí i scoileanna Gaeltachta ag an mbunleibhéal ná ag an dara leibhéal, ach go hannamh, ar sheirbhísí tacaíochta ó na boird sláinte ná ó na seirbhísí síceolaíochta trí mheán na Gaeilge.

Is mionlach anois iad na daltaí, ag a bhfuil Gaeilge ó dhúchas, atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta. Eascraíonn an t-athrú seo, as athruithe i gcleachtais teanga i measc phobal na Gaeltachta féin, ach eascraíonn cuid shubstaintiúil de as athruithe ar chomhdhéanamh phobal na Gaeltachta le roinnt blianta anuas - athruithe a fhágann go bhfuil beagnach an ceathrú cuid de dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile na Gaeltachta anois a rugadh nó a tógadh lasmuigh den Ghaeltacht. In ainneoin an t-athrú follasach seo a bheith ag tarlú le breis agus tríocha bliain anuas, ní dhearnadh aon soláthar faoi leith ag leibhéal polasaí ná ag leibhéal dáilte acmhainní a chabhródh le scoileanna na Gaeltachta déileáil leis an dúshlán agus leis an ngéarchéim oideachais agus teanga atá tar éis eascairt as. Toradh amháin atá air seo, go bhfuil úsáid na Gaeilge, mar ghnáth-theanga chaidrimh i measc daltaí Gaeltachta i dtimpeallacht na scoile, an-íseal ar fad, fiú sna scoileanna sin atá suite i gceantair láidre Ghaeltachta. Is deacair a shamhlú nach mbeadh na nósmhaireachtaí teanga a chleachtann na daoine óga seo i dtimpeallacht na scoile á mbuanú sa chaidrimh a bhíonn acu lasmuigh den scoil chomh maith.

Tá na deacrachtaí seo méadaithe go mór de bharr nach bhfuil éirithe leis na scoileanna féin polasaithe deimhneacha a fhorbairt ag leibhéal na scoile a thabharfadh treoir chinnte dá gcuid múinteoirí faoi conas déileáil leis na ceisteanna teanga agus oideachais a eascraíonn as na deacrachtaí seo ar fad. Ní léir ach oiread gur cuireadh aon tacaíocht, aon chomhairle ná aon acmhainní ar fáil do na scoileanna a chabhródh leo a leithéid de pholasaithe a fhorbairt.

Tá, mar a thuairiscítear thuas, roinnt mhaith scoileanna tar éis géilleadh do na deacrachtaí seo cheana féin agus iompú go huile agus go hiomlán ar an mBéarla mar mheán teagaisc agus riaracháin. Tá roinnt scoileanna eile atá idir dhá cheann na meá i láthair na huaire. Fiú i measc na scoileanna atá suite sna ceantair is láidre den Ghaeltacht is léir gurb é a ndúshlán ag an bpointe seo oideachas Gaeltachta den scoth a sholáthar go héifeachtach trí mheán na Gaeilge mar ba mhian leo. Mura dtiocfaidh athrú ar na cúinsí faoina bhfuil na scoileanna seo ag feidhmiú go luath agus mura féidir a dheimhniú go mbeidh na seirbhísí tacaíochta atá de dhíth orthu ar fáil dóibh trí mheán na Gaeilge ar bhealach éifeachtach, is deacair a shamhlú go mbeidh mórán scoileanna bunleibhéil ná dara leibhéal ag teagasc trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht faoi cheann fiche bliain eile.

Bunaithe ar an taighde seo, seasann formhór na moltaí a rinneadh sna tuarascálacha a bhí faoi chaibidil agus atá coimrithe i gCaibidil 2. Is é ár dtuairim, áfach, nach bhfuil sé indéanta feidhm éifeachtach a thabhairt d'fhormhór na moltaí seo gan breathnú ar dtús ar na struchtúir atá ann, nó atá de dhíth, le feidhm a thabhairt dóibh – áirítear ina measc seo na scoileanna féin, na seirbhísí tacaíochta oideachais, na seirbhísí tacaíochta sláinte, agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Is sa chomhthéacs sin atá na moltaí atá sa chuid eile den chaibidil seo á ndeánamh.

15.2 SAINIÚ AR 'SCOILEANNA GAELTACHTA'

Faoi alt 9 den Acht Oideachais, 1998, tá sé de chúram ar scoileanna Gaeltachta, mar atá ar scoileanna uile na tíre, 'oideachas a chur ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumas agus dá riachtanais.' Sa bhreis ar an gcúram sin, áfach, tá cúram breise ar scoileanna Gaeltachta faoi mhír 9(h) den Acht a deir gur cúram do scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta:

> "cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail."

Faoi fhorálacha an Achta ciallaíonn 'limistéar Gaeltachta':

> "limistéar a mbeidh cinnte de thuras na huaire le hordú arna dhéanamh faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956, gur limistéar Gaeltachta é.'

Dá bhrí sin, faoi fhorálacha an Achta Oideachais, 1998, is é an sainmhíniú atá ar scoil Ghaeltachta, ná scoil atá suite laistigh de theorainneacha na Gaeltachta oifigiúla, mar atá siad leagtha síos de réir Acht na nAirí agus Rúnaithe (Leasú) 1956. Agus úsáid á baint as an sainiú seo bhí 143 bunscoil agus 30 iar-bhunscoil ag feidhmiú sa Ghaeltacht sa scoilbhliain 2003-2004.

Tá a fhios le fada, áfach, ó fhianaise an Daonáirimh agus eile, go gcuimsíonn teorainneacha oifigiúla na Gaeltachta pobail agus ceantair scoile atá an-éagsúil óna chéile, chomh fada agus a bhaineann sé le staid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus pobail iontu. Tá impleachtaí teanga agus oideachais nach beag aige seo do gach scoil ag brath ar an áit a bhfuil sí lonnaithe.

Agus úsáid á baint as staitisticí Dhaonáirimh 2002 do líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge mar bhunús agus ag féachaint ar na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna le chéile:

- Tá 31% de scoileanna na Gaeltachta (ina bhfuil 28% de na daltaí) lonnaithe i gceantair láidir Ghaeltachta, eadhon, sna ceantair sin ina bhfuil os cionn 70% den phobal ina gcainteoirí laethúla Gaeilge, de réir Dhaonáireamh 2002. (Scoileanna Chatagóir A).
- Tá 18% de na scoileanna Gaeltachta (ina bhfuil 21% de na daltaí) lonnaithe

i gceantair ina bhfuil an Béarla go mór in uachtar mar theanga theaghlaigh agus phobail, ach ina bhfuil cuid shuntasach den phobail fós ag úsáid na Gaeilge lena gclann agus i gcomhthéacsanna sóisialta eile, eadhon, na ceantair sin inar cainteoirí laethúla Gaeilge idir 40% agus 69% den phobal, de réir Dhaonáireamh 2002. (Scoileanna Chatagóir B).

- Tá 51% de na scoileanna Gaeltachta (le 51% de na daltaí) lonnaithe i gceantair ina bhfuil úsáid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus pobail imithe i léig ar fad, seachas i measc roinnt teaghlach eisceachtúil agus i gcomhthéacsanna sóisialta eisceachtúla, eadhon, na ceantair sin inar cainteoirí laethúla Gaeilge níos lú ná 40% den phobal de réir Dhaonáireamh 2002. (Scoileanna Chatagóir C).

Ní hionann in aon chor cúlra teanga na ndaltaí atá ag freastal ar na trí chineál scoile seo. Cuir i gcás na bunscoileanna i gCatagóir A, tagann 54% de na daltaí chun na scoile agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu agus bíonn Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 87% acu ar fhágáil na scoile dóibh. I gcás na scoileanna i gCatagóir B, ní thagann chun na scoile ach 24% de na daltaí agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu. Bíonn Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 79% díobh ar fhágáil na scoile agus bíonn Gaeilge mheasartha ag 17% eile acu. I gcás na scoileanna i gCatagóir C, ní thagann ach 12% de na daltaí chun na scoile agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu. Cé go n-éiríonn le cuid de na scoileanna seo líon na ndaltaí ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith a ardú go suntasach idir rang na naíonán beag agus rang 6, fágann 36% de na daltaí na scoileanna seo agus gan acu ach Gaeilge mheasartha agus fágann 19% acu ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Tá difríochtaí den chineál céanna le sonrú i gcumas Gaeilge na ndaltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna dara leibhéal na Gaeltachta.

Tugann na figiúirí seo na cúinsí dúshlánacha faoina bhfuil scoileanna Gaeltachta ag feidhmiú chun solais. Eadhon, i bhformhór bhunscoileanna na Gaeltachta is mionlach iad líon na bpáistí a thagann chun na scoile agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu. Fiú sna ceantair Ghaeltachta is láidre (eadhon, na ceantair a bhaineann le scoileanna Chatagóir A sa tuarascáil seo), ní thosaíonn ach 54% de na daltaí ar an mbunscoil agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu.

Cé go n-éiríonn leis na bunscoileanna tionchar mór a imirt ar chumas Gaeilge a gcuid daltaí le linn na mblianta ó naíonáin bheaga go rang a 6, mar a léirítear thuas, agus go leanann sé seo ar aghaidh, a bheag nó a mhór, ag an dara leibéal, ní éiríonn chomh maith céanna leo i gcothú úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí agus i ngnóthaí na scoile go ginearálta. Bíonn níos mó Béarla ná Gaeilge in úsáid mar ghnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí i bhformhór bhunscoileanna na Gaeltachta, agus, fiú sna ceantair is láidre Gaeltachta, níor thuairiscigh ach 54% de na bunscoileanna agus 44% de na hiar-bhunscoileanna gur Gaeilge den chuid is mó a úsáideann a gcuid daltaí i dtimpeallacht na scoile. Tá an Béarla in uachtar freisin i sciar suntasach de na scoileanna sa chaidreamh a bhíonn ag múinteoirí le tuismitheoirí (46% de na bunscoileanna agus 42% de na hiar-bhunscoileanna), mar theanga oibre na mbord bainistíochta (47% de na bunscoileanna agus 34% de na hiar-bhunscoileanna) agus mar theanga oibre choiste na dtuismitheoirí (65% de na coistí tuismitheoirí ag an mbunleibhéal agus 52% de na coistí tuismitheorí ag an dara leibhéal).

Is i measc na múinteoirí is láidre atá úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chaidrimh sna scoileanna. Ina ainneoin sin, níl an Ghaeilge in uachtar mar ghnáth-theanga chaidrimh in 11% de na bunscoileanna agus in 27% de na hiar-bhunscoileanna.

Léiríonn an taighde seo go dtéann an comhthéacs sochtheangeolaíochta ina bhfuil siad ag feidhmiú i bhfeidhm ar mheoin na scoileanna Gaeltachta agus ar na cleachtais teanga atá á bhfeidhmiú acu. Is cosúil mar shampla, go bhfuil breis agus 20 de na bunscoileanna atá i gCatagóir C a bhfuil socrú déanta acu gan aon teagasc nó gan ach fíorbheagán teagaisc a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus is amhlaidh atá an scéal in, ar a laghad, 8 gcinn de na hiar-bhunscoileanna. Ní heol dúinn cén uair, cén chaoi, ná cé na cúiseanna ar tháinig siad ar an socrú seo. Is léir i gcásanna áirithe go bhfuil sé tamall fada ó rinneadh an socrú.

Mheabhraigh dhá scoil dúinn nár fheidhmigh siad féin mar 'scoil Ghaeltachta' riamh agus bhí tuairisc curtha ag 36 bunscoil chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta roimhe seo go raibh siad ag teagasc trí Bhéarla amháin nó trí mheascán de Bhéarla agus Gaeilge. Tá timpeall is an ceathrú cuid de na bunscoileanna i gCatagóir C fós ag teagasc trí mhéan na Gaeilge amháin nó trí mheán na Gaeilge den chuid is mó, ach i bhfianaise an lín bhig daltaí atá ag teacht chucu agus Gaeilge ó dhúchas acu, is ag teagasc trí mheán an dara teanga atá siad, eadhon, is córas tumoideachais atá á leanúint acu. Is léir scoileanna eile i ngach Catagóir a bheith idir dhá cheann na meá, ag úsáid meascán éigin den Bhéarla agus den Ghaeilge sa teagasc a dhéanann siad.

Cé go bhfuil formhór an teagaisc á dhéanamh trí mheán na Gaeilge sna scoileanna i gCatagóirí A agus B, is léir go bhfuil níos mó Béarla in úsáid sna scoileanna i gCatagóir B. Is suntasaí fós, áfach, go mbaintear úsáid as meascán éigin den Bhéarla agus den Ghaeilge mar mheán teagaisc in *circa* an ceathrú cuid de na scoileanna i gCatagóir A, in ainneoin na scoileanna seo a bheith lonnaithe sna ceantair is mó ina bhfuil Gaeilge á labhairt.

Cruthaíonn an comhthéacs sochtheangeolaíochta seo, go háirithe in éagmais polasaí agus treoracha soiléire, éiginnteacht i measc fhoireann agus bhainistíocht na scoileanna. Ní bhíonn scoileanna soiléir faoin dualgas atá orthu freastal ar dhaltaí a thagann chun na scoile gan Ghaeilge agus faoi chearta teanga agus oideachais na ndaltaí sin.

Is léir mar sin go bhfuil an sainmhíniú atá againn ar 'scoil Ghaeltachta', mar atá sé le tuiscint ón Acht Oideachais, as dáta. Níl brí a thuilleadh le bheith ag caint faoi 'scoil Ghaeltachta' gan na fíricí thuas maidir leis an gcomhthéacs sochtheangeolaíochta ina bhfuil an scoil lonnaithe, agus meoin, polasaí, agus cleachtais na scoile ina fhianaise sin, a bheith mar bhunús leis an gcoincheap sin. Ag eascairt as sin, caithfear glacadh leis go mbeidh cúpla cineál scoile ag feidhmiú laistigh den Ghaeltacht mar atá sí rianaithe faoi láthair agus go mbeidh a gcuid riachtanas sainiúil féin ag gach cineál scoile.

Moltar, dá bhrí sin, go ndéanfar athbhreithniú ar an sainiú atá déanta ar 'scoil Ghaeltachta' agus go mbunófar an sainiú amach anseo ar an múnla oideachais atá in úsáid sa scoil, ag cur san áireamh na roghanna seo a leanas:

- Oideachas trí mheán na chéad teanga, mar, atá an Ghaeilge.
- Córas tumoideachais, mar, atá an Ghaeilge.
- Oideachas trí mheán na chéad teanga, mar atá, an Béarla.

Moltar freisin, go mbeidh slata tomhais oideachais agus teanga soiléire leagtha síos do gach ceann de na múnlaí oideachais seo, i dtaca le conas a mheasfar na riachtanais oideachais agus teanga atá ag:

(a) daltaí ar cainteoirí ó dhúchas Gaeilge iad, agus

(b) daltaí a thagann chun na scoile ar bheagán nó gan aon Ghaeilge,

agus conas a dhéanfar measúnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na daltaí sin.

Nuair a bheidh an sainmhíniú nua, agus na múnlaí oideachais atá inghlactha laistigh den sainmhíniú a bheidh i gceist, aontaithe, moltar:

- Gurb é an sainmhíniú sin a bheidh mar bhunús d'fhorbairt gach straitéise agus seirbhíse tacaíochta a bheidh á bhforbairt d'oideachas Gaeltachta as seo amach.
- Go leagfar amach treoir, critéir agus slata tomhais soiléire a léireoidh na dea-chleachtais oideachais, teanga agus riaracháin a bhaineann leis na múnlaí oideachais thuas, agus go n-úsáidfear iad sin feasta mar bhunús do:
  - Measúnú a dhéanfar ar na scoileanna.
  - Réamhoiliúint agus oiliúint ionghairme múinteoirí a bheidh ag obair i scoileanna Gaeltachta.

- Dearadh agus cur i bhfeidhm churaclam na bunscoile agus na hiar-bhunscoile sa Ghaeltacht.
- An bealach ina ndéantar seachadadh ar sheirbhísí tacaíochta oideachais i scoileanna Gaeltachta.

- Gur teoranta do mhúinteoirí agus do scoileanna ag teagasc trí Ghaeilge a bheidh aon liúntais bhreise a fhaigheann múinteoirí agus scoileanna Gaeltachta as seo amach, toisc iad a bheith ag teagasc/lonnaithe sa Ghaeltacht.

Caithfear dul i gcomhairle leis na scoileanna agus an t-athbhreithniú seo á dhéanamh agus aithnítear gur chóir go n-imreodh na nithe seo a leanas tionchar ar an rogha a dhéanfaidh scoileanna:

- An ceantar ina bhfuil an scoil suite.
- Staid na Gaeilge sa cheantar.
- Toil na dtuismitheoirí maidir leis an teanga trínar mian leo oideachas a bheith ar fáil dá bpáistí.
- Dearcadh agus taithí na múinteoirí ar na múnlaí oideachais atá ar fáil.
- An rogha oideachais atá ar fáil ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal sa cheantar go ginearálta.

I gcás scoileanna a roghnaíonn leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar scoileanna Gaeltachta, eadhon, ag teagasc trí mheán na Gaeilge, beidh gá le tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil dóibh maidir leis an mbealach is éifeachtaí le feidhm a thabhairt don mhúnla oideachais atá roghnaithe acu. Áirítear ar an tacaíocht a bheidh i gceist:

- Comhairle do bhoird bhainistíochta agus do phríomhoidí.
- Comhairle agus eolas do thuismitheoirí.
- Oiliúint do mhúinteoirí.
- Forbairt na seirbhísí tacaíochta oideachais trí mheán na Gaeilge.
- Fóram leanúnach do mhúinteoirí agus do phríomhoidí atá ag teagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta.

Ar ndóigh, mar atá ráite thíos, caithfear freisin, a chinntiú go mbeidh raon iomlán áiseanna teagaisc den scoth ar fáil trí Ghaeilge do na scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge. Caithfidh na scoileanna a dtiomantas don mhúnla oideachais atá roghnaithe acu a léiriú trí phlean agus polasaí scoile atá i gcomhréir leis an múnla sin a ghlacadh chucu féin agus a fheidhmiú.

Is gá, ina theannta sin, féachaint ar na laincisí a chuireann bac ar scoileanna oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil i ngach ábhar i ngach rang. Bunaithe ar a bhfuil tuairiscithe go dtí seo, is féidir a áireamh go bhfuil easpa soláthair áiseanna teagaisc i nGaeilge ar cheann de na laincisí móra atá i gceist. Tá gá le tuilleadh taighde a dhéanamh le tuiscint níos fearr a fháil ar céard iad na laincisí eile. Moltar go bhfiosrófaí, go háirithe, an tionchar atá ag na nithe seo a leanas ar úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc sna scoileanna:

- Deacrachtaí a bhíonn ag scoileanna teacht ar mhúinteoirí cáilithe atá ábalta agus toilteanach teagasc trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht.
- An bhearna in oiliúint mhúinteoirí i dteagaisc trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an dara teanga.
- Easpa tacaíochta ó thuismitheoirí.
- Easpa taithí agus tuisceana ar conas córas tumoideachais a fheidhmiú i scoileanna Gaeltachta, go háirithe i scoileanna beaga.

Moltar ag 4 thíos go mbunófar Ionad Réigiúnach de chuid na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i ngach mórcheantar Gaeltachta chun comhtháthú a dhéanamh ar na seirbhísí tacaíochta atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta. Moltar gur ó na hionaid sin a bheidh na seirbhísí comhairleacha, tacaíochta agus taighde a luaitear anseo á gcur ar fáil do na scoileanna.

15.3 COMHTHÁTHÚ NA STRUCHTÚR TACAÍOCHTA OIDEACHAIS SA GHAELTACHT

Tá dhá chineál dalta ag freastal ar scoileanna Gaeltachta, eadhon, daltaí atá gan aon Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge agus daltaí a bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu. Tá riachtanais teanga ar leith ag an dá chineál dalta seo agus is dúshlán ar leith do na scoileanna freastal orthu araon go sásúil – go háirithe nuair is scoileanna beaga atá i gceist. Cé go bhfuil roinnt scoileanna Gaeltachta ann fós, a bhféadfaí a rá fúthu go bhfuil siad ag cur oideachas ar fáil trí mheán na chéad teanga agus an Ghaeilge mar mheán, léiríonn an taighde seo go bhfuil formhór dhaltaí na Gaeltachta atá á dteagasc trí Ghaeilge ag fáil a gcuid oideachais trí mheán an dara teanga. Fiú sna ceantair Ghaeltachta is láidre, eadhon, na ceantair sin ina bhfuil Scoileanna Chatagóir A lonnaithe, tá sciar suntasach de na daltaí ag teacht chun na scoile ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Sa chomhthéacs seo, is gá a dheimhniú go mbeidh fáil ag na scoileanna atá chun leanúint ar aghaidh ag teagasc trí Ghaeilge ar chomhairle agus ar shaineolas i dtaca leis na cuir chuige is fearr le hoideachas a sheachadadh trí mheán an dara teanga.

Chuige seo is gá tuiscint iomlán a bheith ag gach duine atá ag múineadh agus ag cur seirbhísí tacaíochta ar fáil do na scoileanna Gaeltachta, ar a n-áirítear cigirí, múinteoirí acmhainne agus tacaíochta foghlama, síceolaithe agus teiripí cainte, ar na cuir chuige atá i gceist agus ar na córais tumoideachais a ghabhann leo. Cuimsíonn sé seo eolas ar mhodhanna teagaisc, ar riachtanais daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, ar mhodhanna measúnaithe, ar dhea-chleachtais riaracháin agus ar mhodhanna le húsáid na sprioctheanga a chothú i measc chomhluadar iomlán na scoile. Is gá freisin, gur furasta do na daoine gairmiúla seo ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta cothrom le dáta ar an tumoideachas agus ar ghnéithe iomadúla an dátheangachais agus an ilteangachais. Is gá gur furasta dóibh teacht an taighde seo, go mbeidh siad i mbun díospóireachta faoi mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil, agus go mbeidh na ceachtanna agus na dea-chleachtais a eascraíonn as á gcur i bhfeidhm acu sa seachadadh a dhéanann siad ar sheirbhísí oideachais sa Ghaeltacht.

Glactar leis, i bhfianaise nach gcuirtear oiliúint in oideachas trí mheán an dara teanga ar fáil mar chuid den lár-oiliúint a chuirtear ar mhúinteoirí agus i bhfianaise gur beag taithí atá ag formhór na múinteoirí ar a leithéid de chóras, gurb an-teoranta atá an saineolas atá ar fáil i gcóras oideachais na Gaeltachta agus na hÉireann (seachas sna Gaelscoileanna) ar mhúnlaí tumoideachais. Tá géarghá anois leis an saineolas sin a chothú i measc múinteoirí Gaeltachta agus i measc na ngrúpaí gairmiúla eile atá ag cur seirbhísí tacaíochta ar fáil dóibh. Ní fheictear gur féidir leis seo tarlú i láthair na huaire de bharr go bhfuil na córais tacaíochta oideachais atá ag freastal ar an nGaeltacht ag freastal go príomha ar scoileanna atá ag teagasc trí Bhéarla. Fágann sé seo gur beag deis a bhíonn ag na daoine gairmiúla atá ag obair sna réimsí seo eolas a fháil ar na réimsí taighde atá luaite thuas agus iad a chíoradh de bharr go bhfuil na ceisteanna seo imeallach don chóras i gcoitinne agus gur de réir na mbrúnna a thagann ón gcóras i gcoitinne a chaithfidh siad feidhmiú, go príomha. I bhfocail eile, tá an saineolas, na tuiscintí agus na scileanna atá á gcothú sna heagraíochtaí seo, bunaithe den chuid is mó ar riachtanais na scoileanna atá ag feidhmiú trí Bhéarla, agus is beag deis a bhíonn ann an saineolas atá riachtanach chun déileáil leis an gcomhthéacs casta teangeolaíochta agus oideachais a bhaineann le scoileanna Gaeltachta a fhorbairt. Is léiriú air seo, an deacracht atá ag cuid mhaith bunscoileanna treoir dheimhneach a fháil maidir le cén uair ar cheart tús a chur le léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla.

Fágann sé seo go bhfuil an beagán saineolais atá sa chóras ar na ceisteanna seo scaipthe i measc líon an-bheag daoine in eagraíochtaí éagsúla, nach mbíonn i dteagmháil lena chéile go rialta. Fágann sé seo nach bhfuil forbairt dhinimiciúil á déanamh ar an saineolas sin agus nach bhfuil sé in úsáid chun tairbhe scoileanna na Gaeltachta ar aon bhealach córasach. Chuige seo tá gá le comhtháthú a dhéanamh ar na struchtúir chomhairleacha agus thacaíochta atá ar fáil do scoileanna Gaeltachta sa chaoi is gur féidir an beagán saineolais atá ar fáil a thabhairt le chéile, an úsáid is fearr a bhaint as, agus é a chur ar fáil i bhfoirm tacaíochta agus comhairle do na scoileanna ar bhealach fócasaithe agus struchtúrtha.

Moltar, chuige seo, go mbreathnófar feasta ar an nGaeltacht mar aonad oideachais faoi leith atá comhdhéanta de na scoileanna bunleibhéil agus dara leibhéal atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus de na seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha atá ag freastal orthu. Áiríonn na seirbhísí seo an Chigireacht, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta, an Chomhairle Curaclam agus Measúnachta, na seirbhísí sláinte, Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile, An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal agus cláir/scéimeanna tacaíochta eile. Le feidhm a thabhairt don mholadh seo, moltar:

- Go mbunófar sain-chigireacht Ghaeltachta, eadhon, aonad ar leith den Chigireacht a bheidh ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, a chuimseoidh cigirí bunleibhéil agus cigirí dara leibhéal agus ar a mbeidh an phríomhfhreagracht maidir le comhairle agus tacaíocht a chur ar scoileanna Gaeltachta maidir leis na dea-chleachtais a thacaíonn le múineadh trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an dara teanga a threisiú. Moltar go mbeidh an t-aonad cigireachta seo ag feidhmiú faoi scáth na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta chomh maith le bheith ag obair i gcomhar leis an gCigireacht agus ag tuairisciú di.
- Go mbunófar aonad ar leith de gach seirbhís eile atá ag cur tacaíochta ar fáil do scoileanna Gaeltachta agus go mbeidh na haonaid sin tiomanta do staidéar a dhéanamh ar riachtanais scoileanna Gaeltachta agus na seirbhísí cuí tacaíochta a sholáthar dóibh trí mheán na Gaeilge. Moltar freisin go mbeidh na haonaid seo ag feidhmiú faoi scáth na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, chomh maith le bheith ag tuairisciú agus ag obair i gcomhar leis an bpríomhsheirbhís lena mbaineann siad.
- Go mbeidh sé mar chuspóir ag na haonaid seo, tacaíocht agus comhairle chuí a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta a chuirfidh ar a gcumas oideachas den scoth a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus úsáid á baint as an múnla oideachais dátheangach is fearr a oireann dá gcuid riachtanais.
- Go mbunófar Ionad Réigiúnach de chuid na Comhairle i ngach mórcheantar Gaeltachta (le fo-ionaid i gceantair Ghaeltachta eile de réir mar is gá), as a mbeidh na seirbhísí seo agus an tSain-Chigireacht Ghaeltachta ag feidhmiú.
- I gcás cláir thacaíochta agus scéimeanna níos lú moltar go ndéanfar na cúraimí a bhaineann leo a tharmligean leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus go mbunóidh an Chomhairle aonad ar leith le cúram a dhéanamh dá léithéid.

Gan struchtúir thacaíochta den chineál seo, a bheidh tiomanta go huile agus go hiomlán do thuiscint a fháil ar riachtanais oideachais na Gaeltachta agus a bheidh tiomanta do sheirbhísí tacaíochta oiriúnacha a fhorbairt, is beag seans go bhforbróidh raon sách leathan saineolais ar oideachas dátheangach agus ar oideachas Gaeltachta i measc phearsanra na seirbhísí tacaíochta oideachais. Mura mbeidh an saineolas ar fáil ag an leibhéal sin, ní léir conas is féidir a bheith ag súil go mbeidh sé ar fáil ag leibhéal na scoile.

15.4 LÍON AGUS MÉID NA MBUNSCOILEANNA SA GHAELTACHT

As an 143 bunscoil atá sa Ghaeltacht is scoileanna beaga, eadhon, scoileanna 1-3 oide iad 98 (69%) acu. Tá céatadán na mbunscoileanna beaga sa Ghaeltacht an-ard i gcomparáid le líon na scoileanna beaga atá sa Stát ina iomláine (Tábla 15.1). Tá breis agus dhá oiread scoileanna dhá oide agus aon-oide sa Ghaeltacht agus atá ar fud an Stáit.

TÁBLA 15.1
LÍON NA MBUNSCOILEANNA SA GHAELTACHT AGUS SA STÁT DE RÉIR LÍON NA NOIDÍ I NGACH SCOIL

Contae	Scoil aon Oide	Scoil dhá Oide	Trí Oide	4 - 7 nOide	8 – 11 Oide	11+Oide
Bunscoileanna Gaeltachta n=143	2%	44%	22%	27%	5%	0
Bunscoileanna na Tíre N=3157	1%	20%	16|%	33%	12%	18%

FOINSE: AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

D'fhás an struchtúr oideachais seo sa Ghaeltacht thar thréimhse breis agus 150 bliain, nuair a bhí an pobal tuaithe a bhí i gceist bocht, nach raibh mórán deiseanna taistil ar fáil agus go raibh an bonneagar bóithre neamhfhorbartha. Ina theannta sin, bhí an dlús daonra sna ceantair Ghaeltachta i bhfad níos airde ag tús na tréimhse sin ná mar atá anois. Léiríonn figiúirí an Daonáirimh gur mheath daonra iomlán na Gaeltachta suas go 1971. Cé go bhfuil méadú rialta ag teacht air ó shin, níl an daonra ag méadú i ngach limistéar Gaeltachta agus níl sé ag méadú go cothrom laistigh de na limistéir sin. Léiríonn Ó Cinnéide et al. (2001), gur thit an daonra i 64% de na toghranna ceantair sa Ghaeltacht idir 1971 agus 1996, agus gur de bharr fás daonra timpeall ar Chathair na Gaillimhe is mó atá daonra iomlán na Gaeltachta ag fás. In ainneoin na n-athruithe seo i ndaonra na Gaeltachta is beag athrú atá tagtha ar an struchtúr oideachais bunscoile sa Ghaeltacht ó shin.

Aithnítear go bhfuil idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag baint le scoileanna beaga den chineál seo. Déanann Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann (LPBÉ) cur síos ar chuid de na buntáistí agus na míbhuntáistí seo ina dtuarascáil eatramhach *The Future of Small Schools and Teaching Principilship*[19]. Luaitear go bhféadfadh buntáistí sóisialta a bheith le scoileanna beaga; agus go bhfuil taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ann a léiríonn gur féidir le scoileanna beaga a bheith chomh héifeachtach céanna le scoileanna móra i gcásanna áirithe. Tuairiscíodh go léiríonn an taighde atá déanta ar dhearcadh múinteoirí i leith scoileanna beaga go bhfaigheann siad sásamh ar leith as a bheith ag múineadh sna scoileanna seo, ach go mbíonn dúshláin ar leith le sárú acu agus iad ag réiteach i gcomhar an tseomra ranga. Tógann an grúpa ilranga níos mó am pleanála, níos mó ullmhúcháin agus níos mó eagrúcháin ná mar a thógann an rang amháin. Ní bhíonn dóthain ama ar fáil ag na múinteoirí leis an gcuraclam ar fad a mhúineadh, le dul siar ar ábhar, chun ábhar ranga a ullmhú, chun obair a cheartú, chun aiseolas a thabhairt agus chun am faoi leith a chur ar fáil do pháistí agus chun déileáil le páistí a mbíonn tacaíocht faoi leith de dhíth orthu. Luaitear sa Tuarascáil seo freisin, an brú a bhíonn ar phríomhoidí sna scoileanna seo agus iad ag iarraidh a gcuid rólanna éagsúla mar cheannaire scoile, mar riarthóir, agus mar mhúinteoir ilrangach a chomhlíonadh. Ina theannta sin, measadh nár cuireadh na cúinsí faoina bhfuil scoileanna beaga ag feidhmiú san áireamh agus an Curaclam Bunscoile nua á dhearadh.

[19] Is fuí a lua, áfach, gurb é an sainuí a dhéantar ar scoileanna beaga sa tuarascáil seo ná 'schools with less than 180 pupils and less than 8 teachers!'.

Tar éis na mbuntáistí agus na míbhuntáistí le scoileanna beaga a phlé le príomhoidí i ngrúpaí focais mheas údair na Tuarascála seo go raibh aontas i measc na bpríomhoidí go gcaithfí imeacht ón gcóras atá ann agus rud éigin eile a chur ina áit. Pléitear roghanna éagsúla ar an gcóras atá ann. Ina measc seo, tá:

- Cónascadh scoileanna – braitheadh go mbeadh pobail áitiúla go láidir i gcoinne an réitigh seo.
- Máthair scoileanna (hub schools) a chuirfeadh seirbhísí agus ranganna ar leith ar fáil do scoileanna eile sa chomharsanacht.
- Grúpaí scoileanna (Clustering) – trína mbeadh scoileanna i gceantar faoi leith ag feidhmiú i gcomhar le chéile agus ag roinnt acmhainní áirithe cosúil le múinteoirí tacaíochta, bainisteoir riaracháin nó seirbhísí rúnaíochta.
- Cónaidhm scoileanna ina mbeadh roinnt scoileanna beaga i gceantar ag feidhmiú faoi aon phríomhoide sinsearach amháin.

Tar éis na mbuntáistí agus na míbhuntáistí leis na cur chuigí éagsúla a phlé molann Tuarascáil Eatramhach an LPBÉ go dtabharfaí faoi scéim phíolótach ina mbunófaí grúpaí de scoileanna beaga (clusters).

I gcás na mbunscoileanna beaga Gaeltachta atá faoi chaibidil sa tuarascáil s'againne is féidir a rá go bhfuil taithí acu ar na deacrachtaí céanna a luaitear thuas. Sa tuarascáil *Éamh* ar oideachas agus óige i gConamara (Cumas, 2003: 70) tuairiscítear, mar shampla, go raibh 'sé ag cinnt ar chuid de na múinteoirí cúrsa na bunscoile a chríochnú.' Sa phlé a bhí againn féin le príomhoidí na mbunscoileanna thuairiscigh roinnt príomhoidí nach raibh na cúinsí faoina bhfeidhmíonn scoileanna beaga curtha san áireamh agus Curaclam na Bunscoile á leagan amach. Dúirt príomhoidí eile go bhfuil an scéal céanna amhlaidh sna coláistí oideachais, eadhon, nach n-ullmhaítear múinteoirí le múineadh i seomra ranga ina bhféadfadh ceithre rang nó níos mó a bheith faoina gcúram.

I gcás scoileanna Gaeltachta, áfach, tá cúinsí breise i gceist a chuireann go mór leis na dúshláin atá le sárú acu. Ar dtús caithfear a áireamh gur scoileanna an-bheag atá i gceist nuair atáthar ag caint ar scoileanna beaga i gcomhthéacs na Gaeltachta, eadhon, scoileanna 1-3 oide i gcás 69% de na scoileanna. Tá ualach níos troime ar an múinteoir Gaeltachta ná mar atá ar mhúinteoirí i scoileanna eile de bharr:

- Gurb iondúil go mbíonn cainteoirí dúchais Gaeilge agus cainteoirí dúchais Béarla sa rang acu. I gcás na gcainteoirí dúchais Béarla ní hiondúil go mbíonn Gaeilge ar a dtoil acu, agus i gcás na gcainteoirí dúchais Gaeilge ní gá i gcónaí go mbeadh Béarla ar a dtoil acu siúd.
- Go bhfuil sé mar chuspóir inmhianaithe ag múinteoirí Gaeltachta caighdeán an chainteora dúchais i labhairt, i léamh agus i scríobh na teanga a thabhairt dá gcuid daltaí i dteanga an phobail áitiúil (Gaeilge) agus i dteanga an mhórphobail (Béarla).
- Go bhfuil an múinteoir Gaeltachta ag iarraidh oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge gan na bunuirlisí (áiseanna teagaisc, ábhar léitheoireachta &rl.) a bheith ar fáil dó/di chun sin a dhéanamh.
- Go bhfuil an múinteoir Gaeltachta ag iarraidh oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge gan na seirbhísí tacaíochta a thagann ó áisíneachtaí tacaíochta oideachais agus sláinte eile a bheith ar fáil dóibh, ach go hannamh, i nGaeilge.

Cé go bhfuil soláthar áirithe déanta dó seo sa chóimheas dalta:múinteoirí atá leagtha síos do scoileanna Gaeltachta, níl aon bhuntáiste ann do na scoileanna mura mbíonn 4 oide sa scoil. Dá bhrí sin, tá 69% de na scoileanna Gaeltachta, eadhon, na scoileanna is mó a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu, nach bhfuil i dteideal aon tacaíocht bhreise a fháil faoin gcóras mar atá sé faoi láthair.

Má thógaimid scoil dhá oide amháin, mar shampla, is mar seo atá an grúpa daltaí, atá os comhair an mhúinteora, chomhdhéanta:

- 4 rang, eadhon, Naíonáin Bheaga go Rang 2
- 27 páiste
- 2 pháiste ag a bhfuil riachtanais speisialta
- 4 pháiste ag fáil tacaíochta ón múinteoir acmhainne nó ón múinteoir tacaíochta foghlama.
- 10 bpáiste ag a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith sa rang
- 9 bpáiste agus gan acu ach Gaeilge mheasartha.
- 8 bpáiste gan aon Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge.

An bhfuil sé réalaíoch a bheith ag súil gur féidir le múinteoir amháin déileáil leis na castachtaí seo ar fad agus curaclam iomlán na bunscoile a theagasc go héifeachtach do cheithre rang? Trí Ghaeilge? Gan na háiseanna teagaisc cuí a bheith ar fáil? Gan é/í a bheith oilte sa teagasc trí mheán an dara teanga? Agus, i gcás an phríomhoide, a c(h)úraimí mar cheannaire scoile agus mar riarthóir a chomhlíonadh freisin? Agus i bhfianaise go bhfuil níos lú áiseanna cóiríochta ar fáil i scoileanna beaga agus go mbíonn deacrachtaí acu múinteoirí a mhealladh?

Tá sé deacair díospóireacht fhuarchúiseach a thionscain faoi thodhchaí scoileanna beaga in Éirinn, sa Ghaeltacht ná lasmuigh di. Glactar leis, gan mórán cíoradh a dhéanamh ar an gceist, gurb ionann an scoil agus croí an phobail agus gur tubaiste do phobal beag tuaithe an scoil a dhúnadh. Is cinnte go mbíonn tráma i gceist do phobal ar bith nuair a dhúntar scoil atá tar éis freastal ar an bpobal sin ar feadh tréimhse fada. Ní hionann sin agus a rá, áfach, gurb é an rud is fearr don phobal sin, agus do leanaí an phobail sin, leanúint ar aghaidh le scoil atá i mbaol a dúnta. Ach tá an claonadh ann gan dul i ngleic leis an gceist de bharr go dtarraingíonn sé aighneas agus conspóid phoiblí. Is iondúil gurb é an toradh a bhíonn air seo ná go ndúntar an scoil pé scéal é nuair a thiteann líon na ndaltaí sa scoil go dtí an pointe nach mbíonn aon rogha eile ann. Is minic nach mbíonn mórán rogha ag tuismitheoirí an phobail féin ach an próiseas seo a bhrostú trína gcuid páistí a chur chuig scoil eile sa cheantar, de bharr go mbraitheann siad go mbeidh an scoil áitiúil ag dúnadh pé scéal é agus nach dteastaíonn uathu go mbeadh ar na páistí a bheith ag athrú scoile tar éis roinnt blianta, agus/nó de bharr nach dteastaíonn uathu go mbeadh a gcuid páistí ag tosú ar scoil agus gan aon chinnteacht acu go mbeidh páistí eile ar chomhaois leo ag tosnú ar scoil leo.

Ceann de na cúiseanna go mbíonn an cheist seo chomh híogair, is ea nach dtagann sí chun cinn go poiblí go dtí go mbíonn scoil ar tí dúnadh. Is é seo an pointe is íogaire i saol aon scoile agus tá sé deacair ag tuismitheoirí agus ag múinteoirí breathnú go fuarchúiseach ar na roghanna atá ann ag an bpointe sin. De bharr na conspóide a eascraíonn go hiondúil faoi na cúinsí seo, is minic gurb é an t-aon rogha a bhíonn ann an scoil a choinneáil oscailte ar feadh cúpla bliain eile, in ainneoin go mbíonn an deireadh dosheachanta. Tá fianaise againn ón taighde seo, go bhfuil titim leanúnach tagtha ar líon na ndaltaí in dhá thrian de na scoileanna 1-3 oide sa Ghaeltacht le 6 bliana anuas, agus go bhfuil an titim os cionn 30% i sciar suntasach acu seo. Is léir mar sin, go mbeidh cuid de na scoileanna seo i mbaol a ndúnta as seo go ceann 10 mbliana. Seachas fanacht go dtarlóidh sé sin, moltar:

- Na scoileanna atá i gceist a aithint.
- Dul chun cainte leo agus le scoileanna eile sa chomharsanacht.
- Cabhrú leo teacht ar chomhthuiscint faoin struchtúr oideachais is fearr a chuirfidh seirbhís oideachais den scoth ar fáil do phobal an cheantair agus a bheidh inbhuanaithe.

Chuige seo, moltar go dtabharfaidh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i gcomhar le príomhoidí agus boird bhainistíochta na mbunscoileanna faoi phróiseas athbhreithnithe ar thodhchaí na scoileanna ag an leibhéal áitiúil. Agus an obair seo á déanamh is é an cuspóir ba chóir a bheith leí ná teacht ar réiteach atá go maith don phobal, atá go maith do na múinteoirí, agus, thar aon rud eile a chuirfidh oideachas den scoth ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaltaí Gaeltachta. Moltar go mbreathnófaí ar na roghanna ar leith atá molta ag Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann sa gcomhthéacs seo, agus go háirithe ar an moladh atá déanta acu maidir le grupaí scoileanna. Is gá a áireamh, áfach, go mbainfeadh formhór an tairbhe a d'eascródh as struchtúr den chineál sin le cúrsaí riaracháin amháin. Dá bhrí sin, is fearr a oireann cur chuige den chineál seo do scoileanna ceithre oide nó níos mó. I gcás scoileanna 1-3 oide moltar gur chóir, nuair is féidir, spreagadh a thabhairt do scoileanna cónascadh le scoileanna eile chun iad a thabhairt go leibhéal 4 oide nó níos mó. Moltar freisin, sa chás go ndéanann scoileanna cónascadh den chineál seo, go gceapfaí príomhoide riarachán ar an scoil chomh luath agus atá an scoil i dteideal an ceathrú hoide a cheapadh.

Agus an moladh seo á dhéanamh, tuigtear gur dóigh go dtarraingeoidh sé conspóid áirithe agus go bhféachfar air, i gcásanna áirithe, mar iarracht eile le pobail bheaga tuaithe a bhánú. Is gá a mheabhrú, áfach, gurb í an chúis go bhfuil na scoileanna seo i mbaol a ndúnta ná go bhfuil líon na ndaltaí titithe nó ag titim go tubaisteach iontu cheana féin. Ceann de na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis seo, i gcásanna áirithe ar a laghad, ná go bhfuil claonadh ag lánúnacha óga atá ag cur fúthu sna ceantair Ghaeltachta áit chónaithe a roghnú atá in aice bailte ina bhfuil rogha mhaith seirbhísí ar fáil, seirbhísí oideachais san áireamh. Agus tuismitheoirí ag déanamh na rogha seo agus iad ag smaoineamh ar cén scoil a mbeidh a gcuid páistí ag freastal uirthi, seans gur tarraingtí dóibh scoil 4-8 n-oide a bhfuil áiseanna maithe aici agus a mbeidh deis ag a gcuid páistí meascadh lena gcomhaoisigh inti ná scoil 1-2 oide, a bhfuil áiseanna teoranta ar fáil inti, nach bhfuil aon chinnteacht ann go mbeidh aon pháiste ar chomhaois lena bpáistí féin ag freastal

uirthi agus a bhfuil amhras faoina hinbhuanaitheacht sa mheántréimhse. Sa chomhthéacs seo, seans gur bac ar fhorbairt phobail thuaithe Ghaeltachta líon mór na scoileanna beaga atá iontu agus go mbeadh seans níos fearr go gcuirfeadh níos mó lánúnacha óga fúthu sna pobail chéanna dá mbeadh áiseanna oideachais níos inbhuanaithe ar fáil iontu.

Ar ndóigh, níltear ag moladh anseo gur chóir ná gur féidir gach scoil bheag a chonascadh le scoil nó le scoileanna eile. Beidh cásanna ar leith ann nuair nach féidir é seo a dhéanamh ar chúiseanna tíreolaíochta. Is gá a áireamh, áfach, gurb eisceachtaí iad na scoileanna seo. Tá roinnt mhaith de na scoileanna beaga sa Ghaeltacht sách gar do scoileanna eile le go bhféadfaí cónascadh a shamhlú mura mbeadh i gceist ach cúrsaí tíreolaíochta amháin. Go deimhin, tá cásanna áirithe ann ina bhfuil scoileanna dhá oide i bhfoisceacht míle nó dhó dá chéile. I gcásanna eile ní bheadh sé inmholta scoileanna a chónascadh de bharr nach bhfuil iompar Gaeilge na ndaltaí chomh láidir céanna sa dá scoil agus go ndéanfadh sé dochar d'iompar teanga páistí ó phobal amháin iad a mheascadh le páistí i scoil eile. Agus beidh cúiseanna áitiúla eile ann nach mbeidh scoileanna i bhfabhar cónasctha. Is é éirim an mholta atá á dhéanamh anseo, áfach, go n-iarrfaí ar scoileanna breathnú go fuarchúiseach ar na roghanna atá ar fáil agus dul i dtreo an rogha is fearr a chinnteoidh go mbeidh siad ábalta oideachas den scoth a chur ar fáil dá gcuid daltaí sa todhchaí. Más cónascadh le scoil nó le scoileanna eile an rogha sin, is cóir go mbeidh spreagadh agus tacaíocht ar fáil ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta le feidhm a thabhairt don rogha sin.

15.5 ÁISEANNA TEAGAISC

Gan aon cheist is í an easpa áiseanna teagaisc, téacsleabhar agus ábhar oiriúnach eile i nGaeilge an rud is mó atá ag cothú deacrachta do na scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge. Ní hé nach féidir leo teagasc trí Ghaeilge leis an mbeagsholáthar atá ann, is féidir, ach ní féidir leo é a dhéanamh le lánéifeacht agus is laincis é ar an méid Gaeilge is féidir leo a úsáid sa seomra ranga. Ina theannta sin, ní féidir leo timpeallacht lánGhaeilge agus eispéireas uileghabhálach Gaeilge a chruthú do na daltaí. Fágann sé seo, gur minic imeallú bheith á dhéanamh ar an nGaeilge i saol an pháiste fiú i suíomh na scoile, agus go gcaithfidh siad dul i dtuilleamaí an Bhéarla má tá siad le lántairbhe a bhaint as na deiseanna oideachais atá ar fáil dóibh. I bhfianaise gur mó fáil atá ag daltaí i scoileanna Gaeltachta ar théacsleabhair agus ábhar léitheoireachta eile i mBéarla, bheifí ag súil leis freisin, i gcásanna áirithe ar a laghad, gur fearr a shealbhóidh siad scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa teanga sin ná sa Ghaeilge agus gur fearr a bheidh siad ábalta teanga an Bhéarla a ionramháil sa réim acadúil ná teanga na Gaeilge. Tá impleachtaí tromchúiseacha aige seo don teagasc trí mheán na Gaeilge ag an tríú leibhéal (Ó hIfearnáin, 2004), don chineál pobal léitheoireachta Gaeilge a bheidh sa Ghaeltacht amach anseo; agus don phlé intleachtúil a bheidh ar fáil trí mheán na Gaeilge sa todhchaí. Nuair a chuirtear san áireamh an síorláithreacht atá ag an mBéarla i saol phobal óige Gaeltachta an lae inniu, is cinnte gur treisiú ar an bpatrún aistrithe teanga ó Ghaeilge go Béarla ina measc chomh mór agus atá siad i dtuilleamaí an Bhéarla le linn a mblianta oideachais.

Níl an soláthar atá ann d'áiseanna teagaisc trí Ghaeilge ag an mbunleibhéal ná ag an dara leibhéal sásúil. Níl aon soláthar gur fiú trácht air déanta ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Is léir, áfach, nach é an easpa soláthair an t-aon bhac atá ar úsáid áiseanna teagaisc Gaeilge sna scoileanna. Tá áiseanna teagaisc Gaeilge atá ar fáil, go háirithe ag an mbunleibhéal agus ag leibhéal an Teastais Shóiséaraigh, atá inghlactha agus in úsáid ag scoileanna áirithe agus nach bhfuil in úsáid ag scoileanna eile. Tá cúiseanna éagsúla leis seo ar a n-áirítear easpa eolais i measc múinteoirí ar na háiseanna teagaisc atá ar fáil, deacrachtaí teacht ar na háiseanna teagaisc i siopaí áitiúla, na téacsleabhair a bheith deacair le léamh (dar le cuid de na múinteoirí), téacsleabhair Bhéarla a bheith roghnaithe agus ceannaithe i bhfad sula dtagann téacs Gaeilge ar an margadh, agus rogha an mhúinteora maidir leis an gcineál téacsleabhair is oiriúnaí don rang.

Is gá tosaíocht a thabhairt don cheist seo sna gníomhaíochtaí a eascróidh as an taighde seo. Is gá a aithint agus é seo á dhéanamh go bhfuil an cheist níos casta ná díreach tuilleadh áiseanna teagaisc i nGaeilge a chur ar fáil. Caithfear a chinntiú, tríd an mbealach ina ndéanfar na háiseanna teagaisc a fhorbairt agus a dháileadh go mbeidh deimhniú faighte ó na scoileanna agus ó na múinteoirí atá ag teagasc trí Ghaeilge go bhfuil siad chun iad a úsáid. Chuige sin moltar:

- Go bhféachfar i gcomhar leis na múinteoirí/scoileanna ar na riachtanais atá ann i ngach ábhar agus tosaíochtaí a leagan amach dá réir, ag cur san áireamh go bhféadfadh riachtanais agus tosaíochtaí difriúla a bheith ag na scoileanna atá i gCatagóir A, B agus C.
- Go dtabharfar san áireamh sna riachtanais thuas an raon iomlán áiseanna teagaisc a bhíonn in úsáid sna scoileanna, mar shampla: téacsleabhair, leabhair shaothair, cláir ríomhaireachta, físeáin, dlúthdhioscaí, cluichí, póstaeir, ábhar gearrshaolach, ábhar léitheoireachta breise, scéimeanna scoilbhunaithe agus nótaí múinteora.
- Go rachfar i dtreo teacht ar chomhthuiscint idir na múinteoirí agus na foilsitheoirí leabhar ar céard atá i gceist le 'téacsleabhar oiriúnach' agus faoin leibhéal teanga atá oiriúnach do na haoisghrúpaí éagsúla, ag cur san áireamh nach ionann an leibhéal cumais sa Ghaeilge atá ag na daltaí sna catagóirí éagsúla scoile.
- Go bhféachfar le struchtúir agus próiseas a bhunú a thabharfaidh ról gairmiúil do na múinteoirí i bhforbairt áiseanna teagaisc agus ranga. Mar chuid den phróiseas seo, moltar go mbeadh tacaíocht áisitheoireachta, oiliúna agus foilsitheoireachta ar fáil do ghrúpaí múinteoirí atá sásta teacht le chéile chun ábhar a fhorbairt dá gcuid ranganna féin. Cuirfidh a leithéid de chur chuige le forbairt ghairmiúil na múinteoirí, chomh maith le cur leis an stór ábhar i nGaeilge atá ar fáil do na scoileanna. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh faoi scáth na n-ionad oideachais Gaeltachta atá molta thuas.
- Go bhfiosrófar cé mhéad den ábhar atá de dhíth ar na scoileanna, go háirithe an t-ábhar gearrshaolach, a d'fhéadfaí a chur ar fáil ar an idirlíon, agus na costais a bhainfeadh leis seo a dhéanamh, ag cur san áireamh an trealamh ríomhaireachta agus clódóireachta agus an oiliúint a bheadh de dhíth ó na scoileanna le lántairbhe a bhaint as a leithéid de chur chuige.
- Go bhféachfar le caidreamh agus teagmháil ghairmiúil a chruthú idir na daoine atá ag soláthar áiseanna teagaisc do na scoileanna agus na múinteoirí atá ag obair sna scoileanna. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí chomhdháil bhliantúil ina ndéanfaí plé ar na tosaíochtaí atá ag na múinteoirí agus ag a mbeadh cur i láthair ó na soláthróirí agus ó ghrúpaí múinteoirí ar na tionscnaimh atá idir lámha acu.
- Go bhféachfar le seirbhís ar leith a bhunú le seirbhís eolais, mhargaíochta agus dáileacháin a chur ar fáil don ábhar scoile atá ar fáil i nGaeilge. Ní mór don tseirbhís dáileacháin a bheith i dteagmháil dhíreach leis na scoileanna uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad.
- Go n-iarrfar ar scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge tiomantas a léiriú ina bplean scoile agus ina bpolasaí Gaeilge d'úsáid áiseanna teagaisc Gaeilge mar chéad rogha, nuair atá áiseanna teagaisc oiriúnacha ar fáil, agus go gcuirfear an polasaí sin in iúl do gach múinteoir atá ag múineadh sa scoil.

15.6 OILIÚINT MHÚINTEOIRÍ

Tá deacrachtaí móra ag bunscoileanna agus ag iar-bhunscoileanna na Gaeltachta teacht ar mhúinteoirí cáilithe chun na folúntais a bhíonn acu a líonadh. Tá trí dheacracht faoi leith le sonrú:

- Níl dóthain múinteoirí oilte ar fáil a bhfuil spéis acu dul ag obair sa Ghaeltacht.
- Níl dóthain múinteoirí ar fáil a bhfuil a gcumas Gaeilge sách maith le dul ag múineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
- Ní ullmhaíonn na cúrsaí réamhoiliúna múinteoireachta na múinteoirí le múineadh trí mheán na Gaeilge agus/nó an dara teanga, ná chun múineadh faoi na cúinsí ar leith a bhaineann le scoileanna Gaeltachta, ar scoileanna beaga iad a bhformhór acu.

Moltar go bhféachfar arís ar na córais atá ann le múinteoirí a oiliúint don bhunleibhéal agus don dara leibhéal agus go ndéanfar socruithe ar leith le sruth leanúnach múinteoirí a chur ar fáil a bhfuil a gcuid oideachais tríú leibhéal i ngach ábhar faighte acu trí mheán na Gaeilge agus i dtimpeallacht lánGhaeilge; agus go bhfuil soláthar déanta ina gcuid oideachais do na réimsí saineolais ar leith atá de dhíth le múineadh go héifeachtach i scoileanna Gaeltachta.

15.7 COMHTHÁTHÚ LE GNÉITHE EILE DEN PHLEANÁIL TEANGA

Mar a luaitear thuas, tá cúram reachtúil ar scoileanna Gaeltachta tacú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta. Ní hionann sin agus a rá, ar ndóigh, gur gnó do na scoileanna amháin ná gur féidir leis na scoileanna leo féin an Ghaeilge a choinneáil beo mar theanga an phobail sa Ghaeltacht. Baineann an cúram seo leis na heagraíochtaí uile atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht ar a n-áirítear eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí gnó, na hEaglaisí, eagraíochtaí spóirt agus caithimh aimsire, comhlachtaí stáit, go háirithe, na comhlachtaí stáit a bhfuil cúram sonrach orthu i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta, eadhon, an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta. Baineann an cúram seo freisin, le pobal na Gaeltachta féin thar aon dream eile, agus go háirithe le pobal óg na Gaeltachta.

Ina fhianaise seo, caithfear breathnú ar obair na scoileanna sa Ghaeltacht mar ghné amháin de phróiseas pleanála teanga comhtháite a chuimsíonn ionchur agus tacaíocht na ngrúpaí thuas agus a bhfuil cuspóirí agus aidhmeanna cinnte leis. Tá céimeanna glactha i dtreo a leithéid de phróiseas pleanála le Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta (2002), coimisiúnú staidéir chuimsithigh theangeolaíoch ar an nGaeltacht ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus scéimeanna eile de chuid na Roinne sin. Tógfaidh sé tamall eile, áfach, sula mbeidh an próiseas sin forbartha go hiomlán agus sula mbeidh deis ar fáil leis na gnéithe éagsúla a chomhtháthú.

San idirlinn, is fiú díriú ar na gnéithe den phleanáil teanga is mó a chabhródh leis na scoileanna cumas Gaeilge na ndaltaí a thabhairt chun foirfeachta agus úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chaidrimh ina measc a chothú agus a threisiú. Gné amháin de seo, ar ndóigh, is ea idirghabháil a dhéanamh chun tuismitheoirí a spreagadh lena bpáistí a thógáil le Gaeilge agus tacaíocht a chur ar fáil a chabhróidh leo feidhm a thabhairt don chinneadh sin. Cuireadh tús leis an obair seo le déanaí le seoladh an Fheachtais Feasachta Teanga ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Gné eile den phleanáil teanga atá le forbairt sa Ghaeltacht is ea struchtúr cuimsitheach de sheirbhísí óige a chuirfidh leis na deiseanna spraoi, caithimh aimsire, ceoil, spóirt, agus forbartha cultúrtha atá ar fáil trí Ghaeilge d'óige na Gaeltachta. Cé gur dóigh gurbh fhearr nach mbeadh a leithéid de sheirbhís óige ag feidhmiú faoi scáth na scoileanna is cinnte go dtacódh a leithéid de sheirbhís le buanú na Gaeilge i measc dhaltaí na scoileanna agus go mbeadh áiseanna na scoileanna an-úsáideach ach iad a bheith ar fáil don tseirbhís. I bhfianaise an méid seo, moltar go ndéanfadh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta taighde ar an gcineál struchtúr a bheadh de dhíth chun a leithéid de sheirbhís óige a chur ar fáil sa Ghaeltacht agus ar na páirtithe eile a bheadh sásta a bheith páirteach ina leithéid de sheirbhís a bhunú.

15.8 FOCAL SCOIR

Tá práinn le feidhm a thabhairt do mholtaí na tuarascála seo. Is mó fós an phráinn de bharr gur beag atá sa tuarascáil seo nár tugadh chun solais roimhe seo i dTuarascálacha eile, mar a thuairiscítear i gCaibidil 2. Níor tharla mórán mar thoradh ar fhoilsiú na dtuarascálacha sin rud a d'fhág lagmhisneach agus frustrachas ar na múinteoirí a rinne ionchur iontu. Is buille tubaisteach eile do mheanma mhúinteoirí agus thuismitheoirí na Gaeltachta a bheadh ann dá dtarlódh an rud céanna mar thoradh ar fhoilsiú na tuarascála seo.

Ina theannta sin, tá fianaise againn in Ó Cinnéide et al.(2001), go gcuireann a dtaithí ar an gcóras oideachais sa Ghaeltacht lagmhisneach ar go leor tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógáil a leanaí le Gaeilge. Braitheann a lán acu go gcealaíonn an córas oideachais a n-iarracht féin saíocht na Gaeilge agus na Gaeltachta a thabhairt dá gcuid páistí agus dílseacht phearsanta don Ghaeilge a chothú iontu. Tá fianaise againn, freisin, ón taighde seo go bhfuil úsáid an Bhéarla in uachtar i measc daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile Gaeltachta agus iad i dtimpeallacht na scoile, rud, gan amhras, a chuireann brú ar úsáid na Gaeilge i dteaghlaigh na ndaltaí atáthar a thógáil le Gaeilge. Is deacair a bheith ag éileamh ar thuismitheoirí Gaeltachta cinneadh a dhéanamh a gclann a thógáil le Gaeilge mura mbeidh muinín acu go bhfuil an córas oideachais agus córais tacaíochta eile chun feidhmiú ar bhealach a thacaíonn leo feidhm a thabhairt don chinneadh sin.

Mar sin, tá todhchaí na Gaeltachta fite fuaite le todhchaí an chórais oideachais sa Ghaeltacht. Dá réir sin, mura bhfaightear réiteach go luath ar an gcruachás géarchéime ina bhfuil an córas oideachais Gaeltachta i láthair na huaire, tá todhchaí na Gaeltachta féin i mbaol.

TAGAIRTÍ

Comhar na Múinteoirí Gaeilge. 1981. Tuarascáil ar an mBunoideachas sa Ghaeltacht

Commins, P. 1988. Socioeconomic development and language maintenance in the Gaeltacht, International Journal of the Sociology of Language, 70: lgh 11-28.

Cumas 2003. Éamh – Taighde ar Oideachas agus Óige i gConamara (Tuohy, D.)

Hickey, T. 1999. Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Údarás na Gaeltachta

Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann 2004. The Future of Small Schools and Teaching Principilship: Interim Report (Ó Slatara, T. & Morgan, M.)

Muintearas. 2000. Gnéithe den Oideachas Gaeltachta-Impleachtaí Polasaí.

Ó Cinnéide, M., Mac Donnacha, S. & Ní Chonghaile, S. 2001. Polasaithe agus Cleachtais Eagraíochtaí Áirithe le Feidhm sa Ghaeltacht. An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta

Ó hIfearnáin, T. 2004. Riachtanais an phobail teanga agus cothú an éilimh ar Oilscolaíocht Ghaeilge in Oilscolaíocht Ghaeilge: Dúshláin agus Léargais Eag. Nic Pháidín C. & Uí Bhraonáin D. Baile Átha Cliath: DCU Fiontar

Ó Gadhra, N. 1989. An Ghaeltacht (Oifigiúil) - agus 1992? Baile Átha Cliath: Coiscéim

Ó Riagáin, Pádraig. 1997. Language Policy and Social Reproduction: Ireland 1893-1993. Oxford University Press

Piller, I. 2002. Bilingual Couples Talk: The discursive construction of hybridity. Amsterdam/Philadelphia: John Benjamins Publishing Company

Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta. 1926

Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht. 1986

Tuarascáil Chomhairle na nÓg. 2001

Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta. 2002. Baile Átha Cliath: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.